



OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge



2023

Clár

Eagarfhocal	iii
Réamhrá	Áine Ní Chonghaile v
<i>An den Grenzen der Sprachwelten: An Duanaire VERSschmuggel</i> VÉARsaistear (2006), Paraitéacsanna, agus Eiseamláir don Fhoilsitheoireacht Dhátheangach?	Ellen Corbett 1
Beirt fhílí a Scríobh Dánta Caointe dá Máthair	<i>Padaí de Bléine & Brian Hanratty</i> 21
Cur chuige na ceardlainne mar mhodh eile teagais an aistriúcháin	<i>Padaí de Bléine</i> 31
Cuntas ar ghnéithe de stair agus de ról na próslitrichta a aistriodh go Gaeilge, agus go Béarla ón Ghaeilge, idir ré na Sean-Ghaeilge agus an 21ú haois	Seán Mac Corraidh 47
Aoibhneas	Mia Mac Donnchadha a d'aistrigh 57
Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha mar Ghníomh de chuid Bheartas Teanga Chumann Lúthchleas Gael (CLG)	Ciarán Mac Uidhir 63
Eispéireas an ábhair oide ar B.Oid trí Mheán na Gaeilge maidir le FCÁT a chur i bhfeidhm sna hAmharcealaíona ar Shocrúchán scoile	Ruth Nic an Bhreithiúnaigh & Conchúr Ó Brolcháin 79
Curach Thorai: Stair, Stíl, Feidhm agus Forbairt	Máire Clár Nic Mhathúna 97
Cé leis an dán aistrithe?	Dorothy Ní Uigín 113
Iniúchadh ar na dea-chleachtais a úsáideann múinteoirí chun freastal ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais Gaeilge i mBunscoileanna Gaeltachta i gCatagóir A	Aisling Ní Fhlaithearta & Conchúr Ó Brolcháin 125
Ag Foghlaim na Gaeilge agus ag Foghlaim trí mheán na Gaeilge sa Suíomh lán-Ghaeilge: Peirspictíochtaí na nDaltaí	Thomas Rogan 145
<i>An Óige agus an Athbheochan</i>	Léirmheas le Róisín Ní Cheallaigh 157
Léirmheas ar POBAL NA GAEILGE: Daonra, Institiúidí, agus Cumhacht le Pádraig Breandán Ó Laighin	Léirmheas le Oisín Mac Giolla Bhríde 161
Léirmheas ar <i>Mé Suibhne</i>	Léirmheas le Cassie Ní Chatháin 165
Álainn, Éagsúil, Baineann agus Díbeartha: Léirmheas ar <i>Cuma agus Claochmú / Mutagenesis</i>	Léirmheas le Marie Whelton 169
Feargal Ó Béarra: scoláire agus scríbhneoir Gaeilge i mbláth a mhaitheasa ar lár	Máirín Ní Dhonnchadha 175
Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí	179
Nótaí Beathaisnéise na nÚdar	181



Eagarfhocal

<https://doi.org/10.13025/jr6k-bq66>

Is mór an onóir agus is mór an chúis áthais agus bhróid dúinne, Coiste Eagarthóireachta na bliana 2023, fearadh na fáilte a chur romhat chuig an aonú heagrán déag de *An Reiviú*, an iris acadúil a fhoilsíonn mic léinn an chúrsa MA sa Léann Teanga in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge gach uile bhliain.

Mar is gnách, tá réimse leathan ábhair san iris i mbliana, lena n-áirítear cúrsaí aistriúcháin, sochtheangeolaíocht, litríocht, teagasc teangacha, chomh maith le léirmheasanna ar leabhair a bhaineann le dúchas agus léann na Gaeilge.

Táimid go mór faoi chomaoín acu siúd ar fad a chuir comhairle orainn agus a thug cúnaimh dúinn an t-eagrán seo de *An Reiviú* a chur in eagar. Táimid fíorbhuíoch díobh siúd ar fad a scríobh na hailt agus de na piarmheasúin ar fad freisin, a bhí thar a bheith flaitiúil lena gcuid ama, bail ó Dhia orthu. Ar ndóigh, ní bheadh aon iris ann dá n-uireasa.

Gabhaimid buíochas le hÁine Ní Chonghaile, ní hamháin as an iris a sheoladh, ach as an réamhrá a scríobh. Tá obair mhór déanta ag Áine ar son earnáil na Gaeilge agus an aistriúcháin, agus ba mhór an ónóir dúinn gur ghlac sí lenár gcuireadh.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hAnna Davitt ó Fhoras na Gaeilge chomh maith, agus le Foras na Gaeilge féin, as urraíocht agus tacaíocht leanúnach a thabhairt do *An Reiviú* ó bunaíodh é sa mbliain 2013.

Anuas air sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an dearthóir Shannon Reeves atá ag plé le dearadh na hirise ó bunaíodh í freisin. Cuireann sé slacht agus snas ar an suíomh gach aon bhliain.

Ar deireadh, táimid go mór faoi chomaoín ag an Dr Dorothy Ní Uigín agus ag an bhfoireann uile in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Áras na Gaeilge. Fathach folaithe is ea í an Dr Dorothy Ní Uigín le gach a bhaineann leis *An Reiviú* a chur le chéile agus a chur ar fáil agus b'ollmhór an cúnaimh, an treoir agus an tacaíocht a thug sí dúinn agus muid ag tabhairt faoi iris na mbliana seo a sholáthar.

Is don Dr Feargal Ó Béarra atá eagrán na bliana seo de *An Reiviú* tiomanta.

An Coiste Eagarthóireachta 2023
Oisín Mac Giolla Bhríde, Cassie Ní Chatháin, Róisín Ní Cheallaigh



Réamhrá

Áine Ní Chonghaile

<https://doi.org/10.13025/3vjy-nz35>

Seo é an t-aonú heagrán déag de *An Reiviú*, iris ó na mic léinn atá ag dul don MA (Léann Teanga). Údar ríméid a leithéid d'fhoilseachán a bheith ar fáil, é a bheith piarmheasúnaithe agus ábhar ar fáil ann ó raon disciplíní a thagann faoi chlóca an léinn teanga. Is breá a fheiceáil freisin go bhfuil fáilte san iris roimh údair ó na hinstitiúidí tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ag breathnú ar an raon leathan disciplíní a chlúdaítear san iris, ní féidir gan suntas a thabhairt don fhorás atá tagtha ar shaothrú 'chuile ghné acu ón uair a bunaíodh Institiúid Teangeolaíochta Éireann sna seachtóidí. Sna blianta tosaigh sin, agus ceobhrán na polaitíochta ag luí ar shaolú na hinstitiúide agus ar obair an cheannródaí, Colmán Ó hUallacháin, chaithfeadh gurbh éigean dóibh siúd a tháinig ina dhiaidh cosán cúramach a threabhadh. Ach d'éirigh le foireann chumasach scoláirí a bhí ansin bunsraith ghairmiúil oilte a chur faoi thaighde i réimsí éagsúla den teangeolaíocht agus foilsíodh an taighde sin i dtuarascálacha suntasacha chomh maith le hirisí rialta. An tráth céanna bhí scoláirí eile sna coláistí tríú leibhéal ag tarraingt réimsí den teangeolaíocht chucu féin agus ag foilsiú in irisí éagsúla. Ní raibh disciplín na teangeolaíochta, mar a thuigtear sin anois, fairsing, má bhí sé bunaithe ar chor ar bith, sa gcuid is mó de na hinstitiúidí tríú leibhéal anseo. Bhí obair mhór ar siúl i dteangacha na hEorpa ag an am, go háirithe sa bhFraincis, agus de réir a chéile tosaíodh ag baint leasa as an taighde a bhí déanta maidir le teagasc teangacha Eorpacha ó thaobh sainmhíniú siollabas agus modheolaíocht theagasc na Gaeilge. Bhí borradh ag teacht faoi bhunú Ghaelscoileanna freisin. An dá chloch ba mhó ar an bpaidrín ná staid na Gaeilge, a tháinig faoi bhrat na sochtheangeolaíochta, agus teagasc na teanga. Tá ailt agus léirmheasanna breátha san iris seo ag cíoradh mhodhanna teagaisc agus chur chuigí a bhfuil saothar na mblianta mar bhunsraith leo. Ní luafaidh mé na hailt ná na léirmheasanna ina gceann is ina gceann ach tréaslaím leis na húdair chumasacha a rinne an bhunobair agus leis an bhfoireann dhíograiseach a chuir an iris ar fáil.

Amach sna nóchaidí agus an tír ag teacht ar a cosa tháinig borradh cinniúnach faoi staid na Gaeilge. Bunaíodh Teilifís na Gaeilge (TG4 anois), forbairt a chothaigh an tionscal físe ba bhonn leis na comhlachtaí léiriúcháin agus as ar lean an dá réimse eile a chlúdaíonn *An Reiviú* – cumarsáid agus teicneolaíocht. Bhí bealaí craoltóireachta beo eile agus foilseacháin chlóite thábhachtacha, mar thaca roimh an teilifís. Chuir bunú *Foinse* tuilleadh bealaidh faoin roth. Tugadh céim mhór chun cinn le hachtú Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus leis an stádas a bhain an Ghaeilge amach san Aontas Eorpach ó 2007 ar aghaidh. Tá cur síos san eagrán seo den iris ar an obair mhór a bhíodhas á déanamh leis an stádas san Eoraip a bhaint amach. Leis an stádas sin, tháinig ceann eile de na fothisciplíní atá comhartha ag *An Reiviú* chun cinn go mór – an t-aistriúchán. Tá alt breá san eagrán seo faoin aistriúchán i bhfad siar. Nuair a bunaíodh an stat, dhírigh daoine aonair agus An Gúm ar théacsanna scoile, ar aistriúcháin chruthaitheacha agus ar shaothair chruthaitheacha a chur ar fáil, rud a d'fhág scoth na saothar againn ó scoth na scríbhneoirí cruthaitheacha. Sna nóchaidí agus an reachtaíocht nua i bhfeidhm, tháinig éileamh mór ó institiúidí stáit in Éirinn agus ó na hinstitiúidí Eorpacha ar aistriúcháin ar cháipéisí oifigiúla stáit, riaracháin, institiúideacha agus dlí. B'éigean mórfhorbairt bheacht a dhéanamh ar théarmaíocht, ar fhasaigh teanga, ar chruinneas caighdeán agus ar bhogearraíocht teicneolaíochta le táirgí teanga a sheachadadh laistigh de spriocdhátaí daingne cúnga le freastal ar an éileamh sin. Taobh le taobh leis sin, tá cos eile faoin stól ag *An Reiviú*, an phleanáil teanga, raon a leathnaigh le foilsíú an pholasaí Rialtais *Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge*, 2010. Cruthúnas ar an bhfuirse sin ar fad na hailt agus na léirmheasanna breátha sna disciplíní éagsúla atá san iris seo.

Agus ina theannta sin uilig tá na scríbhneoirí ag tabhairt faoi ghné a mbíodh drogall tabhairt faoi ar feadh scaithimh – an nasc nádúrtha docheilte sin idir litríocht na Gaeilge agus litríocht an Bhéarla in Éirinn. Sampla maith de sin an t-alt breá ar chomparáid idir obair Heaney agus saothar Chathail Uí Shearcaigh. Nuair a tosaíodh ag caint ar dtús ar an ní ar a tugadh An Léann Dúchais, bhíodh inní ar dhaoine gurbh í an litríocht i nGaeilge a bheadh thíos leis. Is léir anois gur minic gurb é an chaoi a mhealltar tuilleadh léitheoirí chuig an nGaeilge.

Clúdaítear san iris seo ábhar ó theagasc na Gaeilge sa seomra ranga sa nGaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht, an teagasc i measc an phobail go ginearálta agus cur chuige ceardlann mar mhodh teagaisc, cleachtais teanga i gcumann mar an CLG, ról na litríochta, aistriúchán ón nGaeilge agus an litríocht chomparáideach chomh maith le hailt eolasacha ar ghnéithe dúchasacha mar an curach. Teist ar aon fhoilseachán ná an mbaineann an léitheoir taitheamh as an léitheoireacht agus an gcuirtear leis an eolas. Déantar amhlaidh anseo agus go raibh fada buan an iris agus mic léinn a chothaíonn an léann teanga seo. Tréasláim leo.



An den Grenzen der Sprachwelten: An Duanaire VERSSchmuggel VÉARSaistear (2006), Paraitéacsanna, agus Eiseamláir don Fhoilsitheoireacht Dhátheangach?

Ellen Corbett

<https://doi.org/10.13025/yas5-3n93>

Réamhrá

‘Cé is fearr a d’fhéadfadh cabhair a thabhairt chun castachtaí an dáin a aistriú go teanga eile ná an file féin?’ (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7). Seo an smaoineamh a thionscain ‘an mórthurgnamh aistriúcháin’ (Maurin & Wohlfahrt, 2006: blurba), a tharraing seisear filí Gaeilge agus seisear filí ó chríocha na Gearmáinise le chéile chun a gcuid saothar a aistriú ó Ghaeilge go Gearmáinis agus ó Ghearmáinis go Gaeilge san am céanna, agus an obair sin a chur i láthair ag ceolchoirm le linn Fhéile Filíochta Bheirlín in 2004. Is é *VERSSchmuggel VÉARSaistear: Irische und deutschsprachige Gedichte / Dánta Gaeilge agus Gearmáinise* (2006) – cnuasach ina bhfuil leabhair agus dlúthdhioscaí istigh ann – toradh na hoibre seo.

Duanaire speisialta uathúil is é *VERSSchmuggel VÉARSaistear* (VV.). Ní hamháin go gcuireann VV. mórghilí na Gaeilge i láthair do lucht léitheoireachta idirnáisiúnta (b’fhéidir den chéad uair), ach go dtugann sé léargas cuimsitheach ar phróiseas an aistriúcháin agus go gcuireann sé an t-údar, an t-aistritheoir, na teangairí, agus na teangeolaithe uilig a bhí ríthábhachtach san fhiontar i gcroílár na hoibre agus ar comhchéim lena chéile. Is mar gheall ar na paraitéacsanna dátheangacha atá mar chuid den chnuasach gur féidir linn an méid sin eolais faoi phróiseas an aistriúcháin a bhaint amach, nós nach bhfuil neamhchoitianta fós i saol liteartha na Gaeilge nó san fhoilsitheoireacht dhátheangach ar an oileán.

Cé gur cuireadh síos ar an leabhar mar chnuasach ‘suntasach go hidirnáisiúnta’ [1] (An Chomhairle Ealaíon, 2006: 29) san am ar foilsíodh é, ní dhearnadh tuilleadh tagartha don fhiontar ó shin i leith, agus níor aithníodh é mar shaothar fadbhreathnaitheach mar ba cheart. I ndiaidh beagnach fiche bliain ón uair a foilsíodh é, pléifear sa pháipéar seo an cnuasach filíochta *VERSSchmuggel VÉARSaistear* agus na paraitéacsanna a théann leis mar fhoirse agus mar acmhainn luachmhar agus tábhachtach do léann an aistriúcháin anseo in Éirinn agus don chómhálartú idir an Ghaeilge agus teangacha eile na hEorpa. Chomh maith leis sin, áiteofar gur chóir go mbeadh *VERSSchmuggel VÉARSaistear* ina eiseamláir den dóigh is fearr eolas paraitéacsúil a scríobh, ar an dóigh is fearr saothair dhátteangacha a chur le chéile agus a fhoilsiú, agus ar an dóigh is fearr rannpháirtithe i bpróiseas an aistriúcháin a chur i láthair agus a chur chun tosaigh.

Comhthéacs agus Cúlra na dTionscadal *VERSSchmuggel*

Sula ndéantar anailís ar *V.V.* mar chnuasach ann féin, agus é ina phríomhfhoirse agus ina phríomhábhar don alt seo, tá sé tábhachtach amharc taobh thiar den duanaire agus ar na tionscadail *VERSSchmuggel* go ginearálta. Is ‘mórthurgnamh aistriúcháin’ (Maurin & Wohlfahrt, 2006, blurba) é an fiontar *VERSSchmuggel* a chuireann an *Haus für Poesie* (ar a dtugtaí *Literaturwerkstatt Berlin* roimh 2016) ar siúl mar pháirt den *poesiefestival Berlin* [Féile Filíochta Bheirlín] a tharlaíonn gach samhradh sa chathair. Gach bliain, roghnaítear teanga iasachta agus tugtar cuireadh d’fhilí na teanga agus d’fhilí Gearmáinise[2] páirt a ghlacadh san fhiontar nó sa cheardlann filíochta agus aistriúcháin. An rud is suntasaí faoin fhiontar ná go n-oibríonn na filí lena chéile i bpéirí ar feadh roinnt laethanta chun saothar an duine eile a aistriú. Ar feadh dhá oíche [3] ansin, léann na filí na dánta agus a n-aistriúcháin amach os ard ag Léamh Filíochta le linn na Féile. Ina dhiaidh seo, foilsítear idir dhánta agus aistriúcháin i gcnuasach sa Ghearmáin agus sa tír[4] ina labhraítear an teanga eile (Djadkina & Filippow-Tschechow, 2015; Verlag Das Wunderhorn, 2023).

Níor tharla sé go dtí féile na bliana 2003 gur tháinig an tionscadal i dtreis nuair a tugadh an t-ainm *VERSSchmuggel* air faoi dheireadh, agus nuair a foilsíodh an chéad chnuasach filíochta sa bhliain chéanna (Kniep, 2023). Ón tús ba é príomhaidhm an *Haus für Poesie* an domhan mór filíochta sa Ghearmáinis agus i dteangacha eile a oscailt don lucht léitheoireachta (Kniep, 2023), ach áitíonn Djadkina & Filippow-Tschechow, a bhí ag scríobh faoina n-eispéireas féin leis an fhiontar *VERSSchmuggel* idir Gearmáinis agus Rúisis, go dtéann an smaoineamh siar go tús na nóchaidí agus go raibh an tionscadal *VERSSchmuggel* ina fhothradh ann féin ar phlé fada a bhí ann sa *Haus für Poesie* i mBeirlín (2015):

literarischen Übersetzung zu diskutieren. Die Übersetzungspraxis in der DDR begründete sich auf der Nachdichtung, welche von einem „Literaturarbeiter“ besorgt und dann von einem professionellen Lyriker oder einer professionellen Lyrikerin zu einem Gedicht verarbeitet wurde. Lyrikübersetzungen

in der BRD dagegen waren vollkommen den Übersetzerinnen und Übersetzern überlassen. Natürlich gab es oftmals Ausnahmen von diesen Regeln.

I ndiaidh athaontú na Gearmáine, tháinig dhá mhodh aistriúcháin liteartha ar an fhód a bhí i gcodarsnacht lena chéile. Bhí an nós aistriúcháin i bPoblacht Dhaonlathach na Gearmáine [DDR/GDR sa Bhéarla] bunaithe ar shaoraistriúchán[5] a d'fhaightí ó "oibrí litríochta" agus a thugtaí ina dhiaidh sin d'fhile gairmiúil d'fhonn é a chur le chéile. Ar an taobh eile, d'fhágtáí aistriúchán litríochta i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine [BRD/FRG sa Bhéarla] faoin aistritheoir iad féin, ach is cinnte go raibh eisceachtaí ar an nós. (Is leis an údar an t-aistriúchán seo.)[6]

Is suimiúil gur tháinig an t-aistear seo thar theorainn na teanga as domhan a bhí ag athrú, agus comhghleacaithe litríochta, filíochta tugtha le chéile as cúlraí difriúla sóisialta, polaitiúla, agus gairmiúla ach an cheist chéanna acu ar fad, 'cé is fearr a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt chun castachtaí an dáin a aistriú go teanga eile?' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7). Áitítear sa tionscnamh seo go mb'fhéidir gurb é an file féin an duine is fearr, agus seo an aidhm a bhí ag an tionscadal agus ag an leabhar a tháinig ina dhiaidh, chun 'cnuasach aistriúchán atá ar fheabhas,' a chruthú leis na dánta 'údraithe ag na filí iad féin' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7).

Ba é an t-aistear teanga isteach sa Ghaeilge an dara frontar VERSSchmuggel acu ag an Fhéile[7]. Sa samhradh 2004, cuireadh fáilte roimh mhórfhilí áirithe na Gaeilge amhail Nuala Ní Dhomhnaill, Gréagóir Ó Dúill, Michael Davitt, Bidy Jenkinson, Cathal Ó Searcaigh, agus Gabriel Rosenstock agus cuireadh ag obair le filí ón Ghearmáin, ón Eilvéis, agus ón Ostair iad: Barbara Köhler, Dorothea Grünzweig, Mirko Bonné, Monika Rinck, Maja Haderlap, agus Armin Senser[8] (Maurin & Wohlfahrt, 2006: clár). Ar an 28 agus 29 Meitheamh 2004, cuireadh 'ceolchoirm dhátheangach' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7–8) i láthair. Taifeadadh an cheolchoirm agus rinneadh dlúthdhioscaí di a cuireadh leis an leabhar *VERSSchmuggel VÉARSaistear: Irische und deutschsprachige Gedichte/Dánta Gaeilge agus Gearmáinise* nuair a d'fhoilsigh Verlag das Wunderhorn agus Cló Iar-Chonnacht le chéile sa bhliain 2006 é.

Paraitéacsanna: Comhthéacs

Is trí pharaitéacsanna gur féidir linn an méid eolais atá thuas faoin cheardlann VERSSchmuggel, faoin téacs, agus faoin phróiseas aistriúcháin a bhaint amach beagnach fiche bliain i ndiaidh na Féile[9]. Dar le Genette, '*paratexts are those liminal devices and conventions, both within and outside the book, that form part of the complex mediation between book, author, publisher and reader [...]*' (1997: blurba), is é sin, gach gné den leabhar nach bhfuil mar pháirt den phríomhthéacs é féin, m.sh., nóta an údair, nóta an eagarthóra, blurba, réamhrá, nó '*accompanying information*' (Lodge, 2017). Níl muid gan taithí ar pharaitéacsanna in Éirinn, agus leis an Ghaeilge, ach ní bhíonn siad ann go forleathan, agus má dhíríonn muid go sonrathach

ar shaothair atá aistrithe (agus aistrithe go Béarla), agus nuair atá paraitéacsanna le feiceáil, is minic nach mbíonn ann ach, ‘a short bio-critical presentation of the writer’s work [and] references [...] to the historical problems of the Irish language and the changing socio-cultural relationships between the two languages on the island’ (Cronin, 1996: 178). Is annamh a tharraingítear aird ar obair an aistritheora nó ar an phróiseas aistriúcháin sna paraitéacsanna mar atá siad, agus mar thoradh air seo, mar a deir Cronin, ‘the translator’s work either goes unacknowledged or perhaps, more disconcertingly, the enormous difficulties in translating between two languages that are so strikingly different are elided’ (1993: 60). Molann scoláirí áirithe, Cronin san áireamh, gur chóir go gcuirfí níos mó eolais faoin aistritheoir agus faoin aistriúchán le téacsanna. Fógraíonn Barra Ó Séaghdha gur ‘basic matter of Readers’ Rights’ é go gcuimseofaí nóta an aistritheora (1993: 143), agus maíonn Kaarina Hollo gur chóir go mbeadh foilsitheoirí agus an lucht léitheoireachta ag cur níos mó béime ar obair thábhachtach an aistritheora: ‘one should demand of translators that they share with the reader their own philosophies and methods. What does the translator think translation is? How does he or she set about translating a text?’ (1999: 133).

Paraitéacsanna agus V.V: Cad é an t-eolas a fhaigheann muid as V.V.?

Sa duanaire V.V. tá réamhrá, nóta beathaisnéise, focal buíochais, blurba, agus dhá dhlúthdhiosca ann mar pharaitéacsanna, agus thairis sin, tá dhá oiread díobh againn, mar sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis atá siad. Tugann sé sin deis dúinn amharc ar an aistriúchán ‘taobh thiar’ den fhiontar, ach chomh maith leis sin, deis bhreise amharc ar gach téacs leis féin, an Ghaeilge agus an Ghearmáinis, agus comparáid a dhéanamh eatarthu agus mionsonraí i bpróiseas an aistriúcháin a dhéanamh amach. Cé nach bhfuil nóta aistritheora/aistritheoirí ar leith againn mar a áitítear, tá scéal an aistriúcháin fite fuaite fríd gach páirt den téacs agus de na paraitéacsanna, sa mhéid is go bhfuil muid in ann próiseas an aistriúcháin i rith an tionscnaimh a oibriú amach ar an leibhéal is mine, san eolas atá i láthair agus san eolas atá intuigthe sa téacs.

Is sa Réamhrá agus sa *Vorwort* a fhaigheann muid ár gcéad léargas leathan ar an fhiontar. Taispeántar deacrachtaí a bhaineann le haistriú na filíochta agus déantar dícheall míthuiscintí coitianta a scaipeadh (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7):

Aithníonn an saol Fódach gur saothriúil na béithe iad dánta. Is beag foilsitheoir a fhoilsíonn filíocht ach is lú fós an dream a fhoilsíonn filíocht i dteangacha iasachta, os rud é nach mór í a aistriú. Anois bíonn baol agus amascaíocht ar leith ag baint le filíocht a aistriú. Bíonn an oiread sin níos mó i gceist le dán ná an t-ábhar lena mbaineann sé; tagann fuaim agus rithim i gceist freisin [...]

Déantar cur síos ar an cheardlann aistriúcháin agus insítear dúinn faoin dóigh a raibh an dáréag filí ag obair lena gcomhghleacaithe agus na hacmhainní a bhí ar fáil dóibh, ‘[ní raibh ach] aistriúcháin liteartha de dhánta a chéile [a coimisiúnaítear roimh an Fhéile], foclóirí

troma agus teangairí a shuífeadh eatarthu' (Maurin & Wohlfahrt, 2006, lch. 7). Mínítear fosta an aidhm ba bhonn leis an tionscadal agus le foilsiú an leabhair V.V. é féin; nach duanaire amháin é V.V. ach 'is dialann [é] [...] chomh maith le toradh aistir teanga' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 10). Mar sin, cloiseann muid scéal na ceardlainne as béal na bhfilí iad féin. Agus Armin Senser (2004, luaite in Maurin & Wohlfahrt, 2006: 8), file, scríbhneoir, agus drámadóir as an Eilvéis ó dhúchas, ag déanamh cur síos ar a éispéireas féin ag an cheardlann, tugann sé íomhá uileghabhálach dúinn:

Beirlín, Friedrichstraße. Ambasáid na hÉireann. Spás oifige san iasacht. Áit nach bhféadfainnse a shroicheadh liom féin. Tugann an Chéad Rúnaí treoír don Dream Roghnaithe. Caifé agus mionchaint le file Ceilteach, lena theangaire agus le m'umhlaíocht féin. Chuige sin briosaí a bhácáil bean an teangaire. Bhí chuile rud faoin spéir fós ina cheart ag an bpointe sin, is é sin le rá nach raibh faic bainte fós as an aistriúchán liteartha Gearmáinise a bhí ar an mbord os mo chomhair. Bród ar an aistritheora: as na briosaí agus as a chuid Gearmáinise, a d'eascair dar ndóigh ón gCeiltis. Ba challánach a chiúnas níos deireanaí nuair a chuir mé mo chuid iarrachtaí féin faoina bhráid. Óir tagann gortú, éagóir agus pian le chuile aistriúchán sa chás seo lem cheannsa. Ba bheag a bhí fanta ón mbunaistriúchán liteartha a bhí curtha ar fáil dúinn, ba bheag a d'fhéadfaí a thabhairt slán.[10]

Feiceann muid cá háit a raibh Senser, cé a bhí leis ar a aistear teanga, cad a rinne sé ann, cad a bhí fágtha ón chéad lomaistriúchán, ar thaobh lena smaointe, agus a mhothúcháin. Agus cé nach gcaithfidh fios a bheith againn ar cad a d'ith sé, léiríonn sé pointe tábhachtach; go bhfágtar go leor eolais as an áireamh i dtéacsanna paraitéacsúla de ghnáth agus go gcailltear an t-eolas seo go deo. Is annamh a fheictear an méid seo eolais, léargas chomh mion seo i meon an fhile-aistritheora, ach is iontach é agus ba chóir go mbeadh sé againn. Agus béim curtha ar an duanaire a bheith ina 'dialann [...] chomh maith le toradh aistir teanga' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 10) mar a dúradh cheana, d'fhéadfaí a áiteamh go raibh gá paraitéacsanna a chur san áireamh, agus go raibh gá infheictheacht aistritheoirí a mhéadú i gcroílár an fhiontair.

Mínítear fosta an fáth ar roghnaíodh an Ghaeilge don dara tionscadal VERSschmuggel riamh ag Féile Filíochta Bheirlín (2006: 9):

Sílimid gur maith an sampla é dul chun cinn na Gaeilge den bhéim atá á leagan san Eoraip ar fhéiniúlacht réigiúnach, agus áirimid go háirithe an reachtaíocht nua teanga a chuireann an Ghaeilge ar comhchéim leis an mBéarla mar theanga oifigiúil in Éirinn agus san Eoraip. Tá ról suntasach ag na teangacha réigiúnacha cur leis an bhféinmhuinín nua atá ag borradh sna háiteanna a mbíonn siad á labhairt.

Má theann muid siar go 2003, an bhliain inar cuireadh tús le heagrú an tionscadail d'Fhéile 2004 (Kniep, M. 2023. Cumarsáid phearsanta, 13 Eanáir), bhí an Ghaeilge i mbéal an phobail, agus ní hamháin in Éirinn ach ar an Mhór-roinn fosta is léir. Tionscnaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2003 agus an phríomhaidhm aige ná 'a chinntiú go gcuirtear feabhas ar sholáthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge' (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, 2023) agus faoin am seo, is cinnte go raibh stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre san Aontas Eorpach ar na bioráin fosta agus iarratas déanta ag Rialtas na hÉireann in 2005 sular bronnadh an stádas uirthi in 2007 (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, 2021).

Scríobhadh an réamhrá sa Ghearmáinis ar dtús (féach Maurin & Wohlfahrt, 2006: 10, 14), agus cé go gcloíonn an leagan Gaeilge go docht leis an bhunleagan, is féidir linn tionchar na Gaeilge a aithint chomh maith. Is sa Ghaeilge a fheiceann muid saibhreas na teanga agus is sa leagan seo amháin, agus fríd an tsaibhreas seo, a thugtar léargas níos doimhne dúinn ar an chaidreamh idir na filí. Tugtar 'leathbhádóir[í]' ar na péirí filí a bhí 'ag treabhadh an ghoirt chéanna' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7, 8), nathanna cainte nach bhfuil luaite sa leagan Gearmáinise^[11]. Is féidir linn an t-eolas seo agus na difríochtaí a thógáil ina bparaitéacs féin, rud a thaispeánann aidhm eile a d'fhéadfaí a bheith ann san aistriúchán Gaeilge, agus a thaispeánann go raibh ról gníomhach ag an aistritheoir Gaeilge san fhiontar, go raibh sé i láthair agus go raibh sé ag iarraidh an combhionannas agus an comhar ar leith a bhí san fhiontar a léiriú.

San fhocal buíochais faigheann muid léargas neamhchoitianta ar an tionscadal. Is gnáthrud é focal buíochais a bheith i leabhar den chineál seo, ach anseo i V.V., tugtar buíochas do gach duine a bhí páirteach, idir na daoine a chuir an cheolchoirm i láthair, agus na teangairí a chuidigh leis na filí a n-aistriúcháin féin a scríobh (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 124). Tá na haistritheoirí a d'ullmhaigh na 'réamhaistriúcháin' (aistriúcháin liteartha / lomaistriúcháin) (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 124) luaite fiú, agus liosta díobh le feiceáil ag bun an leathanaigh^[12], rud a léiríonn an bhéim a chuireann na heagarthóirí ar an obair.

Chomh maith leis sin, tugtar buíochas ar leith d'Fhiachra Mac Góráin, rud a léiríonn córas oibre na n-aistriúcháin agus go raibh páirt ghníomhach ag na haistritheoirí san fhiontar. Tugtar réasúnú difriúil leis an bhuíochas a thugtar do Mhac Góráin idir an leagan Gaeilge agus Gearmáinise áfach. Sa Ghaeilge ní deirtear ach gur aistrigh Mac Góráin an réamhrá (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 124), ach sa Ghearmáinis a deirtear „[...] für alle die Übersetzungen und die beratende Hilfe [...] as na haistriúcháin uilig agus as an chuidiú comhairleach” (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 125). Is iondúil go ndéantar aistriúcháin díreach, beagnach focal ar fhocal ar théacsanna mar seo nuair nach mbíonn ach eolas fíorasach le tabhairt trasna, agus is annamh difríochtaí a fheiceáil mar sin. Is dócha go raibh aithne ag aistritheoir(i) Gaeilge an fhocal buíochais ar Mhac Góráin nó go raibh siad ag iarraidh béim ar leith a chur ar ghnéithe difriúla

dá ról sa Ghaeilge. Ach thar aon rud eile, tugann sé níos mó eolais dúinn faoi rannpháirtithe an tionscadail agus na rólanna difriúla a bhí ag na haistritheoirí leis an Ghaeilge agus leis an Ghearmáinis, ag tabhairt léargas níos doimhne dúinn nach mbeadh againn gan é.

Chomh maith le paraitéacsanna scríofa, is iad na paraitéacsanna is suimiúla na dlúthdhioscaí^[13] a thagann leis an leabhar V.V. Ní minic a bhíonn foirm labhartha d'fhillíocht agus d'aistriúchán na Gaeilge againn, agus tugann na dlúthdhioscaí foinse eile agus eolas breise dúinn. Mar shampla, is féidir linn lucht féachana na ceolchoirme a chloisteáil agus líon na gcainteoirí Gaeilge i gcomparáid le líon cainteoirí na Gearmáinise a oibriú amach nuair a déantar imeartas focal sa Ghaeilge agus nuair a déantar arís sa Ghearmáinis é.

Tugtar comhthéacs sa bhreis do na dlúthdhioscaí fosta agus na filí agus aistritheoirí ag cur a ndánta i láthair, chomh maith leis an réasúnaíocht a bhain le cumadh roinnt dánta. Is sa réamhrá a fhoghlaimíonn muid go raibh Cathal Ó Searcaigh 'toga le dánta Mhaja [sic] Haderlap' (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 8) ach is ar na dlúthdhioscaí a fhaigheann muid léargas níos mine agus gur leaganacha '*improvisiert* [ar nós tobchumadóireachta]' iad aistriúcháin Uí Shearcaigh ar dhánta Haderlap mar, '*I liked them so much I added lines of my own to them*' (Ó Searcaigh, 29 Meitheamh 2004, luaite in Maurin & Wohlfahrt, 2006: dlúthdhiosca 2). Blúire eolais a mbeadh sé éasca dearmad a dhéanamh air, ach taispéanann sé arís an méid eolais a chailltear i bpróiseas an aistriúcháin agus na cumadóireachta, agus an méid atá le hathaisiú trí pharaitéacsanna, agus léamh níos leithne ar an téacs ina iomláine.

V.V. mar Acmhainn agus mar Eiseamláir

Is léir mar sin, go bhfuil an dúrud eolais le feiceáil anseo sna paraitéacsanna atá mar pháirt de dhuanair V.V., ach cén tábhacht a bhaineann leis an eolas seo? Agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach aird a dhíriú air, go háirithe anois, beagnach fiche bliain ón cheardlann? Mar a dúradh cheana, duanair speisialta uathúil is ea V.V. a tháinig as tionscnamh ceannródaíoch é féin. Is acmhainn luachmhar do léann an aistriúcháin é V.V. Cuireann V.V. mórfhillí na Gaeilge i láthair do lucht léitheoireachta idirnáisiúnta, filí amhail Michael Davitt, Nuala Ní Dhomhnaill, Gréagóir Ó Dúill, Cathal Ó Searcaigh, Gabriel Rosenstock, agus Bidy Jenkinson. Tugann sé seo tábhacht don chnuasach ann féin, mar gheall go n-osclaíonn sé filíocht na Gaeilge don domhan agus toisc gurb é an chéad uair do Jenkinson a bheith páirteach i dtionscnamh den chineál seo (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 10) nuair atá clú agus cáil uirthi mar gheall nach n-aistrítear a saothar go minic^[14]. Ach tá V.V. níos tábhachtaí arís mar gheall ar na paraitéacsanna a ghabhann leis. Leis na paraitéacsanna, tugtar léargas iontach ar phróiseas an aistriúcháin agus ar eispéireas achan duine a ghlac páirt ann dúinn, ar leibhéal nach raibh coitianta i dtéacsanna ag an am agus nach mbíonn fós. Ina theannta sin, is aistriúchán ó theanga amháin agus go teanga eile seachas an Béarla é V.V., a fhágann gur duanair ar leith é V.V. nuair atá sé i bhfad níos coitianta aistriúcháin idir Gaeilge agus Béarla a fheiceáil.

D'fhéadfaí cúpla fáth a bheith leis an méid mór eolais agus eolas paraitéacsúil sa duanaire V.V. i gcomparáid le cnuasaigh eile a foilsíodh roimhe agus ina dhiaidh. Toradh is ea V.V. ar chomhoibriú idir comhlachtaí agus forais idirnáisiúnta amhail an Chomhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, Goethe-Institut, agus Bord na Leabhar Gaeilge, chomh maith le cuidiú ó Ambasáid na hÉireann i mBeirlín, agus comhoibriú idir dhá theach foilsitheoireachta in Éirinn agus sa Ghearmáin, Cló Iar-Chonnacht agus Verlag das Wunderhorn (Maurin & Wohlfahrt, 2006: leathanach cóipchirt). Mar sin, bheadh gá le gach duine a bhí páirteach a chur san áireamh agus buíochas a ghlacadh leo.

Chomh maith leis sin, ba é *Haus für Poesie*, comhlacht Gearmánach, a bhí ar thús cadhnaíochta san fhiontar agus thug siadsan a nósanna aistriúcháin agus a gcúlraí i ndomhan foilsitheoireachta na Gearmáine leo. Tá aistriúchán liteartha réasúnta coitianta i gcríocha na Gearmáine. Dar le *Conseil Européen des Associations de Traducteurs Littéraires* [Comhairle Eorpach Chumainn na nAistritheoirí Liteartha] (CEATL), is aistriúchán ó theangacha eile a bhíonn in 21.5% de na leabhair a fhoilsítear gach bliain sa Ghearmáin, agus 25% de na leabhair a fhoilsítear san Ostair (Fock *et al.*, 2008: 4). Thairis sin, is é sa Ghearmáin a bhíonn an margadh is mó ó thaobh aistriúcháin agus ó thaobh teicneolaíochtaí aistriúcháin de san Aontas Eorpach (*Qualitätssprachendienste Deutschlands* (QSD), 2020: 5). Is mó taithí a bhíonn ag lucht na Gearmáinise sa chomhthéacs seo mar sin, agus go dtuigeann siad agus go n-aithníonn siad na dúshláin agus na deacrachtaí féideartha a bhaineann le foilseacháin dhátheangacha, agus iad sásta agus breá ábalta déileáil leis na fadhbanna a bhaineann leis an aistriúchán.

Thairis sin, cuireann V.V. litríocht liath [*grey literature*] i gcuimhne don údar. Is éard is litríocht liath ann eolas, téacsanna, nó foilseacháin inmheánacha a chruthaíonn an rialtas, institiúidí oideachais, nó comhlachtaí éagsúla nuair nach mbíonn an fhoilsitheoireacht ina príomhghníomhaíocht ag an táirgeoir (Third International Conference on Grey Literature, 1997, luaite in University of Exeter, 2022). Is minic a dhéantar neamhaird ar obair lárnach an aistritheora i réimse na foilsitheoireachta, go háirithe le haistriúcháin liteartha (féach Croft, 2021; An tAontas Eorpach, 2022, *passim.*), ach le filí, scríbhneoirí, aistritheoirí, agus teangeolaithe a bhfuil cos amháin istigh i ndomhan na foilsitheoireachta acu atá páirteach san fhiontar seo, is cosúil le litríocht liath é V.V. a cruthaíodh *by the people, for the people*; iadsan atá breá réidh an ceart a dhéanamh leo féin agus leo siúd a bhíonn i mbun oibre leis an fhiontar.

Tá 17 mbliana ann anois ón uair a foilsíodh V.V., agus beagnach 20 bliain ón cheardlann as ar thionscain an fiontar. Agus seachas a rá go raibh sé 'suntasach go hidirnáisiúnta' (An Chomhairle Ealaíon, 2006: 29) ag an am, rinneadh neamhaird ar an tsaothar^[15]. Tá sé thar am anois súil siar a chaitheamh ar an duanaire. Anois an t-am athscrúdú a dhéanamh ar V.V. agus nósanna i léann an aistriúcháin in Éirinn agus ar an Mhór-Roinn ag athrú. Tá infheictheacht an aistritheora i mbéal an phobail go mór faoi láthair, fadhb a léirítear go maith trí fheachtais a thug an tAontas Eorpach isteach, chomh maith le hobair na n-aistritheoirí iad féin agus

iad ag áitiú gur chóir go n-ainmneofaí iad ar chládaigh na leabhar a aistríonn siad^[16] (féach Croft, 2021; An tAontas Eorpach, 2022, *passim*). Chomh maith leis sin, tá borradh faoi aistriúcháin ó theangacha eile agus go teangacha eile lasmuigh den Bhéarla ag tarlú sa tír seo, go háirithe le cúpla bliain anuas. Tóg, mar shampla, léamh filíochta trí-theangach (Gaeilge, Fraincis (Quebécois), Béarla) a tharla i nGaillimh ar na mallaibh, aistriúchán ar an leabhar ficsean eolaíochta *Air Cuan Dubh Drilseach* (2013) ó Gàidhlig go Gaeilge (*Tinte na Farraipe Duibhe* (2020)), nó aistriúchán *Cré na Cille* go hÍsiltírís agus go Seicis (féach Hijmans, 2017; Markus, 2020; Cló Iar-Chonnacht, 2022; Institiúid de Móra, 2022).

D'fhéadfadh V.V. a bheith ina eiseamláir d'fhoilseachán dháttheangach in earnáil na foilsitheoireachta agus i léann an aistriúcháin. Mar a dúradh cheana, tugann V.V. léargas iontach agus neamhghnách ar phróiseas an aistriúcháin. Feiceann muid gach aon rannpháirtí san fhiontar, ní hamháin an dáréag filí, ach na daoine taobh thiar díobh: aistritheoirí na bparaitéacsanna agus na réamhaistriúcháin, na hateangairí a bhí ann ar lá na ceardlainne, agus na daoine a chuir an cheolchoirm i láthair, agus is mar gheall air seo go seasann V.V. amach. Taispeánann V.V. an dóigh is fearr téacsanna paraitéacsúla a scríobh, á gcur i bhfoilseachán dáttheangach agus an dóigh is fearr rannpháirtithe i bpróiseas an aistriúcháin a ainmniú agus a aithint. Is acmhainn fhíormhaith agus fhíorthábhachtach do léann an aistriúcháin é V.V., agus an cnuasach filíochta curtha os ár gcomhair arís, níor cheart dúinn neamhaird níos mó a dhéanamh ar an duanaire fadbhreathnaitheach seo.

Conclúid

Mar a deir Hartnett agus Egan, '*in the eyes of editors, poets and critics, all anthologies seem to be full of unnecessary inclusions and inexplicable omissions*' (1973: réamhrá). In V.V. déantar iarracht na heasnaimh siúd a chur ar ais sa téacs agus an t-eolas is tábhachtaí agus is doimhne faoin fhiontar a shábháil agus teoiric Hartnett agus Egan a chur ina ceart.

Leis an léargas a fhaigheann muid sna paraitéacsanna sa duanaire V.V., tá an t-eispéireas aistriúcháin oscailte agus sofheicthe dúinn i léann an aistriúcháin arís, agus cé gur annamh é, is iontach é. Faigheann muid léargas ar ról na n-aistritheoirí a ghlac páirt san fhiontar, ach thairis sin, gach duine eile a raibh lámh acu sa cheardlann agus sa léamh filíochta a chuir deireadh le V.V. ag Féile Filíochta Bheirlín.

Ba chóir go mbeadh V.V. ina eiseamláir don fhoilsitheoireacht dháttheangach, don scríbhneoireacht paraitéacsúil, agus do rannpháirtithe i ndomhan na foilsitheoireachta sa tír seo, ach cén dóigh a mbeadh muid in ann seo a chur i bhfeidhm mar sin? Táthar ag súil go n-osclaíonn an t-alt seo plé ar pharaitéacsanna agus a dtábhacht, ar infheictheacht an aistritheora, agus ar na rannpháirtithe uilig atá páirteach i dtionscnamh aistriúcháin / dáttheangach den chineál seo, agus go spreagann sé lucht aistriúcháin agus lucht foilsitheoireachta na hÉireann fasach nua a bhunú, le heolas ina chroílár.

Faoi dheireadh, ba é príomhaidhm an ailt seo an leabhar V.V. a chur ar a súile do lucht aistriúcháin na tíre agus á chur i láthair arís dóibh, agus táthar ag súil gur baineadh an aidhm seo amach. Agus mar fhocal scoir, tá praghas saor-reaca ar an leabhar anois (€10) (Cló Iar-Chonnacht, gan dáta), agus mholfaínn é a léamh.

Buíochas

Tá an t-údar fíorbhuíoch den Dochtúir Matthias Kniep, Leas-Stiúrthóir de chuid *Haus für Poesie*, agus d'Anna Stöffelbauer agus de Chlódhna Nic Giolla Chomhaill as ucht a gcomhairle.

Nótaí

- [1] Tugtar cur síos ar an leabhar V.V. sa Ghaeilge agus sa Bhéarla mar pháirt d'Áthbhreithniú Bliantúil 2006 na Comhairle Ealaíne (An Chomhairle Ealaíon, 2006: 29).
- [2] Úsáidtear 'Gearmáinis(e)' san alt seo agus in acmhainní eile chun tagairt a dhéanamh don Ghearmáinis a labhraítear ní hamháin sa Ghearmáin, ach san Ostair, san Eilvéis, i Lucsamburg, agus i Lichtinstéin chomh maith. Caithfear a rá mar sin, nach dtagann filí a ghlacann páirt san fhiontar as an Ghearmáin amháin, ach as críocha uile na Gearmáinise ina iomláine.
- [3] Agus muid ag tabhairt V.V. mar shampla, chuir an chéad trí pháirt sa chnuasach (Ní Dhomhnaill / Bonnó, Ó Dúill / Rinck, Davitt / Köhler) a ndánta agus a n-aistritheoirí i láthair ar an chéad oíche agus an dara trí pháirt (Jenkinson / Grünzweig, Ó Searcaigh / Haderlap, Rosenstock / Sencer) ar an dara hoíche.
- [4] 'Gastländer' [tíortha óstach] a úsáideann an foilsitheoir agus é ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar an teanga eile sa chomhar, ach ní gan fhadhb atá an téarma seo, mar ní fhéadtar a rá go labhraítear teanga ar leith i dtír amháin, an Ghearmáinis fiú, mar shampla.
- [5] 'Nachdichtung' [*free translation / free rendering*]; aistriúchán téacs ina gcuirtear béim ar chosaint gutha agus ábhair, seachas a bheith ag iarraidh aistriúchán focal-ar-fhocal a chruthú. Úsáidtear le saothair liriciúla, dánta, agus amhráin é, áit ina mbeadh sé réasúnta cloí le haiste ríme, nó le meadaracht.
- [6] Seachas téacsanna nó sleachta ó *VERSSchmuggel VÉARSaistear* (2006) é féin, glactar leis gurb iad m'aistriúchán féin gach aistriúchán eile ach sa chás go ndeirtear a mhalairt.
- [7] Ní raibh an t-aistear teanga isteach sa Ghaeilge ar an aistear dheireanach ach an oiread. Tarlaíonn ceardlanna de chuid *VERSSchmuggel* uair sa bhliain ar laghad mar pháirt d'Fhéile Filíochta Bheirlín mar a dúradh cheana, ach cuirtear ar siúl iad níos minice ná sin le blianta beaga anuas. Tá gach tionscnamh *VERSSchmuggel* ó 2003 ar aghaidh agus gach péire teangacha nó na tíortha as a dtagann siad le feiceáil san aguisín, chomh maith lena stádas foilseacháin (i. dá mbeadh toradh ceardlainne ar leith curtha i gcló i ndiaidh na ceardlainne).

- [8] Ba iad na péirí don fhiontar ná Michael Davitt & Barbara Köhler; Bidy Jenkinson & Dorothea Grünzweig; Nuala Ní Dhomhnaill & Mirko Bonné; Gréagóir Ó Dúill & Monika Rinck; Cathal Ó Searcaigh & Maja Haderlap; Gabriel Rosenstock & Armin Senser (Maurin & Wohlfahrt, 2006: Clár/Inhalt).
- [9] Cé go ndírionn an t-alt seo ar pharaitéacsanna amháin, is féidir linn go leor eolais intuigthe faoi thionscadal VERSSchmuggel ina iomláine a bhaint as na téacsanna agus as na haistriúcháin iad féin fosta, mar shampla, gur tharla aistriúchán indíreach fríd an Bhéarla ó am go chéile, agus go bhfuil sé seo le feiceáil mar thoradh ar dhrochaistriúchán sa dán ‘Suantraí na Máthar Síní’ le Bidy Jenkinson nuair a aistríodh ‘laoidín’ go ‘Wade [colpa]’. Is sa Bhéarla amháin a bhíonn an focal céanna ann dóibh araon: ‘calf’ (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 56–7).
- [10] Glactar leis gur scríobhadh an sliocht seo sa Ghearmáinis ar dtús, ach mar gheall go bhfuil aistriúcháin go Gaeilge curtha ar fáil dúinn i V.V. agus é mar pharaitéacs é féin, ní thugtar ach an leagan Gaeilge anseo.
- [11] Tugtar „die sich übersetzende Dichter [na filí a bhí ag aistriú]“ in áit leathbhádóirí (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 8, 12) agus „[sie] haben einander durch gemeinsames Arbeit kennen gelernt [chuir siad aithne ar a chéile trí chomhoibriú]“ in áit ‘ag treabhadh an ghoirt chéanna’ (Maurin & Wohlfahrt, 2006: 7, 11).
- [12] Is suimiúil nach mbíonn na hainmneacha sa liosta le feiceáil san ord céanna idir an leagan Gaeilge agus Gearmáinise. Feictear don údar gur in ord randamach a thugtar na hainmneacha sa Ghaeilge ach is in ord aibítire atá siad sa Ghearmáinis.
- [13] Le roinnt blianta anuas, tugtar codanna mearfhreagartha (QR) in áit dlúthdhioscaí leis na leabhair VERSSchmuggel (féach Verlag Das Wunderhorn, 2023).
- [14] B’fhéarr léis an fhile, scríbhneoir, agus aistritheoir Bidy Jenkinson nach n-aistreofaí a cuid saothar go Béarla in Éirinn (féach Jenkinson, 1991). Tugann sí cead a saothair a aistriú go teangacha eile, áfach, agus ba é an tionchar VERSSchmuggel an chéad uair a bhí sí páirteach i bhfiontar mar seo. Ón uair sin amach tá a cuid saothair aistrithe go hIodáilis, go Fraincis, agus go Béarla ach lasmuigh d’Éirinn (féach Jenkinson, 2006; de Búrca, 2010: 169; Jenkinson & Ní Ríordáin, 2010, *passim*).
- [15] Amach as tagairt don fhiontar san athbhreithniú bhliantúil 2006 de chuid na Comhairle Ealaíon atá luaite anseo, níl ann ach eolas faoi sheoladh an leabhair agus sonraí faoi ócáid le linn Fhéile Scríbhneoirí Bhaile Átha Cliath 2006 (féach Ó Muirí, 2006; Walsh, 2006).
- [16] Caithfear a rá go mbíonn an Ghaeilge agus foilsitheoireacht sa tír seo iontach maith ar an pointe seo (níl le déanamh agat ach amharc ar shuíomh An Siopa Leabhar chun ainm an aistritheora a fheiceáil ar chlúdach na mílte leabhar), ach ní mar seo atá sé le teangacha eile. Ón uair a athraíodh rialacha an International Booker Prize in 2016, go dtí gur roinneadh an duais \$50,000 idir an t-údar agus an t-aistritheoir go cothrom, ‘not one of the six winning works of fiction has displayed the translator’s name on the front’ (Croft, 2021).

- [17] Is comhthionscnamh é *VERSchmuggel/ reVERSible: Belfast – Berlin* idir Haus für Poesie agus The Seamus Heaney Centre in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Cuireadh an cheardlann i láthair i mí Mheán Fómhair 2022 i mBeirlín. Ní raibh sé mar pháirt de chlár Fhéile Filíochta Bheirlín (Kulturbrauerei, 2022).
- [18] Cuireadh an cheardlann seo ar siúl i mí na Nollag 2022 (Haus für Poesie, 2022).
- [19] Haus für Poesie, 2017.
- [20] Tháinig seisear filí as críocha na hAraibise go Beirlín i bhfómhar 2016 chun páirt a ghlacadh sa cheardlann (Haus für Poesie, 2016b).
- [21] Cuireadh toradh obair na rannpháirtithe i láthair ar 5 Deireadh Fómhair 2016 in ‘Literaturhaus’ [Áras na Litríochta go litriúil; Cultúrlann] in Vilnius sa Liotuáin (Goethe Institut, 2016).
- [22] Haus für Poesie, 2016a.
- [23] Reáchtáladh an cheardlann i Moscó (Verlag Das Wunderhorn, 2023).
- [24] Ní chloínn an leabhar seo le gnás ainmnithe na leabhar *VERSchmuggel*. Sa bhliain 2011, cuireadh fáilte roimh sheisear scríbhneoirí (“Autoren*innen” in áit *Dichter*innen* [filí] a úsáidtear) óg as an Fhrainc teacht go Beirlín (Verlag Das Wunderhorn, 2012).
- [25] Chuaigh cúigear filí as Bairéin, Dubai, Cuáit, Óman, agus as an Araib Shádach go Beirlín le linn Mhí na Samhna 2009 (Verlag Das Wunderhorn, 2010).
- [26] Glactar leis ó choimriú na ceardlainne agus ó chlár na Féile gur chloígh an cheardlann *VERSchmuggel* an bhliain sin le mórhéama/teanga na Féile agus an Astráil mar théama aici (Literaturwerkstatt Berlin, 2003).

Aguisín: Tionscnaimh VERSSchmuggel ó 2003-2022 agus Stádas Foilseacháin

Bliain na Ceardlainne	Teideal	Aistriúchán	Bliain Foilsithe
2022*[17]	VERSSchmuggel/ reVERSible: <i>Belfast – Berlin</i>	VERSSchmuggel/ reVERSible: <i>Belfast – Berlin</i>	2023
2022*[18]	VERSSchmuggel / Поэзиялык дуБЕРСия: <i>Poesie aus Kasachstan und Deutschland</i>	VERSSchmuggel / Поэзиялык дуБЕРСия: <i>Filíocht as an Chasacstáin agus as an Ghearmáin</i>	2023
2022	VERSSchmuggel / <i>Krijumčarenje stihova: Poesie aus Bosnien, Kroatien, Montenegro und Serbien</i>	VERSSchmuggel / <i>Krijumčarenje stihova: Filíocht as an Bhoisnia, as an Chróit, as Montainéagró agus as an tSeirbia</i>	2023
2021	VERSSchmuggel / <i>Кантрабанда наэзii: Poesie aus Belarus und Deutschland</i>	VERSSchmuggel / <i>Кантрабанда наэзii: Filíocht as an Bhealarúis agus as an Ghearmáin</i>	2022
2020	VERSSchmuggel / reVERSible: <i>Poesie aus Kanada und Deutschland</i>	VERSSchmuggel / reVERSible: <i>Filíocht as Ceanada agus as an Ghearmáin</i>	2020
2019	VERSSchmuggel / reVERSible: <i>Poesie aus den USA und Deutschland</i>	VERSSchmuggel / reVERSible: <i>Filíocht as SAM agus as an Ghearmáin</i>	2020
2018	VERSSchmuggel / Překladiště: <i>Poesie aus Tschechien und Deutschland</i>	VERSSchmuggel / Překladiště: <i>Filíocht as an tSeicia agus as an Ghearmáin</i>	2019
2017	[VERSSchmuggel: Kurdisch-Deutsch]	VERSSchmuggel: Coirdise - Gearmáinis	n/b[19]
2016*[20]	VERSSchmuggel Iran: <i>Poesie aus dem Iran und Deutschland</i>	VERSSchmuggel na hIaráine: <i>Filíocht as an Iaráin agus as an Ghearmáin</i>	2017
2016*[21]	VERSSchmuggel / <i>perVERSmái: Poesie aus Litauen und Deutschland</i>	VERSSchmuggel / <i>perVERSmái: Filíocht as an Liotuáin agus as an Ghearmáin</i>	2017

2016	[VERSschmuggel: Hebräisch – Deutsch]	VERSschmuggel: Eabhrais - Gearmáinis	n/b[22]
2015*[23]	VERSschmuggel / <i>Поэтическая дуВЕРСия:</i> <i>Poesie aus Russland und</i> <i>Deutschland</i>	VERSschmuggel / <i>Поэтическая дуВЕРСия:</i> <i>Filíocht as an Rúis agus as an</i> <i>Ghearmáin</i>	2016
2015	VERSschmuggel / VERSsmokkel: <i>Poesie aus den</i> <i>Niederlanden, Flandern und</i> <i>Deutschland</i>	VERSschmuggel / VERSsmokkel: <i>Filíocht as an</i> <i>Ísiltír, as Flóndras, agus as an</i> <i>Ghearmáin</i>	2016
2014	VERSschmuggel reVERSible: <i>Poesie aus Schottland und</i> <i>Deutschland</i>	VERSschmuggel reVERSible: <i>Filíocht as Albain agus as an</i> <i>Ghearmáin</i>	2015
2013	VERSschmuggel / <i>SäkeenVERsoja: Finnisch- und</i> <i>deutschsprachige Gedichte</i>	VERSschmuggel / <i>SäkeenVERsoja: Dánta</i> <i>Fionlainnise agus Gearmáinise</i>	2014
2012	VERSschmuggel/ <i>transVERSsal: Brasilianische</i> <i>und deutschsprachige Gedichte</i>	VERSschmuggel/ <i>transVERSsal: Dánta</i> <i>Brasaíleacha agus Gearmáinise</i>	2013
2011	VERSschmuggel / réVERSible: <i>Langzeitwirkung der Gedichte</i> [24]	VERSschmuggel / réVERSible: <i>Tionchar Fadtéarmach na</i> <i>Filíochta</i>	2012
2010	[VERSschmuggel: Italien – Deutsch]	VERSschmuggel: Iodáilis - Gearmáinis	n/b
2009*[25]	VERSschmuggel – <i>Eine</i> <i>Karawane der Poesie:</i> <i>Arabisch- und deutschsprachige</i> <i>Gedichte</i>	VERSschmuggel – <i>Carbhán</i> <i>Filíochta: Dánta Araibise agus</i> <i>Gearmáinise</i>	2010
2009	VERSschmuggel / <i>WERSszmugiel: Polnisch- und</i> <i>deutschsprachige Gedichte</i>	VERSschmuggel / <i>WERSszmugiel: Dánta</i> <i>Polainnise agus Gearmáinise</i>	2010
2008	VERSschmuggel – <i>Contrabando de</i> <i>VERSOS: Deutsch- und</i> <i>portugiesischsprachige Poesie</i> <i>aus drei Kontinenten</i>	VERSschmuggel – <i>Contrabando de VERSOS:</i> <i>Dánta Gearmáinise agus</i> <i>Portaingéilise as trí mhór-roinn</i>	2009
2007	VERSschmuggel / reVERSible: <i>Canadian Poetry – Poésie du</i> <i>Québec</i>	VERSschmuggel / reVERSible: <i>Filíocht Cheanadach – Poésie</i> <i>du Québec</i>	2008

2006	[VERSchmuggel: Der Balkan]	VERSchmuggel: Na Balcáin	n/b
2005	<i>VERSchmuggel/Contrabando de VERSos: Spanisch- und deutschsprachige Gedichte</i>	<i>VERSchmuggel/Contrabando de VERSos: Dánta Spáinnise agus Gearmáinise</i>	2006
2004	<i>VERSchmuggel/VÉARSaistear: Irische und deutschsprachige Gedichte</i>	<i>VERSchmuggel/VÉARSaistear: Dánta Gaeilge agus Gearmáinise</i>	2006
2003	[VERS SCHMUGGEL-reVERSible: Australien] [26]	VERS SCHMUGGEL-reVERSible: An Astráil	n/b
2002	<i>VersSchmuggel – Mots de passe: Gedichte/Poèmes</i>	<i>VersSchmuggel – Mots de passe: Gedichte/Poèmes</i> [Dánta]	2003

*Ceardlanna a bhí mar pháirt den tionscnamh *VERSchmuggel* ach nach raibh mar pháirt d’Fhéile Filíochta Bheirlín mar gheall gur reáchtáladh i gcathair/ i dtír eile iad nó mar gheall nár tharla siad ag tráth bliana na Féile (Mí an Mheithimh de ghnáth).

[cló trom] Bhí an cheardlann mar pháirt d’Fhéile Filíochta Bheirlín ach níor foilsíodh leabhar bunaithe uirthi.

Leabharliosta

Leabhair

Cronin, M. (1996) *Translating Ireland*. Cork: Cork University Press.

Egan, D. & Hartnett, M. (eag.) (1973) *Choice: An Anthology of Irish Poetry Selected by the Poets Themselves with a Commentary on their Choice*. Baile Átha Cliath: The Goldsmith Press.

Genette, G. (1997) *Paratexts: Thresholds of Interpretation*. Cambridge: Cambridge University Press.

Maurin, A. & Wohlfahrt, T. (eag.) (2006) *VERSschmuggel VÉARSaistear: irische und deutschsprachige Gedichte/ Dánta Gaeilge agus Gearmáinise*. Heidelberg/Indreabhán: Verlag das Wunderhorn / Cló Iar-Chonnacht.

Ailt

de Búrca, M. (2010) 'Biddy Jenkinson.' Ní Fhrighil, R. (eag.) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta. 167–80.

Cronin, M. (1993) 'Movie-Shows From Babel: Translation and the Irish Language.' *The Irish Review* (Cork), 14. 56–64. Ar fáil ag: <https://www.jstor.org/stable/29735706> (Léite: 8 Meitheamh 2022).

Hijmans, A. (2017) 'An Ísiltíris ar "ab ba búna" – ag aistriú Cré na Cille.' *Comhar*. Deireadh Fómhair. 19–20.

Hollo, K. (1999) 'From the Irish: On "The Astrakhan Cloak".' *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 3(2). 129–41. Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/20557559> (Léite: 8 Meitheamh 2022).

Jenkinson, B. (1991) 'A Letter to an Editor.' *Irish University Review*, 21(1). 27–34. Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/25484394> (Léite: 13 Samhain 2021).

Jenkinson, B. & Ní Ríordáin, C. (2010) 'Poèmes (Dánta),' *Études Irlandaises* 35(2). 99–117.

Markus, R. (2020) 'The Carnival of the Dead: Translating Máirtín Ó Cadhain's *Cré na Cille* into Czech.' *Translation Studies* 13(2). 168–82. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1080/14781700.2020.1743747>.

Ó Séaghdha, B. (1993) 'The Tasks of the Translator.' *The Irish Review (Cork)* (14). 143–7. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.2307/29735723>.

Foinsí Leictreonacha

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán (2021) *Stádas iomlán oifigiúil ag an nGaeilge san Aontas Eorpach*. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/press-release/e3150-the-irish-language-gains-full-official-and-working-status-in-the-european-union/#:~:text=Irish%20was%20a%20treaty%20language,status%20on%201%20January%202007>. (Léite: 16 Eanáir 2023).

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán (2023) *Acht na dTeangacha Oifigiúla (agus reachtaíocht ghaolmhar)*, gov.ie. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/acht-na-dteangacha-oifigiula-2003-agus-reachtaiocht-ghaolmhar/> (Léite: 16 Eanáir 2023).

An tAontas Eorpach (2022) 'Aistritheoirí ar an gClúdach: An tIlteangachas agus an tAistriúchán'. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Ar fáil ag: <https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/a4059b86-8317-11ec-8c40-01aa75ed71a1> (Léite: 17 Eanáir 2023).

Cló Iar-Chonnacht (2022) *Tinte na Farraige Duibhe (liosta)*, Cló Iar-Chonnacht. Ar fáil ag: <https://cic.ie/shop/leabhair/paisti-daoine-oga/daoine-oga/tinte-na-farraige-duibhe/> (Léite: 18 Eanáir 2023).

Cló Iar-Chonnacht (gan dáta) *VERSschmuggel – VÉARSaistear (liosta)*. Ar fáil ag: <https://cic.ie/shop/books/fiction/versschmuggel-vearsaistear/?lang=en> (Léite: 7 Meitheamh 2022).

Croft, J. (2021) 'Why translators should be named on book covers.' *The Guardian*, 10 Meán Fómhair. Ar fáil ag: <https://www.theguardian.com/books/2021/sep/10/why-translators-should-be-named-on-book-covers> (Léite: 17 Eanáir 2023).

- Djadkina, W. & Filippow-Tschechow, A. (2015) *Die Verrsschmuggler [Na Véars-Smuglálaithe]*, Goethe Institut. Leagan Gearmáinise le A.B. Burck. Ar fáil ag: <https://www.goethe.de/ins/ru/de/kul/mag/20659945.html> (Léite: 17 Eanáir 2023).
- Fock, H. *et al.* (2008) 'Comparative income of literary translators in Europe.' CEATL Conseil Européen des Associations de Traducteurs Littéraires. Ar fáil ag: <https://www.ceatl.eu/wp-content/uploads/2010/09/surveyuk.pdf> (Léite: 17 Eanáir 2023).
- Goethe Institut (2016) *VERSSchmuggel – Zeitgenössische Lyrik aus Deutschland und Litauen [VERSSchmuggel Filíocht Chomhaimseartha as an Liotuáin agus as an Ghearmáin]*. Ar fáil ag: http://literaturwerkstatt.org/_poesiefestival2005/archiv/2003/ (Léite: 6 Eanáir 2023).
- Haus für Poesie (2016a) *VERANSTALTUNG: Juni 2016 VERSSchmuggel: Hebräisch - Deutsch [ÓCÁID: Meitheamh 2016 VERSSchmuggel: Eabhrais-Gearmáinis]*. Ar fáil ag: <https://www.haus-fuer-poesie.org/de/poesiefestival-berlin/archiv-poesiefestival-berlin/archiv-2016/programm-2016/gesamtuebersicht-2016/versschmuggel-hebraeisch-deutsch> (Léite: 6 Eanáir 2023).
- Haus für Poesie (2016b) *VERSSchmuggel Iran – Poesie aus dem Iran und Deutschland [VERSSchmuggel na hIaráine: Filíocht as an Iaráin agus as an Ghearmáin]*, Haus für Poesie. Ar fáil ag: <https://www.haus-fuer-poesie.org/de/literaturwerkstatt-berlin/publikationen/versschmuggel-iran-poesie-aus-dem-iran-und-deutschland> (Léite: 6 Eanáir 2023).
- Haus für Poesie (2017) *VERANSTALTUNG: JUNI 2017 VERSSchmuggel: Kurdisch-Deutsch [ÓCÁID: MEITHEAMH 2017 VERSSchmuggel: Coirdis-Gearmáinis]*. Ar fáil ag: https://www.haus-fuer-poesie.org/de/poesiefestival-berlin/archiv-poesiefestival-berlin/archiv-2017/veranstaltungen-poesiefestival_berlin_2017/versschmuggel-kurdisch-deutsch (Léite: 6 Eanáir 2023).
- Haus für Poesie (2022) *VERANSTALTUNG: Dezember 2022 VERSSchmuggel – Поэзиялық дүБЕРСия Kasachstan – Deutschland [ÓCÁID: Nollaig 2022 VERSSchmuggel – Поэзиялық дүБЕРСия an Chasacstáin – an Ghearmáin]*. Ar fáil ag: <https://www.haus-fuer-poesie.org/de/literaturwerkstatt-berlin/veranstaltungen/veranstaltungen-aktuell/poeziyalik-diversiya-versschmuggel?d=1> (Léite: 6 Eanáir 2023).

- Institiúid de Móra (2022) *Teangacha Trilsithe – Braided Languages – Langues Tressées*. Ar fáil ag: <https://mooreinstitute.ie/event/teangacha-trilsithe-braided-languages-languages-tressees/> (Léite: 19 Eanáir 2023).
- Jenkinson, B. (2006) 'Eve in Her Garden in This Vale of Tears.' *Poetry*. Leagan Béarla le N. Ní Dhomhnaill, 68. Ar fáil ag: <https://www.poetryfoundation.org/poetrymagazine/browse?volume=188&issue=1&page=73> (Léite: 1 Meitheamh 2022).
- Kniep, M. (2023), Ríomhphoist chuig Ellen Corbett, 13 Eanáir.
- Kulturbrauerei (2022) *VERSschmuggel – reVERSible Belfast-Berlin, Kulturbrauerei*. Ar fáil ag: <https://www.kulturbrauerei.de/veranstaltung/versschmuggel-reversible-belfast-berlin/> (Léite: 6 Eanáir 2021).
- Literaturwerkstatt Berlin (2003) *VERS SCHMUGGEL-reVERSible*. Ar fáil ag: http://literaturwerkstatt.org/_poesiefestival2005/archiv/2003/ (Léite: 6 Eanáir 2023).
- Lodge, P. (2017) 'Reviews for Spring 2017', *The High Window*, 7 Márta. Ar fáil ag: <https://thehighwindowpress.com/2017/03/07/reviews-for-spring-2017/> (Léite: 19 Eanáir 2023).
- Ó Muirí, P. (2006) 'Auf Deutsch.' *The Irish Times*, 14 Meitheamh. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/newspaper/archive/2006/0614/Pg017.html#Aro1701:5C959F5E85AC5E859F5ED5AC5ED59F5F35AC5F359F6045AC60459F60B5AC60B59F6205AC> (Léite: 18 Eanáir 2023).
- Qualitätssprachendienste Deutschlands (QSD) (2020) 'Language Services in Germany 2020 Report'. Qualitätssprachendienste Deutschlands (QSD). Ar fáil ag: https://www.qsd.de/wp-content/uploads/2020/12/QSD-2020_updated.pdf (Léite: 17 Eanáir 2023).
- The Arts Council/ An Chomhairle Ealaíon (2006) 'Annual Review/ An Athbhreithniú Bhliantúil 2006'. Ar fáil ag: https://www.artscouncil.ie/uploadedFiles/AC_o6_Report.pdf (Léite: 6 Eanáir 2023).
- University of Exeter (2022) *Grey Literature: What is Grey Literature*. Ar fáil ag: <https://libguides.exeter.ac.uk/c.php?g=670055&p=4756572> (Léite: 17 Márta 2022).

Verlag Das Wunderhorn (2010) *VERSSchmuggel - Eine Karawane der Poesie Arabisch - und deutschsprachige Gedichte* [VERSSchmuggel – Carbhán Filíochta: Dánta Araibise agus Gearmáinise] [liostú leabhair]. Ar fáil ag: <https://www.wunderhorn.de/?buecher=versschmuggel-eine-karawane-der-poesie> (Léite: 6 Eanáir 2023).

Verlag Das Wunderhorn (2012) *VERSSchmuggel / réVERSible: Langzeitwirkung der Gedichte* [VERSSchmuggel / réVERSible: Tionchar Fadtéarmach na Filíochta] [liostú leabhair]. Ar fáil ag: <https://www.wunderhorn.de/?buecher=versschmuggel-reversible-2> (Léite: 6 Eanáir 2023).

Verlag Das Wunderhorn (2023) *Bücher: VERSSchmuggel* [Leabhair: VERSSchmuggel] [liostú leabhair]. Ar fáil ag: <https://www.wunderhorn.de/buecher/literarische-reihen/versschmuggel/> (Léite: 6 Eanáir 2023).

Walsh, C. (2006) 'Surprise in store for festival-goers.' *The Irish Times*, 13 Bealtaine. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/newspaper/archive/2006/0513/Pg128.html#Ar12802:5984835BB4915BB4835Co4915Co4835C64915C64835D84915D84835E04915E04835F7491> (Léite: 18 Eanáir 2023).



Beirt fhílí a Scríobh Dánta Caointe dá Máthair

Padaí de Bléine & Brian Hanratty

<https://doi.org/10.13025/A5XV-Y976>

Ina shaothar ceannródaíoch, *The English Elegy: Studies in the Genre from Spencer to Yeats* (1985), maíonn Peter Sacks, ‘the traditional forms and figures of elegy relate to the experience of loss and the search for consolation.’ Is géire, áfach, an dúshlán eiseach ar an bhás, dar leis an charachtar Pozzo a chruthaíonn Beckett in *Waiting For Godot* (1986:83): *They give birth astride of a grave, the light gleams an instant, then it’s night once more.* Soláthraíonn an dá dhearcadh thuas comhthéacs don alt seo a chuireann dánta caointe le Cathal Ó Searcaigh agus le Seamus Heaney i gcuimhne ar a máithreacha i gcomparáid lena chéile. Is iad na dánta a ndíreofar orthu san alt seo ná ‘III’ agus ‘VI’ le Heaney as a shraith d’ocht ndán mholta *The Haw Lantern* a chéadfhoilsíodh in 1987, agus an dá dhán mholta ‘Na Pionnaí Gruaige’ in *An tAm Marfach ina Mairimid* (2010) agus ‘Caoineadh’ as *An Bealach ’na Bhaile* (1993) le Cathal Ó Searcaigh. Ba nós ciotainta é i measc na nGael an duine marbh a chaoineadh, dar le Ó Súilleabháin (1961: 101): ‘Is minic a mholtar an duine atá ar lár go hard agus léirítear a dheathréithe sa dán.’ Cé go léirítear an moladh céanna sna dánta a scríobh Heaney agus Ó Searcaigh, tá difríochtaí eatarthu atá téamach agus teoiriciúil. Is soiléir go bhfuil dánta molta an bheirt fhílí tochtmhar agus coscrach, ach is é tuairim scríbhneoirí an ailt seo go léiríonn an dá dhán ‘III’ agus ‘VI’ as *Clearances* le Heaney go bhfuil coimhlint phearsanta iontu murab ionann is dánta Uí Shearcaigh. Tá dobrón frithráiteach ar Heaney a léiríonn teannas as broinn idir é féin agus a mháthair. Ar an lámh eile, tá Ó Searcaigh an-ghoilliúnach go fóill agus é ag moladh a mháthar go hard gan teannas ar bith le sonrú ina shaothar. Ar a bharr sin, ó thaobh dearcadh teoiriciúil de, tá difear suntasach idir an stíl teanga a úsáideann an bheirt fhílí ina gcuid filíochta. Is follasach in ‘Caoineadh’ agus tá sé intuigthe in ‘Na Pionnaí Gruaige’ go bhfuil bás mháthair Uí Shearcaigh ceangailte le creimeadh na Gaeilge, creimeadh a tharlaíonn gach uair a chailltear duine den tseanghlúin agus creimeadh ar cuireadh tús leis le polasaí an choilíneachais. Maidir le Heaney, áfach, tá an taobh pearsanta agus an taobh

polaitiúil ceangailte le chéile, rud atá intuigthe ón ainm *Clearances* a thugann sé ar a shraith dánta, ainm corraitheach atá ceangailte le córas coilíneachais na Sasanach in Éirinn. Tá difríocht theoriciúil eile idir an bheirt fhilí. Éiríonn le Heaney dánta a chumadh a léiríonn go haeistéitiúil an dóigh a n-athraíonn sé an dobrón atá air trí fhilíocht a chumadh a bhfuil brí uilíoch inti. Dar le Corcoron (1998: 157–8):

In *Clearances* grief is transformed into a new kind of outwardly directed energy. Death is luminous as well as negative, a 'bright nowhere' in which a soul 'ramifies'. The reality and idea of death becomes an entirely undesired but necessary enlargement of imaginative capacity.

Léiríonn Vendler (1998: iii) an teannas frithchosúil seo ina saothar *Seamus Heaney*. Measann sí an tsraith iomlán ina saothar agus ríomhann sí; '*the world is defined not by the presences moving within it, but by etched absences of the realia that used to be there.*' Éiríonn leis an fhocal, '*etched*' lena lorg péintéiriúil, fórsa ocsamórónach a bhaint amach agus é ag teacht leis an fhocal dearóile, '*absences*'. Nuair a dhéantar iniúchadh níos doimhne ar na dánta sa tsraith *Clearances* tá éiginnteacht, coinbhleacht agus fiú cur i gcoinne pearsanta le sonrú. Maíonn Hart (1992: 199), agus é ag tagairt do *Clearances*, '*Heaney's relations with his mother are ambivalent, marked like most mother-son relationships by ambivalence*'. Is fiú iniúchadh a dhéanamh ar an chur i gcoinne pearsanta sin mar a léirítear é sa dá shoinéad 'III' agus 'VI' in *Clearances*.

When all the others were away at mass.

Sa chéad dul síos is gá soiléiriú a dhéanamh ar an tsimplíocht mhealltach de chéad líne an tríú soinéad. Cloíonn an soinéad le meadaracht iambach an pheintiméadair. Sáraíonn an impleacht neamhghnách an t-ord méadrach agus an rialtacht, áfach, nuair a dhéantar iniúchadh faoi dhromchla soineanta séimeantach an dáin. Tá iarracht den íoróin sa chéad líne gur tugadh deis don mháthair agus don mhac caidreamh neamhcheadaithe faoi rún a eagrú agus an bealach glan acu. Ó tharla go raibh a athair agus a chuid siblíni '*away*', tá an mháthair agus an mac saor le sult a bhaint as an chaidreamh Éideapúsach atá ag an mhac lena mháthair. Méadaítear ar shuntas an chaidrimh neamhcheadaithe, áfach, leis an fhocal íorónta '*others*' sa chéad líne agus '*hers*' sa dara líne. Ó tharla go raibh an chuid eile ar shiúl ar Aifreann, is féidir a mhaíomh go raibh an mháthair agus an mac ag láidriú an chaidrimh eatarthu agus ag an am céanna ag daingniú a gcoinne agus iad ag treascairt theagasc na hEaglaise Caitlicí a deir go gcaithfidh caitlicigh freastal ar Aifreann gach Domhnach. Léiríonn an dara líne cónasc íorónta, '*I was all hers as we peeled potatoes.*' Ceanglaíonn an file gnáthobair tí agus é ag maíomh go raibh seilbh aige ar a mháthair anois. De réir mar a leanann an dán ar aghaidh méadaítear ar dhéine an dráma eatarthu. Tá na leannáin ag feidhmiú i gcomhcheilg rúndachta.

Ní bhristear ar an chiúnas ach nuair a bhaintear an craiceann de na prátaí. I líne a ceathair ‘*Like soldering weeping off the soldering iron*’, léiríonn úsáid an bhriathair ‘*weeping*’ íomhá íorónta inchurtha leis an íomhá den teas mór leis an ‘*soldering iron*’. Ag an phointe seo san anailís, is fiú tagairt a dhéanamh don bharúil a bhí ag Pelligrino ina alt dar teideal, ‘Seamus Heaney’s Proleptic Elegies’ a foilsíodh in *Kentucky Philological Review* (1998). Tá Pelligrino den bharúil go bhfuil dán molta scríofa ag Heaney in ómós dá athair a bhí go fóill beo ag an am nuair a scríobh Heaney an dán ‘Digging’. Is féidir a mhaíomh go raibh an ciúnas idir Heaney agus a mháthair ag léiriú go bhfuair gné éigin den chaidreamh eatarthu bás cheana féin agus í fós beo. Sa chúigiú líne cuireann sé in iúl gur chruthaigh an obair a bhí ar bun acu ag baint an chraiceann de na prátaí, ‘*Cold comforts set between us*’ cé go raibh craicne na bprátaí ‘*Gleaming in a bucket of clean water*’. Mar sin de, ag an am céanna, is íomhánna den easpa caidrimh agus d’fhoinsé na beatha iad. De réir mar a thagann deireadh leis an ochtréad, áfach, clistear na leannáin as a mbrionglóid den choinne neamhcheadaithe leis an tuiscint go músclódh na steallta beaga uisce óna gcuid oibre iad agus ‘*would bring us to our senses*’. Cuirtear clabhsúr leis an tsos tragóideach cholach ag deireadh an ochtréid agus treisíonn an sos fada i ndiaidh an fhocail ‘*senses*’ an chuma ar an scéal go bhfuil deireadh ann.

Tugtar aicsean an mhiondráma chun tosaigh chuig an tréimhse díreach roimh bhás a mháthar, sa véarsa sé líne. Tagraítear don tsagart ar chaith na leannáin neamhcheadaithe dímheas ar a Aifreann Domhnaigh san ochtréad, ar dtús. Mar sin féin, tá an sagart faoi lánseoil ag urnaí dá mháthair atá ag saothrú an bháis nó mar a deir Heaney, ‘*... hammer and tongs at the prayers for the dying*’. Léiríonn an íomhá seo a thagann as an cheárta mothú meicniúil na paidreoireachta, ach tugann dord na bpaidreacha le fios fosta go bhfuil a chuid iarrachtaí in aisce. Ní féidir le paidreacha an tsagairt stop a chur le bás a mháthar. Cuireann rím na bhfocal ‘*crying*’ agus ‘*dying*’ le mothú tromchúiseach an bhróin. Sna trí líne dheireanacha den véarsa tagann na mothúcháin dhifriúla uilig le chéile i seirbhe shaibhir an fhile. Téann an file siar chuig an lá a raibh sé féin agus a mháthair ag baint craiceann de na prátaí agus chuig an íomhá choscraich dá mháthair, a cheann cromtha go grámhar ‘*bent towards my head*’. Athraítear an déine atá le mothú in ‘*Sons and Lovers*’ san ochtréad go grá an mhic ag caoineadh bhás a mháthar. Léiríonn an dá líne dheireanacha sa véarsa sé líne castacht chaolchúiseach an dáin ina iomláine. Agus é ag cuimhneamh ar bhaint an chraicinn de na prátaí lena mháthair, tuigeann sé le grá beagnach earótach a chónगरaí a bhí siad dá chéile go fisiciúil agus a hánail, ‘*breath in mine*’. Is cosúil, áfach, go bhfuil airm mharfacha á n-iompar acu, ‘*fluent dripping knives*’. Ina ainneoin sin, agus iad ag obair le chéile leis na sceana, mar a deir Heaney, ‘*Never closer the whole rest of our lives*’. Díbritear an ‘*closeness*’ seo leis na híomhánna a leanann agus is cinnte go bhfuil sé rómhall an craidreamh a athmhúscailt anois agus a mháthair ar shlí na firinne. Is féidir go dtugann úsáid an fhocail ‘*whole*’ leid go hiorónta go bhfuil féidearthacht ann go leanfaidh an mac ar aghaidh lena choinní earótacha.

Sa tsoinéad ‘VI’, *‘First Flush of Easter holidays’*, tugann an file cumasc débhríoch den chaidreamh cholach gan chead agus an creideamh. Sa chéad líne, tagraíonn sé go híorónta agus ar dhóigh rúnda earótach do, *‘first flush of Easter holidays’*. Tá cineál caidrimh gan chead intuigthe sa fhrása, *‘first flush’* agus tá fianaise den chaidreamh gan chead agus é ag ceangal *‘holidays’* na Cásca, an tsollúntacht naofa leis – *‘The ceremonies during holy week’*. Méadaítear ar an chaidreamh cholach gan chead sin sa tríú líne nuair a thugann an file le fios gurbh iad na searmanais sin, *‘...highpoints of our Sons and Lovers phase’*. Ceanglaíonn an tagairt do leabhar cáiliúil D.H. Lawrence, an caidreamh idir Heaney agus a mháthair leis an charachtar ficseanúil Paul Morel a dhéanann iarracht éalú ó éadmhaireacht a mháthar agus iarrachtaí luatha Morel caidrimh ghrámhara a fhorbairt taobh amuigh den cheangal Éideapúsach a bhí aige lena mháthair. Ina theannta sin, cuirtear béim go cliste ar an chumasc íorónta den ghné naofa agus den ghné earótach leis na híomhánna sa cheathrú líne atá reiligiúnach, gnéasach agus fallach: *‘The midnight fire. The paschal candlestick.’*

Leanann an cumasc den dlúthchaidreamh, den dúil agus den iarracht ar chur i gcoinne ar aghaidh sa tsoinéad. Ar ndóigh, léirítear an cumasc céanna i soineid eile in *Clearances*. Mar sin, i Soinéad V mar shampla, tá teacht agus imeacht idir an mháthair agus an file ag tarlú go litriúil agus go meafarach agus iad ag filleadh na mbraillíní. Agus iad cóngarach dá chéile ag filleadh na mbraillíní, tharla go mbeadh siad lámh ar lámh, *‘end up hand to hand’*. Is iad na línte débhríocha *‘For a split second as if nothing had happened. For nothing had that had not always happened beforehand’* a leanann an chongarach fhisiciúil shealadach thochtmar seo.

Sa cheathrú soinéad fosta, cuirtear cleasaíocht na máthar agus an mhic os ár gcomhair. Agus an file ar cuairt ghearr ar a mháthair bhain sé úsáid as teanga choimhthíoch léi, agus é *‘decently relapse into the wrong grammar which kept us allied and at bay’*. Leanann an débhrí chaolchúiseach ar aghaidh sa chúigiú soinéad. Sa tsoinéad seo, tá an mháthair agus an mac mar a bheadh an lánúin nuaphósta ann agus iad, *‘...glad to be kneeling next to each other up there near the front of the packed church’*. Deimhnítear faoi cheilt an leid íorónta sin den chaidreamh neamhcheadaithe a dtugtar beannacht reiligiúnach di leis an líne *‘And rubrics for the blessing of the font’*.

Mar a tharlaíonn i Soinéad III, áfach, éiríonn an ton gruama agus éiríonn sé níos tragóidí sa véarsa sé líne. Cuireann na sleachta as Salm 42 sa naoú líne agus sa líne dheireanach béim ar dhéine an bhróin mar gheall ar an bhás. Ar an dromchla, ar ndóigh, glactar leis an truamhéala agus leis an bhrón neadaithe i ndeasghnátha an chreidimh sa tSeachtain Mhór sna sé líne dheireanacha. Mar sin fein, tá an caidreamh neamhcheadaithe idir an mháthair agus an mac agus an déine Éideapúsach intuigthe. Ar ndóigh, tá rabhadh intuigthe le sonrú fosta sa *‘psalmists outcry’* chomh maith leis an dúil gan chúiteamh a ndéantar tagairt di sa líne as an salm: *‘Day and night my tears have been my bread’*.

Is é Andrew Murphy (2000: 81) a dhéanann an cur síos is fearr ar an fhrustachas taobh thiar de na soinéid uilig nuair a deir sé go duairc: *'the poem speaks both of a failure of true intimacy, a stultifying lack of real communication...'* Ar bhealach dearfach, dála Corcoran agus Vendler, aithníonn Murphy go n-éiríonn le Heaney déine an bhróin a athrú ó rud diúltach go rud dearfach buan ina chuid filíochta. Maíonn sé (200: 199) agus é ag tagairt don tsoinéad deireanach sa tsraith: *'The 'bright nowhere', or luminous absence, recalls those moments of transcendence Heaney cherished in Larkin's poetry'*.

Mar a luadh san introir, is féidir cosúlachtaí idir na dánta molta a scríobh Heaney agus a scríobh Ó Searcaigh a aithint tríd an dóigh a léirítear grá don áit dhúchais iontu. Is téama timthriallach ina gcuid filíochta go ginearálta é. Ar an bhealach sin, mar shampla, sa chaibidil 'Placing Cathal Ó Searcaigh' sa leabhar *On The Side of Light*, díríonn Eoin Mac Carthaigh (2002:13) aird an léitheora ar áilleacht an tírdhreacha, 'thart faoi bhun an Eargail' agus léiríonn sé gurbh í an áilleacht seo foinse na filíochta a chum Ó Searcaigh. Sa leabhar chéanna, sa chaibidil, 'Gay Gaelach agus Galánta', maíonn James Doan (2002): *'Much of Cathal's poetry has a strong sense of place, another traditional feature which goes back to the ancient dinnseannachas'*. Is féidir nasc a dhéanamh leis an dearcadh seo agus dearcadh Andrew Fitzsimons (2000: 134) ina léirmheas ar *On The Side of Light: The Poetry of Cathal Ó Searcaigh* nuair a maíonn sé: *'Ó Searcaigh's imaginative appropriation for his own ends of Ó Direáin's phrase 'oileán ruin (secret/ beloved island) which shifts the location and significance from Ó Direáin's Aran to Ó Searcaigh's Caiseal na gCorr'*. Is é Ó Searcaigh (2009) féin is fearr, áfach, a chuireann in iúl a ghrá áite agus é ag cur síos ar a cheantar féin mar a bheadh leannán ann. Ina alt 'The View From The Glen' scríobhann Ó Searcaigh (2009: 175):

I feel a vibrancy in every atom of my being that brings me into alignment with blazing galaxies and with blades of grass. After all every particle of my body comes from the primordial orgasm of matter that begot the universe.

Mar a dúradh san introir, áfach, is féidir caoineadh Uí Shearcaigh i ndiaidh a mháthar a nascadh le creimeadh na Gaeilge agus lena mheon a chuireann i gcoinne an choilíneachais go ginearálta. Cuireann sé i gcoinne údarás na hEaglaise Caitlicí a bhí i gcumhacht in Éirinn fosta (cur i gcoinne a bhí intuigthe i Soinéad III de chuid Heaney in *Clearances*). Nasctar an cur i gcoinne seo leis an dóigh a mothaíonn Ó Searcaigh as áit mar gheall ar a ghnéasacht. Mar a aibhsíonn Ó Dúill (1996: 14) ina alt 'Cathal Ó Searcaigh: A Negotiation with Place, Community and Tradition':

While Ó Searcaigh does not share the religious and behavioural norms of the society in which he lives, he is able to draw on that society's tradition of displacement, of being a part of it and yet apart from it.

Tugtar léargas ginearálta thuas ar fhilíocht Uí Shearcaigh agus ar na téamaí inti, a áiríonn ábhar ‘Na Pionnaí Gruaige’ agus ‘Caoineadh’. Tá sé de rún againn anois an dá dhán a mheas ceann i ndiaidh an chinn eile. In ‘Na Pionnaí Gruaige’ measctar an tocht leis an ionracas agus an file ag tabhairt faoi théama an bháis. Léirítear géire an dobróin ar an fhile ar dhóigh chumhachtach a théann i bhfeidhm ar an léitheoir. Ní léirítear, áfach, an mhachnamhacht fhéin-chomhfhiosach a léirítear in *Clearances*. Tugann Ó Searcaigh (2009:9) léargas ar an dlúthchaidreamh grámhar a bhí aige lena thuismitheoirí ina shaothar *Light on Distant Hills, A Memoir*: ‘The room where Mammy and Daddy have their bed is brightly whitewashed and always appears to be smiling. Some nights I sleep with Granda, other nights with my parents’.

Feidhmíonn an chéad véarsa in *Na Pionnaí Gruaige*, a bhfuil lúbíní air, mar a bheadh eipeagraf ann don dán ar fad. Is é príomhsmaoineamh an fhile ag an pointe seo ná an dath donn ar ghruaig a mháthar. Agus í ar shlí na fírinne anois, áfach, machnaíonn sé go bhfuil athrú ag teacht ar dhath gruaige a mháthar agus í rua anois ar nós ‘an raithneach ag ruadhú’. Is féidir dearcadh an pháiste óig a mhothú ag comhtháthú le dearcadh an duine fásta agus an tuiscint anois aige go bhfuil a mháthair dhil, a chosain é ar gach contúirt ina óige, go bhfuil sí mar chuid den chreá rua chéanna.

Cuirtear tús leis an dara véarsa sa dán leis an íomhá dhearóil:

‘Sa tseanbhabhla bhriste
caite sna driseoga ar chúl an tí-
fód creafóige ina bhéal,
d’aimsigh mé sa tsalachar
na pionnaí gruaige a bhíodh ag mo mháthair
nuair a bhí mé beag.’

Phrioc na pionnaí gruaige samhlaíocht Uí Shearcaigh a chuir ar thuras machnamhach siar é chuig laethanta an tsonais agus é ina ghasúr óg i gcuideachta a mháthar. Go dearfa, is iad na pionnaí is cúis le cumadh an dáin. Cuireann an easpa ríme sa dán béim mhór ar dhearóile an chéad véarsa agus cuireann an focal ‘caite’ i gcuimhne don fhile go bhfuil a mháthair dhil anois curtha cailte i gcré na cille agus na driseoga ag fás ar an uaigh. Troideann an file leis féin agus é ag tochailt i gcré a chuimhní ag iarraidh deireadh a chur leis na smaointe bróin agus cumha atá ag borradh aníos ina chroí. Nuair a aimsíonn sé na pionnaí gruaige sa bhabhla, áfach, tosaíonn athrú meoin a theacht air agus nuair a bhaineann sé an tríú véarsa amach is thiar i laethanta a óige atá an file, agus é i gcuideachta a mháthar ionúine. Is iad na pionnaí a mhúsclaíonn íomhánna a mháthar, agus íomhánna a cuid gruaige ina chuimhne. Cuimhníonn sé siar ar an loinnir a bhíodh ina ciabh chatach dhonn san oíche faoi sholas an *tilly* agus í, ‘á cíoradh agus á scuabadh agus ag cur na bpionnaí ann’. Cuireann sé síos ar a cuid gruaige leis an tsamhail ‘eas copair’ a thagraíonn d’áilleacht agus do dhathanna an nádúir mar

a tharlaíonn sa chéad véarsa. Tá macallaí an Bhíobla agus an chreidimh le sonrú anseo leis an ghrástúlacht agus leis an chothú spioradálta. Labhraíonn sé le gean agus le grá lena ‘mhamaí’ a léiríonn go bhfuil sé anois ina ghasúr óg agus é ag labhairt go díreach léi amhail is go bhfuil sí beo i gcónaí. Baineann sé úsáid as áilleacht an nádúir le cur síos ar áilleacht a mháthar, go háirithe ar a cuid gruaige. Léiríonn na focail ‘an bhoige’, cineáltas agus cuirtear ag deireadh na habairte iad le béim a chur orthu. Baineann an file úsáid as íomhá Dé agus a cuid gruaige mar a bheadh méara Dé ann ag cur coigiltí ann. Tá sé amhail is go raibh an creideamh agus an fabhalscéal measctha le chéile agus é ag dreapadh an chrainn – gruaig a mháthar – chuig fochair Dé. Tá a mháthair i gcuideachta Dé anois agus lorg agus rian an chreidimh a bhíodh aici anois ar an fhile féin. Sa dá véarsa dheireanacha tá an file ar ais san áit ar thosaigh sé:

I seanbhabhla bhriste
 Gach craic ann chomh caol le ribe,
 d’aimsigh mé sa tsalachar,
 pionnaí gruaige mo mháthar;
 pionnaí a théann go croí ionam is a folt
 faoi chlár sa chaoineadh seo.

Tagann an file ar ais chuige féin anseo. Tuigean sé go raibh sé ar thuras spioradálta thiar i laethanta a óige lena mhamaí sna véarsaí a chuaigh roimhe. Anois, áfach, is duine fásta é, agus nuair a amharcann sé ar na pionnaí ag an bhomaite seo, téann siad go croí ann agus fios aige go bhfuil ‘eas copair’ a mháthar faoi chlár agus faoi chré agus caoineann sé a mháthair agus cumha air ina diaidh.

Is féidir an comhtháthú céanna den tocht agus den chumha a mhothú i ndán molta eile de chuid an tSearcaigh – ‘Caoineadh’ (1993) a bhfuil an fotheideal – ‘I gcumhne mo mháthar’ air. Is é Seamus Heaney a rinne aistriúchán ar an dán seo agus is féidir trí smaoineamh éagsúla a bhfuil comhtháthú eatarthu a mhothú sa teanga ghrafach a úsáidtear; bás tobann na caorach Mollie a bhí ina peata ag an fhile, tuiscint an fhile go bhfuil an Ghaeilge i mbéal an bháis agus bás a mháthar ionúine féin. Cé go bhfuil sé deacair na trí imeacht sin a scarúint óna chéile, is dócha gur cosraí caoineadh a mháthar cionn is go bhfuil sé intuigthe. Tá sé amhail is go bhfuil sé chomh dobrónach sin faoi bhás a mháthar nach dtig leis ach tagairt indíreach a dhéanamh dó ag fíordheireadh an dáin. Tá sé amhail is go bhfuil an dobrón chomh domhain sin, nach bhfuil na focail aige féin, cé gur file é, go bhfuil an dobrón chomh domhain sin nach dtig leis culaith focal a chur air. Tá dhá véarsa sa dán seo. Tá cúig líne dhéag gan rím sa chéad véarsa agus trí líne dhéag gan rím sa dara véarsa. Léiríonn an easpa ríme agus rithim neamhriala an dáin goilliúnacht an dobróin atá ar an fhile. Is ag tagairt do Mollie atá an file sa chéad véarsa. Tá sí ‘istigh i gcreagacha crochta na Beithí’ agus tá sí ‘á hithe ina beatha gur imigh an dé deiridh aisti’. Feictear an bás cruálach seo trí shúile an fhile agus é ina ghasúr óg. Feictear

íomhá ghrafach an bháis i bhfuil agus i gcrúba na bpréachán. Is é seo an chéad taithí atá ag an fhile ar an bhás agus is féidir an tocht atá ag borradh aníos ann a mhothú. Ar ámharaí an tsaoil, bhí a mháthair dhil ann len a shuaimhniú an uair sin agus í ag casadh a chaill leis. Is féidir an caidreamh láidir grámhar lena mháthair a mhothú sna línte:

D'iompair abhaile mé ansin ar a guailneacha,
Ag gealladh go ndéanfadh sí ceapairí arán preataí.

Roimhe seo, áfach, agus an dobrón air chomh géar sin, samhlaíonn sé é féin ina leanbh óg agus é ag caoineadh na cuileatacha ar ucht a mháthar nuair a fuair Mollie bás. Méadaítear ar dhéine an dobróin leis an fhocal 'cuileatacha' a aistríonn Heaney go 'sore' sa Bhéarla agus a fheidhmíonn mar dhobhriathar in áit aidiachta ina aistriúchán. Leirítear an phian atá ar an fhile agus é ag caoineadh a mháthar.

Is beag faoiseamh atá le fáil ón dobrón sa dara véarsa, áfach. Is i ngéire atá an dobrón ag dul agus an file ina dhuine fásta. Nascann sé bás a theanga dhúchais; 'ansacht na bhfilí – teangaidh ár n-aithreacha' le bás Mollie agus an teanga anois 'gafa i gcreagacha crochta na Faillí'. Dála Mollie, tá an teanga ag fanacht go ndéanfar tarrtháil uirthi ach níl ionainn (muintir na hÉireann ná muintir na Gaeltachta) í a tharrtháil le dasacht. Tá sé amháil is go bhfuil sé ag cur an locht air féin as bás Mollie agus as bás a mháthairtheanga. San aistriúchán a rinne Heaney air, baineann sé úsáid as athrá, 'my mothers' fathers' mothers' language' le béim a chur ar an cheangal a dhéanann Cathal Ó Searcaigh leis an dá bhás; Mollie agus a theanga, le bás a mháthar ionúine féin. Tagann tocht ar an fhile ag smaoineamh ar an dá bhás sin; bás Mollie agus bás na teanga. Inniu, áfach, caithfidh sé an ceann is fearr a fháil ar an dobrón leis féin. Níl a mháthair ann lena a shuaimhniú agus ní dhéanfaidh gealladh an phian a mhaolú. Tá sé ag iarraidh ar an teanga troid a dhéanamh in éadan an bháis agus méadaíonn sé an smaoineamh seo agus é ag iarraidh ar a mháthair dhil na creachadóirí a chur chun reatha leis an cheann is fearr a fháil ar an bhás. I ndeireadh na dála, áfach, is féidir a mhaíomh go bhfuil sé ag coinneáil a mháthair agus a theanga dhúchais beo agus é ag scríobh an dáin i nGaeilge. Mar a deir Sewell (2002):

Many Ó Searcaigh poems (themselves written in a minority language often pronounced prematurely 'dead') enact a struggle against the stranglehold of silence so that each realized, full-born poem represents a symbolic victory over such things as the 'grief held back from the lips which wears at the heart.

Focal scoir

Is fiú roinnt príomhphointí a eascraíonn as an luacháil chomparáideach idir an dá dhá mholta de chuid Heaney as *Clearances* agus an dá dhán molta de chuid Uí Shearcaigh a thabhairt chun solais sa chonclúid. Is follasach go bhfuil naisc shoiléire ann idir déine an dobróin atá orthu agus áilleacht liriciúil na filíochta. I gcás Heaney, áfach, tá níos mó coinbhleachta le sonrú ina shaothar. Tá cumasc ann idir an grá Éideapúsach agus an caidreamh neamhcheadaithe agus imeacht an ama a chríochnaíonn le cúlú ón ghrá sin agus fiú cur i gcoinne an ghrá sin. Tá sé suimiúil gurbh é Heaney a d'aistrigh *Caoineadh* le Cathal Ó Searcaigh go Béarla agus gur thug sé 'Lament' air. Fréamhaítear a gcuid filíochta ina gceantair féin; faoi bhun an Eargail i gcás an tSearcaigh agus ar an Mhóinín Bhán i gcás Heaney. Is léir gur imir baill a dteaghlaigh tionchar mór orthu agus go bhfuil siad faoi chomaoin acu as an tacaíocht a fuair siad uathu. Ní hiontas ar bith é, mar sin de, go ndeachaigh bás a máithreacha go mór i bhfeidhm orthu agus gur chuartaigh siad toibreacha tochtmhara a gcuimhne agus iad ag iarraidh sólas a thabhairt dóibh féin. Feictear mothúcháin chontrátha sa dá dhán mholta de chuid Heaney a ndearnadh iniúchadh orthu, agus rian an aiféala, na ciontachta agus an bhróin le mothú iontu. I bhfilíocht Uí Shearcaigh léirítear go díreach an dobrón atá air agus é faoi mhéala mhór agus é ag caoineadh bhás a mháthar. Éiríonn leis an bheirt fhilí na focail a fhí le chéile a chruthaíonn taipéis ealaíonta agus dánta molta atá cumhachtach uilíoch. Dar le Ó Duain, (1968: 25):

Tá an fhilíocht sna línte toisc gur éirigh leis an bhfile an cumha agus an croíbhrieadh a chur i bhfios. Tugann sé é sin chun críche le ciall na bhfocal, leis an gcaint mheafarach, le frithshuíomh na smaointe, le rithim na línte, le ceol na bhfuaimeanna agus le teilgean na habairte.

Leabharliosta

Corcoran, N. (1998) *The Poetry of Seamus Heaney. A Critical Study*. Faber & Faber, London.

Doan, J. & Sewell, F. (2002) (eag.) *On The Side of Light. Critical Essays on the Poetry of Cathal Ó Searcaigh*. Arlen House, Dublin.

Fitzsimons, A. (2002) Review of Doan, J. & Sewell, F. (eds) 'On The Side of Light.' The Poetry of Cathal Ó Searcaigh. *Journal of Irish Studies*. Vol.18 (2003), 133–35.

- Hart, H. (1992) *Seamus Heaney: Poet of Contrary Progressions*. New York: Syracuse University Press.
- Heaney, S. (1987) *The Haw Lantern*. London: Faber & Faber.
- Henry, P.L. (2006) (eag.) *Amra Choluim Cille*. Iontaobhas Ultach / Ultach Trust.
- Murphy, A. (2000) *Seamus Heaney*. Devon: Northcote House Publishers Ltd.
- Ó Duain, O. (1968) *Meas na Filíochta*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Náisiúnta Teoranta.
- Ó Dúill, G. (1996) 'A Negotiation with Place, Community and Tradition.' *The Poetry of Ireland Review*. Winter. No.48. 14–8.
- Ó Searcaigh, C. (1993) *An Bealach 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta Teo.
- Ó Searcaigh, C. (2009) *Light on Distant Hills, A Memoir*. London: Simon & Schuster.
- Ó Searcaigh, C. (2009) 'The View from the Glen.' *Irish Pages*. Vol.6, No.1. *Ireland in Crisis*. 175–80.
- Ó Searcaigh, C. (2010) *An tAm Marfach ina Mairimid*. Dublin: Arlen House.
- Ó Súilleabháin, S. (1961) *Caitheamh Aimsire ar Thorráimh*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Tuama, S. (1961) *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Pelligreno, J. (1998) 'Seamus Heaney's Proleptic Elegies'. *Kentucky Philological Review* 13. 17–32.
- Sacks, P. (1985) *The English Elegy. Studies in the Genre from Spencer to Yeats*. Baltimore: The John Hopkins University Press.
- Vendler, H. (1998) *Seamus Heaney*. London: HarperCollins.



Cur chuige na ceardlainne mar mhodh eile teagaisc an aistriúcháin

Padaí de Bléine

<https://doi.org/10.13025/ajb2-tk73>

Soláthraíonn an taighdeoir, san alt seo, tuairisc ar thionscadal taighde a rinneadh sa bhliain acadúil 2022–2023, idir Deireadh Fómhair 2022 agus Nollaig 2022, chomh maith le torthaí an tionscadail chéanna. Rinneadh taighde ar úsáid na ceardlainne mar mhodh teagaisc agus foghlama an aistriúcháin i measc mhic léinn an trú bliain ar chúrsaí BA (Saorealaíona le Gaeilge). Is gnách go n-áirítear aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge mar chuid de na modúil sna Saorealaíona agus go dearfa, mar chuid de na modúil i mBaitsiléir an Oideachais, ó bhliain a haon go bliain a trí. Is gnách go mbíonn píosa leanúnach próis le haistriú ar ábhar ar leith agus go n-ullmhaítear ar bhonn seachtainiúil sa léacht é. Rinneadh taighde ar chur chuige na ceardlainne agus na mic léinn ag aistriú píosa leanúnach próis a chum an taighdeoir agus leabhair thagartha ar leith in úsáid ag na mic léinn sa cheardlann leis an aistriúchán a éascú. Baineadh úsáid as *Gramadach Gan Stró, Eagrán 4* (Ó Dónaill, 2016), *Ó Bhéarla go Gaeilge* (Mac Lochlainn, 2018) agus *Cruinneas* (Mac Lochlainn, 2020) mar phríomhthéacsanna tagartha sa cheardlann. Baineadh úsáid as leabhair thagartha eile a mbeadh cur amach ag na mic léinn orthu thar na trí bliana dá gcúrsa céime agus dhírigh an taighdeoir leibhéal na teanga sa tsliocht a bhí le haistriú ar shiollabas an trú bliain. Díríodh ar chur chuige na ceardlainne a mholtar in Fitzpatrick & Hunt (2019). Mar sin de, rinneadh taighde ar chur chuige an mhodha úir lena fháil amach cad é a shíl na mic léinn faoi chur chuige na ceardlainne agus iad ag cur lena bhfeasacht agus lena n-eolas ar an Ghaeilge. Cuireadh ceistneoir chuig na mic léinn ag tús an tionscadail le fáil amach cad é an dearcadh a bhí acu ar an aistriúchán go ginearálta agus ar a mhuiníní a bhí siad maidir le cúrsaí aistriúcháin. Eagraíodh an cheardlann agus rinneadh fistaifeadadh ar an cheardlann féin agus na mic léinn i mbun oibre le breathnóireacht a

dhéanamh ar an chur chuige. Cuireadh agallamh ar na mic léinn i bhfócasghrúpaí cúpla lá i ndiaidh na ceardlainne lena dtuairimí ar an mhodh úr teagaisc a mheas. Rinneadh anailís ar thuairimí na mac léinn.

An cheardlann á hullmhú

Aithníonn Ní Fhrighil & Nic Eoin (2009: 2) an géarghá atá ann siollabais agus acmhainní teagaisc a fhorbairt atá fóirsteanach agus a spreagfaidh dea-chleachtas i bhfoghlaim agus i dteagasc na Gaeilge. Is chuige sin a cuireadh an cheardlann le chéile le modh eile teagaisc a chur i láthair na mac léinn. Tá cúrsa gramadaí leagtha amach ag Roinn na Gaeilge agus is gnách go ndéantar an teagasc ar an ghramadach i bhfoirm léachta. Déantar iarracht díriú ar na míreanna gramadaí atá á bhfoghlaim acu de réir an tsiollabais sna léachtaí gramadaí nuair a thugtar léacht ar an aistriúchán do na mic léinn. Baintear úsáid as *Gramadach Gan Stró, Eagrán 4* mar phríomhthéacs gramadaí thar na trí bliana sna léachtaí. D'fhéach an taighdeoir le hábhar na gceardlann a chur in oiriúint do chaighdeán Gaeilge na mac léinn agus bunaíodh na míreanna gramadaí ar aonaid as *Gramadach Gan Stró, Eagrán 4*. Luann Ó Catháin (2009: 21) nach n-éiríonn le líon suntasach de na mic léinn an 'léim mhór dheiridh' a thabhairt, is é sin úsáid cheart an eolais nuashealbhaite a chur i bhfeidhm ina gcuid obair scríofa agus sa teanga labhartha. Cé gur minic a thuigeann na mic léinn an t-ábhar gramadaí a phléitear sa léacht, bíonn sé deacair orthu é a úsáid i gceart nuair a iarrtar orthu aistí a scríobh, nó aistriúcháin a dhéanamh taobh amuigh de scafaill an tseomra ranga. Is amhlaidh atá an cás le cuid de na mic léinn in institiúid an taighdeora agus rinneadh iarracht sa taighde seo an léacht ar an ghramadach agus an léacht ar an aistriúchán a cheangal le chéile i bhfoirm ceardlainne. Tugann Ní Mhaonaigh (2009: 78) '*process-orientated syllabi*' ar shiollabais ina gcuirtear béim ar an phróiseas foghlama. Is ar thascanna nó ar thionscail a bhunaítear siollabais den chineál seo agus ábhar an tsiollabais measartha solúbtha. Is féidir a mhaíomh go gcuimsíonn cur chuige na ceardlainne próiseas foghlama agus na mic léinn ag obair le chéile ar thasc a bhfuil teoracha tacúla leis. Is féidir leis an léachtóir agus leis na mic léinn ábhar a bhfuil spéis acu araon ann a roghnú sa phróiseas seo agus díriú ar an ábhar chéanna sa teagasc. Roghnaíodh píosa próis ar an *Titanic* don tasc seo sa cheardlann. Roghnaíodh an t-ábhar seo toisc go raibh spéis ag an taighdeoir féin ann agus toisc gur bheag duine nár chuala trácht ar an long iomráiteach. Mar sin de, bheadh gach mac léinn ábalta réamheolas de chineál éigin a thabhairt chuig an cheardlann. Scríobh an taighdeoir píosa leanúnach próis. Baineadh úsáid as na leabhair thagartha *Gramadach Gan Stró, Eagrán 4* (Ó Dónaill, 2016), *Ó Bhéarla go Gaeilge* (Mac Lochlainn, 2018) agus *Cruinneas* (Mac Lochlainn, 2020) agus leabhair thagartha eile a bhí in úsáid ag na mic léinn ar a gcúrsa céime. Cuirim i gcás, déanann na mic léinn staidéar ar *Mo Dhá Róisín* (1921) agus tá frásaí as an leabhar in úsáid sna tagairtí. Chaith an taighdeoir a dhúthracht ag iarraidh píosa leanúnach próis a chur le chéile agus é ag díriú ar na leabhair thagartha thuasluaite. Áirítear neart fíricí a bhaineann leis

an *Titanic* a mbeadh na mic léinn ábalta foghlaim fúthu san aistriúchán agus an taighdeoir ag dúil go gcuideodh siad leis na mic léinn míreanna gramadaí a cheangal le firicí agus iad a fhoghlaim agus a shealbhú dá dtairbhe. Mar shampla, tá an abairt ‘*the ship that had taken three years to build sank in three hours*’ san aistriúchán. Tagann an ghramadach a bhaineann leis na huimhreacha aníos san abairt. Tá seans níos fearr go sealbhófar ‘trí bliana’ agus ‘trí uair an chloig’ agus an t-eolas bainteach le scéal an *Titanic*. Cuireadh an tagairt agus an leathanach cuí (*Gramadach Gan Stró*: 114) in iúl ar an phíosa próis leis an tasc a éascú do na mic léinn (féach Aguisín 1).

An cheardlann á heagrú

Maíonn Fitzpatrick & Hunt (2019: 2) go dtugann ceardlann saoirse don léachtóir srianta an léachta a shárú agus modh a oireann don lucht foghlama agus don ábhar atá le teagasc a chruthú. Cuirtear béim ar na torthaí foghlama i gceardlann a eagraítear go maith. Is iad na torthaí foghlama a bhí leis an cheardlann a d’eagraigh an taighdeoir sa chás seo ná go mbeadh na mic léinn ábalta an píosa leanúnach próis ar an *Titanic* a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge, go mbainfeadh siad úsáid as na leabhair thagartha a tugadh dóibh agus go mbeadh siad ag comhoibriú lena chéile leis an Ghaeilge is beaichte a chur ar an sliocht. Dhírigh an taighdeoir ar na tuairimí atá ag Mac Lochlainn (2018: xiii) maidir le bunchúramaí an teagascóra agus é ag teagasc an aistriúcháin, is iad sin: an seisiún teagaisc a phleanáil, úsáid cheart a bhaint as ábhar teagaisc atá ar fáil nó ábhair nua a dheardh agus an rang a bhainistiú sa dóigh is nach mbeadh na gníomhaíochtaí rófhurasta do rannpháirtithe áirithe agus ródhúshlánach do rannpháirtithe eile. Tá tuairimí Mhic Lochlainn ag teacht le tuairimí Fitzpatrick & Hunt (2019: 11), a mhaíonn gur chóir próifíl an lucht foghlama a mheas lena chinntiú go mbeadh torthaí foghlama na ceardlainne inshroicthe acu. Molann Fitzpatrick & Hunt (2019: 69) fosta nach gcaithfí barraíocht ama ag tús na ceardlainne agus go mbeadh ‘...*the bare minimum number of slides*’ ann. Chuige sin, baineadh úsáid as sé shleamhnán ag tús na ceardlainne seo agus caitheadh a trí nó a ceathair de bhomaite ag míniú na ceardlainne (féach Aguisín 2). Míniódh do na mic léinn go mbeadh sliocht le haistriú acu, bunaithe ar an *Titanic*. Cuireadh an liosta tagairtí a mbainfí úsáid astu in iúl dóibh ar na sleamhnáin agus cuireadh na hintinní foghlama in iúl.

Na mic léinn i mbun an mhodha úir

Tháinig na mic léinn le chéile le triail a bhaint as an chur chuige úir nuair a críochnaíodh an réamhobair. Cuireadh na mic léinn ina ndá ghrúpa d’ochtair ag táblaí móra agus chuaigh an taighdeoir síos fríd na nótaí ar sheó sleamhnán Powerpoint. Molann Fitzpatrick & Hunt (2019: 69) go dtosofaí ar an cheardlann a ghasta agus is féidir. Chloígh an taighdeoir sa chás seo leis an chur chuige sin. Cuireadh na leabhair thagartha i lár na dtáblaí agus iarradh ar na mic léinn an sliocht ar an *Titanic* a thiontú go Gaeilge. Míniódh go mbeadh an freagra

díreach le fáil as cuid de na leabhair thagartha ach i gcás na gramadaí go mbeadh samplaí ann a thiocfadh leo a úsáid leis an fhreagra a oibriú amach. Cuir i gcás, sa chéad abairt tá, ‘*around Easter 1912*’ ann. Má chuartaíonn na mic léinn leathanach 32 de *Gramadach gan Stró* beidh an sampla ‘um thráthnóna’ ann agus beidh orthu an freagra ‘um Cháisc’ a oibriú amach as sin. San ochtú líne den aistriúchán tá an abairt, ‘*they were living from hand to mouth*’ ann. Má chuartaíonn na mic léinn leathanach 8 de Ó Grianna (1921) beidh an nath ‘bhí siad beo ón lámh go dtí an béal’ ann agus beidh siad ábalta an frása a bhaint díreach ón leabhar. Tá an frása ‘*Fr Francis Brown was very lucky*’ ar an aonú líne déag den aistriúchán agus is féidir an t-aistriúchán a aimsiú in Mac Giolla Chomhail (2003) ar leathanach 129: ‘bhí an t-ádh dearg air’. Bhí an fhoirm chuí den fhocal nó den fhrása le hoibriú amach ón eolas a tugadh sa tagairt in amanna, áfach. Mar shampla, tá an frása ‘in the middle of the sea’ sa dara líne den aistriúchán. Tugtar ‘in aice na farraige’ ar leathanach 51 in Ó Dónaill (2016) agus b’éigean do na mic léinn ‘i lár na farraige’ a oibriú amach as an leid sin. Tá an frása ‘*three different classes*’ ar líne a seacht den aistriúchán. Tá ‘trí chathaoir ghorma’, a thugann an riail maidir le huimhir, ainmfhocal agus aidiacht le fios do na mic léinn, le fáil ar leathanach 119 in Ó Dónaill (2016). Arís eile, caithfidh siad ‘trí aicme dhifriúla’ a aimsiú as an eolas a thugtar. Tá an frása ‘*he met two Americans*’ le haistriú ar an cheathrú líne déag den aistriúchán. Tugtar an tagairt as Ó Dónaill ar leathanach 158. Mínítear ar an leathanach sin gurb í foirm an ghinidigh iolra den ainmfhocal a úsáidtear i ndiaidh beirt – deichniúr, de ghnáth. Tugtar na samplaí ‘ceathrar ceoltóirí, cúigear páistí agus seisear ban’. Arís eile, bhí ar na mic léinn ‘beirt Mheiriceánach’ a oibriú amach as an eolas a tugadh. Agus na mic léinn i mbun oibre, chuaigh an taighdeoir ó ghrúpa go grúpa agus é ag iarraidh a chinntiú go raibh ag éirí leo na míreanna gramadaí a oibriú amach lena chéile. Threoraigh sé chuig an tagairt cheart iad má bhí deacracht acu agus chaith sé tamall leo ag míniú na gramadaí a bhain le mír ar leith. Chonacthas dó go raibh na mic léinn ag comhoibriú i ngrúpaí de cheathrar agus ligeadh leo. Bhí sé ina bhuntáiste go raibh grúpa beag ann agus an taighdeoir ag míniú míreanna gramadaí do cheathrar in áit ochtair. Glacadh leis an chomhairle a chuireann Fitzpatrick & Hunt ar an eagraí ceardlainne maidir le teacht le chéile mar ghrúpa iomlán i ndiaidh fiche bomaite. Molann Fitzpatrick & Hunt (2019: 109) go dtiocfadh an grúpa le chéile i ndiaidh gach fiche bomaite leis an dul chun cinn a mheas. Tugtar ‘*stand and share*’ ar an ghné seo den cheardlann agus tugadh deis do na mic léinn a gcuid dul chun cinn a roinnt leis na grúpaí eile agus roinnt samplaí de na míreanna gramadaí a mhíniú agus iad ag dul don aistriúchán. Labhair an taighdeoir leis na mic léinn mar ghrúpa ar feadh cúpla bomaite. Mhol sé obair na ngrúpaí éagsúla agus d’aibhsigh sé cuid de na píosaí a bhí aistrithe go beacht acu. Míníodh arís gur chóir go mbeadh gach duine páirteach inti agus nár chóir an obair a fhágáil faoi dhuine nó bheirt as an ghrúpa. Mhair an cheardlann uair an chloig ar fad agus bhí dhá shos bheaga ann – i ndiaidh fiche bomaite agus i ndiaidh daichead bomaite – leis na míreanna gramadaí a threisiú agus leis na mic léinn a spreagadh. Tá samplaí den obair a rinne na mic léinn le feiceáil thíos (féach Agusín 5).

An mhodheolaíocht

Shocraigh an taighdeoir go mbainfí úsáid as modhanna éagsúla le sonraí a bhailiú ar thuairimí na mac léinn faoi chur chuige na ceardlainne mar mhodh eile do theagasc an aistriúcháin. Baineadh úsáid as ceistneoirí, as fhócasghrúpaí agus as breathnóireacht trí fhístaifeadadh, mar go raibh an taighdeoir den bharúil gurbh fhearr a d'fhóir siad don taighde seo. Taighde cáilíochtúil a bhí ann agus mar sin de bhí tuairimí scríofa agus tuairimí ó bhéal na mac léinn an-tábhachtach agus lán de shonraí saibhre. Baineadh úsáid as ceistneoirí le tuairimí na mac léinn ar thasc an aistriúcháin a mheas. Molann Singer & Cooper (2017: 2) go mbeadh ceisteanna a bhfuil scála 1 – 5 mar fhreagraí acu agus ceisteanna oscailte sa cheistneoir, agus is é sin an dóigh ar cuireadh an ceistneoir le chéile (féach Aguisín 3). Cuireann Krueger (1994: 6) síos ar fhócasghrúpa mar ‘*a carefully planned discussion designed to obtain perceptions on a defined area of interest in a permissive, non-threatening environment.*’ Ar ndóigh, mar a deir Sinner *et al* (2022), is é an dúshlán a bhíonn roimh an taighdeoir agus é ag dul don fhócasghrúpa ná a chinntiú go mbíonn deis ag gach duine sa ghrúpa a bharúil a thabhairt. Chuige sin, eagraíodh dhá fhócasghrúpa d’ochtair leis an deis sin a thabhairt. Rinneadh fístaifeadadh den cheardlann agus na mic léinn i mbun aistriúcháin. Molann Dufon (2002: 49) agus Radcliff (2003: 113) úsáid an fhíseáin le sonraí saibhre a bhailiú. Míniúidh do na rannpháirtithe go raibh an ceamara ag taifeadadh ó thráth áirithe agus go mbeadh sé in úsáid leis an idirghníomhú idir na mic léinn a mheas. Chuaigh an taighdeoir i dteagmháil le Coiste Eiticí an Choláiste agus le hOifig Thaighde an Choláiste le cead a iarraidh an taighde a dhéanamh, agus toiliú scríofa a iarraidh sular cuireadh peann le pár. Tugadh an cead (féach Aguisín 4) agus bhí na mic léinn toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde agus údarás an choláiste sásta ligean don taighde dul ar aghaidh.

Aiseolas a aimsíodh as na sonraí a bailíodh

Cuireadh ceisteanna an cheistneora agus an fhócasghrúpa le chéile le barúlacha na mac léinn ar úsáid na ceardlainne mar mhodh eile teagaisc an aistriúcháin a aimsiú. Iarradh barúlacha na mac léinn ar na gnéithe seo a leanas ar an cheistneoir le ceisteanna druidte agus úsáideadh an scála 1–5 agus 5 ar an fhreagra is dearfaí:

- Cé chomh muiníneach agus atá tú ag dul don aistriúchán?
- An mbaineann tú taitneamh as an scil seo a fhorbairt?
- An bhfuil tú eolach ar áiseanna agus acmhainní atá ar fáil le cuidiú leat?

Seo na freagraí a fuarthas ar an chuid seo den cheistneoir. Maidir le muinín na mac léinn agus iad ag dul don aistriúchán, bhí duine amháin ann a roghnaigh 4, aon duine dhéag a roghnaigh 3 agus ceathrar a roghnaigh 2. Maidir le taitneamhacht an taisc, bhí ceathrar ann a roghnaigh 4, seachtar a roghnaigh 3 agus cúigear a roghnaigh 2. Maidir le heolas ar na háiseanna, bhí seisear ann a roghnaigh 4, naonúr a roghnaigh 3 agus duine amháin a

roghnaigh 1. Tá sé le tabhairt faoi deara nár roghnaigh oiread agus mac léinn amháin 5 mar fhreagra ar cheist ar bith, rud a léiríonn go bhfuil easpa muiníne acu nuair a phléann siad cúrsaí aistriúcháin. Iarradh barúlacha na mac léinn ar na gnéithe seo a leanas ar an cheistneoir le ceisteanna oscailte:

- na deacrachtaí a bhaineann leis an aistriúchán;
- cur chuige ar leith a úsáidtear agus iad ag dul don aistriúchán.

Seo na freagraí a fuarthas ar an chuid seo den cheistneoir. Maidir leis na deacrachtaí luadh an ghramadach go ginearálta agus na gnéithe seo a leanas go háirithe: an tuiséal ginideach, focail choimhthíocha nó frásaí coimhthíocha, an briathar a chur san aimsir cheart, friotal na Gaeilge a aimsiú, abairtí a chur le chéile mar is ceart, frása agus paragraf, an dóigh a n-athraíonn focail mar gheall ar fhocail eile, agus aimsiú na dtéarmaí cearta.

Cuireadh ceisteanna oscailte ar na mic léinn agus iad san fhócasghrupa. Tugadh deis do gach duine a b(h)arúil a thabhairt. Iarradh barúlacha na mac léinn maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- obair mar bhall de ghrúpa;
- buntáistí agus míbhuntaistí na ceardlainne;
- leathanaigh na dtagairtí á dtabhairt;
- ar chuidigh an cur chuige leis an mhuinín agus
- an sásamh as an chur chuige seo.

Seo na freagraí a fuarthas ón dá ghrúpa agus iad ag dul don cheardlann. Maidir le bheith ag obair mar bhall de ghrúpa, mhothaigh tromlach na mac léinn (ceithre dhuine dhéag acu) go raibh an cur chuige seo go maith agus nár cuireadh cruacheist ar dhuine ar bith agus nár cuireadh duine ‘ar an spota’ mar a dúradh. Mhothaigh na mic léinn go raibh siad ábalta na tagairtí a aimsiú le chéile agus an leagan ceart a oibriú amach nuair ba ghá. Dúirt mac léinn amháin gur thug sé deis dóibh a gcuid Gaeilge labhartha a chleachtadh le chéile ar shuíomh comhoibrithe fosta. Maidir leis na buntáistí a bhaineann le cur chuige na ceardlainne, shíl na mic léinn go raibh struchtúr maith léi agus go raibh na torthaí foghlama an-soiléir, dúirt siad fosta gur léir go raibh obair mhór i gceist don léachtóir píosa próis don cheardlann a scríobh agus go raibh siad an-bhuíoch as an obair sin. Maidir leis na míbhuntáistí, luaigh cúpla mac léinn gur mhothaigh siad nár leo féin an t-aistriúchán ag an deireadh. Bhí na mic léinn ar aon ghuth maidir leis na tagairtí. Dúirt siad gur thug na tagairtí teoracha leanúnacha dóibh agus gur shábháil siad cuid mhór ama orthu agus gur choinnigh siad a bhfócas. Dúirt siad fosta, go gcuirfeadh sé fonn orthu na tagairtí a úsáid ní ba mhinice. Shíl siad go raibh sé tairbheach go raibh freagraí nó frásaí díreacha, i gcásanna áirithe, le baint amach as na tagairtí a tugadh dóibh agus go raibh orthu freagraí a oibriú amach agus iad ag úsáid na samplaí a tugadh dóibh sna tagairtí i gcásanna eile. Dúirt na mic léinn gur chuir an cur chuige leis

an mhuinín s'acu agus gur méadaíodh ar a muinín nuair a d'oibrigh siad frása nó téarma gramadaí amach le chéile agus iad ag baint úsáid as na tagairtí. Mhothaigh na mic léinn gur thug sé deis dóibh a bheith ag foghlaim óna chéile agus lena chéile. Mhol siad an '*stand and share*' i ndiaidh gach fiche bomaite agus is d'aon ghuth a dúirt nár mhothaigh siad an t-am ag dul thart. Dúirt mac léinn amháin gur chuidigh sé léi go raibh an sliocht bunaithe ar an *Titanic* agus suim mhór aici ann agus eolas maith aici ar an long. Maidir leis an sásamh a baineadh as an chur chuige seo, ba léir gur bhain siad an-taitneamh as agus gur chuir siad lena bhfeasacht teanga agus lena gcuid eolais ar mhíreana gramadaí, (féach Aguisín 5). Díol spéise a bhí ann go ndúirt siad gur modh taitneamhach a bhí ann ach nach dtiocfadh leis an léachtóir an modh seo a úsáid i gcónaí. Mhol siad go n-úsáidfí an modh seo ag tús na bliana go dtí go n-éireodh siad cleachta leis na tagairtí agus leis na téarmaí gramadaí uilig agus go rachadh siad i dtreo obair bheirte agus i dtreo an neamhspleacháis ina dhiaidh sin. Dúirt mac léinn amháin nach mbeadh tacaíocht na dtagairtí ná tacaíocht na gcairde aici agus í ag déanamh aistriúcháin faoi choinníollacha scrúdaithe, ach gur bealach maith í an cheardlann le tús a chur leis an phróiseas foghlama.

Bhreathnaigh an taighdeoir ar an fhíseán a rinneadh le linn na ceardlainne. Maíonn Grimshaw (1982: 121) go dtugann an físeán deis don taighdeoir breathnú ar an tsuíomh arís agus arís eile, rud a chuireann leis an anailís agus leis an léirmhíniú ar na sonraí. Chonacthas don taighdeoir sa chás seo go raibh na mic léinn ag díriú ar an obair go dúthrachtach agus go raibh comhoibriú ag dul ar aghaidh idir na mic léinn. Ba léir go ndearna na mic léinn neamhaird den cheamara agus gur dhírigh siad ar an tasc de réir mar a chuaigh an cheardlann ar aghaidh. Chualathas mac léinn amháin ag rá go gcuartódh sé an tagairt agus ansin go n-oibreodh siad an ghramadach amach le chéile. Cé gur eagraíodh ina dhá ngrúpa d'ochtar iad, ba léir ag amharc siar ar an fhíseán gurbh fhearr a d'fhóir grúpaí de cheathrar agus gur tharla sé sin go nádúrtha agus na mic léinn ag comhoibriú le chéile. Is fiú a lua, áfach, go ndeir Lomax & Casey (1998) go bhfuil fabht san argóint nach gcuireann ceamara isteach ar na rannpháirtithe agus nach dtugann siad aird ar bith air. Chuir srianta ama agus líon focal ceangal ar an taighdeoir. Chítear go bhfuil féidearthachtaí ann tuilleadh úsáide a bhaint as an fhíseán le sonraí saibhre agus barúlacha na mac léinn féin a fháil. B'fhiú go mór amharc siar ar an fhíseán i gcuideachta na mac léinn amach anseo agus a mbarúlacha a fháil ar an obair a bhí ag dul ar aghaidh. Tugtar '*stimulated recall procedure*' ar an chur chuige seo agus cuirtear ceisteanna oscailte ar na rannpháirtithe ar an phróiseas smaointeoireachta a bhí acu díreach i ndiaidh an imeachta. Molann Calderhead (1981: 211) agus Lyle (2003: 963) an cur chuige seo agus is cinnte go mbeidh an próiseas seo in úsáid ag an taighdeoir agus é ag déanamh tuilleadh taighde ar an ábhar seo.

Focal scoir

Ba mhaith leis an taighdeoir torthaí an taighde a tharraingt le chéile sa chonclúid seo. Is léir ó bharúlacha na mac léinn sna freagraí a tugadh sna ceistneoirí go dtugtar a ndúshlán sliocht a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge agus gurb é cruinneas na míreanna gramadaí agus iad i mbun aistriúcháin, is dúshlánaí acu. Rinne an taighdeoir iarracht teacht ar mhodh úr teagaisc leis an aistriúchán a chur i gcomhthéacs agus leis an phróiseas a éascú. Rinne an taighdeoir iarracht ceardlann a chur le chéile a chuirfeadh na mic léinn ag comhoibriú le chéile le hintinní foghlama a bhaint amach agus le deis a thabhairt dóibh dul i dtaithí ar thagairtí agus ar an dóigh lena n-úsáid. Tháinig sé chun solais gur bhain na mic léinn sult as an chur chuige seo ach nárbh fhéidir an cur chuige seo amháin a úsáid i dteagasc an aistriúcháin. Chonachtas do na mic léinn go mbeadh an cur chuige seo taitneamhach, tairbheach ag tús an aistir aistriúcháin agus go dtiocfadh leo dul i dtreo an neamhspleáchais de réir mar a rachadh siad i dtaithí ar an chleachtas. Chuir srianta ama agus srianta líon na bhfocal ceangal ar an taighde, ach tugadh pointí saibhre eolais don taighdeoir. Molann Ní Mhaonaigh (2009: 81) gur cheart go gcuirfeadh siollabas béim ar fhéinriar an fhoghlaiméora agus go gcuideofaí leis an fhoghlaiméoir níos mó freagrachta a ghlacadh as a chuid foghlama féin. Próiseas foghlama atá i gcur chuige na ceardlainne ina mbíonn na mic léinn ag comhoibriú le chéile. An uair amháin a bhíonn an dea-chleachtas foghlamtha acu le chéile agus an mhuinín cothaithe iontu is féidir leo an próiseas céanna a úsáid agus iad ag obair i mbeirteanna agus ansin ina n-aonar. Mar a mhaíonn Mac Lochlainn (2018: viii) ‘is as an chleachtadh a thagann an mháistreacht; ní leor cúrsa oiliúna aistriúcháin a dhéanamh ach an cheird a thabhairt leat trí shíorchleachtadh.’ Feiceann an taighdeoir féidearthachtaí dearfacha le cur chuige na ceardlainne agus na mic léinn ag síorchleachtadh le chéile agus ag siúl i dtreo an neamhspleáchais. Le cur leis an taighde seo, tá sé ar intinn ag an taighdeoir stór sleachta a chur le chéile arbh fhéidir úsáid a bhaint astu i gcur chuige na ceardlainne agus in obair neamhspleách araon. Tá rún aige sliocht a bhunú ar théamaí éagsúla amhail: pearsa spóirt, tréimhse staire, cúrsaí ceoil agus cúrsaí ollscoile agus an cur chuige céanna le haistriúchán ar an sliocht ar an *Titanic* a úsáid leo. Bainfear úsáid astu thar thréimse bliain acadúil le taighde níos doimhne agus barúlacha níos glinne ar an chur chuige a mheas. Is cóir go ndíreofar níos mó ar áiseanna foclóireachta, na háiseanna gramadaí san áireamh, agus ar an leas praiticiúil a bhaineann mic léinn an lae inniu astu sna ceardlanna a eagrófar amach anseo. Cuirfear freagraí samplacha ar fáil fosta leis na sleachta a chuideoidh leis na mic léinn féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcuid oibre féin. Bheadh léachtóirí tríú leibhéal ábalta a sliocht nó a sleachta féin a chur le chéile bunaithe ar na leabhair a ndearna na mic léinn staidéar orthu agus ar ábhar a bhfuil dúil acu iontu. Feictear don taighdeoir go n-eascróidh tuilleadh taighde as an phíosa seo agus nach bhfuil sa chuid seo ach a thús.

Leabharliosta

- An Caighdeán Oifigiúil*, (2016) Baile Átha Cliath: Tithe an Oireachtais.
- Calderhead, J. (1981) 'Stimulated recall: a method for research on teaching.' *British Journal of Educational Psychology*. 51(2). June. 211–7.
- Dufon, M.A. (2002) 'Video recording in ethnographic SLA research: some use of validity in data collection.' *Language Learning & Technology*.
- Grimshaw, A.D. (1982) 'Sound-image data records for research on social interaction: some questions and answers.' *Sociological Methods and Research* 11(2).
- Fitzpatrick Rob & Hunt D. (2019) *The Workshop Survival Guide*. Robfitz Ltd.
- Krueger, R. A. (1994) *Focus groups: A practical guide for applied research*. 2nd edn, New York: Thousand.
- Lomax, H. & Casey, N. (1998) 'Recording Social Life: Reflexivity and Video Methodology.' *Sociological Research Online*. Vol.3, no.2. <http://www.socresonline.org.uk/3/2/1.html>
- Lyle, J. (2003) 'Stimulated recall: a report on its use in naturalistic research.' *British Educational Research Journal* 29.6. 861–78.
- Mac Giolla Chomhaill, A. (2003) *Deismir*. Cumann Seanchais Ard Mhacha.
- Mac Lochlainn, A. (2015) *Cruinneas*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Mac Lochlainn, A. (2010) *In Ord is in Eagar*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Mac Lochlainn, A. (2018) *Ó Bhéarla go Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ní Fhrighil, R & Nic Eoin, M. (eag.) (2009) *Ó Theagasc Teanga go Sealbhú Teanga. Múineadh agus Foghlaim na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Dónaill, É. (2016) *Gramadach Gan Stró*. Baile Átha Cliath: Gaelchultúr.

Ó Grianna, S. (1921) *Mo Dhá Róisín* in eagar ag Mac Congáil, N. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ratcliff, D. (2003) *Video methods in qualitative research*. Washington DC: American Psychological Association.

Sinner, S., Prochazka, F., Paus-Hasebrink, I., Austria & Farrugia, L. (2018) *What are some good approaches to conducting Focus Groups with children*. Ar fáil ag: <http://www.lse.ac.uk/media-and-communications/assets/documents/research/eu-kids-online/toolkit/frequently-asked-questions/FAQ-34.pdf>

Aguisín 1

Aistriúchán – Saorealafona B3

Tagairtí

Gramadach Gan Stró (GGS)

Foclóir.ie (f.ie)

Cruinneas (C)

Ó Bhéarla go Gaeilge (ÓBG)

Ord agus Eagar (OE)

Deisimir (D)

An Caighdeán Oifigiúil (CO)

Mo Dhá Róisín (MDR)

Titanic

Around about Easter (GGS32) 1912 the Titanic hit a huge iceberg as it was travelling in the middle of the sea (GGS51). It was travelling in deep waters (GGS72) in the Atlantic Ocean (f.ie). At the beginning of that fateful journey (GGS82) there were hundreds of passengers on board. (ACO151). The Titanic was the biggest ship ever built (GGS93). The ship that had taken three years (GGS114) to build sank in less than three hours (GGS114). There were three different classes (GGS119) on board, and it was those in third class (GGS135) that suffered the most. They were living from hand to mouth (MDR8) and they were below deck when the accident happened. The workers and the poor were unable to escape. Children learn (GGS125) about this famous (GGS68) ship to this day. Fr Francis Brown was very lucky (D192). His uncle (GGS174) bought him a ticket for the maiden voyage (f.ie) to Queenstown. He was really interested in photography (GGS185) and he took lots of photos (GGS57) when he was on board. He met two Americans (GGS158) who were rich beyond measure (D276) and they offered to buy him a ticket for the rest of the journey. He sent a telegraph to his superior (f.ie). He didn't mince his words (D203). 'Leave that ship now', was the response Fr Browne got. He left the ship, and his photos were published far and wide (D104) when the ship sank (D301). Over one and a half thousand people were drowned (GGS213) both young and old and rich and poor (OE37). Titanic was lost in the middle of nowhere (ÓBG170) and it wasn't found until 1985.

Aguisín 2



Maidin mhaith a chairde!

Cur chuige na ceardlainne mar mhodh teagaisc an aistriúcháin.





aistriúchán, *m. (gs. & npl. -áin, gpl. -)*. Translation



• **Tagairtí**

- Gramadach Gan Stró (GGS)
- Foclóir.ie (f.ie)
- Cruinneas (C)
- Ó Bhéarla go Gaeilge (ÓBG)
- Ord agus Eagar (OE)
- Deisimír (D)
- An Caighdeán Oifigiúil
- Mo Dhá Róisín

Tiocfaidh muid le chéile i ndiaidh gach fiche bomaite leis an dul chun cinn a phlé.

Around about Easter (GGS32) 1912 the Titanic hit a huge iceberg as it was travelling in the middle of the sea (GGS43). It was travelling in deep waters (GGS72) in the Atlantic Ocean (f.ie). At the beginning of that fateful journey (GGS82) there were hundreds of passengers on board. (ACO151). The Titanic was the biggest ship ever built (GGS93). The ship that had taken three years (GGS114) to build sank in less than three hours (GGS114). There were three different classes (GGS119) on board, and it was those in third class (GGS135) that suffered the most. They were living from hand to mouth (MDR8) and they were below deck when the accident happened. The workers and the poor were unable to escape. (C111) Children learn (GGS125) about this famous (GGS68) ship to this day. Fr Francis Brown was very lucky (D193). His uncle (GGS172) bought him a ticket for the maiden voyage (f.ie) to Queenstown. He was really interested in photography (GGS185) and he took lots of photos (GGS57) when he was on board. He met two Americans (GGS158) who were rich beyond measure (D276) and they offered to buy him a ticket for the rest of the journey. He sent a telegraph to his superior (f.ie). He didn't mince his words (D103). 'Leave that ship now', was the response Fr Browne got. He left the ship, and his photos were published far and wide (D104) when the ship sank (D301). Over one and a half thousand people were drowned (GGS213) both young and old and rich and poor (OE37). Titanic was lost in the middle of nowhere (ÓBG170) and it wasn't found until 1985.

Aguisín 3

Ceistneoir Saorealaíona B3

Dearcadh na mac léinn ar an aistriúchán roimh a fháil amach an bhfuil athruithe ar bith ann agus ina dhiaidh sin.

1. Cé chomh muiníneach agus atá tú i mbun aistriúcháin ar an scála?

5-go hiomlán, 4-iontach, 3-go leor, 2-go measartha, 1 níl mé

2. An dtaitníonn aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge leat?

5-go hiomlán, 4-go hiontach, 3-go maith, 2-go measartha, 1 ní thaitníonn

3. An bhfuil tú eolach ar áiseanna atá ar fáil le cuidiú leat?

5-iomlán, 4-iontach, 3-go leor, 2-go measartha, 1 níl mé

4. Cad iad na deacrachtaí a bhíonn agat le haistriúchán?

5. An bhfuil cur chuige ar leith agat maidir le haistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge?

Aguisín 4

REC Member's Comments On A Research Ethics Submission

REC members should complete this form outlining their comments on a research ethics submission.

1. Who are the researchers involved in the research project?	Padaí de Bléine
2. What is the title of the research project?	Iniúchadh ar chur chuige na ceardlainne maidir le haistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge.
3. What comments do you have in relation to the research ethics submission?	The researcher has taken appropriate steps to ensure that ethical practice will be maintained during this project. He has explained the rationale for the work and taken due care to request consent from participating students. It is important that the researcher makes the disconnect from any assessment outcomes clear, as he has done in the Ethics Form. It is recommended that a sentence to this effect is inserted in the consent letter to students, e.g. "Ní bheidh tionchar ar bith ag an tionscadal sé ar thorthaí measúnaithe mac léinn."
4. Place a tick beside your decision in relation to the research ethics submission?	<p>I agree to the research commencing in line with the information provided. ✓</p> <p>I agree to the research commencing in line with the information provided, if the recommendations made by the committee are addressed.</p> <p>I do not agree to the research commencing in line with the information provided, as there are serious ethical issues associated with gathering data from participants.</p>
5. What is your name?	Gabrielle Nig Uidhir

Aguisín 5

Um Cháisc 1912, bhual an Titanic ^{mór} oighear agus
 ag taisteal i lár na hAiceoige. Bhí sí ag taisteal in
 uisce domhne san tAiceoige. Ag tús an turas
 tubaistí, bhí na céadta pasenóirí ar bord. Ba ian Titanic
 an bád ~~le~~ a fogadh riomh. An lóng a ghlacadh
 trí bhána le fogadh, chuaigh sé go coin póill taobh
 istigh de trí huair an chloig. Bhí trí aicme dhifríla ann
 agus ba iad na daoine sa tríú haicme ~~is~~ mó a
 d'fhoghlaim. Bhí siad beo ón lámh go dtí an béal. Faoi
 siad faoin deic nuair a tharla an tásine. Ní raibh na
 noibríme agus ná na daoine beo taobh eallú.
 Foghlaimíonn páistí faoin lóng chailú seo go dtí an t-
 áit inniu ann. Bhí an t-ádh ina rith leis an tsagart de
 Brún. Cheannaigh a uncail ticead don chéad aistear go
 Queenstown. Bhí an -suim aige sa ann sa ghraingrafadóir
 eacht agus ghlac sé cuid mhór graingraf nuair a bhí
 ar bord. Bhual sé le beirt Mheiriceanach a raibh lán na
 lámh acu agus d'frait siad.

Níor chuir sé nacail ann. Fairsia
 chuláigh an lóng go coin póill.

Um Cháisc 1912, bhual an Titanic ^{oighear} agus
 bhí sé ag taisteal i lár na hAiceoige. Bhí sé ag
 taisteal i uisce domhne sa tAiceoige. Ag
 tús an turas tubaistí, bhí na céadta pasenóirí
 ar bord. Ba é an Titanic an bád le mheic
 a fogadh riomh. An lóng a ghlacadh trí bhána a
 chuaigh go coin póill taobh istigh de trí huair an
 chloig. Bhí trí aicme dhifríla agus ba iad na daoine sa
 tríú haicme ~~is~~ mó a d'fhoghlaim. Bhí
 siad beo ón lámh go dtí an béal agus bhí
 siad faoin deic nuair a tharla an tásine. Ní
 raibh na noibríme agus ná na daoine beo taobh
 eallú. Foghlaimíonn na páistí faoin
 lóng chailú seo go dtí an t-áit inniu ann.
 Bhí an t-ádh dearg ar an tathair Francis Brown.
 Cheannaigh a uncail ticead don chéad aistear
 go Queenstown. Bhí suim as cumse aige le sa
 graingrafadóireacht agus ghlac sé cuid mhór
 graingraf nuair a bhí sé ar bord. Bhual
 sé le beirt Mheiriceanach a raibh lán na lámh acu
 agus d'frait siad ticead eile a cheannaigh don
 cuid eile den turas.



Cuntas ar ghnéithe de stair agus de ról na próslitríochta a aistríodh go Gaeilge, agus go Béarla ón Ghaeilge, idir ré na Sean-Ghaeilge agus an 21ú haois

Seán Mac Corraidh

<https://doi.org/10.13025/f0f5-a198>

Glactar leis go mbaineann an tréimhse i stair na Gaeilge, a dtugtar ré na Sean-Ghaeilge uirthi, leis an achar ama ó 700 AD go 900 AD. Ar an ábhar sin, tá níos mó ná míle trí chéad bliain i gceist leis an ré a ndéantar machnamh uirthi i dtaca le stair agus ról na litríochta a aistríodh go Gaeilge san aiste seo. Is achoimre ghinearálta atá san aiste ar na mórshaothair phróis a aistríodh go Gaeilge agus ón Ghaeilge idir an 7ú haois agus an 21ú haois. Rinneadh Meán-Ghaeilge (900 AD–1200 AD) den tSean-Ghaeilge (700 AD–900 AD), agus Nua-Ghaeilge Mhoch (1200 AD–1650 AD) den Mheán-Ghaeilge, agus Nua-Ghaeilge (1650 AD go dtí an lá atá inniu ann) den Nua-Ghaeilge Mhoch (Ó Murchú, 1985) le linn an ama sin. Mar thoradh agus iarmhairt ar chineálacha éagsúla eachtraí síochánta agus foréigneacha ar a n-áirítear cúnguithe, ionraí, concais, plandálacha agus lonnuithe, bhí an Laidin, an tSean-Ioruais, Fraincis na Normannach, an Béarla, an Fhraincis agus an Spáinnis mar bhunteangacha d'aistriúcháin dhílse agus do théacsanna a cuireadh in oiriúint sa Ghaeilge le samhlaíocht agus le cruthaitheacht (Cronin, 1996). Tá sé d'aidhm san fhordhearcadh seo eolas a sholáthar ar chur i ngníomh an aistriúcháin le linn an ama atá i gceist anseo agus an tábhacht a bhaineann leis an ghníomhú chéanna don phróslitríocht i nGaeilge.

Ré na Sean-Ghaeilge an t-am inar bhreac scríobhaithe na heaglaise in *scriptoria* mórán mainistreacha sa tír seo, *lingua franca* na Laidine (L) ar pár. Chuir siad gluaiseanna nó nótaí mínithe agus liricí pearsanta sa tSean-Ghaeilge agus sa Laidin chomhaimseartha isteach, idir na línte agus ar na himill. Is minic a caomhnaíodh iad i mainistreacha Éireannacha na

hEorpa i dtéacsanna mar Litreacha Phóil sa *Codex Paulinus* in Wurzburg, agus na Sailm in *Codex Ambrosianus* in Milan (McCone, 1994: 61, in McCone *et al.*, 1994: Ó Murchú, 1985: 16). Dar le Cronin (1996: 9), seo an chéad fhianaise atá againn ar an aistriú go Gaeilge agus is leis an tseachtú, leis an ochtú agus leis an naoú haois a bhaineann siad. Tá mórán den eolas atá againn ar an tSean-Ghaeilge fréamhaithe sna nótaí mínithe seo agus tá códmhalartú, códmheascadh, ciallú agus aistriú i gceist leo. Cuidíonn machnamh ar ghnéithe d'úsáid na teanga sna gluaiseanna linn dáta a chur lena leithéid de théacsanna.

Ón Laidin a tháinig mórán téarmaí sa tSean-Ghaeilge atá ag baint le foghlaim agus litearthacht amhail *lebor* (< L. *liber*), le reiligiún agus cúrsaí eaglasta, ar a n-áirítear *eclais* (< L. *ecclesia*) agus téarmaí comónta amhail *cathair* (< L. *cathedra*). Is ón teanga sin a fuarthas iasacht na bhfocal sin (Ó Murchú, 1985: 16). Mar gheall ar thrádáil agus chreachadh na Lochlannach, fuarthas téarmaí farraige agus iascaireachta ar iasacht ón tSean-Ioruais, téarmaí amhail *dorú*, *mangaire*, *beoir*, *fuinneog* na Nua-Ghaeilge ó *dorg*, *mangari*, *bjórr*, *vindauga* na Sean-Ioruaise (Ó Murchú, 1985: 19). Rinneadh cód rud beag níos simplí ná cód na Sean-Ghaeilge, a dtugtar an Mheán-Ghaeilge air, agus is leis na blianta sin idir timpeall 900 AD agus 1200 AD a bhaineann sí. Teach na nAngla-Normannach ba chúis le méadú ar na bailte móra agus le tabhairt isteach teanga nua, Fraincis na Normannach. Sholáthair an teanga nua seo téarmaí riaracháin, trádála, ailtireachta agus uirlisí amhail *barún*, *seomra*, *casúr* atá sa Nua-Ghaeilge uathu seo: *barrun*, *chaumbre* agus *cassur* na nAngla-Normannach. D'fhéadfaí a rá faoi na hiasachtaí ó na teangacha sin gurb é a bhí i gceist leo, ainmniú agus lipéadú na gcoincheap agus na rudaí nua ag baint le réimsí éagsúla sa Ghaeilge agus ó thaobh na Laidine de, próiseas na scríbhneoireachta. Ba í an Laidin, mar theanga na heaglaise, an chéad bhunteanga d'aistriúcháin go Gaeilge. Mhaígh Ní Shéaghdha (1984: 107), mar sin féin, go bhféadfaí cur síos ar leaganacha samhlaíocha de scéalta, próis den chuid is mó, amhail *Togail Troí*, an ceann is sine de na téacsanna clasaiceacha a ndearnadh leagan Gaeilge de, agus *Merugud Uilix maic Leirtis* mar 'chur in oiriúint liteartha' mar nár cleachtadh an tiontú litriúil sna luathlaethanta seo in Éirinn.

Bhí na leaganacha Gaeilge de shaothar na n-údar clasaiceach, ina raibh cur in oiriúint agus cur leis dúchasach, de réir mhodh scéalaíochta na Gaeilge, á gcumadh ón naoú haois ar aghaidh ar feadh sé chéad bliain. Is é *Stair Ercuil* an téacs clasaiceach deiridh a aistríodh (nó an ceann deiridh a tháinig anuas chugainn ar a laghad ar bith), ach is beag moladh a tugadh riamh dó. Thairis sin, bhí an t-achomriú agus an athinsint coitianta i measc aistritheoirí ar fud na hEorpa san am, a oiread sin gur scríobh O'Connor (2014: 17) gur chosúla le húdair iad ná le haistritheoirí. An fhéinmhuinín agus an neamhspleáchas a bhaineann le leaganacha Gaeilge na scéalta clasaiceacha amhail *Togail Troí*, a thug ar an tráchtair Mac Gearailt (2000–1: 83) a rá go léiríonn an dá bhua sin an bheogacht agus an gus a bhain le traidisiún liteartha na heaglaise san aonú céad déag. I gceist leis an stíl sin, bhí sraith d'aidiachtaí uamacha, ar cumadh roinnt

acu chuige sin, agus tuilleadh fós ag díriú ar fhuaimneanna na sprioctheanga níos mó ná ar bhrí sa bhuntéacs. Maidir le *Stair Ercuil* agus *Togail Troí*, maíonn Cronin (1996: 22) go raibh an t-aistritheoir ag iarraidh gnásanna teanga agus stíle litríocht na sprioctheanga a aimsiú.

Ón 13ú céad amach

De réir mar a mhéadaigh ar rannpháirteachas oird na mbráthar, na Proinsiasaigh go háirithe, agus uaisle na Normannach, tharla an dara ré in obair an aistriúcháin (Byrne, 2019: 1), i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche ón 13ú céad amach. Croí-bhunteacsanna sa Bhéarla, sa Laidin agus sa Fraincis ar stíl Rómánsach na Mór-Roinne, a bhí i gceist. Orthu sin, tá an t-aistriúchán seanaimseartha Gaeilge ar *Quest del Saint Graal* nó an *Quest of the Holy Grail* nó *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha* i nGaeilge agus *Conquests of Charlemagne*. Ní léir an teanga chomhaimseartha ar *Lorgaireacht an tSoidhigh Naomhtha*, an t-aon scéal Artúrach a aistríodh, cé go raibh éileamh mór ar leaganacha de scéalta a bhí bunaithe ar théamaí Artúracha ar nós *Eachtra an Mhadra Mhaoil*. Scríobh Mac Gearailt (2018: 154) go raibh foirmeacha seanaimseartha briathar agus focal le léamh air, a bhí in úsáid suas le 400 bliain roimhe. Chomh maith leis sin, bheadh leoreolas ag scríobhaithe san aois sin ar an Bhéarla agus bhí an teanga sin mar bhealach isteach ar scéalta ón Mhór-Roinn. Lena chois sin, rinneadh leaganacha Gaeilge de bhunteacsanna Béarla. Thiontaigh Uilliam Mac an Leagha saol agus eachtraí beirt tiarnaí agus luathchrosáidithe, Guy of Warwick agus Bevis of Hampton, go Gaeilge i modh dúchasaithe faoin ainm *Beathadh Sir Gui* agus *Beathadh Bibius*, sa chúigiú céad déag. Mar sin féin, cé go meastar go bhfuil na haistriúcháin iad féin smálaithe de dheasca liostaí d'aidiachtaí agus de dhobhriathra agus d'ainmfhocail a dhéanann uaim le chéile agus mar gheall ar chomhfhocail aduaine nuachumtha, cuíosach maolaithe atá an teanga san aistriúchán, i dtaca leis sin de.

I gcosamar na litríochta saolta seo, macasamhail na scéalta a luadh ó chianaibh agus na litríochta taistil amhail *Marco Polo's Travels*, a bhfuil a bhunús sa Laidin, cumadh litríocht reiligiúnach sna heaglaisí agus sna mainistreacha i bhfoirm bheatha na naomh agus scéalta morálta a dtugtar *exempla* orthu chomh maith le téacsanna leighis (Flower, 1947: 119). Is chun eolas a chur amach ar an cholainn, ar ghalair agus ar leigheasanna a tiontaíodh na téacsanna leighis go Gaeilge. Ar mhaithe le treorú spioradalta a cumadh na téacsanna cráifeachta. Bhí O'Rahilly (1941: xvi) den bharúil agus é ag trácht ar Fhlaitrí Ó Maolchonaire, bráthair, údar agus aistritheoir agus ar a aistriúchán ar *Desiderius* nó *Sgáthan an Chrábhaidh*, go ndearnadh é chun creideamh a chomhthíreach, a bhí faoi leatrom, a neartú. Agus na cúiseanna praiticiúla seo chun tosaigh ina n-intinn, is beag den ársaíocht ó thaobh na teanga de, a breacadh síos. Ina áit sin, tá fianaise ann gur baineadh feidhm as an Ghaeilge mar a bhí sí in úsáid san am, ní nach ionann agus teanga chaighdeánach fhilíocht chomhaimseartha na mbard, mar shampla.

Díríodh na haistriúcháin seo ar phobal leathan léitheoireachta mar a rinneadh sa 17ú céad nuair a tiontaíodh an téacs Fraincise *Introduction a la vie devoté* a chum S. Francois de Sales, Easpag Geneva (1567–1622) (Dillon, 2005: 5).

An t-ochtú céad déag: deireadh traidisiúin?

Thug Cronin (1996: 81–4) cuntas ar an athrú a tháinig ar an chomhthéacs teangeolaíoch in Éirinn ag tús an ochtú céad déag agus lena linn. Bhí eolas ar Bhéarla ar oileán na hÉireann ag teacht anoir as na tailte galldaithe agus méadú ag teacht air ar luas lasrach. Bhí sé seo ag tarlú sna bailte móra agus sna sráidbhailte a bhí suite ar na bealaí trádála go háirithe. Chonacthas fianaise de sin, mar shampla, i scaipeadh na n-amhrán macarónach (Ó Muirthe, 1980). I gceist sa chomhthéacs seo fosta, bhí forbairt agus foilsiú na n-aistriúchán ó Ghaeilge go Béarla, amhail an tiontú a rinneadh ar shaothar ceannródaíoch an Chéitinnigh, *Forus Feasa ar Éirinn, Reliques of Irish Poetry* le Charlotte Brooke agus ar ndóigh in Albain aistriúchán Macpherson ar scéalta faoi Oisín, ar tugadh ‘Ossianic tales’ orthu, chomh maith leis an chleachtas seanbhunaithe, aistriúchán i nGaeilge a sholáthar ón Bhéarla agus ó theangacha Rómánsacha. Is iad na cúinsí ainniseacha agus an mífhortún a threascair litríocht na Gaeilge, mar thoradh carnach ar phlandálacha, ar dhíshealbhuithe, ar dhaorsmacht na bPéindlithe, ar chailliúint na patrúnachta, ar anró agus ar bhoichtíneacht a cheadaigh do Bhreatnach (1961: 150) a mhaíomh gur deireadh ré agus deireadh traidisiúin a bhí san ochtú haois déag in ainneoin dheisbhéalaí fhiliúnta na n-aislingí, na n-aortha, amhráin na ndaoine.

Díograis agus dícheall na cléire is cúis le cothú litríocht na Gaeilge san aois sin, i bhfoirmeacha na dtéacsanna deabhóide, na seanmóirí agus na n-aitheasc. Ar ndóigh, bhí na bráithre á gcur féin i gcontúirt agus iad ag gabháil don obair sin faoin Phéindlí. Luann Cronin (1996: 80–1) cás Thaidhg Uí Chonaill, a raibh an téacs deabhóide Fraincise *La Trompette du Ciel* tiontaithe go Gaeilge aige sa lámhscríbhinn *Trompa na bhFlaitheas* faoi 1755. Ba den riachtanas bealach an aistriúcháin a úsáid le litríocht deabhóide a sholáthar do Chaitlicigh san ochtú céad déag. Is sa tréimhse seo a forbraíodh próslitríocht ar nós *Párliaiment na mBan*, scéal *Stair Éamoinn Uí Chléirigh* a bhfuil greann ag baint leis agus a díoladh faoina luach dar le Williams & Ní Mhuiríosa (1979: 279). Is é Seán Ó Neachtain, agus é lonnaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath, a chum an saothar sin. Chomh maith leo sin, tá *Eachtra Thomáis Mhic Caiside* san áireamh anseo, cuntas neamhghnách dírbheathaisnéiseach le Tomás Ó Caiside, fear a bhain le Fear Manach le hoidhreacht ach a rugadh i Ros Comáin. Cuntas i bprós agus i bhfilíocht atá ann, ar a shaol ar tugadh faoi i mainistir ach ar theip glan air, ar a fhánaíocht ó am go ham agus ar a shlí bheatha mar shaighdiúir.

An naoú céad déag: ré Fhuascailt na gCaitliceach, an Ghorta thubaistigh agus iarmhairtí apacailipteacha don Ghaeilge

Caithfear machnamh a dhéanamh ar fhortúin theanga agus litríocht na Gaeilge sa naoú céad déag, suas a fhad le 1870 (Doyle, 2015), agus le tús thréimhse na hAthbheochana, i gcomhthéacs eachtraí amhail an t-aistriú cultúir agus teanga a tharla, an rath polaitiúil a bhí ar Dhónall Ó Conaill, bunú chóras na Scoileanna Náisiúnta in 1831 agus iarmhairtí apacailipteacha an Ghorta Mhóir idir 1845 agus 1847 (Cronin, 1996: 106). Léiríonn Ó Murchú (1985: 26) go raibh daonra na hÉireann ag méadú leis ó dheireadh an ochtú céad déag agus go dtiocfadh dó go raibh timpeall ceithre mhiliún cainteoir Gaeilge in Éirinn faoi 1835. Fuair milliún de na boicht bás, cainteoirí Gaeilge a mbunús, agus d'imigh dhá mhiliún acu as an tír ar fad. Ní raibh dóigh ar bith a raibh na cúinsí anróiteacha geilleagair, polaitíochta agus sóisialta ag dul a chothú litríochta sa Ghaeilge, teanga bhunús mór na ndaoine sin a d'fhulaing go mór, a d'imigh nó a d'éag. Teanga a bhí sa Ghaeilge a raibh beagán daoine inniúil ar í a léamh ná a scríobh, agus a bhí á séanadh agus á tréigean ag líon mór daoine ar luas lasrach mar gur mheas siad gurbh í ba chiontaí, ar dhóigh, leis an fhíor-dhrochbhail anacrach a bhí orthu. Mar sin féin, foilsíodh aistriúcháin shuntasacha san am seo. Le linn ré Dhónaill Uí Chonaill agus san am ar baineadh amach Fuascailt na gCaitliceach (1829), i ndiaidh dó an rath a fheiceáil a bhí ar Macpherson agus ar a véarsaí 'bréag-aistrithe' faoi *Ossian*, mar a thug Macpherson air, d'fhoilsigh James Hardiman *Irish Minstrelsy*, lena chinntiú nach ndéanfaí dearmad go deo ar shaothar fhilí na hÉireann (Cronin, 1996: 103). Foilsíodh aistriúchán Gaeilge Daniel O'Sullivan den téacs *Imitation of Christ*, faoin ainm *Searcleanamhain Chríosa*, i mBaile Átha Cliath, sa bhliain 1822. Sa bhliain 1833, d'fhoilsigh *Cuideachta Gaedhilge Uladh* (The Ulster Gaelic Society) leaganacha aistrithe de *Forgive and Forget* agus de *Rosanna*, saothar de chuid Maria Edgeworth. San aois sin, mar sin féin, mar gheall ar an tsuim a bhíodhas a chur i dteanga ársa na nGael agus ina litríocht, ó thaobh na seandálaíochta agus na hársachta de, aibhsíodh agus éilíodh aistriúcháin Bhéarla ar théacsanna Gaeilge agus cuireadh leithéidí *Annals of the Four Masters* (O'Donovan, 1851) agus *Poets and Poetry of Munster* (O'Daly, 1849 & 1860) ar fáil. Chaith scríobhaithe dúthrachtacha, dícheallacha mar Phól Ó Longáin achar suntasach ama ag gabháil don chineál seo aistriúcháin, obair a raibh rath uirthi ó thaobh airgid de, rud nach mbeadh amhlaidh dá mbeadh na scríobhaithe céanna ag saothrú na Gaeilge mar sprioctheanga san am (Cronin, 1996: 123).

Athmhúsclaíodh spéis mhuintir na hÉireann i dteanga a muintire, lasadh an bród arís a bhí orthu aisti, agus tháinig fonn láidir chun a hathshealbhaithe orthu (de Brún, 2019), le linn ré athbheochana na Gaeilge. Tharla sé seo mar gheall ar ghríosú Chonradh na Gaeilge a bunaíodh in 1893, a raibh mianach iontu ar bhonn náisiúnta faoi cheannasaíocht uchtúil agus threoir shiosmaideach daoine amhail Dubhghlas de hÍde, Seosamh Laoide agus Eoin Mac Néill (Williams & Ní Mhuiríosa, 1979: 345-50). Mhaígh an tOllamh Kevin Whelan ó Ollscoil Notre Dame, agus é ag caint ar chlár teilifíse de chuid RTÉ, a craoladh ar an 12 Márta

2022, gurbh é a bhí in Athbheochan na Gaeilge freagra fíor, cultúrtha mhuintir na hÉireann ar an dochar síceolaíoch a rinne an Gorta Mór agus an t-aistriú teanga ionann is iomlán a tharla agus nár thit amach áit ar bith eile i gcomhthéacs na hEorpa.

An Gúm: an scéim

Chuidigh an t-aistriúchán le hábhair léitheoireachta a sholáthar sa chéad cheathrú den 20ú haois, chun freagairt na ndaoine a chomhlíonadh maidir le hiarrachtaí leis an Ghaeilge a athbheochan (de Brún, 2019: 55–6). Rinne Peadar Ó Laoghaire, duine de na chéad úrscéalaithe Gaeilge, rinne sé leagan de *Don Cíochótae idir 1913 agus 1922*, leagan Gaeilge den bhun-úrscéal Spáinnise *El Ingenioso Hidalgo don Don Quixote de la Mancha*. Is féidir breathnú ar Ó Laoghaire, ar an ábhar gur fhoilsigh sé *Eisirt* in 1909 agus 1913, mar réamhtheachtair ar Sheosamh Mac Grianna, ar Mháirtín Ó Cadhain agus ar Sheán Mac Maoláin, a thiontaigh saothair litríochta i dteangacha éagsúla go Gaeilge. Rinne siad an obair sin mar chuid den scéim aistriúcháin a cuireadh ar bun taobh istigh de Rannóg Foilseachán na Roinne Oideachais, leis an dúshraith a bhí faoi litríocht na Gaeilge a dhaingniú. Is faoi chúram Earnáin de Blaghad a feidhmíodh an scéim, ar tugadh ‘An Gúm’ uirthi (Ó Tuathaigh, 2020). Bhí an scéim i dtuilleamaí barraíocht ar an Bhéarla mar theanga fhoinseach. Bhí sin amhlaidh, is léir, ar an ábhar gurbh é ab fhearr leis na haistritheoirí Gaeilge a bhí leis na saothair a bhí siad ag dul a aistriú, a roghnú. Ina dhiaidh sin is uile, cuireadh roinnt aistriúchán ar fáil ó theangacha eile seachas Béarla. Tugann Cronin (1996: 157) le fios go raibh naoi n-úrscéal is nócha le fáil i nGaeilge a tiontaíodh ó theangacha eile faoi 1937, obair a rinne aistritheoirí a bhí ag obair sa Ghúm. Mar sin féin, rinne Roibeárd Ó Faireacháin fiosrú ar na staitisticí sin agus ar na teangacha foinseacha. Cé gur scríobh sé gur thuig sé na cúiseanna a bhí le lámh an uachtair a bheith faighte ag an ábhar aistrithe ar an bhunscríbhneoireacht, mhaígh sé nach bhféadfaí a chosaint gurbh ann do cheithre oiread leabhar a tiontaíodh ó Bhéarla agus a bhí san iomlán a aistríodh ó theangacha eile (Ó Faireacháin, 1937: 175–6, luaite in Cronin, 1996: 157).

Ar na scríbhneoirí nár aontaigh gur cheart go mbeadh an lá ag an aistriúchán ar an scríobh cruthaitheach, bhí Seosamh Mac Grianna agus Máirtín Ó Cadhain. Scríobh Mac Grianna (1970 [1940]: 9) go raibh fuath aige ar an Ghúm agus gur mhian leis é ‘a loit agus a scrios’. Scríobh Ó Cadhain gur gheall an Gúm le carraig chloiche nach bhféadfaí a bhogadh, íomhá óna bhfuair Uí Laighléis (2017) teideal a leabhair *Gallán an Ghúim*. Ghlac Mac Grianna agus an Cadhnach páirt sa scéim, rud atá íorónta go leor. D’aistrigh Mac Grianna tuairim’s ar mhíllíún go leith focal ó Bhéarla (Mac Corraidh, 2004). Ainneoin chur in aghaidh dúthrachtach scríbhneoirí sa scéim, mhair sí agus coinníodh ag soláthar aistriúcháin liteartha faoina cúram go dtí an lá atá ann inniu féin.

Le gairid

Rinneadh dul chun cinn mór i bhforbairt na Gaeilge san aistriúchán agus an Ghaeilge ag feidhmiú mar sprioctheanga agus mar theanga fhoinseach. Is teanga í an Ghaeilge atá anois comhtháite go hiomlán mar theanga de chuid an Aontais Eorpaigh agus éileamh ar aistritheoirí in ionaid riaracháin san Eoraip amhail an Bhruiséil agus Lucsamburg. Tá an teach foilsitheoireachta Cló Iar-Chonnacht, ag déanamh a ndícheall a chinntiú go gcuirtear leaganacha in oiread teangacha agus is féidir den úrscéal mór Gaeilge, *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain i gcló. Is le déanaí a aistríodh agus a foilsíodh leagan Béarla den leabhar, rud atá fíor b'fhéidir ar an ábhar gur séanadh a bheadh ann ar dhílseacht an údair dá theanga dhúchais, teanga a mheas sé a d'fhéadfadh imeacht de dhroim an domhain agus as béal na ndaoine sula n-éagfadh sé féin. Millte amach is amach atá lucht léitheoireachta an Bhéarla nó tá dhá leagan aistrithe de *Cré na Cille* ar fáil anois mar atá *The Dirty Dust* (Titley, 2015) agus *Graveyard Clay* (Mac Con Iomaire & Robinson, 2016). Trí bliana ó shin, agus an teideal *This Road of Mine* (Ó hAodha, 2020) air, chuir Micheál Ó hAodha leagan Béarla ar fáil de *Mo Bhealach Féin* le Seosamh Mac Grianna, ceann de na cuntais dhírbheathaisnéiseacha Ghaeilge is fearr ón fhichiú céad ar geall le *manifesto* polaitiúil é. Ar an drochuair bhí moill cheithre scór bliain ar sholáthar an aistriúchán ón uair a foilsíodh an leabhar Gaeilge an chéad lá riamh in 1940.

Léiríonn na trí aistriúchán liteartha seo ó Ghaeilge go Béarla, a rinneadh ar na mallaibh, an tábhacht atá le haistriúcháin i réimse de theangacha foinseacha ón Ghaeilge. Táthar ag soláthar aistriúcháin Ghaeilge fós ar ardchaighdeán agus a bhfuil aird orthu, de théacsanna liteartha Béarla na laethanta seo chomh maith (Ó Monacháin, 2020; Ó Scolaí, 2013). Tá tábhacht ábhalmhór ag baint le haistriúchán, ó Ghaeilge agus go Gaeilge, agus leis na haistriúcháin inmheánacha a d'fhoilsigh *Leabhar Breac* le fiche bliain anuas amhail *Mé Suibhne* (2021) agus *An Tromdhámh* (2019) le Feargal Ó Béarra, *Conaire Mór* (2017), *Tuatha Dé Danann* (2018) agus *Éadaoin* (2020) le Diarmuid Johnson agus *An Cléireach* (2007), *An Ceithearnach Caolriabhach* (2002) agus *Feis Tigh Chonáin* (2000) le Darach Ó Scolaí, foilsitheoir agus scríbhneoir. Fairsingíonn siad uile go léir feasacht ar litríocht na Gaeilge, ar a traschur agus a léirmhíniú mar theanga fhoinseach agus mar sprioctheanga, mar a bhí sa stair fhada ó aimsir na sean-Ghaeilge anall, agus mar atá léirithe san aiste seo.

Leabharliosta

- Breatnach, R. A. (1961) 'The end of a Tradition: A Survey of Eighteenth-Century Gaelic Literature.' *Studia Hibernica*, 1. Liverpool: Liverpool University Press. 128–50.
- Byrne, A. (2019) *Translating Europe: Imported Narratives and Irish Readers at the End of the Middle Ages*. Maynooth: School of Celtic Studies.
- Cronin, M. (1996) *Translating Ireland*. Cork: Cork University Press.
- de Brún, F. (2002) *Seosamh Mac Grianna: An Mhéin Rúin*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- de Brún, F. (2019) *Revivalism and Modern Irish Literature*. Cork: Cork University Press.
- Dillon, C. (2005) 'An Bheatha Chrábhaidh: A Popular Translation.' *Aspects of the Irish Book from the 17th Century to the Present Day*. LISA e-journal, Vol. III, 1, 2–10.
- Doyle, A. (2015) *A History of the Irish Language*. Oxford: Oxford University Press.
- Flower, R. (1947) *The Irish Tradition*. Oxford: Clarendon Press.
- Flower, R. (1994) [1931] *Poems and Translations*. Dublin: The Lilliput Press.
- Mac Con Iomaire, L. & Robinson, T. (2016) (aistritheoirí) *Graveyard Clay*, a translation of *Cré na Cille* by Máirtín Ó Cadhain (1949). New Haven & London: Yale University Press.
- Mac Corraidh, S. (2004) *Seosamh Mac Grianna: Aistritheoir*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Mac Gearailt, U. (2000–1) 'Togail Troí: an example of translating and editing in Medieval Ireland.' *Studia Hibernica*. 71–85.
- Mac Grianna, S. 1970 [1940] *Mo Bhealach Féin*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- McKone, K. (1994) 'An tSean-Ghaeilge agus a Réamhstair.' McKone *et al.* (eag.) 61–220.

- McCone, K. *et al.* (eag.) (1994) *Stair na Gaeilge: in ómós do Phádraig Ó Fiannachta*. Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- Ní Shéaghda, N. (1984) 'Translations and Adaptations into Irish.' *Celtica*. Vol. 16. 107–28.
- Ó Cadhain, M. (2003) [1969] *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- O'Connor, R. (2014) 'Irish narrative literature and the Classical Tradition, 900-1300.' O'Connor (ed.) *Classical Literature and Learning in Medieval Irish Narrative*. 1–22.
- O'Curry, E. (1995) [1861] *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History*. Blackrock, County Dublin: Four Courts Press.
- Ó Faireacháin, R. (1937) 'Regarding an Gúm.' *Bonaventura*. Summer. 175–6.
- Ó hAodha, M. (2020) *This Road of Mine*. Dublin: The Lilliputt Press. A translation to English of *Mo Bhealach Féin* by Seosamh Mac Grianna (1940).
- Ó Monacháin, C. (2020) *Ar Luch agus ar Dhuine*. Indreabhán: An Leabhar Breac. A translation to Irish of *Of Mice and Men* by John Steinback (1937).
- Ó Muirthe, D. (1980) *An tAmhrán Macarónach*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Murchú, M. (1985) *The Irish Language: Aspects of Ireland, Gnéithe dár nDúchas*. Dublin: Government of Ireland.
- O'Rahilly, C. (1949) *Eachtra Uilliam*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- O'Rahilly, C. (1955) *Trompa na bhFlaitheas*. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- O'Rahilly, T. (1941) *Desiderius, otherwise called Sgáthán an Chrábhaidh, by Flaithrí Ó Maolchonaire, Florence Conry*. Mediaeval and Modern Irish Series 12. Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó Scolaí, D. (2013) *Oileán an Órchiste*. A translation to Irish of *Treasure Island* by Robert Louis Stevenson (1883). Indreabhán: An Leabhar Breac.

- Ó Tuathaigh, G. (2020) 'An Gúm: Comhthéacs a Bhunaithe.' Coilféir, M. (eag.) *An Scéim: An Gúm 1926–2016*, Baile Átha Cliath: An Gúm. 1–18.
- Titley, A. (2015) (aistritheoir): *The Dirty Dust*, a translation of *Cré na Cille* by Máirtín Ó Cadhain (1949). New Haven & London: Yale University Press.
- Uí Laighléis, G. (2017) *Gallán an Ghúim: Caidreamh an Stáit le Scríbhneoirí na Gaeilge: Máirtín Ó Cadhain, Seosamh Mac Grianna agus Seán Tóibín*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Whelan, K. (2022) Agallamh le Tommy Tiernan ar *The Tommy Tiernan Show*, RTÉ. Ar fáil ag <https://www.youtube.com/watch?v=YyLQJ3F5ues>.
- Williams, J.E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M. (1979) *Traidisiún Liteartha na nGael*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.



Rannóg na bhFochéimithe

Aoibhneas

Aistriúchán ar an ngearrscéal 'Le bonheur' le Guy de Maupassant

Mia Mac Donnchadha a d'aistrigh

<https://doi.org/10.13025/5e27-4b82>

Am suipéir bhí ann, an tráth sin den tráthnóna nuair atá dorchadas ag titim, díreach sula dtugtar isteach na lampaí. Bhreathnaigh an teach mór amach ar na maidhmeanna agus cheapfá gur i gceannas ar an bhfarriage a bhí sé. Bhí an ghrian théis dul fúithi agus d'fhág sí an spéir ina pluid bhándearg, breac le spotaí órga, ina diaidh. Bhí an Mheánmhuir fós ag lonrú faoi sholas lag an lae, gan loit gan locht, ar nós leathán snasta miotail.

Sheas beanna fiaclacha na sléibhte amach i bhfad uathu in aghaidh na spéire chorra thiar. Is faoin ngrá a labhair siad. Dúradh na rudaí ceannann céanna a dúradh go minic roimhe seo agus iad ag déanamh plé ar an sean-ábhar, agus le titim na hoíche tháinig dúlionn bog a chruthaigh cion i gcroí na ndaoine. Chualathas an focal 'grá' ní fios cé mhéad uair sa seomra sin, i nguth láidir fir nó go séimh ó dhuine de na mná. Shílfeá gur líonadh an seomra leis an bhfocal seo, gur ag eitilt ar nós éin a bhí sé, nó ag faoileáil ar nós taibhse.

'An féidir le duine bheith i ngrá ar feadh na blianta i ndiaidh a chéile?'

'Is féidir,' a dheimhnigh roinnt acu; 'ní féidir,' a dúirt roinnt eile.

Pléadh an cás, leagadh amach teorainn agus tugadh samplaí, agus mhúscaíl an comhrá seo seansmaointe in anam chuile dhuine sa seomra. Níorbh fhéidir leo a gcuid scéalta féin a lua a thuilleadh ach labhair siad faoin ábhar seo le spéis dhíograiseach agus mothú domhain. D'aontaigh siad d'aon ghuth gur ábhar seanchaite ach uilechumhachtach, mar sin féin, a bhí sa gcomhaontú lách seo nach bhfuil tuiscint cheart againn air fós.

D'éirigh duine den ghrúpa dhá shuíochán de léim agus shac sé méar i dtreo bhun na spéire. 'Céard é sin i bhfad uainn?' arsa sé agus a dhá shúil ar leathadh. Is ar éigin a bhí meal dorcha le feiceáil ag gobadh aníos as an bhfarraige agus d'éirigh na mná chun súil a chaitheamh ar an gcruith ait seo. Ní fhaca siad a leithéid riamh. 'Sí an Chorsaic atá ann,' a dúirt duine acu, 'ní bíonn amharc uirthi ach faoi dhó nó trí huair sa mbliain, ag brath ar an atmaisféar. Caithfidh an spéir a bheith thar a bheith glan, nuair nach bhfuil ceo na farraige á ceilt.'

Ba léir dhóibh na cnoc agus an brat sneachta a chlúdaigh iad agus sheas siad ag breathnú, faoi gheasa agus faoi uamhan, ar an oileán coimhthíoch seo. Seans go bhfaca taiscéalaithe an domhain, dá leithéidí Columbus, na radharcanna aisteacha céanna nuair a leag siad súil ar thalamh bán.

Chualathas guth séimh seanfhir, nach raibh théis tada a rá go dtí sin, 'nois, bhí aithne a' msa tráth ar bheirt a bhí sona sásta, a dhearbhaíonn gur féidir go deimhin, a bheith i ngrá ar feadh na mblianta fada. Creidim go bhfuil an t-oileán seo théis é héin a nochtadh chun an scéailín grá seo a insint dúinn, ach déanfaidh mé héin iarracht an scéal a aithris.

'Thug mé cuairt ar an oileán fiáin seo chúig mbliana ó shin agus is cuimhin liom an áit go maith. Tá an Chorsaic níos rúnda agus níos faide uainn ná Meiriceá, fiú go mbíonn amharc a'inn uirthi anois is aríst ó chósta na Fraince, mar atá a'inn inniu.

Samhlaigh é seo anois; domhan atá fós ina chíor thuathail. Sléibhte agus claiseanna beaga cúnga á scoilteadh agus caisí ag ritheacht tríothu. Gan ann ach leaca eibhir agus dúichí coillteacha ar feadh fhad do radhairc uait, gan machaire féin le feiceáil. Tír lom ghortach atá inti, gan tada galánta fuithi. Tagann an taiscéalaí ar bhailte beaga ó h-am go chéile, agus iad suite mar a bheadh clocha caite ina gcnap ar bharr sléibhe.

Níl aon chultúr, ná aon tionscail ná aon ealaín fiú san áit seo. Ní fheicfidh tú géag crainn snoite ná dealbh cloiche ná tada a thabharfadh le fios go raibh spéis dá laghad ag muintir na háite i maisiúchán ná in áilleacht. Ach nach iontach agus aisteach é sin faoi ghrúpa daoine? Nach gcaitheann siad a saol sa tóir ar rud eicint mealltach nó a spreagas mothú iontu. Is fásach cultúir atá ann, ach chuirfeadh sé alltacht ar dhuine nach fiú deich truif an ealaín dóibh.

Cuimhnigh ar an Iodáil, áit a bhfuil fáil ar an oiread sárshaothair gur sárshaothar ann héin í! Áit a bhfeictear cruthúnas in chuile dhromchla; marmar, adhmaid, cré-umha, iarann, miotal nó cloch, ar éirim an chine daona. Ní haon iontas é go léiríonn chuile ghiurléid agus daighsín sna seantithe go bhfuil díocas na háilleachta go smior ionainn. Adhrann muid an Iodáil mar gurb í láthair bheannaithe na háilleachta í, agus go gcruthaíonn sí neart agus bua ár gcuid cruthaitheachta.

Agus ar an taobh eile den scéal tá an Chorsaic, chomh fiáin agus a bhí sí riamh. Nach aoibheann Dia dhóibh é, suite ina gcuid tithe beaga bunúsacha gan tada ag cur isteach orthu ach achrann teaghlaigh. Is ansin atá fianaise na lochtanna a bhíonn ar chine nach bhfuil ach leath-mhúineadh air, atá fós le feiceáil in anam na ndaoine seo. Tá siad taghdach, mailíseach

agus cruálach gan cuimhniú air. Mar sin féin is dream flaithiúl, dílis, soineanta iad, a chuirfeadh fáilte roimh strainséara agus a thaispeánfadh cairdeas do chách mar chúiteamh ar oiread na fríde den chineáltas.

Mí a chaith mé ag fánáil thimpeall an oileáin iontaigh seo, agus d'airigh mé gur ar dhomhan iasachta a bhí mé. Níl teach ósta ná tábhairne ann, gan bóthar fiú le dul chomh fada leo dá mbeadh siad le fáil! Cosáin miúileanna a thugann chomh fada leis na bailte beaga thú, a sílfeá fúthu gur fáiscithe de thaobh na sléibhte atá siad. As seo, tá amharc ag duine ar na duibheagáin atá ag lúbadh agus ag casadh ag bun na gcnoc, agus chuile oíche cloistear guth duairc na gcuisí go maidin.

Téann tú ó dhoras go doras ag cuartú dídine na hoíche agus greim le n-ithe. Suíonn tú ag bord le muintir an tí agus codlaíonn tú faoi dhíon beag simplí, go dtugann fear an tí chomh fada le ciumhais an bhaile thú an mhaidin dár gcionn. Croitheann sé lámh leat agus guítear gach rath ort.

'Bhuel, tráthnóna amháin agus deich n-uair an chloig caite a'm ag trampsáil, tháinig mé chomh fada le teachín beag uaigneach suite in íochtar gleanna a bhreathnaigh amach ar an bhfarraige i gcéin. Sháinigh dhá fhána ghéara an tsléibhe, brataithe le crainnte agus scrobarnach, gach a raibh sa ngleann brónach seo ar nós ballaí caisleáin.

Bhí gairdín le feiceáil ar thaobh amháin an tí, agus fíniúnacha curtha ar an taobh eile. Chonaic mé go raibh crainnte cnó capaill ag fás freisin, rud eicint lena gcoinneáil ag imeacht ar aon nós, agus barr arb fhiú pingin mhaith san áit bocht seo iad.

Ba seanbhean a chuir fáilte romham ag an doras, a raibh cuma dhian uirthi agus a bhí chomh glan leis an gcristal. D'éirigh fear an tí dá chaothaoir luachra chun mé a bheannú agus shuigh sé arís gan tada a rá.

Labhair a pháirtí liom agus dúirt:

'Á, tá súil agam go maithfidh tú dhó é, tá sé bodhar anois. Ochtó's a dó atá sé.'

Labhair sí mar a bheadh Francach ceart, rud a chuir iontas orm.

'Ní as an gCorsaic sibh?', a d'fhiafraigh mé di.

'Ní hea', arsa í, 'is as an Mór-Roinn muid, ach tá muid théis leithchéad bliain a chaitheamh anseo.'

Bhuail faitíos agus buairt mé agus mé ag cuimhniú ar na blianta fada sin caite acu sa bpoll dorcha seo, chomh scoite amach ó chách. Tháinig seanaoire isteach agus shuigh sé ag bord linn chun béile an tráthnóna a ithe; anraith tiubh fataí, bagún agus cabáiste.

Nuair a bhí an suipéar críochnaithe againn, shuigh mé taobh amuigh agus d'airigh mé meáchan uafásach mo chroí i mo chliabhrach agus mé ag breathnú amach ar an tírdhreach gruama. Thuig mé cruatan an taistealaí, a bheith cúrtha cráite nuair atá an spéir dorcha agus an áit thimpeall ort lom. Is ag an bpointe sin díreach a cheapann duine go bhfuil deireadh ag teacht le chuile shórt - leat féin, agus a bhfuil thimpeall ort. Nochaítear an fhírinne dúinn,

agus tuigean muid trioblóidí uafásacha an tsaoil; an greim atá ag an uaigneas orainn ar fad, agus aonarachas na gcroí a mheallann agus a chuireann cluain orthu féin lena gcuid aislingí gur imithe ar shlí na fírinne atá siad.

Tháing an tseanbhean amach chun suí i mo theannta agus labhair sí leis an gcineál fiosracha a mhaireann fiú san anam is fulangaí. ‘An as an bhFrainc thú?’

‘Sea, is ar saoire atá mé anseo.’

‘As Páras thú ab ea?’

‘Ní hea, as Nancy.’

Shíl mé go raibh sé seo théis stangadh a bhaint aisti, cé nach bhfuil mé cinnte cén chaoi ar airigh mé é seo.

‘Is as Nancy thú?’, a dúirt sí arís go mall.

Tháinig an fear chuig an dorais agus é ar nós cuma liom, mar a bhíos na bodhair go léir.

‘Cén t-ainm atá ort?’

D’fhreagair mé í agus bhreathnaigh sí go géar orm. Labhair sí go ciúin ansin, ar nós go raibh sí théis dul siar ar bhóithrín na smaointe.

‘Á sea, is cuimhin liom go maith é. Agus muintir Brismare, céard a tharla dhóibh siúd?’

‘Chuile dhuine acu cailte.’

‘Ó, a Thiarna! Agus muintir Sirmont, an bhfuil aithne a’t orthu?’

‘Tá, is ginearál é an duine deireanach acu.’

Tháinig tocht uirthi go tobann, agus chonaic mé go raibh sí ciaptha le mothúchán láidir, diaga eicint. Bhuail fonn admhála í, í héin a nochtadh agus labhairt faoi chuile rud a bhí á tachtadh, chuile rud agus chuile dhuine a bhí sí théis a chur faoi ghlas ina croí go dtí an uair chinniúnach seo.

‘Sea, Henri de Sirmont. Tá a fhios agam go maith cé hé héin. ‘Sé mo dheartháir é.’

Baineadh siar asam agus stán mé uirthi agus mo dhá shúil ar leathadh. Bhuail cuimhne cinn go tobann ansin mé, rud eicint a raibh leath-dhearmad déanta a’m air. Bhí scannal mór i Lorraine fadó i measc na huasaicme nuair a d’éalaigh Suzanne de Sirmont, bean álainn ghustalach le hoifigeach neamhchoimisiúnaithe de reisimint husáir a bhí faoi smacht a hathar.

Buachaill dathúil a bhí ann, de shliocht íseal, ach bhí cuma shlachtmhar air ina fheistean míleata gorm, an feairín seo a chuir cluain ar iníon an choirnéil. Is cinnte go raibh sí héis é a fheiceáil, é a thabhairt faoi deara agus titim i ngrá leis agus é ag máirseáil thar bráid lena scuadrún. Ach ní fios go fóill cén chaoi a raibh sí in ann labhairt leis, cén chaoi ar chas siad lena chéile, cén chaoi ar thuig siad a chéile, agus cén chaoi a raibh sé de mhisneach aici a thaispeáint go raibh grá aici dhó. Is mistéir nár réitíodh riamh é!

Ní raibh súil leis a méid a tharla ar chor ar bith. Tráthnóna amháin, chomh luath agus a scaoileadh óna dhualgais saighdiúireachta é, d’imigh an bheirt gan tuairisc. Ní fhacthas go brách arís iad agus glacadh leis gur cailte a bhí sí. Go dtí an nóiméad cinniúnach sin nuair a thuig mé go raibh mé suite ag breathnú uirthi sa ngleann gruama seo.

‘Sé a dúirt mé ansin. Is cuimhin liom go maith é. Is tusa Mademoiselle Suzanne.’

Chlaon sí a cloigeann agus tháinig frasa deor léi. Bhreathnaigh sí i dtreo an tseanfhir a bhí ina sheasamh ina staic ar leac an dorais agus dúirt:

‘Eiseann atá ann.’

Thuig mé ansin go raibh sí i ngrá leis i gcónaí agus gur bhreathnaigh sí air leis na súile céanna mealltacha a chonaic an chéad lá riamh é.

‘An raibh tú sásta ar a laghad?’ a d’fhiafraigh mé di, agus d’fhreagair sí óna croí amach mé.

‘Ó cinnte, iontach sásta. Cuireann sé gliondar ar mo chroí. Ní raibh aiféala orm faoi thada riamh.’

Scrúdaigh mé í, buartha, faoi iontas agus faoi alltacht ag cumhacht an ghrá. Bhí an bhean shuibhir seo théis an fear, an tuatach seo, a leanacht go dílis. Ghlac sí le saol an tuathánaigh agus chas sí droim le huaisleacht agus le só, le fineáltacht agus le míne agus chuaigh sí i gcleachtadh lena chuid nósanna simplí. Agus bhí sí chomh mór sin i ngrá leis agus a bhí riamh. Tútachán a bhí inti héin anois, agus í gleasta ina caipín simplí agus a sciorta bréidín. Shuíodh sí ag boirdín adhmaid ina cathaoir súgáin ag ithe strúisín fata, bagúin agus cabáiste as babhla cré. Chodlaíodh sí in aice leis ar thocht tuí.

Ní raibh sí théis cuimhniú ar thada riamh ach é. Níor airigh sí uaithi na héadaí galánta, ná an ghrástúlacht, ná boige na suíochán, ná boladh cumhra na seomraí teolaí lena gcuid ballaí maisithe le taipéisí, ná na pluideanna áilne len í féin a chlutharú. Níor theastaigh tada uatha riamh ach é. Agus eisean lena taobh, níor shantaigh sí tada ar domhan.

Nach óg a bhí sí nuair a d’fhág sí a saol agus chuile dhuine a thóg í agus a thug gean di, d’fhág sí ina diaidh iad. Tháinig sí aisti héin, cé is moite dhó-san, chuig an ngleann fiáin seo. Ba é tús agus deireadh a saoil a bhí é. Thug sé chuile shórt di; chuile rud a raibh dúil aici ann, chuile rud a raibh sí ag tnúth leis, chuile rud a theastaigh uaithi, thug sé di iad gan focal gearáin. Ó thús go deireadh, bhí sé théis a saol a líonadh le sonas. Ní fhéadfadh sí a bheith níos sona.

Chaith mé an oíche sin ag éisteacht le hanálú slóchtach an tseansaighdiúra, a bhí sínte ó chluas go driobal ar an tsráideog in aice leis an mbean a bhí théis é a leanacht céad míle ó bhaile. Agus mé i mo luí, rinne mé macnamh ar an eachtra seo, a bhí idir iontach agus simplí, gliondar croí thríd is thríd, agus a laghad a theastaigh chun é a chruthú.

D’imigh mé le héirí na gréine, théis lámh a chroitheadh leis an tseanlanúin.

Thit an scéaláí dá thost. Dúirt bean amháin, ‘Mar sin féin, bhí a haisling ró-shimplí, lena cuid mianta bunúsacha agus a cuid riachtanas leamh. Ní raibh inti ach óinseach.’ Labhair duine eicint eile go ciúin, ‘Nach cuma. Bhí sí sásta.’

Bhrataigh an dorchadas a bhí ag titim an t-amharc a bhí acu ar an gCorsaic ag bun na spéire. Thit sí go mall faoi na maidhmeanna, a scéal insithe aici faoin mbeirt leannán umhla a dtug sí tearmainn dhóibh.



Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha mar Ghníomh de chuid Bheartas Teanga Chumann Lúthchleas Gael (CLG)

Ciarán Mac Uidhir

<https://doi.org/10.13025/e9a1-2109>

Réamhrá

Dírítear san alt seo ar thionscnamh Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (FSMD), tionscnamh atá á chur i bhfeidhm ag Cumann Lúthchleas Gael (CLG) i gcomhpháirtíocht le Glór na nGael chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gclubanna CLG. Is eagraíocht náisiúnta é CLG a bhfuil clubanna dá chuid lonnaithe i nach mór gach paróiste sa tír (Ó Conchubhair, 2009) agus a bhfuil na mílte oibrí deonach ag obair léi go síoraí seasta lena haidhmeanna a chur i gcrích. Is ceanneagraíocht é Glór na nGael, faoi stiúir Fhoras na Gaeilge, a bhfuil sé mar phríomhchúram aici forbairt pobail agus eacnamaíochta a chothú. Chuir CLG an tionscnamh ‘Turas Teanga’ i ngníomh i gcomhpháirtíocht le Glór na nGael ó 2013 i leith, agus reáchtáladh ceardlanna teanga do chlubanna CLG mar chuid de. Aithníodh nach raibh leanúnachas ag baint leis an scéim sin, áfach, agus socraíodh in 2017 ar Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a chur ar bun (Nic Seoin, 2022). Is é cuspóir na fondúireachta seo na hiarrachtaí atá ar bun ag na clubanna ar son na teanga a fhorbairt ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte (Glór na nGael, 2019). Scéim chéimnithe atá in FSMD ina leagtar amach 70 sprioc a chuimsíonn (i) sealbhú na teanga, (ii) stádas na teanga agus (iii) úsáid na teanga ar mhaithe le húsáid na teanga a bhainistiú sna clubanna. Bronntar bonn cré-umha, bonn airgid nó bonn óir ar chlubanna de réir líon na spriocanna a bhaintear amach i gcaitheamh na bliana. Dar le lámhleabhar na Fondúireachta, bronntar bonn cré-umha ar chlubanna a bhainneann 25% den liosta spriocanna amach, bonn airgid i gcás 50% agus bonn óir i gcás

80% de na gníomhaíochtaí a chomhlíonadh (Glór na nGael, 2022). Cuireann Glór na nGael deontais ar fáil do na clubanna atá páirteach sa scéim, anuas ar thacaíocht agus comhairle ó Oifigigh Fhorbartha atá lonnaithe timpeall na tíre.

Cuimsíonn an beartas teanga, dar le Spolsky (2004), (i) Creidimh agus (ii) Cleachtais teanga chomh maith leis an gcaoi a ndéantar (iii) Bainistíocht ar na creidimh agus ar na cleachtais sin. Tá sé mar aidhm ag spriocanna FSMD tionchar dearfach a imirt ar na trí réimse sin ag leibhéal na gclubanna atá páirteach sa tionscnamh. Ó thaobh an bheartais teanga ag leibhéal an phobail de, áitítear go bhfuil féidearthachtaí as cuimse ag eagraíocht fearacht CLG, a bhfuil fochumainn aige i ngach paróiste in Éirinn, chun tionchar dearfach a imirt ar fheiceálacht agus ar úsáid na teanga agus ar dhearthachtaí ina leith. Ina fhianaise sin, agus i bhfianaise áiteamh CLG gurb í an Ghaeilge ceann dá bhunchlocha cultúrtha, (CLG, 2018: 2, 4) is fiú a fhiosrú an bhfuil CLG i gcomhpháirtíocht le Glór na nGael ag teacht i dtír ar an deis agus ar an gcumhacht atá acu na féidearthachtaí sin a chur i gcrích. D'fhonn an cheist seo a chíoradh, cuireadh agallaimh leathstruchtúrtha cháilíochtúla ar Oifigeach Gaeilge CLG, Jamie Ó Tuama, agus ar bhainisteoir thogra FSMD i nGlór na nGael, Caitríona Nic Seoin, ar mhaithe le léargas a fháil ar bheartas oifigiúil teanga CLG agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le FSMD, dar leo.

San alt seo, féachfar ar chúlra cultúrtha CLG ón am a bunaíodh é le linn na hAthbheochana Cultúrtha ag deireadh an 19ú haois agus ar áit na teanga san eagraíocht chomhaimseartha. Úsáidfear lionsa anailíse an nuachainteora, chomh maith le coincheap an spáis ghaoil, san alt seo chun meabhair a bhaint as an méid a dúradh sna hagallaimh agus as gníomhaíochtaí FSMD le féachaint an dtagann an cleachtas iarbhír le beartas follasach CLG.

Cúlra Cultúrtha CLG

Maítear in *Straitéis Chumann Lúthchleas Gael don Ghaeilge* gurb é ‘CLG an eagraíocht is mó ball in Éirinn agus, dá bhrí sin, go bhfuil tarraingt nádúrtha agus sheanbhunaithe ag an gCumann i measc an mhórphobail’ (CLG, 2018). Mar sin féin, ní gnáthchumann spóirt é CLG, agus leagtar amach bunaidhm na heagraíochta in *An Treoir Oifigiúil* (T.O.) mar ‘an Fhéiniúlacht Náisiúnta a neartú in Éirinn ... trí Chluichí Gaelacha agus caithimh aimisire Gaelacha a chaomhnú agus a chur chun cinn’ (CLG, 2019: 7). Cé gurb iad na cluichí is mó a shamhlaítear leis an gcumann, ní nach ionadh, feictear gur eagraíocht chultúrtha, náisiúnach í ina bhfuil na cluichí féin ina croílár. Sainmhínítear misean CLG mar ‘*The GAA is a community based volunteer organisation promoting Gaelic Games, culture and lifelong participation*’ (CLG, 2021: 1). Luaitear in *Aidhmeanna Eile an Chumainn sa T.O.* (CLG, 2019) go dtacóidh ‘an Cumann go gníomhach leis an nGaeilge, [agus le] damhsa, ceol, amhránaíocht traidisiúnta na hÉireann’ (2019: 7) agus déantar tagairt don Ghaeilge mar ‘cheann de bhunchlocha’ an Chumainn faoi dhó i *Straitéis CLG don Ghaeilge* (2021: 2, 4).

Ba thréimhse chorraitheach é deireadh an 19ú haois ar fud na hEorpa, agus samhlaítear an náisiúnachas cultúrtha leis an thréimhse sin in Éirinn. Tugtar an Athbheochan Chultúrtha ar an thréimhse seo idir 1891 agus 1922 (Kiberd & Matthews, 2015). Maíonn Ó Conchubhair gur féidir an Athbheochan ‘a shuíomh i gcomhthéacs idirnáisiúnta Eorpach...’ agus ‘go léirítear í mar aisfhreagra na hÉireann ar an *fin de siecle* a bhí go mór faoi chomaoin ag gluaiseachtaí smaointe agus intleachtúla na hEorpa’ (2009: 9). Ag tagairt dó don cheangal idir teanga, cultúir agus náisiúnachas, áitíonn sé ‘Dá mb’fhíor go raibh saoldearcadh éagsúil á iompar ag gach teanga, níorbh fholáir teanga a bheith ag aon dream ar theastaigh uatha stádas an náisiúin neamhspleách a bhaint amach...’ (2009: 14). Ó thaobh an chultúir de, bhí feachtas ar bun, trí bhíthin na gcumann léinn, chun scéalta, litríocht agus iarsmaí den teanga a bhailiú agus a chaomhnú sula gcaillfí iad (Kilberd & Matthews, 2015); lena linn sin musclaíodh suim i gcultúr, teanga, amhránaíocht agus caitheamh aimsire ársa na tíre, in ainneoin an Ghaeilge a bheith ag meath ar luas mire mar theanga phobail sa 19ú haois (féach: Denvir, 1997).

Bunaíodh leithéidí *The Society for the Preservation of the Irish Language* (SPIL nó Cumann Buanchosanta na Gaeilge) sa bhliain 1876 agus Aontacht na Gaeilge (Gaelic Union) sa bhliain 1880, (Mac Aonghusa, 1993), eagraíochtaí a raibh duine de bhunaitheoirí CLG, Mícheál Cíosóg, gníomhach iontu ó 1882 i leith (Ó Conchubhair, 2009; Ó Caithnia, 1982). Spéisiúil go leor, ba í ‘athbheochan’ na teanga, murab ionann agus ‘caomhnú’, an aidhm a chuir an dá chumann seo rompu féin (Denvir, 1997). Níorbh leor le Cíosóg féin caomhnú na teanga, ach bhí sé tiomanta do chothú na Gaeilge mar theanga labhartha (Ó Caithnia, 1982). De réir Billings (2017), ba chúis ionsparáide í Aontacht na Gaedhilge do Mhícheál Cíosóg chun an *Gaelic Athletic Association for the Preservation and Cultivation of National Pastimes* a bhunú ag cruinniú in Óstan Uí Aodha i nDúrlas Éile ar an 1ú Samhain 1884 (Billings, 2017; Kiberd & Matthews, 2015):

Cusack acknowledged that it was the Irish language revival, specifically the publication of the Gaelic Journal in 1882 that inspired him to revive the native pastimes; he wished to do for Gaelic games what the Gaelic Union was doing for the Irish language. (Billings, 2017: 27).

Maíonn Billings (2017b) go raibh idéal Gaelach ag Cíosóg maidir leis an teanga a bheith ina dlúthchuid den CLG agus den saol náisiúnta. Ní léir, áfach, go raibh an chuid is mó de bhail CLG chomh dílis don teanga is a bhí Cíosóg féin, agus áitíonn Billings go ndearna ‘cuid mhór ball agus oifigeach de chuid CLG neamhaird de chúraimí cultúrtha an chumainn spóirt’ (2017b). I dtuairim Billings, bhain baill áirithe ‘úsáid as an nGaeilge ar mhaithe le siombalachas agus le dindiúirí náisiúnacha an CLG a chruthú’ (Billings, 2017c: 32). Cé gurbh í an Ghaeilge teanga oifigiúil na heagraíochta, ní raibh sí riamh ina teanga oibre ná chumarsáide ag na leibhéil ab airde i riaradh na gcluichí agus i ngnáthimeachtaí na heagraíochta (Billings, 2013). Mar sin féin, bhí clubanna ar leith ann a bhí tugtha go hiomlán don Ghaeilge a chothú,

mar shampla Keatings, O'Tooles agus Crokes i mBaile Átha Cliath (Nolan, 2005). Bhí an teanga agus an cultúir lárnaigh i bhfealsúnacht na heagraíochta ó bunaíodh í, agus sa chéad alt eile, féachfar ar chur chuige comhaimseartha CLG ina taobh.

Beartas Teanga Comhaimseartha CLG

Maíonn Ó Conchubhar i dtaobh CLG *'No language group rivals it in terms of membership, resources, infrastructure, contacts or capital'* (2009:147). Áitíonn Fishman (1991), mar aon le Mac Giolla Chríost (2005) gur mó go mór an tionchar atá ag eagraíochtaí pobalbhunaithe, leithéid CLG sa chás seo, ar chleachtais agus creidimh teanga an phobail ná mar atá ag idirghníomhaíocht ar an macra-leibhéal: *'...local voluntary efforts are often in a better position to achieve breakthroughs than are ponderous, costly, centrally controlled, nationwide efforts'* (1991: 142) agus *'...the diffuse geography of the Irish language suggests that local, community-based language planning activities would be more effective than a regional, macro approach to intervention in the field'* (2005: 203). Foilsíodh plan straitéiseach 2022–2026 CLG 'Aontas 2026: i dTreo CLG Amháin do Chách' go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla anuraidh (2022), agus i measc na spriocanna, tá 'Ceiliúradh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghníomhaíochtaí cultúrtha trí sheirbhísí leanúnacha tacaíochta agus oideachais a chur ar fáil do bhaill' (CLG, 2022). Feictear go bhfuil an toil, an bhallraíocht agus an córas riaracháin ag CLG chun tionchar nach beag a imirt ar chreidimh, ar cleachtais agus ar bhainistíocht teanga na mball ag an leibhéal logánta, ach an beartas atá leagtha amach in *An Treoir Oifigiúil* (CLG, 2019) a chur i bhfeidhm ar bhealach córasach, tomhaiste trí bhíthin an FSMMD.

Cérbh é Seosamh Mac Donncha?

B'iar-Uachtarán de chuid CLG (1997–2000) é Seosamh Mac Donncha (1953–2016) agus anuas air sin, b'iománaí idirchontae é a bhain craobh uile-Éireann amach le Gaillimh in 1980 agus a bhuaigh gradam *All-Star* sa bhliain 1976 (Ó Ciardha, 2022). Chomh maith leis sin, aithnítear go raibh sé 'mar phríomhfheidhmeannach agus mar chathaoirleach ar chuid de mhór-eagraíochtaí oideachais, cultúrtha agus cumarsáide na tíre' (Glór na nGael, 2019: 6). Bhí sé ina phríomhfheidhmeannach ar Fhoras na Gaeilge ó 2002 go 2006 agus ina chathaoirleach ar TG4 ó 2000 go 2004. De réir Uí Thuama (2022), Oifigeach Náisiúnta Gaeilge CLG, 'bhí Cumann Lúthchleas Gael agus an Ghaeilge fite fuaite ina shaol agus go smior ann' (2022:1). Mar sin is feiliúnach gur ainmníodh an Fhondúireacht ina onóir.

Gníomhaíocht Teanga CLG

Deir Ó Tuama (2022), gur reachtáladh comórtas idirchontae bliantúil – Comórtas Iomána an Oireachtais – ar feadh na mblianta fada, comórtas a mheallfadh sluaite móra agus bhronntaí brabús an chomórtais ar Oireachtas na Gaeilge. Cé nach bhfuil Comórtas Iomána an Oireachtais á reachtáil a thuilleadh, tugann CLG deontas bliantúil d'Oireachtas na Gaeilge

agus do Chonradh na Gaeilge. Anuas air sin, ó 1969 i leith, tá Comórtas Peile na Gaeltachta aitheanta mar cheann de chomórtais oifigiúla an Chumainn, agus cuireann siad maoiniú agus deontas flaitiúil ar fáil lena aghaidh bliain i ndiaidh bliana. Reáchtáiltear campaí samhraidh trí Ghaeilge agus cuirtear deontais ar fáil do bhaill óga an chumainn atá ag freastal ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht, cleachtas atá i bhfeidhm ó na 1920idí agus na 1930idí i leith. De réir Uí Thuama (2022), nach féidir freastal ar chluiche idirchontae in áit ar bith sa tír gan an Ghaeilge a fheiceáil agus a chloisteáil, agus go bhfuil an cumann ag cur le stádas agus le feiceálacht na teanga i measc na mball ag an leibhéal náisiúnta sa chaoi sin.

Cúrsaí Eagrúcháin

In 1978, beartaíodh ar Oifigigh Ghaeilge a cheapadh i ngach contae a mbeadh sé ‘mar chúram orthu an Ghaeilge a chur chun cinn agus deiseanna aitheantais don Ghaeilge a chur chun cinn’ (Ó Tuama, 2022), agus cuireadh oiliúnt orthu faoi conas úsáid na teanga a spreagadh san eagraíocht. Faoi réimeas Mhic Dhonncha, cuireadh grúpa le chéile chun Plean na Mílaoise a a cheapadh a raibh i measc a aidhmeanna ‘creatlach a mhíneodh agus a bhéarfadh Ardchomhairle Chumann Lúthchleas Gael leis an nGaeilge a chur chun cinn i gcomhar leis na heagrais eile’ (2022: 3). Is féidir a áiteamh go bhfuil an aidhm sin á cur i gcrích trí bhíthin na comhghuaillíochta idir CLG agus Glór na nGael agus iad ag obair le chéile chun tionscnamh FSMĐ a chur i bhfeidhm. Cruthaíodh ról an Oifigigh Náisiúnta Gaeilge i bPáirc an Chrócaigh in 2018, agus earcaíodh Jamie Ó Tuama sa ról sin. In agallamh a rinneadh le Caitríona Nic Seoin, atá ina bainisteoir náisiúnta ar an bhFondúireacht, nochtann sí an tuairim ‘nuair a cruthaíodh ról lánaimseartha d’Oifigeach Gaeilge ag leibhéal náisiúnta CLG, sílim gur céim mhór chun tosaigh a bhí ansin’ (Nic Seoin, 2022). Tá Coiste Náisiúnta na Gaeilge ag feidhmiú i bPáirc an Chrocaigh, agus tá Oifigeach na Gaeilge agus an Chultúir (OGC) mar bhall de gach Coiste Contae fud fad na tíre. De réir an bhunreachtá atá leagtha amach do chlubanna, is gá Oifigeach Gaeilge agus Cultúir a bheith ar an gCoiste Feidhmiúcháin i ngach club sa tír. Luann Caitríona Nic Seoin chomh maith go bhfuil Oifigeach lánaimseartha Gaeilge i gCúige Uladh agus go ‘láidríonn sé sin an nasc idir muidne [Glór na nGael] agus an struchtúr Cúige agus idirChontae’ (Nic Seoin, 2022). Ó tharla Oifigeach Gaeilge a bheith ag CLG go náisiúnta, chomh maith le hOifigeach Gaeilge agus Cultúir (OGC) ag leibhéal an chontae agus an chlub araon, tá treoir ag teacht ón mbarr anuas agus ón mbun aníos chomh maith céanna. Agus an ionadaíocht sin ann ag an dá leibhéal, fágann sé go bhféadfaí an beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm ar bhealach a fheileann do na meonta, cleachtais agus mianta áitiúla.

Is léir don Tuamach gurb iad na cluichí is tábhachtaí in CLG agus mar sin gurb í an phríomhthosaíocht atá ag CLG na cluichí féin a chur chun cinn. Feictear dó (Ó Tuama: 2022) ‘nach eagraíocht chur chun cinn na Gaeilge muid, ach caithimid freastal a dhéanamh ar ár gcuid ball a bhfuil Gaeilge acu, agus caithimid an tionchar atá againn a úsáid leis na cluichí a chur chun cinn trí Ghaeilge.’ Luann sé dhá aidhm (i) freastal a dhéanamh ar bhaill

a bhfuil Gaeilge acu agus ‘nasc a chruthú go nádúrtha idir na cluichí agus an Ghaeilge’ agus (ii) daoine a d’fhoghlaim an Ghaeilge ar scoil agus a d’fhág slán léi a mhealladh ar ais ina treo (Ó Tuama, 2022). Díreach cosúil leis na hoifigigh Ghaeilge ag leibhéal an chontae, bíonn éagsúlacht chumais, díograise agus suime i measc OGC na gclubanna agus torthaí neamh-chomhsheasmhacha ar a gcuid oibre dá bharr. Maíonn Ó Tuama (2022) gurb í an chloch is mó ar a pháidín struchtúir, riarachán agus cumarsáid a fheabhsú i measc na nOCG ag leibhéal an chontae agus an chlub ar aon. Cuireann tionscnamh FSMD struchtúr córasach i bhfeidm chun an aidhm sin a bhaint amach ar bhealach comhsheasmhach.

An Fhondúireacht

In 2022, bhí 210 club as iomlán 1,650 club sa tír cláraithe leis an bhFondúireacht agus iad ag obair ar son chur chun cinn na teanga ina ndúiche féin. B’in an chéad uair riamh a bhí níos mó ná 200 club cláraithe, agus is léir d’Ó Tuama (2022) nach bhfuil eagraíocht ar bith eile sa tír leis an méid sin ball ag obair chun an teanga a chur chun cinn. Feictear d’Oifigeach Gaeilge club mór amháin i mBaile Átha Cliath go mbuaileann togra FSMD struchtúr ar na gníomhaíochtaí ar son na teanga atá ar bun sna clubanna. Tugann 70 sprioc an FSMD creatlach shonrach d’iarrachtaí comhfhiosacha na n-oifigeach an Ghaeilge a chur chun cinn sa chlub, dar leis (2022). Is samplaí de spriocanna FSMD iad seo a leanas: (Stádas teanga) comharthaíocht Ghaeilge sna seomraí feistis, sna leithris agus i seomra an réiteora; póstaer do chluichí agus d’ócáidí sóisialta a bheith i nGaeilge nó dátheangach; bean nó fear an tí le Gaeilge a bheith ag aon ócáid bhronnta duaiseanna / bonn agus ag aon ócáidí sóisialta eile. (Foghlaim teanga) ócáidí foghlama neamhfhoirmiúla a reáchtáil go rialta .m.s. ciorcal cómhra; oiliúnt / deiseanna a chur ar fáil do thraenáil le go mbeidh siad ábalta traenáil a chur ar fáil trí Ghaeilge. (Úsáid teanga) oíche shóisialta Ghaelach a chur ar bhun; seisiún traenála trí Ghaeilge a chur ar fáil (Glór na nGael, 2019). Is spriocanna agus moltaí sonracha iad sin lenar féidir le clubanna CLG an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhealach tomhaiste, córasach ina ndúiche féin.

Bronnadh an líon bonn is mó riamh ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh, mí na Nollag 2022, rud a tharla go díreach mar gheall ar an ardú atá tagtha ar an rannpháirtíocht sa scéim go náisiúnta de réir Nic Seoin (Glór na nGael, 2022). ‘Sé bhonn cré-umha agus tríocha a bhronnadh ar an oíche, chomh maith le sé bhonn airgid déag agus trí bhonn óir’ (*ibid*). San iomlán, ó bunaíodh an Fhondúireacht in 2017, bronnadh 171 bonn cré-umha, 65 bonn airgid agus 16 bonn óir.

Áitíonn Nic Seoin, ‘go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar an scéim le bliain anuas agus go bhfuil béim ar leith á cur ar an ngluaiseacht náisiúnta agus ar an gcomhpháirtíocht idir clubanna’ (*ibid*). Roimhe sin, bhíodh clubanna ag feidhmiú leo féin faoi threoir an Oifigigh Forbartha, ach gan teagmháil chórasach, rialta idir clubanna nó le pobal na teanga ina gceantar féin. Baintear an chomhpháirtíocht idir clubanna seo amach ‘trí fhóiraim rialta idir clubanna, comhimeachtaí le comhairlí áitiúla, agus Blitzchomórtas Náisiúnta na Fondúireachta, atá tosaithe i mbliana’ (Glór na nGael, 2022).

De réir Uí Thuama (2022), tá tacaíocht ghníomhach an Choiste Fheidhmeannaigh sa chlub ag teastáil chun bonn airgid nó bonn óir de chuid FSMD a bhaint amach, agus léirítear a ghníomhaí is atá na clubanna ó thaobh na teanga de nuair a thugtar faoi deara líon na gclubanna a d'aimsigh boinn airgid (65) agus boinn óir (16). Dá fheabhas an méid sin, is féidir léamh eile a dhéanamh ar an scéal chomh maith; is é sin go bhfuil 1,440 club, 87% de na clubanna sa tír, nach bhfuil páirteach in FSMD. Mar sin, tá obair mhór le déanamh agus acmhainní le cur ar fáil chun líon na gclubanna atá páirteach sa scéim a mhéadú agus beartas teanga CLG a chur i bhfeidhm ar bhealach níos forleithne.

Nuachainteoirí

Ní cainteoirí dúchais iad formhór mór de bhaill CLG taobh amuigh de na críocha traidisiúnta Gaeltachta, ach is Béarlóirí, foghlaimeoirí agus nuachainteoirí iad. Is éard atá sa nuachainteoir ná duine a d'fhoghlaim an Ghaeilge sa chóras oideachais, go hiondúil, agus a fhógraíonn go n-úsáidtear an teanga go rialta agus le dúthracht sa saol, bíodh is nach cainteoir dúchais traidisiúnta é nó í (O'Rourke & Walsh, 2020). Anuas air sin, maíonn Walsh *et al.* (2015) gurb ann do suas is anuas le 200,000 nuachainteoir ar oileán na hÉireann agus meastar go bhfuil thart ar dhá thrian de na cainteoirí laethúla (lasmuigh den chóras oideachais) ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht de réir An Phríomhoifigh Staidreamh / Daonáireamh 2016 (2012: 40–1; Seoighe, 2018). Is féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil beartas teanga an Chumainn – atá á chur i bhfeidhm trí FSMD, agus mar a bhaineann sé le baill nach as an nGaeltacht dóibh – dírithe ar fhoghlaimeoirí nó ar dhaoine a shealbhaigh an teanga go hinstiúideach sa chóras oideachais. Áitíonn Smith-Christmas *et al* (2017), '*...the contribution of new speakers to the maintenance of minority languages has the potential to be a significant force in halting the decline of individual languages*' (9). Tá dearcadh O'Rourke & Walsh (2020) níos coimeádaí ó thaobh éifeacht an nuachainteora de, nuair a deir siad: '*there is no real evidence of the transformative power of the new speaker, there is evidence of its incrementality*' (28). Níltear ar aon intinn mar gheall ar thábhacht na nuachainteoirí ar inmharthanacht teanga, áfach, agus ag tagairt dóibh don Stráitéis Fiche Bliain agus d'Acht na Gaeltachta 2012, áitíonn Ó Giollagáin & Péterváry (2016) go bhfuil 'tuiscintí na gcáipéisí seo fréamhaithe i bhfealsúnacht nua-liobrálach a bhfuil an t-indibhidiúlachas ina gcroílár ... ní thaobhaíonn aidhmeanna agus moltaí na gcáipéisí seo le cultur comónta na nGael' (51). Tagraíonn Ó Giollagáin (2020) do '*Irish for the sympathetic middle classes*' in alt a scríobh sé ar an *Irish Times*. Tá sé le tuiscint, mar sin, nach leor, dar leo, 'na gréasáin sainspéise mar bhonn sóisialta d'inmharthanacht teanga' (2016: 27). Áitítear go ndaingníonn Acht na Gaeltachta (2012) '*...forlámhas na bhfoghlaimeoirí Gaeilge ar dhíoscúrsa na Gaeilge ina n-áirítear díoscúrsa na Gaeltachta freisin*' (33) agus go bhfuil neamhaird á tabhairt ar 'riachtanais orgánacha an phobail dúchais' (47). Is léir, ó tharla gurb ann do na Líonraí Gaeilge in Acht na Gaeltachta (2012), ar nuachainteoirí iad formhór a mball, in athneartú na teanga lasmuigh den Ghaeltacht thraidisiúnta ach nach bhfuiltear

ar aon intinn mar gheall ar éifeacht an fhoráis sin ar inmharthacht na teanga mar theanga bheo labhartha phobail. Feictear, áfach, go bhfuil féidearthachtaí ag nuachainteoirí tionchar a imirt ar thórdhreach na teanga agus go bhfuil tionscnamh FSMMD ag freastal ar riachtannais na nuachainteoirí agus na bhfoghlaimoirí in CLG trí thimpeallacht agus tacaíochtaí teanga a chur ar fáil dóibh ina gclubanna áitiúla. Áitítear chomh maith go mbíonn nuachainteoirí sa tóir ar phobal cleachtais agus suíomhanna ábhartha lena bhféiniúlacht mar nuachainteoirí a chur i ngníomh (Walsh *et al.*, 2015; Smith-Christmas *et al.*, 2017; Seoighe, 2018; O'Rourke & Pujolar, 2019; O'Rourke & Walsh, 2020). Feictear d'Ó Tuama go bhfuil an cumas agus an deis ag cumainn áitiúla CLG gnáthóg a chruthú inar féidir le nuachainteoirí agus foghlaimoirí a bhféiniúlacht a chothú go nádúrtha.

Os rud é go mbíonn nuachainteoirí agus foghlaimoirí ag dul sa tóir ar spásanna agus deiseanna inar féidir leo an teanga a chleachtadh i suíomh neamhfhoirmeálta (Walsh *et al.*, 2015; Ní Dhúda, 2014, 2017; O'Rourke & Pujolar, 2019; O'Rourke & Walsh, 2020) is fiú na tearmainn sin a chíoradh sa chéad rannóg eile.

Tearmann Teanga

De réir Ní Dhúda (2014), is ionann tearmann teanga agus 'ionad aitheanta ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid' (41). Tagann O'Rourke & Pujolar (2019: 7) leis an méid sin nuair a mhaíonn siad '*...new speakers encounter many social and political barriers to language learning ... we have identified the need for specific social spaces to be created so as to provide access to different types of speakers*'. Áitíonn siad go mbíonn nuachainteoirí inmíoch faoina gcumas agus a mbarantúlacht mar chainteoirí, agus go bhfuil géarghá le spásanna sóisialta sábháilte a chruthú inar féidir le nuachainteoirí a gcumas agus a bhféinmhuinín a chothú tríd an teanga a úsáid má tá siad le cur le haischothú na teanga. Is saintréith é sin a bhaineann le nuachainteoirí uile, is é sin go mbíonn siad sa tóir ar phobail chleachtais agus deiseanna labhartha na mionteanga chun borradh a chur lena bhféiniúlacht mar nuachainteoirí. Ar ndóigh, tá na tearmainn sin de dhíth ar fhoghlaimoirí agus ar chainteoirí T1 chomh maith. Ag caint dó faoi nuachainteoirí na Gaeilge, scríobhann Walsh *et al.* (2015) 'faoina dheacra agus a éiríonn sé a gcumas sa Ghaeilge a chosaint mura mbíonn dóthain deiseanna acu an teanga a chleachtadh' (33) agus moltar 'Spásanna sábháilte' a chruthú ina bhféadfaí an Ghaeilge a labhairt go sóisialta (Walsh & O'Rourke, 2015: 61). Ar an ábhar céanna, maíonn Mac Póilín (2019: 91) an méid seo:

...the creation of social domains in which the language is dominant, but in which the language movement is not itself the focus, is the most important element in the creation of new, organic language communities. It is, however, remarkably difficult to create a new social environment in which speaking Irish is felt to be the natural thing to do.

Trí bhíthin tionscnamh FSMD, is féidir le clubanna CLG a bheith ina ‘*social domains*’ ina bhfuil forlámhas, nó fiú áit shofheicthe agus inchloiste, ag an nGaeilge ach ina bhfuil na cluichí féin mar phríomhimeachtaí ach an toil, an bhainistíocht agus an ghníomhaíocht chuí a bheith ann. Is iad bainisteoirí teanga an chumainn iad siúd a dhéanann iarracht chomhfhiosach dul i bhfeidhm ar chreidimh agus ar chleachtais na mball sna clubanna; is iad sin na OGC agus coiste na Gaeilge sa chlub go hiondúil. Dar le Nic Seoin agus Ó Tuama (2022), déanann bainisteoirí teanga na gclubanna CLG gníomhaíocht, faoi scath FSMD, chun spás sábháilte ina bhfuil fáilte roimh an nGaeilge a chruthú sna clubthithe agus ar na páirceanna traenála agus imeartha. Is iad comharthaíocht Ghaeilge, a cuireann le stádas agus feiceálacht na teanga, agus cleachtas na mbainisteoirí teanga i ngnáthimeachtaí laethúla an chlub agus ar mheáin shóisialta an chumainn na gníomhaíochtaí is mó a chuireann le tearmann teanga, nó spás sábháilte, a chruthú. Tugann OGC chlub i mBaile Átha Cliath sampla de Mheitheal Oibre na Gaeilge ina chlub féin a thagann le chéile uair sa mhí chun gnáthimeachtaí an chlub a chur i gcrích (m.sh. glanadh na bhfuinneog) ach pé Gaeilge atá acu a úsáid le linn na hoibre. Ag tabhairt comhairle di ó thaobh chur chun cinn na teanga i gclubanna, deir Oifigeach Gaeilge Uladh, Tricia Ní Chearra ‘Déan í a normalú! Bíodh an Ghaeilge ar na meáin shóisialta agaibh, sa chomhfhreagrás, taobh istigh den chlubtheach féin. Déan í feiceálach, eascraíonn rudáí iontacha as an phróiseas sin’ (CLG, 2021). Cuireann FSMD struchtúir ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh sna clubanna an teanga a normalú, agus is mór an cúnamh agus an treoir do na hOifigigh Ghaeilge agus na bainisteoirí teanga na 70 sprioc shonrach atá leagtha amach san Fhondúireacht.

Spás Gaoil

Ar deireadh, breathnaítear ar a scaipthe is atá pobal na Gaeilge san 21ú haois, agus baintear úsáid as coincheap an spáis ghaoil (Walsh, 2019; Lewis & McLeod, 2021) chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le FSMD dul i bhfeidhm ar an bpobal comhaimseartha sin. Faoin gcoincheap úd, aithnítear soghluaisteacht an phobail, rud a fhágann nach bhfanann pobal ar bith ina stad laistigh de chríocha dochta tíreolaíoch.

I bhfianaise nádúr scaipthe phobal na Gaeilge taobh amuigh de na críocha traidisiúnta Gaeltachta, molann Lewis & McLeod (2021: 110) cur chuige i leith an athneartaithe teanga a bheadh ní ba thuisciní ar nádúr gréasánaithe agus soghluaiste an tsaoil chomhaimseartha. Maíonn siad: ‘*significant increases in levels of personal mobility, combined with the influence of new technologies, have meant that everyday social practices are now being stretched across ever-wider geographic areas*’ (17) agus déantar tagairt do ‘*spatially dispersed lifestyles*’ (18) chun dúshlán a thabhairt do choincheap traidisiúnta tíreolaíoch an spáis. Tugtar dúshlán chomh maith don tuiscint theorannaithe ar an bpobal teanga, a bhfuil ‘*intergenerationally proximate, face-to-face interaction*’ (1991: 398) mar bhunús leis, a bhí mar shoiscéal ag Fishman san am a caitheadh.

Déanann Lewis & McLeod (2021) forbairt ar choincheap Fishman (1991) i leith ‘*breathing spaces*’ mar thearmainn teanga chun an coincheap ‘*digital breathing spaces*’ (2021: 82) a chruthú agus áitíonn siad an méid thíos, ó thaobh an athneartaithe teanga sa saol comhaimseartha:

... it is the insights afforded by the communities of interest perspective, as opposed to those associated with the community of locality perspective, that are likely to be more useful. (Lewis & McLeod, 2021: 108).

Is pobal sainspéise a bhfuil gné logánta láidir ag baint leis é pobal CLG, agus feictear gur cur chuige fíntach é an spás gaoil chun tuiscint a fháil ar riachtanais agus ar chomhdhéanamh an phobail sin. Ní foláir mar sin do thionscnamh FSDM dul i ngleic le nádúr scaipthe an tsaoil chomhaimseartha má tá torthaí fíntacha le baint amach.

Déanann Jones & Lewis (2018: 4) tagairt do ‘*spatial distribution of languages*’ agus áitítear go bhfuil líonraí nua ina n-úsáidtear mionteangacha á gcruthú ag domhain fhíorúla, úsáid na meán sóisialta agus teicneolaíochtaí gaolmhara (50). Mar sin féin, molann Lewis & McLeod (2021) agus Walsh (2019) cur chuige an spáis ghaoil a chuimsíonn idir spásanna líonraithe agus ‘chríocha tíreolaíochta’ (2019: 205) ina labhraítear an sprioctheanga chun athneartú mionteangacha a chur i bhfeidhm i ‘ndomhan comhaimseartha, luaineach, ilsrathach’ (2019: 206) an lae inniu. Feictear mar sin go bhfuil gníomhaíocht sna domhain réadúla agus fíorúla araon ag teastáil chun pobal, lena n-áirítear pobal teanga chomh maith, a chruthú i saol soghluaiste an lae inniu. Ag tagairt dó do na meáin shóisialta, leithéidí Facebook, Twitter agus Instagram, deir Ó Tuama (2022) go bhfuil ‘os cionn milliún leantóirí againn ar na rudaí sin, agus tá sé fíorthábhachtach go n-úsáideadh muid é sin leis an nGaeilge a chur chin cinn’. Anuas air sin, áitíonn sé go mbíonn idir 600 agus 4,000 ag éisteacht go rialta leis ‘An Spota Dubh’, podchraoladh de chuid CLG atá dírithe ar lucht labhartha na Gaeilge. Níl ach dhá sprioc de chuid na Fondúireachta a bhaineann leis na meáin shóisialta nó le suíomh idirlín an chlub, agus meastar gur chóir díriú níos grinne ar na gnéithe sin, agus tábhacht na meán digiteach i gcur i bhfeidhm iarbhír bheartas teanga CLG ag leibhéal an chlub a aithint.

Conclúid

Feictear gur cumann spóirt agus cultúir é CLG, atá fréamhaithe i dtréimhse na hAthbheochana san 19ú haois. Léirítear go bhfuil réim, cumas agus struchtúr eagrúcháin ag CLG go náisiúnta chun tionchar dearfach a imirt ar stádas, ar shealbhú agus ar úsáid na Gaeilge ar bhonn áitiúil trí bhithin gníomhaíochtaí an FSMD a chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi sin, breathnaítear ar an mbeartas oifigiúil teanga in CLG, agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le FSMD an beartas sin a chur i bhfeidhm.

Léirítear gurb iad na cluichí agus cur chun cinn na gcluichí is tábhachtaí i gCLG ag leibhéal an cheannárais agus ag leibhéal an chlub araon; ach de réir Uí Thuama (2022), tagann sé féin faoi anáil mhana Chíosóig, go mbeadh ‘an ghluaiseacht teanga agus gluaiseacht na gcluichí, ag oibriú as lámha a chéile’ (Ó Tuama, 2022). Gné eile is ea go bhfuil bainistíocht teanga (Spolsky, 2009; Ní Dhúda, 2014) á déanamh sna 210 clubanna atá páirteach in FSMD, agus buaileann togra FSMD struchtúr ar na gníomhaíochtaí ar son na teanga atá ar bun sna clubanna sin. Tugann 70 sprioc an FSMD creatlach shonrach d’iarrachtaí comhfhiosacha na n-oifigeach an Ghaeilge a chur chun cinn sna chlubanna atá páirteach sa tionscnamh.

Feictear a fheiliúnaí is atá lionsa anailíse an nuachainteora agus an fhoghlaiméora chun staidéar a dhéanamh ar an ngníomhaíocht teanga i gclubanna CLG taobh amuigh de na críocha Gaeltachta sa 21ú aois. Léirítear go bhfuil gníomhaíochtaí FSMD dírithe ar thimpeallacht nó comhtéacs a chruthú ina mbeadh idir nuachainteoirí agus foghlaiméoirí ar a gcompord úsáid a bhaint as an méid Gaeilge atá acu. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta sa réimse seo, dealraítear go bhfuil gníomhaíocht leanúnach ag teastáil chun tearmann teanga, nó ‘*breathing space*’ (Fishman, 1991) a chothú, agus ag an am céanna a bheith fáilteach roimh na bailll nach bhfuil suim acu sa teanga.

Conclúid eile is ea a fheiliúnaí is atá an spás gaoil, a chuimsíonn idir chríocha tíreolaíochta agus líonraí teangeolaíochta (Walsh, 2019; Lewis & McLeod, 2021) mar lionsa ábharach chun tírdhreach teanga an ‘domhain chomhaimseartha, luainigh, ilsrathaigh . . . a thuiscint’ (Walsh, 2019: 206). Ciallaíonn an méid sin go mbíonn pobal na teanga ag idirghníomhú ar an iliomad spásanna sóisialta sa lá atá inniu ann, spásanna fisiciúla agus spásanna teibí ar-líne chomh maith céanna. Moltar go ndéanfaí athchóiriú ar 70 Sprioc an FSMD le níos mó béime a chur ar na meáin dhigiteacha nua-aimseartha mar shampla WhatsApp, Twitter, Instagram agus Facebook. D’fhéadfaí sprioc a chruthú, mar shampla, méid áirithe teachtaireachtaí Gaeilge nó dátheangacha a sheoladh leis an haischlib #GAAGaeilge nó #FSMD iontu in aghaidh na míosa. D’fhéadfaí chomh maith grúpa WhatsApp a chruthú chun míreanna suimiúla i nGaeilge a scaipeadh i measc bhailll an chlub, agus pobal beag fíorúil a chruthú.

Feictear go bhfuil obair shármhaith á déanamh faoi scáth FSMD chun beartas teanga CLG a chur i bhfeidhm i measc na 210 club atá páirteach sa scéim, ach is mionlach iad sin den 1,650 club atá ag feidhmiú sa tír. Mar sin, tá obair leanúnach le déanamh chun breis clubanna a mhealladh isteach i dtionscnamh FSMD agus timpeallacht a chruthú iontu ina bhfuil fáilte fhollasach roimh úsáid na Gaeilge nuair atá gnáthimeachtaí an chlub á gcur i gcrích. Feictear go bhfuil treoir agus acmhainní breise ag teastáil le teacht i dtír ar an deis atá ann beartas teanga CLG a chur i bhfeidhm ar bhealach níos leithne, ach fós aitheantas a thabhairt d’fhorlámhas na gcluichí sa Chumann.

Leabharliosta

- Billings, C. (2013) 'The First Minutes: An Analysis of the Irish Language within the Official Structures of the Gaelic Athletic Association, 1884–1934.' *Éire-Ireland* 48(1), 32–53. doi:10.1353/eir.2013.0013.
- Billings, C. (2017a) 'Cosc ar chluichí gallda: uirlis náisiúntachta ag Cumann Lúthchleas Gael (1885–1935).' *ComharTaighde*. Ar fáil ag: <https://comhartaighde.ie/eagrain/3/billings/>.
- Billings, C. (2017b) 'Micheál Cíosóg agus an Ghaeilge i gCumann Lúthchleas Gael.' *An Reiviú*. Ar fáil ag: <http://leannteangaanreiviú.com/node/398>.
- Billings, C. (2017c) 'Speaking Irish with hurley sticks: Gaelic sports, the Irish language and national identity in revival Ireland.' *Sport in History*. 37:1. 25–50. <http://dx.doi.org/10.1080/17460263.2016.1244702>
- Cumann Lúthchleas Gael (2019) *An Treoir Oifigiúil 2019 – Cuid 1*. Baile Átha Cliath: Cumann Lúthchleas Gael. Ar fáil ag: <https://www.gaa.ie/api/pdfs/image/upload/gmrtznzh7d7bvub6ppzr.pdf>.
- Cumann Lúthchleas Gael (2018) *Straitéis Chumann Lúthchleas Gael don Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Cumann Lúthchleas Gael. Ar fáil ag: <https://www.gaa.ie/api/pdfs/image/upload/gqzjdruarwpafxrhvbt.pdf>.
- Cumann Lúthchleas Gael (2021) *Cultúr agus Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cumann Lúthchleas Gael. Ar fáil ag: <https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/cultur-agus-gaeilge>.
- Cumann Lúthchleas Gael (2021) *GAA Mission, Vision and Values*. Baile Átha Cliath: Cumann Lúthchleas Gael. Ar fáil ag: <https://www.gaa.ie/the-gaa/administration/>.
- Cumann Lúthchleas Gael (2022) *Oidhreacht Sheosaimh Mhic Dhonncha fós le brath trí GAAGaeilge* [ar líne]. Baile Átha Cliath: Cumann Lúthchleas Gael. Ar fáil ag: <https://www.gaa.ie/news/oidhreacht-sheosaimh-mhic-dhonncha-fos-le-brath-tri-gaagaeilge/>.

- Cumann Lúthcheas Gael (2022) *Aontas 2026: I dtreo CLG Amháin do Chách. Plean Straitéiseach CLG 2022–2026*. Baile Átha Cliath: Cumann Lúthchleas Gael. Ar fáil ag: <https://www.gaa.ie/api/pdfs/image/upload/p7hi4g6xekjmcc9wu6sk.pdf>.
- Cusack, M. (1884) 'A Word About Irish Athletics.' Kiberd, D., & Matthews, P.J. (eag.) (2015) *Handbook of the Irish Revival*. Baile Átha Cliath: Abbey Theatre Press. 85–6.
- Denvir, G. (1997) *Litríocht agus Pobal*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- Fishman, J.A. (1991) *Reversing Language Shift*. Cleveon: Multilingual Matters.
- Glór na nGael, (2019) *Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha: ag cur chun cinn na Gaeilge i gclubanna CLG*. Rath Chairn: Glór na nGael. Ar fáil ag: <https://www.glornangael.ie/wp-content/uploads/2019/01/IrisFSMD19.pdf>.
- Glór na nGael, (2018) *Plean Straitéiseach 2018–2022* [ar líne]. Rath Chairn: Glór na nGael. Ar fáil ag: <https://www.glornangael.ie/wp-content/uploads/2018/02/Plean-Straitéiseach-2018-2022.pdf>.
- Grin, F. (2003) *Language policy evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages*. New York: Palgrave Macmillan.
- Jones, R. & Lewis, H. (2018) *New Geographies of Language : Language, Culture and Politics in Wales*. An Ríocht Aontaithe: Palgrave Macmillan.
- Kiberd, D. & Matthews, P.J. (eag.) (2015) *Handbook of the Irish Revival: An Anthology of Irish Cultural and Political Writings 1891–1922*. Baile Átha Cliath: Abbey Theatre Press.
- Lewis, H. & McLeod, W. (eag.) (2021) *Language Revitalisation and Social Transformation*. Palgrave Macmillan.
- Lewis, H. & McLeod, W. (2021) 'Communities, Networks and Contemporary Language Revitalisation.' Lewis, H. & McLeod, W. (eag.) *Language Revitalisation and Social Transformation*. 99–116.
- Mac Aonghusa, P. (1993) *Ar Son na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893–1993*. Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

- Mac Giolla Chríost, D. (2005) *The Irish Language in Ireland: From Góidél to globalisation*. Oxon: Routledge.
- Mac Póilin, A. (2019) 'Language Maintenance, language revival.' Ní Bhaoill, R. (eag.) *Our Tangled Speech: Essays on language and culture*. Béal Feirste: Ultach Trust.
- Nolan, W. (2005) *The Gaelic Athletic Association in Dublin 1884–2000*. Baile Átha Cliath: Geogaphy Publications.
- Ní Dhúda, L. (2014) *Roghanna: Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga*. An Mhí: Glór na nGael.
- Ní Dhúda, L. (2017) 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbhaile?' *International Journal of the Sociology of Language*. Iml.2017 (eag.245). 217–43. <https://doi.org/10.1515/ijsl-2017-0009>.
- Ó Caithnia, L.P. (1982) *Micheál Cíosóg*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.
- Ó Ciardha, M. (2022) 'Mac Donncha, Seosamh (1953–2016)'. *Ainm.ie, An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge*. Ar fáil ag: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=5017>.
- Ó Conchubhar, B. (2009) *Fin de Siecle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa*. Indreabhán: An Clóchomhar.
- Ó Conchubhair, B. (2009) 'The GAA and the Irish Language.' Cronin, M., Murphy, W., Rouse, P., (eag.) *The Gaelic Athletic Association: 1884–2009*. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 137–55.
- Ó Giollagáin, C. (2020) 'Irish is a language of the sympathetic middle class: Post-Gaeltacht native community tongue neglected for symbolic "Staged Irish"'. *Irish Times*, 17 Lúnasa, 2020 [ar líne]. Ar fáil ag: <https://www.irishtimes.com/opinion/irish-is-a-language-of-the-sympathetic-middle-class-1.4331515>.
- Ó Giollagáin, C. & Péterváry, T. (2016) 'An Pobal Gaelach sa Stát Éireannach: Forbairt agus Éigeandáil.' Ó Giollagáin, C. & Ó Curnáin, B. (eag.) *Beartas Úr na nGael: Dálaí na Gaeilge san Iar-Nua-Aoiseachas*. Indreabhán: Leabhar Breac. 15–58.

- O'Rourke, B & Pujolar, J. (eag.) (2019) 'From New Speaker to Speaker: Outcomes, reflections and policy recommendations.' *COST Action IS1306 on New Speakers in a Multilingual Europe: Opportunities and Challenges*. IAITH: Welsh Centre for Language Planning.
- O'Rourke, B. & Walsh, J. (2020) *New Speakers of Irish in the Global Context: New Revival?* New York: Routledge Critical Studies in Multilingualism.
- Seoighe, S. (2018) "Is libhse an chathair" – Pop Up Gaeltacht agus nuachaintoirí na Gaeilge.' *ComharTaighde* eag.4. Samhain. Ar fáil ag: <https://comhartaighde.ie/eagrain/4/seoighe/>
- Smith-Christmas, C., Ó Murchadha, N.P., Hornsby, M. & Moriarty, M. (2017) *New Speakers of Minority Languages*. London: Palgrave Macmillan UK.
- Spolsky, B. (2004) *Language Policy: Key Topics in Sociolinguistics*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Spolsky, B. (2009) *Language Management*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Walsh, J., O'Rourke, B. & Rowland, H. (2015) *Tuarascáil Taighde ar Nuachaintoirí na Gaeilge arna hullmhú do Foras na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.
- Walsh, J. & O'Rourke, B. (2015) 'Mudes Teangeolaíochta agus nuachaintoirí na Gaeilge.' *ComharTaighde* (eag.1). Ar fáil ag: <https://comhartaighde.ie/eagrain/1/walsh-orourke/>.



Eispéireas an ábhair oide ar B.Oid trí Mheán na Gaeilge maidir le FCÁT a chur i bhfeidhm sna hAmharcealaíona ar Shocrúchán scoile

Ruth Nic an Bhreithiúnaigh & Conchúr Ó Brolcháin

<https://doi.org/10.13025/h8r5-zz92>

Réamhrá

Tá bláth agus rath tagtha ar earnáil an tumoideachais in Éirinn agus an chuma ar an scéal go bhfuil éileamh seasta ar an nGaelscolaíocht go fóill (Ó Duibhir, 2018) agus tá dalta amháin as dáréag ag fáil a chuid oideachais i nGaeilge i bPoblacht na hÉireann de réir staitisticí na Roinne Oideachais agus Scileanna (Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021). Mar sin féin, admhaítear go mbíonn deacrachtaí earcaíochta i suíomh an tumoideachais chun múinteoirí a fhostú 'a bhfuil dóthain inniúlachta acu sa Ghaeilge le teagasc tríd an teanga' (ROS, 2016: 24). Braitear chomh maith, gurb iad na múinteoirí féin an acmhainn is suntasaí chun ardcháilíocht oideachais a neartú agus chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú (An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE / OECD as Béarla), 2005). Tuigtear go mbíonn inniúlachtaí cuí agus tuiscintí doimhne de dhíth ó mhúinteoirí tumoideachais, inniúlachtaí nach mbíonn riachtanach do mhúineadh na chéad teanga (T1) (Baker, 2003; Cammarata & Tedick, 2012; Lyster, 2007; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghda, 2017). Tugadh le fios, áfach, go mbíonn cláir oiliúna easnamhach do mhúinteoirí tumoideachais go hidirnáisiúnta (Cammarta & Tedick, 2012) agus tuairiscítear an rud céanna in Éirinn (Mac Donnacha *et al.*, 2005; Ó Grádaigh, 2015). Chomh maith leis sin léirítear go mbíonn rath ar an oideachas dátheangach má bhíonn béim ar mhodheolaíochtaí don ábhar agus don teanga agus ar eolas oideolaíochta in oiliúint na múinteoirí (Dafouz *et al.*, 2007; Coyle *et al.*, 2010; Aguilar & Rodríguez, 2012; Fortanet-Gómez, 2012; Martín del Pozo 2015; Ní Dhiorbháin & Ní Bhaoill, 2018).

Is sa bharna sholáthair seo a cuireadh tús le céim Bhaitisiléara san Oideachas trí Ghaeilge (B.Oid. feasta) in 2019 chun oiliúint trí Ghaeilge a chur ar an gcéad ghlúin eile d'ábhair oidí (Ní Dhonnchadha, 2021; Ó Ceallaigh & Ní Dhonnabháin, 2015). Céim ceithre bliana atá sa B.Oid. ina gcaitear tréimhse trí seachtaine ag múineadh sa Ghaeltacht mar aon leis na socrúcháin scoile eile a dhéantar i nGaelscoileanna. Le socrúchán scoile, tugtar deis do na hábhair oidí réimse oideolaíochtaí a úsáid i nGaelscoileanna nó i scoileanna Gaeltachta. Déanann feitheoir breathnóireacht ar chuid de na ceachtanna seo ar mhaithe le breithmheas a dhéanamh agus moltaí a thabhairt agus tugtar grád don ábhar oide i réimse na pleanála agus an mhúinte.

Déanfar iniúchadh san alt seo ar eispéireas agus meon cúigear ábhar oide ón mB.Oid. trí mheán na Gaeilge maidir leis an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT feasta) a chur i bhfeidhm sna hamharcealaíona ar cheann de na tréimhsí socrúcháin scoile thuasluaite. Is cur chuige oideolaíoch atá san FCÁT ina sealbhaíonn foghlaimeoirí an sprioctheanga trí dhul i ngleic le foghlaim an ábhair (Harris & Ó Duibhir, 2011; Coyle *et al.*, 2010). Is oideolaíocht lárnach é FCÁT sa chóras tumoideachais ach tuairiscítear go minic, go mbíonn neamhaird ar phleanáil chórasach do riachtanais na teanga i dteagasc ábhair (Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Sa mhullach air sin, tugtar le fios sa litríocht go mbíonn cur i bhfeidhm FCÁT dúshlánach do mhúinteoirí láncháilithe araon (Lyster, 2011; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017) gan trácht ar ábhair oidí i mbun céime san oideachas ag tabhairt faoin oideolaíocht chasta seo ar shocrúchán scoile. Díreofar san alt seo ar iarrachtaí na n-ábhar oidí agus iad ag iarraidh dul chun cinn sa sprioctheanga (an Ghaeilge sa chás seo) agus san ábhar (na hamharcealaíona sa chás seo) a chinntiú i measc foghlaimeoirí.

Faigheann na hábhair oidí ar an gcúrsa B.Oid. ionchur maidir le modheolaíocht FCÁT (Coyle *et al.*, 2010) agus coimeádtar dialann FCÁT chun teanga ábhartha na n-ábhar éagsúla a chlárú thar na ceithre bliana. Tá sé mar aidhm ag an taighde seo bearnaí atá i dtuiscint na mac léinn ar conas FCÁT rathúil a phleanáil agus a chur i bhfeidhm a aithint. Má bhailítear tuairimí na n-ábhar oidí ar a eispéireas le FCÁT, táthar ag súil go mbeidh tuiscint níos forbartha acu ar an tábhacht a bhaineann le teanga agus le hábhair a chomtháthú agus cabhróidh an t-eolas seo leis an gclár B.Oid. trí Mheán na Gaeilge cur le cumas na mac léinn amach anseo freastal ar FCÁT ar shocrúcháin scoile i suíomhanna lán-Ghaeilge. Tá súil ag na húdair léargas cuimsitheach a thabhairt ar staid reatha an FCÁT ar an mB.Oid chun an tseirbhís oiliúna d'ábhair oidí a thabhairt go barr feabhais agus múinteoirí cumasacha a sholáthar don earnáil tumoideachais in Éirinn.

An Léirbhreithniú Litríochta

Réamhrá

Déanfar iarracht sa léirbhreithniú litríochta seo gnéithe éagsúla den oideachas dátheangach a nascadh le chéile mar bhunchloch don staidéar seo, lena n-áirítear na téamaí seo a leanas:

- An tumoideachas
- An fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga
- Múineadh na n-amharcealaíon sa churaclam
- Eispéiris an ábhair oide ar shocrúchán scoile i gcomhthéacs na bpointí thuasluaite

An Tumoideachas

Cé go mbíonn an chuma ar an scéal go mbíonn daltaí líofa i suíomhanna sóisialta braitear nach mbíonn an teanga riachtanach don ábhar acadúil acu (Lightbrown & Spada, 2013) nó na scileanna ginchumais chun an fhoghlaim a léiriú ar bhealach suntasach (Coyle *et al.*, 2010). Tuairiscítear go mbíonn scileanna ginchumais na ndaltaí tumoideachais in Éirinn neamhfhorbartha sna réimsí seo a leanas: cúrsaí cruinnis, castacht ghramadaí, sainiúlacht léacsach agus sochtheangeolaíoch (Ó Duibhir, 2009, 2018; Walsh, 2007). Tá stór focal teoranta agus gramadach shimplí ag daltaí tumoideachais in Éirinn chomh maith le tionchar an Bhéarla le brath ina gcuid comhréire (Ó Ceallaigh, 2016). D'aimsigh Ó Duibhir (2018) go raibh ráta earráide ag 30.2% i scileanna ginchumais daltaí i Rang a Sé sa suíomh tumoideachais a léiríonn gur sealbhú neamhiomlán, 'Gaelscoilis' nó 'Géarla' (Ó Duibhir, 2018: 113) a bhíonn acu. Mar gheall air sin, braitear anois gur cheart do mhúinteoirí tumoideachais cuspóirí a dhíríonn ar an teanga shainiúil ina gcuid cleachtas ranga a dhearadh.

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)

Sonraítear anois an tábhacht a bhaineann le hábhar a theagasc agus aird a dhíriú ar riachtanais teanga na ndaltaí sa dara teanga mar chuid den ábhar acadúil (Cammarta & Haley, 2018; Cammarta & Tedick, 2012; Lyster, 2007; Morton, 2016; Ó Ceallaigh *et al.*, 2017; Ó Ceallaigh, *et al.*, 2018; Tedick & Lyster, 2020). Don alt áirithe seo sainmhínítear an FCÁT mar '*a type of instruction that fuses the best of subject matter and language teaching pedagogies*' (Morton, 2010: 27).

Maidir leis an FCÁT i gcomhthéacsanna éagsúla, tuairiscíodh roinnt bearnaí sa chleachtas. I réimse na matamaitice, mar shampla, cuimsíodh cuspóirí teanga i gceachtanna na múinteoirí réamhsheirbhíse mar liosta stór focal sainiúil don ábhar, gan mórán tráchta ar ghnéithe eile den chód teangeolaíoch (gramadach, fóineolaíocht, dioscúrsa san áireamh) (Ó Ceallaigh, 2021). I staidéar eile chreid na múinteoirí Spáinnise go raibh siad 'de shíor ag múineadh

teanga’ agus cé gur chuir siad béim ar stór focal agus ar bhriathra ina gcuid ceachtanna, tuairiscíodh nár éirigh leo cabhrú lena ndaltaí dul i ngleic le hábhar casta sna hardranganna (Fortune *et al.*, 2008).

Mar chuid den chur chuige FCÁT a úsáidtear ar shocrúchán scoile bíonn an ‘teanga triptic’ ina chuirtear béim ar fheidhmeanna teanga idirnasctha a chur i bhfeidhm FCÁT (Coyle *et al.*, 2010). Creatlach pleanála d’ábhair oidí atá ann, chun teanga a bheidh riachtanach d’ábhar oidí ina gcuid ceachtanna a ullmhú. Cuimsítear ‘teanga an ábhair’ (foclóir nó téarmaí atá de dhíth don cheacht), ‘teanga don mhúineadh’ (an teanga a úsáideann an múinteoir chun deiseanna teanga a sholáthar) agus ‘teanga don fhoghlaim’ (frásaí a úsáideann na páistí chun cumarsáid a dhéanamh sa seomra ranga):

Teanga don ábhar - foclóir agus téarmaí ar leith a bhaineann leis an ábhar:	Teanga don mhúineadh – ceisteanna, treoracha agus frásaí a bhíonn in úsáid ag an múinteoir:	Teanga don fhoghlaim ('teangú') – ceisteanna, frásaí:
Cairtpháipéar Spadail phlaisteacha, Sceana pailéid Spúinsí Scuaba Nuachtpháipéar Páipéar siúcra Páipéar athchúrsáilte Bundath Dath tánaisteach Tondath Pailéad dathanna Dathanna atá i gcodarsnacht le chéile Uiscédhathanna Pictiúr uiscédhatha gorm dorcha; dúghorm Méarphéinteáil Roth na ndathanna	Céard a dhéanann tú ar dtús, meas tú?, 'Agus céard a dhéanann tú ansin?', 'Má dhéanaim seo, céard a tharlóidh? Conas a mheascann tú an phéint sin? 'Cad í an teicnócht sin atá in úsáid agat?' 'Conas a chruthaigh tú an tondath sin?' 'Cén fáth ar roghnaigh tú gorm agus dearg?'	'Ceapaim go...', 'Ar dtús, caithfidh tú... a fháil.', 'Fai gheann tú...' 'Cinntíonn tú...' 'Tiocfaidh...' 'Beireann tú ar an ...' 'Tá ort' 'Usáidim méarphéinteáil sa phictiúr seo mar....' 'Mheasc mé ...' 'Roghnaigh mé gorm agus dearg mar tá siad i gcodarsnacht le chéile ar roth na ndathanna.'

Figiúr 1: Cur Chuige don Foghlaim Chomhtháite Ábhair & Teanga (Teanga Triptic)

Na hAmharcealaíona i gCuraclam na Bunscoile

Faoi láthair caitear uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar na hamharcealaíona sa bhunscoil. Is cuid lárnach é i gcuraclam na hEalaíne mar aon leis an Drámaíocht agus leis an gCeol. Tugtar le fios go mbaineann curaclam na n-amharcealaíon in Éirinn leis an bpáiste mar dhearthóir (ROSb, 1999: 12). Mínítear go bhfuil curaclam na n-amharcealaíon roinnte ina shé shnáithe: líníocht, péint agus dath, priontáil, fabraic agus snáithín agus cré le béim ar bhreathnú agus freagairt (Ní Bhroin, 2012). Mar sin féin, aithnítear go múineann an múinteoir ginearálta an curaclam seo gan saineolas san ábhar (Cohen *et al.*, 2006). Maítear nach gcaitear mórán ama ar shnáithe áirithe ag eascairt as easpa eolais agus muiníne, ganntanas smaointe, agus easpa pleanála téamach (Cleary, 2010). Roghnaítear saothar ealaíne ar mhaithe le comhtháthú thar an gcuraclam nó do dhul chun cinn na teanga, in ionad ealaín a roghnú don ealaín féin (Flannery, 2012b, Flannery, 2012a: 78). Tuairiscítear go gcuirtear an fhoghlaim tríd an ealaín chun cinn seachas an fhoghlaim faoin ealaín (Flannery, 2012a).

Baineann múineadh na n-amharcealaíon le cumarsáid a chothú leis na páistí ar a gcinntí ealaíne féin agus meon ceistithe nó súil chriticiúil a fhorbairt iontu mar ealaíontóirí iad féin (Watts, 2005; O'Donoghue, 2012). Braitear go láidir anois nach gcuirtear a dóthain béime ar an snáithaonaid 'breathnú agus freagairt' sa churaclam (Flannery, 2012b; ROS, 2005: 41). Tuairiscítear go gciallaíonn breathnú agus freagairt go bhforbraítear feasacht, breithiúnas agus breithmheas ar ealaín (ROS, 1999a; ROS, 1999b; Crafts Council, 2009; ROS, 2005; CNMÉ, 2009; CNCM, 2005). Deimhnítear go mbaineann gach snáithe sa churaclam le snáithaonaid dírithe ar bhreathnú agus freagairt nó deis d'idirghníomhú le healaíontóirí eile a bhíonn ag plé leis na meáin sin (Flannery, 2012a; Ní Bhroin, 2012). Beidh le feiceáil sa taighde seo an gcuirfidh na hábhair oidí béim ar an snáithe seo ar shocrúchán scoile mar bíonn ról ag cláir oideachais na n-amharcealaíon an cur chuige seo a spreagadh i measc múinteoirí réamhsheirbhíse (Ní Bhroin, 2012).

Forbairt coincheap agus scileanna

Coincheapa	• Feasacht ar líne • Feasacht ar chruth • Feasacht ar fhoirm • Feasacht ar dhath agus ar thon • Feasacht ar uigeacht • Feasacht ar ghréas agus ar rithim • Feasacht ar spás
<i>Díorthaíodh na coincheapa thuasluaite agus na coincheapa a ghabhann leo ó na hamharcghnéithe agus déanfar iad a fhorbairt de réir mar a dheanfar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid a rianaitear thíos.</i>	
Snáitheanna	Snáithaonaid
Líníocht	• Líníochtaí a dhéanamh • Breathnú agus freagairt
Péint agus dath	• Péinteáil • Breathnú agus freagairt
Prionta	• Priontaí a dhéanamh • Breathnú agus freagairt
Cré	• Forbairt foirme i gcré • Breathnú agus freagairt
Tógáil	• Tógálacha a dhéanamh • Breathnú agus freagairt
Fabraic agus snáithín	• Cruthú le fabraic agus le snáithín • Breathnú agus freagairt

Figiúr 2: Na Snáitheanna i gCuraclam na nAmharcealaíon

Tugann breathnú agus freagairt deiseanna do pháistí a gcuid mothúcháin a aithint agus a chur in iúl maidir le saothar ealaíne (Davis, 2008: 58). Tá teanga tábhachtach sna hamharcealaíona chun machnamh agus féinléiriú cruthaitheach a chur i gcrích (Grennan, 2017).

...without [an appropriate art vocabulary children] are unable to engage properly in constructive and informed discussion about their own work, or to reflect upon and appraise the work of others
(Clement, 1993: 186)

Molann Flannery (2012b) gur chóir go mbeadh cuspóirí foghlama i gcuraclam na n-amharcealaíon chun freastal ar dhul chun cinn teanga an ábhair i mbreathnú agus freagairt chun na páistí a chumasú le cur síos agus breithmheas a dhéanamh, ceistiú, agus chun tuairimí

a fháil ar an mB.Oid. tugadh cuireadh do gach ábhar oidí sa bhliain ($u=36$) páirt a ghlacadh sa taighde chun sampláil dóchúlachta níos leithne a fháil. Mar chritéir roghnúcháin, díriodh ar chúigear ábhar oide ó chúlráí éagsúla oideachais, sochtheangeolaíochta agus tíreolaíochta.

Torthaí agus Anailís

Tuairimí na nÁbhar Oide

Tugadh le fios ó thús an taighde seo go raibh creidiúintí láidre ag na hábhair oidí ar an tábhacht a bhain le múineadh teanga an ábhair sna hamharcealaíona ar shocrúchán scoile. Aithníodh sa ghrúpa fócais gur ghá pleanáil do theanga an ábhair le linn mhúineadh na n-amharcealaíon:

Tá gá go mbeadh ar a laghad ceann de na cuspóirí pleananna ceachta bunaithe ar an teanga agus cén teanga a bheidh á múineadh againn sna ranganna Amharcealaíona (sic) (Ailbhe, san fhócasghrúpa)

Sular imigh na hábhair oidí amach ar shocrúchán scoile chreid triúr sa ghrúpa fócais go raibh an-tábhacht ag baint le stór focal agus foclóir a mhúineadh mar chuid de FCÁT ach ba chosúil go raibh an iomarca béime ar fhoclóir seachas ar chumarsáid éifeachtach agus rannpháirtíocht trí Ghaeilge. Mar sin féin, léirigh beirt an tábhacht a bhain le ‘teanga don fhoghlaim,’ áfach:

Ní hamháin an foclóir atá á fhoghlaim acu ach an comhthéacs ina úsáidtear iad a fhoghlaim freisin... aon teanga go mbeidh ag teastáil a thabhairt dóibh ionas go mbeidh siad in ann caint agus iad ag déanamh na healaíne lena bpáirtí. (Síle, san fhócasghrúpa)

Samhlú (sic) go bhfuil tusa ins an seomra ranga... éireodh frustrachas orm muna raibh mé in ann rudaí faoi leith a rá...cad a bheadh suim agatsa a rá agus ansin é a thabhairt chuig na páistí i mbealach gur féidir leo é a úsáid lena gcairde... ‘Cén sort uigeacht atá agat ansin?’ Uaireanta is fearr nuair atá teanga tugtha dóibh i gcomhthéacs. (Ailbhe, san fhócasghrúpa)

Díríonn Ailbhe ar thuilleadh de ‘theanga na foghlama’ a theagasc ina féinmhachnamh ag deireadh cleachtais ar shocrúchán scoile:

B’fhéidir go ndéanfainn níos mó smaoineamh ar ...frásaí ..le linn an cheachta b’fhéidir go bhfuil an fócas ar theanga a shealbhu a bhaineann le ...ábhar an cheachta... seachas an teanga a bheadh in úsáid acu le linn an cheachta agus teanga neamhfhoirmiúil... ach go háirithe i nGaelscoil. (Ailbhe, agallamh)

D'aithin ábhar oide amháin go ndéantar faillí ar 'theanga don fhoghlaim' nó an Ghaeilge neamhfhoirmiúil a chur chun cinn i ndialanna FCÁT.

Comhtháthú Trasna an churaclaim

Sa ghrúpa fócais léirigh na hábhair oidí ar fad go raibh siad chun topaicí nó téamaí a roghnú mar inspioráid dá gcuid ceachtanna amharcealaíon a bheadh mar chomhtháthú le hábhair eile nó leis an nGaeilge ar mhaithe le teanga a chur chun cinn.

Comhtháthú a dhéanamh le hábhair eile... foirgnimh i mBaile Átha Cliath... ag an am sin a thógáil as cairtchlár agus ansin cuirimid péint agus dath orthu (Cáit, san fhócasghrúpa)

Nasc le saol na bpáistí ag an am seo mar shampla Cáisc... an t-Earrach b'fhéidir (Jen, san fhócasghrúpa)

Bhuel tá mé ag déanamh chomhtháthú (sic) leis an nGaeilge, tá an aimsir á déanamh agam so beidh mé ag déanamh roinnt rudaí ar *like* dathanna don ghrian agus é sin a léiriú tríd péint (sic) agus dath (Enda, san fhócasghrúpa)

Tá sé tábhachtach chomh maith nach bhféachtar ar an hamharcealaíona mar mhodheolaíocht chun an teanga a chur chun cinn amháin (Davis, 2008: 4; Eisner, 1989: 18). Léiríonn an taighde seo go bhfuil meon na teanga ag na hábhair oidí agus iad ag pleanáil do mhúineadh na hamharcealaíona. Níor cheistigh ach beirt luach an chomhtháthaithe seo sa ghrúpa fócais:

Agus b'fhéidir rudaí nua a thógáil isteach sa rang mar shampla *like* ealaíontóirí nua nó... ní chaithfidh sé a bheith bainteach leis an ábhar atá á dhéanamh acu i gceachtanna eile (Enda, fócasghrúpa)

An ealaín a sórt nascadh (sic) leis an gCáisc, cé ...níl a fhios agam an rud... b'fhéidir an rud iontach, iontach maith í (sic)... tá mé chun potaí cré a dhéanamh don Cháisc (Ailbhe, fócasghrúpa)

In ainneoin an cheistithe ón mbeirt sa ghrúpa fócais tugadh le fios sna hagallaimh ar deireadh an tsocrúcháin scoile gur dhírigh gach rannpháirtí ar chomhtháthú agus iad i mbun na hamharcealaíona a mhúineadh. Roghnaíonn múinteoirí bunscoile saothar ealaíne ar mhaithe le comhtháthú thar an gcuraclam nó do dhul chun cinn na teanga, in ionad ealaín a roghnú don ealaín féin (Flannery, 2012b, Flannery, 2012a: 78).

An Snáithaonad ‘Breathnú agus Freagairt’ ar Shocrúchán Scoile

Dhírigh na hábhair oidí ar tháirgeacht ealaíne ina gcuid ceachtanna ar shocrúchán scoile agus cheistigh an taighdeoir ar chuir siad ‘breathnú agus freagairt’ chun cinn ina gcuid cleachtais. Mhínigh ábhar oide amháin gur chruthaigh sí taispeántas ach níl sé soiléir ar chothaigh sí plé ar shaothair na bpáistí. Tá sé suimiúil nár luaigh beirt ‘breathnú agus freagairt’ in aon chor ina n-agallaimh. Luaigh Enda é nuair a rinne sé machnamh ar a chleachtas a fheabhsú, ach ó thaobh breathnú agus freagairt a dhéanamh ar ealaín na bpáistí amháin ag deireadh an cheachta, gan trácht a dhéanamh ar shaothar ealaíontóirí eile:

Rinne mé an seó ealaíne . . . ach b’fhéidir níos mó ceistanna a chur orthu, b’fhéidir iarr (sic) ar dhaoine teacht aníos agus an ealaín a thaispeáint agus go ndéanfar . . . go ndéanfaí cur síos ar an ealaín a dhéanfadh siad (Enda, san agallamh).

Níos suimiúla fós, níor luaigh aon ábhar oide sa taighde seo gur úsáid siad ealaíontóir mar inspioráid do na ceachtanna amharcealaíon leis na naíonáin cé go ndearna Enda trácht ar úsáid a bhaint as ealaíontóirí mar inspioráid sa ghrúpa fócais.

Moltaí agus Conclúidí

Réamhrá

Mar a léiríodh níos túisce bíonn inniúlachtaí agus tuiscintí áirithe de dhíth ó mhúinteoirí tumoideachais nach mbíonn riachtanach do mhúineadh na chéad teanga. Rinneadh iniúchadh sa taighde seo ar eispéireas agus meon cúigear ábhar oide, ar Bhaitsiléir san Oideachas trí Ghaeilge, maidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT feasta) a chur i bhfeidhm sna hamharcealaíona ar shocrúchán scoile. Lonnaíodh an taighde sa pharaidím thógachaíoch toisc go raibh sonraí cáilíochtúla á mbailiú. Breathnófar anois ar chonclúidí an staidéir agus ar na moltaí a d’eascair astu.

FCÁT agus Múineadh Teanga ar Shocrúchán Scoile

Ó thaobh na hoiliúna de, chonacthas gur thuig iomlán na rannpháirtithe an tábhacht a bhain le teanga mar chuid den mhodheolaíocht FCÁT do shuíomh an tumoideachais agus iad ag múineadh na n-amharcealaíon. Tuigtear dúinn go bhfuil tiomantas an-láidir i measc na n-ábhar oidí seo ar a gcumas teanga a fheabhsú, stór focal a leathnú agus cruinneas teanga a bheith in úsáid acu, rud a thabharfaidh ábhar misnigh d’abhcóidí an tumoideachais i gcoitinne.

Taispeánann na torthaí an bhearn ollmhór atá sa chóras soláthair oiliúna, áfach, maidir le cur i bhfeidhm ‘teanga don mhúineadh’ agus ‘teanga don fhoghlaim’ agus léiríodh go raibh an iomarca béime ar stór focal nó ‘teanga an ábhair’. Léiríodh go mbíonn dúshlán faoi leith le sárú ag ábhair oidí ar shocrúchán scoile chun cothromaíocht a fháil idir ionchur leordhóthanach

teanga agus deiseanna teanga a sholáthar agus aithníodh go raibh na hábhair oidí ag streachailt leis an méid Béarla a bhí á labhairt i ranganna na naíonán. Moltar go ndéanfaí gach iarracht níos mó béime a chur ar theanga an pháiste nó teanga neamhfhoirmiúil le linn a gceachtanna amharcealaíon ar shocrúchán scoile. Anuas air sin, iarrtar ar ábhair oidí níos mó ‘teanga don fhoghlaim’ a chlárú ina ndialanna FCÁT agus ina scéimeanna oibre nó pleananna ceachta.

FCÁT agus Múineadh an Ábhair ar Shocrúchán Scoile (Na hAmharcealaíona)
Taispeánadh go raibh na hábhair oidí gafa le comhtháthú le hábhair eile sa churaclam agus iad ag múineadh na n-amharcealaíon. Tugadh le fios nár cheistigh ach beirt luach an chomhtháithe seo do dhul chun cinn na n-amharcealaíon. Ní mór do na hábhair oidí béim a leagan ar ghníomhachtaí ealaíne a roghnú ar mhaithe le dul chun cinn coincheapa agus teicníochtaí ealaíne.

Is mór an trua nach gcaitear tuilleadh ama ag ‘breathnú agus freagairt’ ar shaothar ealaíontóirí éagsúla nó ar ealaín na bpáistí iad féin de bharr na bhféidearthachtaí cailte do dhul chun cinn na teanga agus an ábhair ar shocrúchán scoile. Impítear ar eagraíochtaí a chruthaíonn áiseanna éagsúla tumoideachais ar nós COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) díriú ar acmhainní teagaisc ar ardchaighdeán do na hamharcealaíona a sholáthar a chuireann ‘breathnú agus freagairt’ chun cinn do shuíomh an tumoideachais. Cruthaíonn easpa áiseanna teagaisc atá ar fáil d’ealaíontóirí éagsúla dúshlán oideolaíochta don snáithaonaid ‘breathnú agus freagairt’ nach beag d’ábhair oidí.

Ag eascairt as na torthaí taighde sin, moltar cuspóir amháin a bheith ag na hábhair oidí i ngach ceacht amharcealaíon ar na gnéithe seo a leanas:

1. coincheap ó Churaclam na nAmharcealaíon a iniúchadh
2. dul chun cinn na teanga triptic a chinntiú i.e. ‘teanga don fhoghlaim’, ‘teanga don mhúineadh’ agus ‘teanga an ábhair’
3. teicníocht ealaíne
4. ‘breathnú agus freagairt’ ina ndéanfaí ceistiú ar shaothar ealaíontóra chomh maith le breithmheas a thabhairt ar ealaín na bpáistí

Tá sé follasach ann féin go mbeadh ceist na teanga lárnach in aon phlé ar an bhfoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga agus tuigtear anois go mbeadh stádas comhionann ag cuspóirí teanga agus cuspóirí ábhair chun cothromaíocht a bhaint amach idir foghlaim na teanga agus foghlaim an ábhair sa phleanáil (Lyster, 2011; Ó Ceallaigh *et al.*, 2021). Ceist thábhachtach eile (cé go luíonn sé lasmuigh de scóip an ailt seo) ná go mbeadh caighdeán teanga an mhúinteora féin sa sprioctheanga an-tábhachtach agus géarghá go ndíreofaí ar ardú cumais agus feasachta sa ghné seo den soláthar, ar bhealach córasach agus intomhaiste.

Mar Fhocal Scoir

Sa taighde seo rinneadh imscrúdú ar eispéireas an ábhair oide ar an mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge. Bhain an staidéar go sonrach leis an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga a chur i bhfeidhm i gceachtanna amharcealaíon ar shocrúcháin scoile. Léiríodh go raibh na hábhair oidí tiomanta do chur chun cinn na teanga ach gur ghá a bheith airdeallach maidir le cur chun cinn an ábhair chomh maith. Is léir gur cheart tuilleadh béime a leagan ar an ‘teanga don mhúineadh’ agus ar an ‘teanga don fhoghlaim’ chomh maith, agus go mbeadh cur chuige córasach chun é seo a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sna cláir do mhúinteoirí tosaigh. Tugann an staidéar seo léargas dúinn ar staid reatha FCÁT ar shocrúchán scoile maidir le múineadh na n-amharcealaíon. Tá údair an ailt ag súil go bhféadfaí cuid de na léargais seo a úsáid chun an tseirbhís oiliúna d’ábhar oidí a thabhairt go barr feabhais agus múinteoirí cumasacha a sholáthar don earnáil tumoideachais in Éirinn.

Leabharliosta

- Aguilar, M. & Rodríguez, R. (2012) 'Lecturer and student perceptions on CLIL Spanish university.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 15(2). 183–97.
Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1080/13670050.2011.615906>.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (1999a) *Visual Arts: Arts Education: Teacher Guidelines*. Dublin: Government of Ireland.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (1999b) *Primary School Curriculum: Visual Arts: Arts Education*. Dublin: Government of Ireland.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (2005) *An Evaluation of Curriculum Implementation in Primary Schools*. Dublin: The Stationary Office.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (2005) *Beginning to Teach: Newly Qualified Teachers in Irish Primary Schools*. Dublin: Government of Ireland.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (2005) *Visual Arts: An Evaluation of Curriculum Implementation*. Dublin: Government of Ireland.
- An Roinn Oideachais & Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*. Dublin: Government of Ireland.
- Banegas, D. (2016) 'Teachers develop CLIL materials in Argentina: A workshop experience.' *Latin American journal of content & language integrated learning*. vol.9. no.1. 17–36.
- Cammarata, L. & Haley, C. (2018) 'Integrated content, language, and literacy instruction in a Canadian French immersion context: a professional development journey.' *International journal of bilingual education and bilingualism*. vol.21. no.3. 332–48.
- Cammarata, L. & Tedick, D. (2012) 'Balancing Content and Language in Instruction: The Experience of Immersion Teachers.' *The Modern language journal*. vol.96, no.2. 251–69.
- Cleary, A. (2010) *Fabric and fiber in the visual art primary curriculum: an examination of teacher attitudes, education and experiences*. Dublin: NCAD.
- Clement, R. (1993) *The Art Teacher's Handbook*. 2nd ed. Cheltenham: Stanley Thornes Publishers Ltd.

- Cochran-Smith, M. & Lytle, S. L. (2009) *Inquiry as stance: Practitioner research for the next generation*, New York: Teachers College Press.
- Cohen, L., Manion, L. & Morrison, K. (2017) *Research Methods in Education*. 6th ed. London: Routledge.
- Cohen, L., Mannion, L. & Morrison, K. (2006) *A Guide to Teaching Practice*. 5th ed. London: Routledge Falmer.
- Coyle, D., Hood, P. & Marsh, D. (2010) *CLIL: content and language integrated learning*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Crafts Council of Ireland (2009) *Creative Pathways: A Review of Craft Education and Training in Ireland*. Dublin: CCOI.
- Davis, J. (2008) *Why our schools need the Arts?* New York: Teachers College Press.
- Donaghue, H. (2003) 'An instrument to elicit teachers' beliefs and assumptions.' *ELT Journal*. 57(4). 344–55. <https://doi.org/10.1093/elt/57.4.3444>.
- Eisner, E. (1989) 'Structure and magic in Disciplined Based Art Education.' *Journal of Art & Design Education*. 185–96.
- Flannery, M (2012a) *Defining, Redefining and De-Defining Art: Teachers Engaging with the Work of Artists in Irish Primary Schools*. Granville, G. 2012, *Art education and contemporary culture: Irish experiences, international perspectives*. Bristol: Intellect. 71–87.
- Flannery, M. (2012b) *Online Continuing Professional Development: Discourse Analysis of Primary Teachers' perspectives on Visual Arts Appreciation at Primary Level*. Trinity College Dublin.
- Fortune, T.W., Tedick, D.J., & Walker, C.L. (2008) 'Integrated language and content teaching: Insights from the language immersion classroom: Evolving perspectives on immersion education.' Fortune, T.W. & Tedick, D.J. (Ed.), *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education*. 71–96. Multilingual Matters. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.21832/9781847690371-007>.
- Grennan, M. (2017) *Exploring the potential for arts-rich education in the primary classroom: teacher Learning, transformation, and new trajectories*. Doctor of Education thesis, Dublin City University.

Harris, J. & Ó Duibhir, P. (2011) *Effective language teaching: A synthesis of research*. Dublin: National Council for Curriculum and Assessment.

International Review Panel on the Structure of Initial Teacher Education Provision in Ireland & Sahlberg, P. (2012) *Report of the International Review Panel on the structure of initial teacher education provision in Ireland*. Dublin: Department of Education and Skills. 1–36.

INTO (2009) *Creativity and the Arts in the Primary school*, Dublin: Irish National Teacher's Organisation.

Intouch (2004) *Art Critic*, Intouch Dublin, Irish National Teacher's Organisation.

Lightbown, P. & Spada, N. (2013) *How Languages are Learned*. 4th ed. Oxford: Oxford University Press.

Lyster, R. (2007) *Learning and Teaching Languages Through Content: A Counterbalanced Approach*. Philadelphia: John Benjamins.

Lyster, R. & Ballinger, S. (2011) 'Content-based language teaching: Convergent concerns across divergent contexts.' *Language Teaching Research*. 15(3). 279–88.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & Ní Mhainín, T. (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004: Achoimre*. Baile Átha Cliath: COGG.

Mac Gearailt, B., Mac Ruairc, G. & Murray, C. (2021) 'Actualising Content and Language Integrated Learning (CLIL) in Irish-medium education; why, how and why now?' *Irish Educational Studies*. 1–19.

Martín del Pozo, M. Á. (2015) 'Training Teachers for English Medium Instruction: Lessons from Research on Second Language Listening Comprehension.' *Revista de Lingüística y Lenguas Aplicadas* 12. 55–63.

Morton, T. (2010) 'Using a Genre-Based Approach to Integrating Content and Language in CLIL: The Example of Secondary History.' Dalton-Puffer, C., Nikula, T. & Smit, U. (Ed.), *Language Use and Language Learning in CLIL Classrooms*. Amsterdam: John Benjamins. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1075/aals>. 81–104.

- Morton, T. (2017) 'Content and language integration in multilingual education as a 'wicked' problem: Towards a transdisciplinary approach.' The Sixth International Research Methods Summer School (IRMSS) *Perennial Questions and Innovative Methods: Language, Learning and Culture across Schools, Communities and Society*. Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach. 19–20 Bealtaine.
- Ní Bhroin, M (2012) *The Irish Primary School Visual Arts Curriculum – Emerging Issues*. Granville, G. (ed) *Art education and contemporary culture: Irish experiences, international perspectives*. Bristol: Intellect. 51–69.
- Ní Dhiorbháin, A. & Ó Duibhir, P. (2017) 'An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools.' *Language Awareness*. vol.26(1). 3–24.
- Ní Dhiorbháin, A., & Ní Bhaoill, M. (2018) 'Taithí múinteoirí faoi oiliúint ar an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha.' *COMHARTaighde*.
- Ní Dhonnchadha, C. (2021) *Céard iad na cúinsí inspreagtha a bhain le cinneadh mhic léinn tabhairt faoin mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge?* Tráchtas neamhfhoilsithe. Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Shéaghdha, A. (2017) *I dTreo Barr Feabhais: Dea-Chleachtais san Oideachas Lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Gaeloideachas.
- Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. & Leavy, A. (2018) 'Developing Potentiality: Pre-service Elementary Teachers as Learners of Language Immersion Teaching.' *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 24(4). 515–32.
- Ó Ceallaigh, T.J., Ní Mhurchú, S., & Ní Chróinín, D. (2017) 'Balancing content and language in CLIL. The experiences of teachers and learners.' *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*. 5(1). 58–86. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1075/jicb.5.1.03oce>.
- Ó Ceallaigh, T.J., Ó Laoire, M. & Uí Chonghaile, M. (2019) *Comhtháthú an Ábhair agus na Teanga san Iar-Bhunscoil Lán-Ghaeilge/Ghaeltachta: I dTreo Eispéiris Forbartha Gairmiúla chun Dea-Chleachtais a Nochtadh*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

- Ó Ceallaigh, T.J. (2013) *Teagasc foirm-dhírthe i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge: Imscrúdú criticiúil ar dhearchtaí agus ar chleachtais mhúinteoirí*. Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Corcaigh: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ní Dhonnabháin, Á. (2015) 'Reawakening the Irish Language through the Irish Education System: Challenges and Priorities.' *International electronic journal of elementary education*. vol.8, no.2. 179–98.
- Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (2021) 'An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais?' *An Dara Comhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Duibhir, P. (2009) *The spoken Irish of sixth class pupils in Irish immersion schools*. Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- Ó Duibhir, P. (2018) *Immersion Education: Lessons From a Minority Language Context*. Bristol: Multilingual Matters.
- O'Donoghue, D. (2012) 'Questions That Never Get Asked About Irish Art Education Curriculum Theory and Practice.' Granville, G. (ed.) *Art education and contemporary culture: Irish experiences, international perspectives*. Bristol: Intellect.
- OECD (2005) *Education at a Glance 2005: OECD Indicators*, Paris: OECD Publishing. Ar fáil ag: <https://doi.org/10.1787/eag-2005-en>.
- Sharp, I. (1981) *The Genesis roadshow: a play to be performed, read or taped*. London: Edward Arnold.
- Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020) *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. 1st ed. London: Routledge.
- Watts, R. (2005) 'Attitudes to Making Art in the Primary School.' *The International Journal of Art & Design Education*. vol.24, no.3. 243–53.
- Yenawine, P. (2014) *Visual thinking strategies*. Cambridge: Harvard Education Press.



Curach Thoraí: Stair, Stíl, Feidhm agus Forbairt

Máire Clár Nic Mhathúna

<https://doi.org/10.13025/r1xd-7v95>



Curach ar an Cheann Thoir, Toraigh

Is iomaí ceird a forbraíodh as riachtanas; múineann gá seift. San am a caitheadh b'éigean do na daoine cibé rud a bhí de dhíth orthu a dhéanamh, a thógáil nó a fhás, agus d'fhorbair siad bealaí le bheith beo ina dtimpeallacht, agus iad ag baint úsáid chúramach as an timpeallacht chéanna. D'fhoghlaim an chéad ghlúin eile na scileanna seo óna dtuismitheoirí agus leanadh den mhodh oibre agus maireachtála traidisiúnta seo gan mórán athruithe, mar a deir Ó Laoire (2016: 1):

Ghlac siad leis go raibh dóigh áirithe ann le cineálacha éagsúla oibre a dhéanamh agus iompair áirithe a chur i gcrích, gnáis a leanadh den chuid is mó agus a dtiocfadh athrú air de réir a chéile, de réir mar a fuarthas níos mó eolais fá dhóigheanna a b'fhearr ná iad.

Sin, nó gur imigh an riachtanas. De réir a chéile tháinig athrú suntasach ar an saol agus ligeadh go leor de na ceirdeanna i ndearmad, ceann acu sin an tsaoirseacht bád. San alt seo díreofar ar fheidhm agus ar fhorbairt an churaigh, bád traidisiúnta ar Oileán Thoraí, an t-oileán is faide amach ó chósta na hÉireann a bhfuil pobal ann ó cheann ceann na bliana. Anuas air sin cuirfear san áireamh an tionchar atá ag na curaigh seo ar an phobal a thóg iad; ní féidir déantúsán a scaradh go hiomlán ón gcomhthéacs sóisialta níos leithne lena mbaineann sé. Deir Godsen (2006: 440):

People as social beings can be shaped in how they think and how they feel by objects. Ideas and feelings do not exist in cultural forms in a manner prior to things but are created partly by them.

Mar a fheicimid, chuaigh an curach, agus bádaí eile ar ndóighe, i bhfeidhm go mór ar phobal Thoraí, agus bíonn siad lárnach ina gcuid ealaíne agus a gcuid amhránaíochta.

Is iomaí sin lasta préataí,
a thug mé féin 's mo dheartháir,
ó Chonnachta go Malainn,
fríd farraigí 'bhí trom (Ceathrú as Béal Buí Uaighe, amhrán a cheoltar i dToraigh.)

Ní fá choinne spóirt agus pléisiúir amháin a bhí na curaigh fadó, ainneoin go mbíodh rásaí go minic mar chaitheamh aimsire acu. (Luaitear gur chuir Séamus Mac a' Bhaird (2019: 15) 'barr feabhais ar scileanna rámháíochta bhádóirí Thoraí thar na blianta, rud a d'fhág go raibh clú agus cáil orthu ag rásaí na mbád uilig thart ar chósta iarthuaisceart Thír Chonaill'. Chomh maith leis sin tá tagairt ag Mac Póilín (2007: 57) do na rásaí curach a bhíodh coitianta sna 1920idí.) Modh taistil, modh cumarsáide, modh iompair do mhóin agus a leithéid, agus, thar rud ar bith eile, dóigh le slí bheatha a bhaint amach a bhí sna curaigh. Luann Micí John Mac Ruairí an tábhacht a bhí leis an churach dá athair agus é ag iarraidh teaghlach a thógáil i dToraigh (Mac Cormaic, 2009).

Bhíodh daoine ag iascaireacht murlas, deargóg agus gliomach thart fán chósta chreagach, agus ag cruinniú feamainne fá choinne ceilp a dhéanamh. Bhí ártach de dhíth a bhí éadrom, furasta a stiúradh, furasta a chur 'na farraige nó a tharraingt aníos, agus furasta a dhéanamh; ártach a bheadh fóirsteanach don áit agus don fheidhm agus b'shin an curach.



Fig.1 Greanadóireacht de Thoraigh 1894

Ainneoin go bhfuil sé ráite gur i gcurach a tháinig Colm Cille go Toraigh an chéad iarraidh (Ó Colm 1995: 61), níl taifead scríofa ar an churach i dToraigh, nó i nDún an Gall fiú, go dtí 1780 nó mar sin, nuair a dúradh i litir chuig Joseph Cooper Walker i Sasain: ‘Their boats, called curraghs, were oval baskets, covered with seal-skins’ (Mac Polin, 2007: 29).

Tráchtann A.J. Moore ar ‘a flat oval frame, perforated with holes at regular distances’ (Mac Polin, 2007: 54). Bheadh seo ag teacht leis an íomhá thuas a dhear cuairteoir go Toraigh in 1894, ina bhfeictear an chosúlacht atá idir an curach sin agus curach na Bóinne, bád abhann a dhéantaí as slatacha coill (Stephens, 1935). Thógtai béal faoi iad, teicníc atá frémhaithe sa chaoladóireacht, agus d’úsáidte látaí chomh maith leis an choll agus leis an tsaileach (Mac Cárthaigh, 2008: 426).

Nuair a shuímse cois na tineadh agus smaointím ar an am
 A raibh mé fein ’s mo churach bheag amuigh ar bharr na dtonn
 Gan idir mé ’s an tsíoraíocht ach an t-éadach tana tarr
 Ag cosnadh gaoithe is farraige i measc éanacha na mbeann. (Ceathrú as ‘Amhrán na Scadán’,
 amhrán a scríobh Eamonn Dooláí Mac Ruairí, as Toraigh.)

Tháinig forbairt ar dheardh an churaigh sna 1830idí i dToraigh, agus sa tír, agus tosaíodh ar úsáid canbháis seachas seithe, agus baineadh úsáid níos mó as adhmaid gearrtha seachas coll agus saileach. Níos moille sa chéad, díriodh deireadh an churaigh go raibh sé ní ba chosúla le folcadán i gcruth. Seo mar a rinne Getty cur síos ar churach Thoraí in 1853:

The frame-work consists of a gunwale and a quantity of branches for ribs, which are kept in their places by smaller twigs interwoven. According to the original fashion, a fresh hide with the hair inside was drawn over this skeleton, and, being laced with thongs to the gunwale, became rigid as it contracted in drying. At present, a cheaper material is found in tarred canvass, manufactured from flax or hemp spun by the women, and which is considered of superior strength to what is purchased at a warehouse... To render the canvass secure it is made double, and tarred; a layer of brown paper being generally inserted between the two portions of canvas...on the coast of the opposite mainland the curaghs have generally sharp bows and square sterns, but those of a moderate size, intended to pass with safety through the long swell of the Atlantic are square, or nearly so, at both extremities.

Ina alt in *An Claidheamh Soluis* (1903) dúirt Séamus Mac a' Bhaird go raibh na curaigh thart faoi ocht dtroithe ar fad, ceithre troithe ar leithead agus trí troithe i ndoimhneacht (Mac Polin, 2007: 27). An curach céaslaidh a bhí i gceist aige.



Fig. 2: íomhá le caoinchead ó Ard-Mhúsaem na hÉireann

Tá curach acu seo, a tógadh i dToraigh in 1923, ar taispeántas in Ard-Mhúsaem an hÉireann, Saol na Tuaithe, i dTurlach, Caisleán an Bharraigh. Jimmy Phaidí Fheilimidh Mac Ruairí a thóg é. Creatlach adhmaid¹ agus é clúduithe le canbhas atá i gceist. Tá sé 11 troigh ar fad, trí troithe ar leithead, thart faoi dhá through go leith i ndoimhneacht. Síneann na garmana (Garman=Garma; focal a thig ón fhíodóireacht, an bíoma a bhíonn ar an seol.

Seans gur baineadh úsáide as ceann le curach a dhéanamh, nó seans go bhfuil cosúlachtaí idir an dá gharmain agus dhá bhíoma an fhíodóra. Baintear úsáid fosta as an fhocal gar-adhmad, agus seans nach bhfuil i gceist ach sin) siar ón mhaide deiridh, agus tá cíl agus dhá shraith chosanta ar an bhun, mar chosaint agus an curach á tharraingt aníos thar chreagacha. Agus é ag tagairt don churach seo, deir Mac Polin (2007: 55) gur d'adhmad raice, nó adhmaid ar baineadh úsáid as roimhe (rinneadh 'glúin' sa churach is úire i dToraigh as adhmaid a fuarthas ón 'Chalifornia' a briseadh in 1914 agus í ar an bhealach anall as Meiriceá. Comhlacht de chuid Doire ar leo í. Ní chuirtear adhmaid ar bith amú in am ar bith) a rinneadh é; na heasnacha agus lataí déanta as craobhacha garbha a scoilteadh agus iad fuaite le ribí róin (fionnadh ainmhí, capall nó asal cuir i gcás) nó rud ar bith, ar leag siad lámh air, a d'fhéadfá a úsáid. Ar ndóighe, áit lom í Toraigh agus níl crann ar bith ann.

Le céasla a chuirte an curach seo chun siúil agus seo mar a chuireann Ó hEochaidh síos air (1965:5):

Ní rabh tafta ar bith iontu seo, agus ba le maide amháin a dtugtaí an céasla air a ba ghrách á gcur 'un siúil. Bíonn an céaslóir ar a ghlúine i dtoiseach an churaigh, agus an céasla á oibriú aige 'un tosaigh. Dá mbeadh iascaireacht ar bith le déanamh shuidhfeadh an t-iascaire i ndeireadh an churaigh.

¹ 'Gní muid fhéin dhá (fuaim=dhea) ghualainn, dhá gharamaid agus maide deiridh. Cuirimid achán pháirt acu sin le chéile, agus ghreamóchaidh é le táirgní. Cuirimid a bhéal faoi ar a' talamh, agus cuirimid dhá phlainc nó trí faoi. Greamóchaidh muid iad sin do ar eagla 's go mbogfadh sé. Bhéarfaidh muid linn ansin na dromanaigh. Adhmaid Dair atá 'sna dromanaigh. Sháith muid iad, agus bíonn muid a gabhail dó go ndéanaimid cothrom é. Bhearfaidh muid linn ansin ar gcuid leabthacha, agus fuaighfidh muid de sin iad le tairgní copaoir.' (CBÉ. Aodh Ó Domhnaill, 1938)

Ba scil ann féin a bhí sa chéaslóireacht seo: *'the intricate sweeps of the paddle are so sure, so skillful, that the currach responds to every flick of the blade.'* (O'Neill, 1940: 39).

Bhí radharc ag an chéaslóir ar a raibh roimh, nó díreach faoin churach, agus bhí sé ábalta an céasla a úsáid leis an churach a bhrú ar shíúil ó chreag, nó a tharraingt amach as tanalacht (Tuairisc ó Vincent O'Donnell, agus é ag cur síos ar a óige i Rann na Feirste. Mac Polin, 2007: 37), agus smacht aige ar an churach, ártach a bhí sásta don iascaireacht chois cloiche nó bhí sé chomh héadrom agus 'Í thuas ar bharr na toinne mar bheadh faoileog ann' (Ó hEochaidh, 1965: 5).



Fig 3: An Curach Rámha le caoinchead ó CBÉ

Ach má bhí féin, bhí sé beag go maith agus, nuair a bhí gá leis, chuaigh saoir Thoraí i gceann oibre arís agus tógadh curach a bhí níos mó - an curach rámha - a bhí níos faide agus níos láidre, a raibh taftaí agus leapacha agus rámhaí iontu mar a bheadh ar bhád rámha. (Ó hEochaidh 1965: 5). De réir eolas a chruinnigh Aodh Ó Domhnaill agus é i dToraigh in 1938, thug muintir Thoraí faoi deara curach a bhí ag muintir Ros Guill (stíl *Sheephaven Bay*) agus chuir siad dúil ann. Thug siad faoi deara an tosach géar agus thuig siad go gcuirfeadh sin luas leis an churach.



Fig 4: Curach rámha agus curach céaslaidh i dToraigh, le caoinchead ó CBÉ

Rinne siad aithris orthu ar feadh tamaill, agus tógadh go leor curach leis an dearadh sin, ach ina dhiaidh sin, thuig siad go raibh siad róthrom agus rómhór le hiompar thar chreagacha, cé go mbeadh siad maith don áit a raibh farraige chiúin agus trá ghainimh. D'fhill siad arís ar churach a bhí níos lú. Choinnigh siad cuid den dearadh seo áfach chomh maith leis an stíl traidisiúnta a bhí acu féin: an gob géar, na rámhaí agus na taftaí agus deirí na ngarman (na

cluasa, mar a thugtar orthu) á ngobadh thar dheireadh an churaigh, nó thug seo cosaint don chraiceann agus iad ag tarraingt an churaigh thar chreagacha. Imríonn feidhm, timpeallacht agus traidisiún tionchar ar dheireadh curaigh. (Mc Caughran, 2009: 5).

Anocht is mé ag meabhrú liom thart siar fán Ghaineamh Mór
 Ar na curaigh is ar na rámháí, ar na bádaí is ar na seoil
 A Rí nár mhéanair dá bhfeicfinn iad ag dul síos an Camas Mór
 Is an fhoireann ag teannadh an éadaigh orthu is ag cur sprait insa tseol mhór. (Ceathrú as an amhrán ‘Bádaí na d’Trí Seol’ le hÉamonn Ghráinne Mac Ruairí.)

Anuas fríd na blianta tógadh geolta (nó *skiffeanna*), báid, leathbháid, puntanna etc, ag freagairt don riachtanas, nuair a bhí iascaireacht scadán nó brádán i gceist, agus fágadh ar leataobh go leor acu arís nuair a d’imigh an t-iasc, ach bhí curaigh i gcónaí le feiceáil ar an oileán, nó is fearr a fhoireann bád beag nach bhfuil de dhíth ach duine ná beirt lena stiúradh, go háirithe ar oileán nach bhfuil pobal rómhór ann.

Rinneadh athruithe eile ar an dearadh ar ndóighe: fáschíle ceithre orlaí a chur air, é a choinneáil thart fá dheich dtroigh ar fad, agus ní fhágtar spás ar bith idir na lataí.

On Tory Island (Co Donegal) a particular style of curach replaced the paddle currach, possibly early in the last century, (Mac Cárthaigh, 2008). It is a small craft, with a punt-like bow and a keel, using some traditional curach materials and techniques in its construction. (O’Sullivan & Downey, 2015: 4)

Is beag difir idir an curach a dhéantar an lá atá inniu ann agus an ceann a dhéantaí in 1938, cé gur fá choinne corrlá iascaireachta, agus rása ó am go chéile, a mbaintear úsáide astu na laethanta seo seachas le slí bheatha a bhaint amach, mar sin féin cuirtear an tsuim chéanna i gcurach úr ar bith atá á thógáil, agus nuair a thosaigh Ailish Haughey, múinteoir ar an oileán, ar churach a dhéanamh faoi stiúir Pobby Val Ó Dubhchoin, chruinnigh na daoine isteach arís le féachaint cad é mar a bhí ag éirí leo, le corrathrú a mholadh anseo agus ansiúd, nach n-éisteofaí leo, agus le plé a dhéanamh faoi churaigh a rinneadh agus a cailleadh agus faoi na daoine a thóg iad. Ócáidí sóisialta iad seo don phobal, idir óg agus aosta, ina dtig siad le chéile, agus iad bródúil as a n-oidhreacht agus as a gcuid scileanna: *‘This skill and reputation live on. A ‘Tory boat’ is always something to be admired.’* (Fox, 1995: 132)

Choinnigh Ailish taifead ar an obair agus tá suíomh idirlín á chruthú aici a bhfuil cur síos ar an obair agus neart grianghraf ann. Seo a leanas na céimeanna éagsúla a bhaineann le curach Thoraí a dhéanamh (íomhánna uilig le caoinchead Ailish Haughey).

Curach Thoraí 2022

An Cliabh (Fráma, Creatlach



Tógtar an curach béal faoi. Tosaítear leis an bhéalbhach*. Leagtar amach dhá gharmaid thart fá 10 dtroigh ar fad. Gearrtar amach 9 bpoll dhronuilleogacha go cothrom ar achan ceann acu, agus spás rialta eatarthu.

*Béalbhach = béal ciseáin nó cléibh. Léiríú gur ón chaoladóireacht a d'fhorbair na curaigh.



Cuirtear maide deiridh eatarthu, cúpla orlach ón deireadh agus daingnítear le dhá chruit é. Is sórt uillinneacha iad seo. (Píosa beag adhmaid ar fiar a d'úsáidte roimhe.) Gearrtar 3 pholl dhronuilleogacha ar an mhaide deiridh. Fágtar 'cluasa' ag gobadh amach ar deireadh.



Gearrtar amach dhá 'ghualainn'; úsáidtear plána leis an bharr a dhéanamh níos tanaí go luífidh sé go deas leis an ghob, an t-éan mar a thugtar air. (Mac Conamhna, 2016:155). Greamaítear leis na garmana na gualainneacha seo.



Cuirtear dhá ghiota adhmaid le chéile leis an 'éan,' nó gob, a dhéanamh. Úsáidtear 4 thairne copair lena dhaingniú. Greamaítear an t-éan leis na gualainneacha, agus fágtar spás beag faoin ghob, áit a rachaidh an maide tosaigh.



An cliabh (fráma) réidh.


Na hEasnacha / Droimeanna



Gearrtar amach 22 píosa darach (thart fé 5 troithe ar fad). Cuirtear píopa i dtine* agus uisce istigh ann. Cuirtear éadach i mbéal an phíopa leis an ghal a choinneáil istigh ann. Nuair a théitear an t-uisce tig gal amach as an phíopa agus ansin cuirtear na droimeannaí (easnacha) isteach sa phíopa go n-éiríonn siad sólúbtha leis an ghal.



Lúbtar na droimeannaí thart ar mhúnla agus ceanglaítear iad go bhfanann siad sa chruth sin gan laincis. Baintear úsáid as an mhúnla céanna arís agus arís eile. Ceanglaítear le sreana iad lena gcoinneáil lúbtha.



Cuirtear isteach na droimeannaí ó thaobh go taobh na béalbhaí sna poill atá 8 nó 9 n-orlaí óna chéile fad na béalbhaí. Cuirtear beirt os comhair a chéile agus ceanglaítear le chéile iad an áit a dtig siad le chéile.

Oibrítear leo go mbeidh cruth an churaigh i gceart.

*Lastar tine i mbairille anois. Fadó ó shin is tine oscailte a bheadh i gceist.

An Lata láir





Cuirtear an lata láir isteach ón tosach go dtí an deireadh.

An Maide Tosaigh





Gearrtar amach an maide cam (maide tosaigh).



Cuirtear san áit chuí é, deireadh amháin sa spás faoin ghob, agus daingnítear le cúpla maide é don lata láir agus do na gualainneacha. Cuirtear sraith darach air ar an taobh amuigh.

Na Lataí




Gearrtar amach 34 lata d'adhmaid bán agus cuirtear isteach sna spásanna idir na heasnacha iad. Cuirtear ina luí taobh le chéile iad gan spás ar bith eatarthu. Cuirtear sraith darach ar gach taobh den lata láir, fad an churaigh.



Agus daingnítear na lataí le tairní copair. Ansin ghnítear iad a sheamú.



Ina dhiaidh sin tiontaítear an curach.



Gearrtar fuilleach na n-easnacha ar thaobh an churaigh. Cuirtear isteach na glúine agus an tafta (suíochán), agus ceann eile sa deireadh.

Sa churach seo, Tonnaí Thoraí, rinneadh cuid de na glúine as adhmaid a tháinig ón *Chalifornia*.*



Cuirtear isteach leapacha rámhaí taobh leis an tafta.

*Soitheach a briseadh i dToraigh in 1914. Bhí sí ar an bhealach anall as Meiriceá. Comhlacht de chuid Doire ar leo í. Sampla é seo den úsáid a rinneadh as cibé ábhar a tháinig faoina lámha ar an oileán.



Réidh don chraiceann (canbhás, tarra, éadach, tarra agus péint)

An Craiceann



Cuirtear cóta canbháis air agus ansin cóta tarra.



Cuirtear cóta éadaigh air agus ansin cóta eile tarra.



Cuirtear cóta eile canbháis air ansin agus ina dhiaidh sin 2 chóta eile tarra. Ansin cuirtear cóta amháin eile tarra air a bhfuil péint lonrach dhubh measctha fríd.


Cuirtear sraith mhiotail fad an churaigh, ina luí ar an lata láir, mar chosaint ar charraigeacha.



Péint a chuirtear ar an taobh istigh go traidisiúnta, ach is vearnais a cuireadh ar ‘Thonnaí Thorai’: 2 bhunchóta de chóireáil adhmaid mara ar súdh isteach san adhmaid iad, agus ansin 2 chóta de vearnais luaimh.

Tonnaí Thoraí: curach a tógadh ar Oileán Thoraí

2021–2022






Fig 5: Úir Thoraí i mbuidéal bheag

Is deacair gné amháin de shaol an oileáin a scaradh ó ghnéithe eile nó bíonn an nósmaireacht laethúil, an teanga, an cultúr, an amhránaíocht agus damhsa, an ealaín agus an creideamh fite fuaite fríd a chéile. Ar ndóighe ní chuirtear bád de chineál ar bith síos san fharraige gan Úir Thoraí ann. Créafóg bheannaithe atá san úir, (a thógann an duine is sine de Chlann Uí Dhubhgáin) a bheireann cosaint don churach agus do na daoine ann. Tá an nósmaireacht seo chomh tábhachtach ag na hoileánaigh an lá atá inniu ann agus a bhí na blianta fada ó shin nuair a bhí an

pobal seo ag brath go hiomlán ar churaigh agus ar bháid.

Cúis bhróid iad na curaigh seo don phobal mar a léirítear ina gcuid amhrán agus ealaíne. Is iomaí amhrán ina bhfuil trácht ar bhád nó ar churach, ar thaisme a tharla nó ar éacht a rinneadh, agus is léir go mothaíonn muintir Thoraí gur cuid bhunúsach dá saol iad na soithí seo, bíodh is nach bhfuil siad ag brath orthu an oiread sin níos mó. Tarraingíonn páistí na bunscoile curaigh agus báid eile ina gcuid pictiúr, agus is ábhar spreagtha iad i gcónaí do na healaíontóirí ar an oileán. (Tá scoil phéintéireachta chlúiteach ar an oileán a bunaíodh nuair a tháinig an t-ealaíontóir Derek Hill chun na háite in 1956.)

Tá clú amuigh ar mhuintir Thoraí as a saoirseacht bád agus curach den chéad scoth. Ní iontas ar bith é, nó tá an fharraige agus na háirde seo mar bhunchloch dá saol agus dá n-oidhreacht. (Mac Cormaic, 2009). Thóg siad curaigh nó thuig siad gur sin an t-árthach ab fhearr a d'fhóir don iascaireacht cois cladaigh ar an oileán; bhí sé éadrom, furasta a thógáil agus a stiúradh. Tháinig forbairt ar an dearadh thar na blianta, ón árthach ubhchruthach go dtí an curach a tógar go fóill ar an dóigh thraidisiúnta a tugadh anuas thar na glúnta (Mac Cormaic, 2009), agus dar le Mac Conamhna gur 'sampla tábhachtach í d'fhorbairt dhúchasach ó churach céaslaithe go dtí an curach iomartha' (2016: 152). Ní raibh leasc ar phobal Thoraí dearadh úr a thriail, nuair a chonaic siad an t-athrú a tháinig ar churach Chuan an Long, ach ní raibh leasc orthu ach an oiread pilleadh ar an dearadh ab fhearr dá dtimpeallacht, agus tháinig forbairt éigin ar an dearadh sin thar na blianta. Is cuid d'fhéiniúlacht an oileáin na soithí seo agus cinnte go leanfar don traidisiún ar an oileán go ceann fada go leor. Mar a deir Paidí Mac Fhionntaigh: 'Mura raibh curach i dToraigh agat bheifeá cailte' (Ó Gallchóir, 2001).



Fig 6. 'Paddle currach fishing on Tory Island'
le James Dixon (1887–1970)



Fig.7 'Barr na Céibhe' le Ruairí L. Mac Ruairí (1956)



Fig.8: 'Iascaireacht' le Cushla Nic Ruairí (2011–)



Fig.9: 'Luí gréine Thiar' le Michael Mac Ruairí (2016–)

Dhéanfaidh Mac John Eoin go beacht, Cros de chéaslaidh a bheas gan locht,
 'S dhéanfaidh an curach cónair dhíon dom féin go brách,
 Cuirfidh Beítí le mo thaobh léinidh uisce de mhálaí plúir,
 Is dhéanfaidh scarfa marbhfaisc orm san uaigh. (Ceathrú as an amhrán 'Béítí Sailí Dan' a scríobh Séamus Mac a' Bhaird.)

Leabharliosta

- CBÉ: 0478:612-613 Ag déanamh curach; Domhnaill Mac Ruaidhrigh. Bailitheoir: Aodh Ó Domhnaill, Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall, 6 Aibreáin 1938. Ar fáil ag: <https://www.duchas.ie/en/cbe/9000650/7227300/9088254?&Language=&ContentScript=>.
- Fox, R. (1995) *The Tory Islanders: a people on the Celtic Fringe*. Indiana: University of Notre Dame Press.
- Getty, E. (1853) 'The Island of Tory; its history and antiquities.' *The Ulster Journal of Archeology* [ar líne] Vol 1: 27-37 Belfast <https://archive.org/details/jstor-20563440/page/n7/mode/2up>.
- Godsen, C. (2006) 'Material Culture and Long-Term Change.' *Handbook of Material Culture*. London: Sage Publications.
- Hamilton, J.N. (1974) *The Irish of Tory Island*. Belfast: Institute of Irish Studies, QUB.
- Hunter, J. (2006) *The waves of Tory, Tonnta Thoraí*. Buckingham UK: Colin-Symthe Ltd.
- Mac a' Bhaird, S. (2019) *Eachtraí Mara Pháidí Pheadair as Toraigh*. Baile Átha Cliath: Arlen House.
- Mác Cárthaigh, C. (2008) 'Irish Skin Boats.' Mac Cárthaigh, C. (eag.) *Traditional Boats of Ireland. History, Folklore and Construction*. Cork: The Collins Press. 419–27.
- Mac Conamhna, B. (2016) *Curaigh na hÉireann: a stair agus a scéal*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnacht. 151–5.
- Mac Cormaic, R. (2009) 'Race of the Two-man Tory currachs brings Earragail festival to a finish.' *Irish Times*. 20 Iúil.
- Mac Polin, D. (2007) *The Donegal Currachs*. Donaghadee: Ballyhey Books.
- McCaughan, M. (2008) 'Irish Vernacular Boats.' Mac Cárthaigh, C. (eag.) *Traditional Boats of Ireland: History, Folklore and Construction*. Cork: The Collins Press. 2–11.
- Ó Colm, E. (1995) *Toraigh na dTonn*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnachta. 61–3.
- Ó Gallchóir, D. et al. (2001) *Bailiúchán Béaloidis Gaoth Dobhair*: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. <http://www.bealoideasbeo.ie/fais-amhain/496>.

- Ó Gallchóir, D. *et al.* 2009. Bailiúchán Béaloideas Gaoth Dobhair: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. <http://www.bealoideasbeo.ie/fais-amhain/201>.
- Ó hEochaidh, S. (1965) Seanchas Iascaireachta agus Farraige. Iml:33. 1–96 Baile Átha Cliath: An Cumann Le Béaloideas Éireann/Folklore of Ireland Society. Ar fáil ag: <https://www.jstor.org/stable/20521308>.
- Ó Laoire, L. (2016)** *An Teanga agus Oidhreacht na nAmhrán i dToraigh* Gaillimh: Ollscoil na Gaillimhe. Ar fáil ag: https://www.academia.edu/29399579/Teanga_agus_Oidhreacht_na_nAmhr%C3%A1n_i_dToraigh_An_aiste_i_gcl%C3%B3_in_Guth_an_Iarthuaiscirt_Essays_on_Songs_and_Singing_from_Northwest_Ulster_Eag_Peadar_Mac_Gabhann_Sin%C3%A9ad_Coyle_%C3%89igse_Cholm_Cille_Doire_2016
- O'Neill, P. (1940) 'Further Notes on the Donegal Curragh.' *Ulster Journal of Archaeology*. 3(3). 38–41. Béal Feirste: Ulster Archaeological Society. Ar fáil ag: <https://www.jstor.org/stable/20627309>.
- O'Sullivan, M. & Downey, L. (2015) 'Curraghs' *Archaeology Ireland*. 29(1) Earrach. 39–42. Ar fáil ag: <https://www.jstor.org/stable/43233816>.
- Stephens, F. (1935) 'Boyne Curragh' LookAroundIreland.com 2008. Ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=aCWFDmNKLyM>.

Ríomhphoist ag cuartadh ceada / ag cuardach eolais:

- Nic Mhathúna, M.C. (mcmcm777@hotmail.com), 31 Eanáir 2022. Ábhar: Ceist faoi churaigh Dhún na nGall. Ríomhphost chuig Dónal Mac Polín (donalmacpolin@gmail.com)
- Nic Mhathúna, M.C. (mcmcm777@hotmail.com), 30 Eanáir 2023, Ábhar: Cead a lorg íomhánna ó Choimisiún Bhéaloideas Éireann a úsáid san alt.
- Ríomhphost chuig Críostóir Mac Cárthaigh (criostoir.maccarthaigh@ucd.ie)
- Nic Mhathúna, M.C. (mcmcm777@hotmail.com), 30 Eanáir 2023. Ábhar: Cead a lorg le hiomhá ón Ard-Mhúsaem a úsáid san alt. Ríomhphost chuig Noel Campbell (ncampbell@museum.ie)
- Nic Mhathúna, M.C. (mcmcm777@hotmail.com), 21 Eanáir 2023. Ábhar: Ceisteanna faoin churach a rinne sí agus cead a lorg íomhánna a úsáid san alt. Ríomhphost chuig (ailishhaughey112@donegaletb.ie)



Cé leis an dán aistrithe?

Dorothy Ní Uigín

<https://doi.org/10.13025/zr1e-m180>

Réamhrá

Níos minice ná a mhalairt is leaganacha dátheangacha d'fhillíocht na Gaeilge a fhaighimid nuair a fhoilsítear cnuasaigh filíochta nó dánta aonair sa lá atá inniu ann. Rinneadh roinnt mhaith plé ar cheist seo an aistriúcháin ar an bhfilíocht Ghaeilge le blianta beaga anuas, agus san alt seo, déanfar scagadh ar a bhfuil ráite ag filí agus ag aistritheoirí iad féin faoi na dúshláin agus na buntáistí a bhaineann leis an aistriúchán liteartha, agus faoina thionchar ar fhilí agus ar an bhfilíocht Ghaeilge go sonrach. Breathnófar ar fhilí comhaimseartha na Gaeilge a théann i ngleic leis an dúshlán seo agus iad i mbun a gceirde, agus tugtar faoin gceist 'Cé leis an dán aistrithe?' a fhreagairt.

Cúlra

Tá scéal na filíochta Gaeilge agus an t-aistriúchán athraithe go mór le tríocha bliain anuas: tá aistriúchán á dhéanamh ar shaothar filí comhaimseartha, agus tá cnuasaigh dhátheangacha filíochta á bhfoilsíú go rialta. Tamall de bhlianta roimhe sin, áfach, sa bhliain 1975, scríobh an file Michael Hartnett an dán 'A Farewell to English', ina ndúirt sé: *I have made my choice / and leave with little weeping: / I have come with meager voice / to court the language of my people'* agus is ag saothrú na Gaeilge a bhí sé go ceann deich mbliana ina dhiaidh sin. Deirtear ina iontráil beathaisnéise ar [ainm.ie](http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=1705) (ainm.ie/Bio.aspx?ID=1705), áfach, gur

Toradh ar thréimhse na Gaeilge is ea na haistriúcháin a rinne sé ar fhilí móra an 17ú haois: Ó Bruadair: *Selected Poems of Dáibhí Ó Bruadair*, 1985; *Haicéad*, 1993; Ó Rathaille: *The Poems of Aodhagán Ó Rathaille*, 1999. Aistriúchán ar dhán Ungáirise le Ferenc Juhász is ea *An Damh-Mhac*, 1987...Saothair aistriúcháin níos deireanaí is ea: *Dánta Naomh Eoin na Croise*,

1991; *The Poems of Nuala Ní Dhomhnaill*, 1986. Bailiúchán dátheangach is ea: *A Necklace of Wrens: selected poems in Irish with English translations by the author*, 1987.

Is riléir mar sin, gur dheacair an claonadh chun aistriúcháin a sheachaint i measc na bhfilí Gaeilge, fiú ag duine a d'fhógair go neamhbhalbh gur ag tabhairt cúl leis an mBéarla a bhí sé.

Rianaíonn Michael Cronin fréamhacha an nóis chomhaimseartha seo aistriúchán a dhéanamh ar an bhfilíocht Ghaeilge siar go dtí foilsíú an leabhair *Máirtín Ó Direáin: Selected Poems / Tacar Dánta* sa bhliain 1984; Tomás Mac Síomóin agus Douglas Sealy a roghnaigh agus a d'aistrigh na dánta sa chnuasach, agus deir Cronin (169–70) an méid a leanas faoina thábhacht:

The novelty of Tacar Dánta was, firstly, that it contained English translations of work by a contemporary as opposed to a long-dead Irish-language writer and secondly, that the publication was assisted by the Arts Council as part of a new policy to encourage bilingualism in five areas of its work: the writer; literary organisations; publishers; literary magazines; and participation. The policy was explicitly formulated in a 1985 Arts Council publication, Services to Literature: Seirbhísí don Litríocht... The second title that illustrated the Arts Council's new translation policy was The Bright Wave: An Tonn Gheal, edited by Dermot Bolger and published by Raven Arts Press in 1986. The Bright Wave contained poems by many leading Irish-language poets accompanied by translations produced by writers in the English language. Raven Arts Press also published in that same year Nuala Ní Dhomhnaill's Rogha Dánta: Selected Poems, English translations of Ní Dhomhnaill's Irish-language poetry by the poet herself and Michael Hartnett. The translation initiative was a commercial success...

Deir sé freisin (175):

Translation was the exit visa from the ghetto of linguistic isolationism and would bring the level of achievement of contemporary Irish-language writers to the attention of the English-speaking world. The fact that so many Irish-language poets allowed their work to be translated does indeed point to the desire for a form of recognition in the wider literary community... Translation meant feedback, response, the acknowledgement of another literary tradition and culture. For other writers, however, translation was a form of dispossession that threatened the integrity of writing in Irish...

Bhain gné eile le polasaí seo na Comhairle Ealaíon a luadh thuas i.e. aistriúchán ar shaothar Gaeilge go teangacha iasachta, agus sa bhliain 1990, foilsíodh tuarascáil a d'ullmhaigh Michael Cronin, Liam Mac Cóil agus Jürgen Schneider: *Litríocht gan Teorainn: An tAistriú Liteartha Éireannach i gComhthéacs na hEorpa*. Is as seo a d'eascair The Ireland Literature Exchange / Idirmhálartán Litríocht Éireann sa bhliain 1994, ar athraíodh a ainm go Literature Ireland /

Litríocht Éireann in 2016, agus is ag cur chun cinn aistriú litríochta na hÉireann – i nGaeilge agus i mBéarla – go teangacha iasachta eile, agus a mhalairt, a bhíonn Litríocht Éireann. Is coitianta i bhfad, áfach, an t-aistriúchán go Béarla ar fhilíocht na Gaeilge, rud atá bearránach i gcomhthéacs an choilínithe. Deir Gearóid Denvir (1997: 66) faoin gceist:

It is difficult not to agree with David Lloyd... when he asserts that translation embodies the fatal double bind of cultural nationalism: disseminating the message through English destroys the very language you wish to preserve. The aim of translation can, and often is, the decolonizing of the mind through introducing those who have no Irish to the Gaelic literary tradition...

Agus luann Ó Séaghdha: ‘Subconsciously, with no element of calculation, the degree of future translatability and the values of the English language audience may become factors that penetrate and weaken the original impulse’. In ainneoin na deacrachta seo, áfach, maíonn Sinéad Mac Aodha (2013), stiúrthóir reatha Litríocht Éireann, go mbaineann tábhacht leis an aistriúchán liteartha mar:

No single literature has a monopoly on excellence... Put simply, literature in translation enables the reader to have access to other worlds. It also strengthens writers in their own creative practice, as by reading translated works they have access to other literary practices and ideas.

The best literary translators are bi-cultural... As Anthony Burgess famously said, ‘Translation is not a matter of words only: it is a matter of making intelligible a whole culture’.

Baineann castacht bhreise le hargóint seo an chultúir i gcás mionteanga, áfach, áit a mbíonn an cultúr féin faoi bhrú ag cultúr na mórtheanga. I gcás na Gaeilge agus na hÉireann, ní éasca i gcónaí an dá chultúr a scaradh óna chéile ach oiread – go háirithe i gcás scríbhneoirí an lae inniu, agus ina gcás siúd a shaothraíonn an litríocht i dteanga nach í a gcéad teanga í, agus a bhfuil a líon ag fás. Is ag láidriú i gcónaí atá tionchar an Bhéarla ar an nGaeilge; go deimhin, chomh fada siar le foilsiú *Eireaball Spideoige* Sheáin Ó Riordáin in 1945, cháin Máire Mhac an tSaoi Gaeilge an Ríordánaigh ag maíomh go mbeadh eolas ar an mBéarla ag teastáil chun a chuid filíochta Gaeilge a thuiscint. ‘Is láthair chruthanta don gcoimhlint idirchultúrtha é gort an aistriúcháin’, dar le Louis de Paor (2018: 178), ‘coimhlint mhíchothrom go minic idir an lag agus an láidir’, agus is ag streachailt leis na castachtaí seo atá go leor d’fhilí comhaimseartha na Gaeilge.

Tuairimí na bhFilí Comhaimseartha

Ag caint dó faoi Chomhdháil de hÍde in 2008, a raibh an t-aistriúchán mar théama aici, dúirt Cathal Mac Coille (2008: 22):

Tá an dá abairt seo a leanas fírinneach, ainneoin iad a bheith ag teacht salach ar a chéile.

1. Níor éirigh le duine ar bith ariamh dán, ná scéal, ná ráiteas polaiteora, ná fiú gnáthchaint, a aistriú i gceart.
2. Is dlúthchuid dár saol é an t-aistriúchán agus, dá dhonacht cúrsaí an domhain uaireanta, bheadh an saol míle uair níos achrannaí dá uireasa.

Léiríonn Tomás Mac Síomóin an tuairim chéanna faoina dheacra is atá an t-aistriúchán – ar an bhfilíocht go sonrach – in agallamh a rinne sé leis an údar in 2010, ach ina ainneoin sin, is beag file Gaeilge comhaimseartha nach bhfuil tar éis dul i muinín an aistriúcháin.

Ar dhuine de mhórfhílí na Gaeilge a ghlac leis agus a chuir fáilte roimh an aistriúchán – go háirithe go teangacha seachas an Béarla – tá Nuala Ní Dhomhnaill. Cuireann sé leis an lucht éisteachta, dar léi, agus cinntíonn sé aiseolas. I measc na ndaoine a rinne aistriúchán ar a cuid filíochta siúd tá Ciaran Carson, Michael Coady, Peter Fallon, Michael Hartnett, Seamus Heaney, Michael Longley, Medbh McGuckian, Tom McIntyre, Derek Mahon, Paul Muldoon agus Eiléan Ní Chuilleanáin. Molann an file Aifric Mac Aodha (2011) comhpháirtíocht Ní Dhomhnaill agus Paul Muldoon i dtionscadal an aistriúcháin liteartha go sonrach. Deir sí:

Some poets have addressed the problem of the translation creatively and have formed active artistic partnerships with their translators. Nuala Ní Dhomhnaill's work with Paul Muldoon... have forged a very fruitful poetic team (sic). Their joint work, poem and translation in friendly apposition rather than jostling for position on the page, may be seen as an artistic collaboration between two highly accomplished poets. The poetry resides not simply in the original poem, nor can it be located in the translation. It exists between them in a kind of dynamic tension between the source poem and its English version, in the gaps, historical and linguistic, between the Irish way of expressing an idea conceived in Irish and in that idea's translated equivalent. Ní Dhomhnaill and Muldoon have made a virtue out of an artistic necessity and a new poetry out of an old problem.

Léiríonn an sliocht thuas an deacracht ‘úinéireachta’ a bhaineann leis an aistriúchán liteartha (más deacracht é) – cé leis an dán aistrithe? Dar le Mac Aodha nach maireann an fhilíocht sa bhundán a thuilleadh ná sa leagan aistrithe ach oiread ach i liombó idir eatarthu. Ar nós an duine gan stát, tá an fhilíocht gan baile cinnte. Cá bhfágann sé seo na filí féin, agus na haistritheoirí, go deimhin? Is suntasach an bhéim a chuireann Mac Aodha ar chumas na beirte, Ní Dhomhnaill agus Muldoon, mar fhilí, agus mar is léir ón liosta thuas, is filí is minice a d’aistrigh agus a aistríonn filíocht Ní Dhomhnaill. Tá an nós seo thar a bheith coitianta

in aistriú na filíochta Gaeilge go Béarla sa lá atá inniu ann. Bíonn filí ag aistriú a chéile agus cuireann an mianach cruthaitheach agus an mian cumadóireachta a thagann leis seo cor eile i scéal na húinéireachta. Is cineál léirmheastóireachta a bhíonn ar bun ag an aistritheoir, ach leis an léirmheastóireacht agus leis an aistriúchán i measc na bhfilí, tagann an chumadóireacht agus an chruthaitheacht.

Deir Aifric Mac Aodha (2011) san alt céanna a luadh thuas:

Writing poetry in Irish forces you to think about translation, for practical reasons as well as artistic ones. For one thing, because I write in a minority language my poems are more often published with a translation than not. The majority of readers, who do not have Irish, will only ever read the translation. Even those who do read Irish will usually read the translation and compare it to the original.

...Everything is translation, from thought to word, from image to phrase, from one linguistic register to another and from tradition to modernity. If I can act as a translator for the language of my forebears into a vibrant living version of their Irish then I will have served them, and my own poetic concerns.

...What is at stake is the language itself, which is something most people do not care about. It is, in spite of heroic and ongoing attempts to revive it, a dead language. But it is also, as Nuala Ní Dhomhnaill famously put it in an article for the New York Times Book Review 'the corpse that sits up and talks back.'

Pléann Gearóid Mac Lochlainn ceist an aistriúcháin go minic ina chuid filíochta féin agus i dtráchtairacht an chnuasaigh dhátheangaigh *Sruth teangacha / Stream of tongues* (an tríú leabhar filíochta uaidh agus bailiúchán a bhuaigh Duais Michael Hartnett), cuireann sé an t-aistriúchán ar an bhfilíocht i gcomparáid leis an iliomad leaganacha de phíosa snagcheoil a bhíonn ar fáil go minic. 'Perhaps we should view it as a jam session proper between Irish and English,' a deir sé, le 'duelling banjos'. Admhaíonn sé, áfach, agus é ag tagairt do réamhrá Frank Sewell ar an aistriúchán a rinne sé ar fhilíocht Chathail Uí Shearcaigh (*Out in the Open*), '...the ideal reader (audience) must be bilingual or multi-instrumental perhaps, to keep with the anthology' (191).

Pléann Louis de Paor, file a bhfuil aistriúchán déanta aige féin ar an bhfilíocht (*Freacnairc mhearcair: rogha dánta/The oomph of quicksilver: selected poems*, rogha de shaothar Michael Davitt, mar shampla), agus ar aistríodh a chuid filíochta siúd freisin (*Ag Greadadh Bás sa Reilig/*

Clapping in the Cemetery. ‘Translations from the Irish by the author, with Bidy Jenkinson, Mary O’Donoghue and Kevin Anderson etc.’) ceist an aistriúcháin in agallamh ar *The Cork Examiner*, le Alan O’Riordan (2014). Tosaíonn O’Riordan leis an gceist:

Can a poem ever really be translated? RS Thomas likens poetic translation to kissing through a handkerchief, while for minority languages — such as Irish — there is the problem of translation subsuming the original, damaging the very linguistic diversity that a poem in Irish implicitly celebrates.

Rinneadh an t-agallamh seo agus cnuasach filíochta aistrithe leis an bPaorach á fhoilsiú – *The Brindled Cat and The Nightingale’s Tongue* – agus molann de Paor comhréiteach i gcás aistriú na litríochta agus na filíochta go sonrach; molann sé gur cheart an t-aistriúchán a chur siar, a chur ar athló:

He writes that he prefers his poems to have a life in Irish before they are translated. ‘The more Irish language readers read in Irish, without the life support of English, the more they are attuned to the possibilities of the language,’ he says.

...The reader is invited to brave the Irish versions, while leaning on the English versions, which tack close to their originals, but are beautiful in their own right — capturing de Paor’s knack for plain speaking that is never merely banal...

Ba mhaith leis an bPaorach go meallfadh a chuid filíochta na léitheoirí Béarla le filladh ar an nGaeilge agus le scagadh a dhéanamh ar an mbundán, mar gheall ar a thábhachtaí is atá tuiscint ar stair na teanga agus an chultúir chun tuiscint a bheith againn ar Éirinn an lae inniu agus ar litríocht chomhaimseartha na hÉireann; áitíonn sé:

Ninety per cent or more of our lived historical experience has been through the Irish language... English has no direct access to that experience. It can only translate it. I think part of our unease with Irish is that it makes us feel foreign in our first language, and nobody likes to feel foreign at home. But we are at least partly estranged, remote from a significant part of ourselves, if we insist on being confined to English. Pre-Famine Irish-speaking Ireland and post-Famine English-speaking Ireland are two different worlds. I can’t go back there, but as someone who has learned Irish, I can at least try to get closer to that past without which we are disconnected, disinherited of what is legitimately and uniquely ours.

Tá Bidy Jenkinson ar dhuine de bheagán filí Gaeilge nach maith leo go n-aistreofaí a gcuid filíochta go Béarla in Éirinn. Dar léi go ndéanann an t-aistriúchán dochar don fhilíocht Ghaeilge; deir sí (1991: 34):

I prefer not to be translated into English in Ireland. It is a small rude gesture to those who think that everything can be harvested and stored without loss in an English-speaking Ireland.

If I were a corncrake I would feel no obligation to have my skin cured, my tarsi injected with formalin so that I could fill a museum shelf in a world that saw no need for my kind. There are others with more generous souls and I take a certain malicious pleasure in seeing some of them sweep in to take centre stage often enough in places where they were being offered a token spot in the wings.

But that is that. Generosity, poetry and song being the three things that cannot be learned according to the triad: ‘Trí nithe nach féidir a fhoghlaim – guth, féile agus filíocht’.

Mar sin féin, áitíonn Breandán Ó Doibhlin (2000: 9):

...that a language as reduced, both demographically and socially, as Irish Gaelic has long been, needs all the help it can get if it is to survive... And if it is to survive, it must be made ready to express the intellect and the imagination of the end of the twentieth century. It is in this spirit that I translate: to develop the language and to provide new experience for those who read it in particular, experience from beyond the anglophone world, to which our bilingualism gives us a ready, and perhaps overwhelming, access.

Nuair a fhiafraítear de Louis de Paor (O’Riordan: 2014) cén fáth ar úsáid sé aistritheoirí eile nuair a bhí sé líofa i nGaeilge agus i mBéarla:

‘Well,’ de Paor answers, ‘although I am a native speaker of English, I don’t write creatively in English and the translators were able to see possibilities that didn’t occur to me.’

De Paor also admits that he gives in to the temptation to rewrite, rather than translate a poem, a proprietorial indulgence that his translators are loath to take. ‘They chastised me actually,’ he says, ‘for taking such unconscionable liberties with myself. For me, the difference between the poetry traditions in Irish and English is that Irish allows certain things to be said plainly without losing intensity. Whereas in English, it can seem very flat to be clear and direct, so there is a temptation to tart it up a bit in English. The translators were able to remind that that’s not always the case and that it should be possible to achieve the same effect in English without misrepresenting the Irish.’

Tagann an méid seo leis an bplé thuas faoin gcruithaitheacht agus faoin gcumadóireacht a bhaineann leis an aistriúchán liteartha go minic, go háirithe nuair a bhíonn filí ag aistriú filí eile. Is casta i bhfad, mar a léiríonn de Paor thuas, an scéal má thugann file faoi aistriú a c(h)uid filíochta féin.

Ag breathnú lasmuigh de chanóin na Gaeilge, faighimid an tuairim seo ó Patrick Modiano (luaite in Paul Hond, 2021–2022) faoin ómós ar cheart a thabhairt don aistriúchán agus don aistritheoir liteartha:

When you read a translation it doesn't mean it's a secondary experience. It doesn't mean you're not reading the author. It means you are reading the product of two authors: the original author and the translator, who has to read the text, interpret it, and regenerate it in terms that make linguistic sense.

Luann Hond an sprioctheanga freisin agus a thábhachtaí is atá cumas an aistritheora inti, agus níos tábhachtaí fós, cumas agus mianach an scríbhneora a bheith san aistritheoir. Cuireann Hond fainic orainn, áfach: *'This high degree of subjectivity, together with the fluidity of language and culture, casts doubt on the notion that any single translation of a work can be definitive'*, agus, dar leis, *'putting a translator's name on the front cover isn't a concession — it's an accurate reflection of the collaborative nature of the work'*. Ritheann línte deiridh an dáin 'Among Schoolchildren' le WB Yeats linn nuair a dhéantar scagadh ar an gceist choigilteach seo: *'O body swayed to music, O brightening glance / How can we know the dancer from the dance?'* Ní féidir an damhsóir a scaradh ón damhsa, agus is baolach nach féidir an t-aistritheoir a scaradh ón aistriúchán ar dhán; is cuid den phróiseas cruthaitheach é an t-aistritheoir agus iarracht ar bun dán d'ardchaighdeán, a mbaineann luach litríochta leis, a chur ar fáil sa sprioctheanga. Agus, ar ndóigh, mura bhfuil aon aistriúchán deifnídeach ar an litríocht ar fáil, níl aon léirmhíniú deifnídeach amháin ann ach oiread i measc an lucht léitheoireachta / éisteachta – i ndeireadh na dála, nach leis na léitheoirí nó na héisteoirí an dán aistrithe lena gcuid féin a dhéanamh de agus nach amhlaidh atá i gcás saothar cruthaitheach ar bith? Cé go mb'fhéidir gur freagra míshásúil é seo ar an gceist a cuireadh i dteideal an ailt seo, is baolach nach bhfuil freagra sásúil ar fáil. Is cuid den saol é an t-aistriúchán; is gné an-tábhachtach de shaol na litríochta é, agus i ndeireadh na dála seans gur cheart déanamh mar a dhéanann Gearóid Mac Lochlainn – glacadh go fonnmhar leis na leaganacha uile 'snagcheoil' agus taitneamh a bhaint astu.

Críochnóimis le dán eile ina bpléitear ceist na teanga agus ceist an athrú teanga – ‘A Grafted Tongue’ le John Montague; in aistriúchán cumasach – ‘Teanga-theascadh’ – air seo, léiríonn Feargal Ó Béarra a dheacra agus a thruamhéalaí is a bhí an t-athrú teanga in Éirinn (2007: 86–9):

Siúd anois, faoi bhailbhe is faoi chró, ar a thachtadh,
 Ceann gan chabhail – iarracht sin an dara teanga a chló,
 Gábh gugallach sin do dhamhna féin;
 Siúd anois i dteach an léinn,
 Gol an ghasúir – Glúin eile Gael
 Ag aithris a dhíol Béarla féin...

Sa lá atá inniu ann, is féidir, go hiondúil, leis an gcainteoir nó leis an scríbhneoir Gaeilge dul go héasca idir an Ghaeilge agus an Béarla; an mbeadh sé cuí glacadh le siombóis seo an aistriúcháin a pléadh san alt seo, agus ligean don té a léann an bundán nó toradh an aistriúcháin ar an mbundáin – nó go deimhin, an dá leagan den dán – úineireacht a ghlacadh ar thoradh na cruthaitheachta seo?

Leabharliosta

Leabhair

- Cronin, M. (1996) *Translating Ireland: Translation, Languages, Cultures*. Cork: Cork University Press.
- Dillon, C. & Ní Fhrighil, R. (eag.), (2008) *Aistriú Éireann*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Ríona.
- Kiberd, D. (1993) *Idir Dhá Chultúr*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Mac Aodha Bhuí, I. (eag.) (2007) *Translation Ireland*. Special Issue: Translation & Irish in the Twenty-First Century, Vol.17, No.2. Baile Átha Cliath: ITIA.
- Ní Fhrighil, R. (eag.) (2010) *Filíocht Chomhaimseartha na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life Teoranta.

Ailt

- De Paor, L. (2018) 'Traidisiún an aistriúcháin.' *Ag caint leis an Simné? Dúshláin an Traidisiúin agus Nualitriocht na Gaeilge*. An Spidéal: Cló Iar-Chonnacht. 178–218.
- Denvir, G. (1997) 'Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland.' *New Hibernia Review; Iris Éireannach Nua*, Earrach/Spring; Vol.1, No.1.
- Hond, P. (2021–2022) 'The Peculiar Perils of Literary Translation.' *Columbia Magazine*, Winter. <https://magazine.columbia.edu/article/peculiar-perils-literary-translation>.
- Jenkinson, B. (1991) 'A Letter to an Editor.' *Irish University Review* Vol.21, No.1, Special Issue: *Contexts of Irish Writing Spring – Summer*; 27–34. <https://www.jstor.org/stable/25484394>.
- Mac Aodha, A. (2013) 'A Talkative Corpse: The Joys of writing Poetry in Irish.' *Columbia Journal*. <http://columbiajournal.org/a-talkative-corpse-the-joys-of-writing-poetry-in-irish-3/>.
- Mac Aodha, S. (2013) Agallamh in *The Stinging Fly*. Meitheamh / Summer: Issue 25, Vol.2.
- Mac Coille, C. (2008) 'Amú san Aistriúchán.' *Foinse*, 5 Deireadh Fómhair. 22–3.
- Mac Congáil, N. (1976) 'An tAistriú i gComhthéacs Nualitriocht na Gaeilge.' *Comhar*, Bealtaine / Meitheamh. 3–5, 5–8.
- Mac Congáil, N. (1992) 'Nua-Litriocht na Gaeilge i bhFoirm Aistriúcháin.' *Irisleabhar Mhá Nuad*. 123–33.
- Mac Lochlainn, G. (2002) Nótaí ón Údar in *Stream of Tongues / Sruth Teangacha*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht. 187–95.
- Ní Dhomhnaill, N. (1995) 'Why I Choose To Write in Irish, The Corpse That Sits Up and Talks Back.' *New York Times* (8 Eanáir). <https://www.nytimes.com/1995/01/08/books/why-i-choose-to-write-in-irish-the-corpse-that-sits-up-and-talks-back.html>.
- Ní Fhrighil, R. (2009) 'Ó Dhónall na Gréine go Sideshow Bob: Filíocht na Gaeilge faoi Bhrat an Bhéarla.' *Diasa Díograise: Aistí i gcuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Eag: Mícheál Mac Craith & Pádraig Ó Héalaí. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

- Ó Béarra, F. (2007) 'Teanga-theascadh' aistriúchán ar 'A Grafted Tongue' le John Montague. *Translation Ireland*. Vol.17, No.2. Baile Átha Cliath: ITIA, 86–9.
- Ó Ciardha, P. (1998) 'Ré Iarliteartha na Gaeilge.' *Léachtaí Cholmcille XXVIII*. 93–109.
- Ó Doibhlin, B. (2000) 'A Translator of the Irish Language Today.' *Éire-Ireland*. 9–17.
- Ó Loingsigh, S. (2007) Léirmheas ar *Remembering Michael Hartnett*, in eagar ag John McDonagh & Stephen Newman. *Feasta*. Bealtaine. 26–7.
- O'Connor, L. (2009) 'Translation through the Macaronic: Gearóid Mac Lochlainn's *Sruth Teangacha / Stream of Tongues*.' *New Hibernia Review*. Vol.13, No.1, Earrach / Spring. 73–94.
- O'Riordan, A. (2014) Agallamh le Louis de Paor. *The Irish Examiner*. 7 Lúnasa. <https://www.irishexaminer.com/lifestyle/arid-20278568.html>
- Ó Séaghdha, B. (1993) 'The Tasks of the Translator'; Léirmheas ar *The Astrakhan Cloak* le Nuala Ní Dhomhnaill & Paul Muldoon; *Byzantium: Athghabháil Ar Rogha Dánta* le William Butler Yeats le Gearailt Mac Eoin & Gabriel Rosenstock; *Colainn ar Bharr Lasrach/Cuerpo en Llamas* le Francisco X. Alarcón & Gabriel Rosenstock; *Dánta Naomh Eoin Na Croise* le Micheál Ó hAirtnéide. *The Irish Review*, No.14, *An Ghaeilge: The Literature and Politics of Irish* (Autumn). Cork: Cork University Press. 143–7.
- Theinová, D. (2017) 'Original in Translation: The Poetry of Aifric Mac Aodha.' *Post-Ireland? Essays on Contemporary Irish Poetry*. Holdridge, J. & Ó Conchubhair, B. (eag.) Winston-Salem NC: Wake Forest University Press. 203–19.
- Theinová, D. (2018) "Who owns the Game": The Gallery Press and Poetry in Irish Now.' *Litteraria Pragensia* 55. 11–29.
- Titley, A. (1981) 'Litriocht na Gaeilge, Litriocht an Bhéarla agus *Irish Literature*.' *Scríobh* 5. 116–39.

Agallamh

- Mac Síomóin, T. (2010) Agallamh faoi chúrsaí teanga agus chúrsaí aistriúcháin le Dorothy Ní Uigín. Ar fáil ag: <https://www.youtube.com/watch?v=p1sRwQUdNPM>.



Iniúchadh ar na dea-chleachtais a úsáideann múinteoirí chun freastal ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais Gaeilge i mBunscoileanna Gaeltachta i gCatagóir A

Aisling Ní Fhlaithearta & Conchúr Ó Brolcháin

<https://doi.org/10.13025/1862-cr94>

Coimriú

San alt seo, déanfar cur síos ar thaighde ar tugadh faoi i dtrí bhunscoil Ghaeltachta i gCatagóir A chun léargas a fháil ar na dea-chleachtais a úsáideann múinteoirí chun freastal éifeachtach a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais¹ Gaeilge ó cuireadh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* i bhfeidhm (ROS, 2016). I dtús báire, tabharfar spleáchadh ar chúlra an staidéir, ar chomhthéacs sainiúil na mbunscoileanna Gaeltachta agus pléifear cás an chainteora dúchais sa chomhthéacs áirithe sin. Ina dhiaidh sin, déanfar plé ar na modhanna taighde cáilíochtúla a úsáideadh i bparaidím thógachaíoch chun sonraí ábhartha a bhailiú ó na scoileanna seo. Tabharfar léargas gearr ar na bunscoileanna a bhí páirteach sa taighde. Ansin, díreofar aird ar na dea-chleachtais is coitianta a úsáidtear i mbunscoileanna na Gaeltachta trí anailís théamach a dhéanamh ar na sonraí taighde. Luafar na mórtheachtairreachtaí agus na moltaí a d'eascair ón taighde ar mhaithe le barr feabhais a chur ar an soláthar oideachais a chuirtear ar fáil do chainteoirí dúchais Gaeilge i mbunscoileanna na Gaeltachta i gCatagóir A.

¹ Cé go bhfuil castachtaí ag baint leis an téarma 'cainteoir dúchais' in aon phlé ar an oideachas sa Ghaeltacht (féach Mac Donnacha *et al.*, 2005; Ó Giollagáin *et al.*, 2007; Pétervary *et al.*, 2014; Ó Brolcháin, 2015 agus Ní Chuaig, 2016, mar shampla) is é seo an téarma atá in úsáid sa *Polasaí Oideachais don Ghaeltacht* (2016) chun cur síos a dhéanamh ar 'leanaí agus daoine óga atá á dtógáil trí Ghaeilge' (2016: 7).

Réamhrá

Tugtar le fios sa *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* go bhfuil An Roinn Oideachais tiomanta d'fhorbairt agus do shóisialú Ghaeilge na gcainteoirí dúchais taobh istigh den soláthar oideachais a chuirtear ar fáil sa Ghaeltacht (ROS, 2016). Cuirtear treoir chuimsitheach ar fáil sa pholasaí maidir leis an gcineál freastail ar chóir a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta. Is beag ár n-eolas, áfach, ar na cleachtais éifeachtacha atá i bhfeidhm ag múinteoirí na scoileanna Gaeltachta ina gcuid seomraí ranga féin chun treoir an pholasaí a chur i bhfeidhm. Ba í aidhm an taighde seo an bhearna sin idir polasaí agus cleachtais a iniúchadh agus creat teoiriciúil a dhearadh de na cleachtais is rathúla a bheadh praiticiúil do mhúinteoirí le húsáid ina gcuid suíomhanna féin. Mar thoradh ar an taighde seo, tá súil go mbeidh freastal níos éifeachtaí á dhéanamh ar na cainteoirí dúchais Gaeilge atá ag fáil a gcuid oideachais i mbunscoileanna na Gaeltachta i gCatagóir A.

Cúlra an staidéir

Aítítear go bhfuil an Ghaeilge ag staid leochaileach sna ceantair Ghaeltachta sa lá atá inniu ann. Is léir nach bhfuil an lámh in uachtar ag an nGaeilge mar theanga teaghlaigh ná mar theanga phobail i gcuid mhaith ceantar atá lonnaithe taobh istigh de limistéir oifigiúla Ghaeltachta a thuilleadh (Ó Flatharta, 2007; ROS, 2016). Deimhníonn staitisticí ó Dhaonáireamh 2016 nach bhfuil ach 20,586 nó 21.4% de dhaonra na Gaeltachta (aois 3+) a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016). Léirítear i dtuarascáil *Staidéar ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge laistigh de na Limistéir Oifigiúla Gaeltachta* nach bhfuil ach 23% den mhéid iomlán teaghlach atá ina gcónaí sa nGaeltacht ag tógáil a gclann trí Ghaeilge (Ní Chuaig *et al.*, 2021). Fíoraíonn na figiúirí seo gur líon fíorbheag de ghasúir na Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh acu agus atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge (Ó Duibhir *et al.*, 2015). Ina ainneoin seo, creidtear gurb iad na cainteoirí dúchais Gaeilge croílár na Gaeltachta a chinnteoidh go dtiocfaidh bláthú ar an teanga go nádúrtha i gcomhthéacs an lae inniu (ROS, 2016). Caithfear saibhriú teanga a chinntiú do na cainteoirí dúchais óga agus an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga pobail (Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2019; Ó Brolcháin, 2016). Tá ról lárnach ag an gcóras oideachais an Ghaeilge a chur chun cinn sa Ghaeltacht i gcomhpháirt leis na heagraíochtaí eile ar fad atá ag feidhmiú inti (Mac Donnacha *et al.*, 2005).

Comhthéacs na scoileanna Gaeltachta

Tá comhthéacs casta sochtheangeolaíochta ag baint leis na bunscoileanna Gaeltachta. Rinne Mac Donnacha *et al.* (2005) rangú ar an dá chineál gasúr a bhíonn ag freastal ar scoileanna na Gaeltachta. Is iad sin gasúir gan aon Ghaeilge nó gan mórán Gaeilge agus gasúir a bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas (130). Tá méadú tagtha anois ar líon na ngasúr atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta atá ag foghlaim na Gaeilge mar thríú teanga chomh maith. Is cinnte

go bhfuil riachtanais teangeolaíochta an-éagsúil ag na gasúir seo agus dá bharr sin tá dúshlán mór curtha os comhair na scoileanna Gaeltachta maidir le freastal cuí a dhéanamh ar na gasúir ar fad a bhíonn ag freastal orthu (Nic Cionnaith, 2008; Ó Duibhir *et al.*, 2015).

Tarlaíonn sé go minic gurb iad na cainteoirí dúchais a bhíonn thíos leis mar nach ndéantar cúram oiriúnach dóibh i gcomhthéacsanna mar seo (Hickey, 2001). Tuairiscítear go dtugtar tús áite do riachtanais na bhfoghlaimeoirí Gaeilge (an tromlach) seachas do riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais (an mionlach) (Ní Shéaghdha, 2010; Ó Giollagáin *et al.*, 2007; Péterváry *et al.*, 2014). Aithnítear, áfach, gurb iad na cainteoirí dúchais an grúpa is leochailí i gcóras oideachais na Gaeltachta agus gur gá a gcuid cearta teanga a chur chun cinn ar chearta na bhfoghlaimeoirí (Ó Duibhir *et al.*, 2015).

Tá ard-ionchur teanga a bhfuil saibhreas ag baint léi ag teastáil ó na cainteoirí dúchais Gaeilge atá ag fáil a gcuid oideachais sa chomhthéacs seo amhail is dá mbeadh siad ag fáil a gcuid oideachais i ngnáthchlár T1 (Ó Brolcháin, 2016). Tuigtear go mbíonn sé dúshlánach do mhúinteoirí dea-chleachtais chun saibhriú teanga a chur i bhfeidhm i gcónaí chun freastal orthu siúd a bhfuil an Ghaeilge mar chéad teanga acu. Ag an am céanna, áfach, is gá do mhúinteoirí a gcuid cleachtas a athrú nó a leasú chun gur féidir leo freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar riachtanais teangeolaíochta na ngasúr arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais agus iad siúd atá ag foghlaim na teanga (Coady & Ó Laoire, 2002; Ní Shéaghdha, 2010).

Modheolaíocht an Taighde

Roghnaíodh paraidím thógachaíoch mar fhráma teoiriciúil don taighde seo. Úsáideadh an cur chuige cáilíochtúil seo chun eolas a bhailiú maidir leis na dea-chleachtais a úsáideann múinteoirí chun freastal a dhéanamh ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais i scoileanna Gaeltachta i gCatagóir A.

Ba chur chuige feiliúnach é an cur chuige cáilíochtúil chun ardán a thabhairt do ghlór na múinteoirí i mbunscoileanna Gaeltachta agus chun béim a chur ar an uathúlacht a bhaineann leis an suíomh áirithe ina bhfuil siad ag múineadh (Cohen *et al.*, 2018). Chuir an cur chuige cáilíochtúil ar chumas na dtaighdeoirí teacht ar thuiscintí nua ón eolas a bailíodh ó rannpháirtithe an taighde, mar sa chur chuige seo cuirtear béim ar chuntas a thabhairt ar mhothúcháin, ar dhearcthaí agus ar thaithí in áit iad a thomhas (Bryman, 2016; Crotty, 1998; Kumar, 2019). Tugann an cur chuige seo deis don taighdeoir béim a chur ar an uathúlacht a bhaineann le múinteoirí na Gaeltachta mar gheall ar an suíomh sonracha ina bhfuil siad ag múineadh.

In much qualitative research the emphasis is placed on the uniqueness, the idiographic and exclusive distinctiveness of the phenomenon, group or individuals in question, i.e. they only represent themselves, and nothing or nobody else. (Cohen et al., 2018: 223)

Cuireann próiseas ionductach an cur chuige cáilíochtúil ar chumas an taighdeora teacht ar thuiscintí nua ón eolas a bhailítear ó rannpháirtithe an taighde (Bryman, 2016; Crotty, 1998). Úsáideadh breathnóireacht ranga, agallaimh leathstruchtúrtha agus athbhreithniú ar dhoiciméid (Meastóireacht Scoile Uile agus Plean Scoile don Ghaeilge) mar mhodhanna taighde cáilíochtúla chun eolas a bhailiú ó na scoileanna a bhí rannpháirteach sa taighde. Baineadh úsáid as cur chuige don anailís théamach (Braun & Clarke, 2017) don staidéar seo:

...to identify patterns within and across data in relation to participants' lived experience, views and perspectives, and behavior and practices; 'experiential' research which seeks to understand what participants' think, feel, and do (2017: 298)

Déanfar plé anois ar chomhthéacs na dtrí bhunscoil ar a ndearnadh an taighde.

Cás-staidéar ar na scoileanna a ghlac páirt sa taighde

Léirigh Ní Chuaig (2021) gurb iomaí cosúlacht a bhíonn idir comhthéacsanna na mbunscoileanna beaga Gaeltachta atá suite i gCatagóir A. Tá siad suite faoin tuath gar don fharrage; is scoileanna beaga iad den chuid is mó; agus is minic a bhíonn idir dhá agus ceithre rang á múineadh ag múinteoirí in aon seomra ranga amháin (Ní Chuaig, 2021). Bhí na cosúlachtaí sin ar fad ag baint leis na trí scoil a ghlac páirt sa taighde seo. Maidir le cumas teangeolaíochta na ngasúr a bhíonn ag freastal ar na scoileanna seo, tá siad ar fad dátheangach (Gaeilge agus Béarla) nó ilteangach (níos mó ná dhá theanga ar a dtoil acu). Níl ach líon beag cainteoirí dúchais Gaeilge ag freastal ar fhormhór na scoileanna seo.

	Scoil 1	Scoil 2	Scoil 3
Líon na ngasúr atá ag freastal ar an scoil (2021/2022)	10	38	23
Líon na ngasúr sa rang a ndearnadh breathnóireacht inti	5	18	8
Líon na gcainteoirí dúchais sa rang áirithe sin	3	11	1
Líon na bhfoghlaimeoirí sa rang áirithe sin	2	7	7

Tábla 1: Cúlra Teanga na nGasúr sna 3 Scoil sa staidéar

Torthaí an Taighde

Leanadh na sé chéim atá leagtha síos ag Braun & Clarke (2006) chun anailís théamach a dhéanamh ar na sonraí taighde chun na dea-chleachtais is coitianta a úsáideann múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta a aithint.

Céim 1: Taithíocht a fháil ar na sonraí.

Céim 2: Cóid tosaigh a ghiniúint.

Céim 3: Téarmaí a chuardach.


Céim 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí.

Céim 5: Téarmaí a shainaithint agus a ainmniú.

Céim 6: Tuairisciú a dhéanamh ar na téarmaí a aithníodh.

Figiúr 1: Sé chéim an anailís théamach mar atá leagtha síos ag Braun & Clarke (2006).

Tar éis an phróisis sin tháinig ceithre mhórhéama chun cinn ar a dhéanfar cur síos cuimsitheach sa chuid seo.



Figiúr 2: Na mórhéamaí ón anailís théamach.

Saibhriú Teanga

Dea-chleachtas

Deimhníonn torthaí an taighde seo an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí saibhriú teanga ar nós na drámaíochta, na scéalaíochta agus na hamhránaíochta i scoileanna na Gaeltachta (AD₁, MSU₁, AD₂, MSU₂ agus AD₃). Tugann an drámaíocht agus an scéalaíocht muinín phearsanta agus teanga do ghasúir atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le saibhreas teanga thar cuimse a chur ar fáil dóibh (Ní Shéaghdha, 2010). Tugtar idir dhá uair go leith (ranganna Naíonáin) agus trí huair an chloig (Rang 1 ar aghaidh) ar a íosmhéid don oideachas ealaíona sa tseachtain ag an mbunleibhéal (Rialtas na hÉireann 1999: 70). Cé go gclúdaítear an drámaíocht agus an amhránaíocht/ceol i rith an ama seo go seachtainiúil, is minic a nasctar na gníomhaíochtaí seo le hábhair eile an churaclaim, go háirithe an ceacht Gaeilge. Bíonn an scéalaíocht mar chuid den cheacht Gaeilge laethúil de ghnáth.

Luaitear sna pleananna scoile a cuireadh ar fáil don taighdeoir go gcuirtear béim ar an drámaíocht agus ar an scéalaíocht sa trí scoil (AD₁, AD₂ agus AD₃). Úsáidtear an drámaíocht mar mhodh oibre go leanúnach i Scoil 1 agus bíonn seansanna ag na gasúir páirt a ghlacadh inti go minic (MSU₁). Mar a chéile i Scoil 2, cuirtear deiseanna rialta ar fáil do ghasúir chun cumarsáid a dhéanamh tríd an drámaíocht ag úsáid straitéisí éagsúla ar nós agallaimh agus rólghlacadh (AD₂ agus MSU₂). I Scoil 3, luaitear go gcuirtear deiseanna ar fáil chun teanga na ngasúr a shaibhriú tríd an drámaíocht (AD₃). Léirítear drámaí ar an stáitse i rith ócáidí ceiliúrtha ar nós na Nollag agus tugtar cuireadh don phobal áitiúil teacht ag breathnú orthu (AP₁, AP₂ agus AP₃). Glacann Scoil 3 páirt i gcomórtais Drámaíochta go hiondúil.

Déanann muid chuile iarracht an deis a thapú chun páirt a ghlacadh i gcomórtais agus tá stair láidir ag an scoil maidir le páirt a ghlacadh sna comórtais Cumann Scoil Dhrámaíochta agus sa Slógadh a bhíodh ann. (Agallamh le Príomhoide 3)

Cruthaítear deiseanna scéalaíochta do na gasúir sna scoileanna seo go seasta (AD₁, MSU₁, AD₂, MSU₂ agus AD₃). Molann Príomhoide 1 an clár *Séideán Sí* agus leabhair ó scríbhneoirí áitiúla chun saibhriú teanga a chinntiú do na gasúir ó thaobh na scéalaíochta de.

... na leabhra a bhaineann leis an Séideán Sí. Tá saibhreas teanga iontach iontu sin. Na húrscéalta sin agus tá leabhra bheaga eile freisin. Dá n-éireoidh leat scríbhneoirí áitiúla a fháil, bíonn an teanga a úsáidtear níos gaire don mharc ná bhíonn aon cheo eile. (Agallamh le Príomhoide 1)

Luann Príomhoide 2 agus Príomhoide 3 go bhfuil fiúntas ar leith ag baint leis na scéalta as *Séideán Sí* chomh maith leis na scéalta atá ag dul leis an gclár *Mar a Déarfá!* atá dírithe go sonrach ar chainteoirí dúchais Gaeilge (AP₂ agus AP₃). Tá Scoil 1 ag réiteach chun páirt a ghlacadh i gcomórtas ag Oireachtas na Samhna a bheidh ag teacht aníos i mí Dheireadh Fómhair agus tá na gasúir ag obair ar ábhar scríbhneoireachta a bhaineann leis an gCúntóir Teanga (AP₁).

Aithníodh freisin ón taighde seo go gcuireann ranganna sean-nóis deiseanna saibhriú teanga ar fáil do na gasúir. Bíonn ranganna sean-nóis ar siúl go seachtainiúil sna trí scoil. Samplaí de na hamhráin a fhoghlaimíonn na gasúir ná An Raicín Álainn, Cúirt Bhaile Nua, Cúnnla, Sadhbh Ní Bhruinneallaigh agus Sí do Mhamó Í (AP₁, AP₂ agus AP₃). Beidh na scoileanna ar fad ag glacadh páirt i bhFeis Cheoil ag deireadh na scoilbhliana chun léiriú a dhéanamh ar an sean-nós agus ar an gceol a bhíonn á gcleachtadh acu i rith na bliana (AP₁, AP₂ agus AP₃).

Is cinnte mar sin gur dea-chleachtas é úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cultúrtha agus oidhreachta ar nós na drámaíochta, na scéalaíochta agus na hamhránaíochta atá saibhir ó thaobh na teanga de le ‘(oidhrecht), cultúr agus saíocht na teanga a chaomhnú agus a chosaint’ i gceantair Ghaeltachta chun an teanga a chur chun cinn (Rialtas na hÉireann, 2010: 5).

Moltaí do scoileanna agus do cheantair na Gaeltachta

- **Imeachtaí ealaíon:** Ba chóir do scoileanna Ghaeltachta teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht Ealaín na Gaeltachta faoin gclár *Cuisle* chun imeachtaí ceoil, amhránaíochta, damhsa agus ealaíona béil a eagrú. Tá sé mar aidhm ag an gclár *Cuisle* na healaíona dúchasacha a neartú agus cur le saibhriú na teanga don chéad ghlúin eile (Ealaín na Gaeltachta, 2019). Moltar do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann trí Ghaeilge teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá clár tacaíochta acu atá dírithe go sonrach ar ghasúir atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge. Eagraíonn siad ceardlanna sna healaíona dúchasacha sna ceantair Ghaeltachta mar chuid den chlár seo (Tuismitheoirí na Gaeltachta, 2023).

Deiseanna Cainte

Dea-chleachtas

Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil gá le deiseanna cainte a chruthú do na cainteoirí dúchais taobh istigh den seomra ranga. Ceann d’aidhmeanna *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019) ná gasúir a spreagadh chun ‘cumarsáid a dhéanamh ina dteanga oidhreachta le haghaidh cuspóirí éagsúla’ (13).

Cruthaíodh neart deiseanna cainte do na gasúir ar fad, cainteoirí dúchais san áireamh sna ceachtanna Gaeilge a ndearnadh breathnóireacht orthu, bunaithe ar théamaí éagsúla an Churaclaim (BR₁, BR₂ agus BR₃).

I Scoil 1, tugadh deis chainte do chuile ghasúr faoi uair éigin a ndeachaigh siad féin chuig an bpictiúrlann agus faoin scannán ar bhreathnaigh siad air (BR₁).

Idirghníomhaíocht i Rang 1

Inis dom faoin uair dheireanach a raibh tú ag an bpictiúrlann. Cén scannán a chonaic tú? Déan cur síos ar an méid a tharla ann. (Breathnóireacht Ranga 1)

I Scoil 2, tugadh deis do na gasúir a bheith ag obair le páirtí chun an caitheamh aimsire is fearr leo a phlé (BR₂).

Idirghníomhaíocht i Rang 2

1. **Foghlaimoír:** Cén caitheamh aimsire is fearr leat?
2. **Cainteoir dúchais:** Is breá liom a bheith ag seinm ceoil.
3. **Cainteoir dúchais:** Cén caitheamh aimsire is fearr leatsa?
4. **Foghlaimoír:** Is aoibhinn liom a bheith ag léamh. (Breathnóireacht Ranga 2)

I Scoil 3, cuireadh deiseanna cainte ar fáil do na gasúir tríd an bplé ranga agus trí na ceisteanna a chuir an múinteoir bunaithe ar Naomh Pádraig (BR₃).

Idirghníomhaíocht i Rang 3

Plé ranga a thosaigh an múinteoir bunaithe ar an téama Lá Fhéile Pádraig.
Cé mhéad lá eile go dtí Lá Fhéile Pádraig? Céard é an scéal faoi Naomh Pádraig? Cén chaoi ar athraigh sé? Céard é seamróg?

Plé faoi Chruach Phádraig agus an pictiúr a tharraing na gasúir an lá roimhe sin.
An bhfuil tú in ann barr an chnoic a fheiceáil? Cár chuir tú Naomh Pádraig? Ar bharr an chnoic?

(Breathnóireacht Ranga 3)

Feictear ó thorthaí an taighde mar sin gur dea-chleachtas é deiseanna cainte a chruthú do chainteoirí dúchais Gaeilge taobh istigh den seomra ranga ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar theanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Tá fianaise i dtorthaí an taighde freisin go bhfuil gá deiseanna a chruthú d'úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúla taobh amuigh den seomra ranga freisin. Mar shampla, deir Príomhoide 1 go dtéann siad ar go leor siúlóidí dúlra leis na gasúir agus go bhfuil tairbhe ag baint leis sin.

Músclaíonn tú an spéis i bhfad níos fearr agus bíonn siad níos oscailte iontu fhéin nuair a bhíonn siad amuigh ar an mbóthar uaireanta ná nuair a bhíonn siad istigh sa seomra ranga.

(Agallamh le Príomhoide 1)

Tugann deiseanna cainte neamhfhoirmiúla taobh istigh den chóras scolaíochta seans don chainteoir dúchais comhrá nádúrtha a bheith acu le gasúir eile agus le foireann na scoile. Tá fiúntas ag baint leis na cineálacha seo comhráite chun an Ghaeilge a chur chun cinn ní hamháin mar theanga na scoile ach mar theanga chlainne agus mar theanga phobail freisin (ROS, 2016).

Cé go bhfuil ról ar leith ag na scoileanna i bhforbairt teanga na gcainteoirí dúchais go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, is gá go mbeadh deiseanna a chruthú do chainteoirí an teanga a úsáid amuigh sa phobal freisin. Tá sé tábhachtach go mbeadh na scoileanna agus an pobal Gaeltachta timpeall orthu ag oibriú as lámha a chéile chun go mbeadh Gaeilge atá cruinn agus saibhir á sealbhú ag na cainteoirí dúchais (Ó Duibhir & Ní Thuairisg, 2019).

Moltaí do Choistí Pleanála Teanga Áitiúla

- **Naisc a chruthú:** Ba chóir ceangal láidir a bheith idir na hOifigigh Pleanála Teanga agus na scoileanna sna ceantair áirithe chun deiseanna cumarsáide a chinntiú amuigh sa phobal do chainteoirí dúchais óga. Mar shampla: féilte agus comórtais áitiúla nó imeachtaí spórtúla a bhíonn ar siúl.
- **Baill an Choiste:** B'fhiú d'ionadaithe ó na scoileanna Gaeltachta a bheith ina mbail de na coistí pleanála teanga áitiúla ar mhaithe le riachtanais na scoileanna Gaeltachta a shonrú.

Difreálú

Dea-chleachtas

Tá teagasc difreálaithe riachtanach chun gur féidir freastal ar na foghlaimeoirí ar fad sa rang ach go háirithe na cainteoirí dúchais chun go mbeidh ar a gcumas forbairt a dhéanamh sa chéad teanga (Ní Chuaig *et al.*, 2021; RO agus COGG, 2020).

Bhí an difreálú a dhéantar chun freastal ar na cainteoirí dúchais agus ar na foghlaimeoirí ó thaobh an churaclaim de le feiceáil i rith na breathnóireachta ar na ceachtanna Gaeilge (BR1, BR2 agus BR3). Tugadh na nósmaireachtaí céanna faoi deara sna trí scoil:

- **Idirdhealú ó thaobh leibhéal ceistiúcháin:** Bhí ar na múinteoirí leideanna a thabhairt do na foghlaimeoirí i rith an cheistiúcháin. Ní raibh na leideanna sin ag teastáil ó na cainteoirí dúchais mar go raibh stór leathan frásaí agus foclóra acu cheana féin (BR₁, BR₂ agus BR₃).
- **Idirdhealú ó thaobh leathnú foclóra:** Bhítear ag súil le níos mó ó na cainteoirí dúchais ná ó na foghlaimeoirí agus spreagadh iad go minic chun teacht aníos le bealaí eile chun na frásaí agus na focail a rá (BR₁, BR₂ agus BR₃).

Is cinnte go bhfuil dúshlán ar leith fós le sárú nuair a thagann sé chun freastal cuí a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais agus ar na foghlaimeoirí in aon seomra ranga amháin.

- **Cothromaíocht ama agus cothromaíocht san idirdhealú:** In ainneoin na hiarrachta is fearr ó na múinteoirí, bhí sé soiléir i rith na seisiún breathnóireachta go raibh orthu roinnt mhaith ama a chaitheamh leis na foghlaimeoirí tríd an gceacht Gaeilge chun focail a mhíniú dóibh (BR₁, BR₂ agus BR₃).

Ba í an mhór-theachtairacht a tháinig chun cinn ná go dteastaíonn straitéisí difreálaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach i seomraí ranga na Gaeltachta chun gur féidir freastal sonrach a dhéanamh ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais.

Moltaí don chleachtas sna scoileanna Gaeltachta

- **Freastal teangalárnaithe:** Ag eascairt ón treo a chuirtear ar fáil i gCuraclam Teanga na Bunscoile (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2019), ba cheart spriocanna teanga sainiúla a leagan amach do chainteoirí dúchais chun a chinntiú go mbeidh ionchur teanga saibhir á fháil acu.
- **Grúpáil de réir cumais:** Moltar grúpáil de réir cumais a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais ar feadh tréimhse áirithe i rith an lae scoile ar mhaithe le deiseanna saibhrithe teanga a chur ar fáil dóibh.
- **Tacaíochtaí breise:** Ba chóir leas a bhaint as na tacaíochtaí breise a mholtar sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta*, mar shampla an Múinteoir Tacaíochta don Ghaeilge agus an Cúntóir Teanga, chun freastal níos dírithe a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais Gaeilge (ROS, 2016).

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Dea-chleachtas

Tá ról ar leith ag múinteoirí i mbunscoileanna na Gaeltachta nuair a thagann sé chuig freastal iomlán a dhéanamh ar na riachtanais shonracha atá ag na cainteoirí dúchais Gaeilge. Tá sé riachtanach mar sin go mbeidh an saineolas agus na scileanna oideolaíochta cuí acu chun é sin a dhéanamh (ROS, 2016).

Thuairiscigh na scoileanna ar fad a bhí páirteach sa taighde seo go gcuireann eagraíochtaí ar nós An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta (COGG feasta) agus An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM feasta) deiseanna don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil dóibh ó go rialta (AP₁, AP₂ agus AP₃). Deir Príomhoide 1 go gcoinníonn na cúrsaí a eagraíonn na heagraíochtaí thuasluaite suas chun dáta iad (AP₁). Tacaíonn tuairimí Phríomhoide 3 leis an méid atá á rá ag Príomhoide 1.

Is breá an rud an tacaíocht a fhaigheann muid ó SFGM agus go dtagann an comhairleoir ar cuairt ag na scoileanna agus coinníonn sé suas chun dáta muid go minic.

(Agallamh le Príomhoide 3)

Léiríonn tuairimí na bpríomhoidí mar sin gur dea-chleachtas riachtanach é an fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí na scoileanna Gaeltachta ach go háirithe maidir le straitéisí praiticiúla don seomra ranga maidir le freastal éifeachtach a dhéanamh ar chainteoirí dúchais sa scoil Ghaeltachta.

Údar inní a tháinig chun solais ó thuairimí na bpríomhoidí, áfach, ná an easpa ceangal a bhíonn acu le scoileanna Gaeltachta eile taobh amuigh dá gceantar féin seachas na laethanta a eagraíonn COGG agus SFGM.

Rinne Príomhoide 1 comparáid idir an ceangal a bhíodh aige le múinteoirí eile sa cheantar Béarla ina mbíodh sé ag múineadh ann roimhe seo le hais an chaidrimh a bhíonn aige le múinteoirí as na scoileanna Gaeltachta anois:

Níl an méid sin i ndáiríre sna scoileanna Gaeltachta. Sa cheantar a bhí mé fhéin ag múineadh ann cheana, is ceantar Béarla a bhí ann. Ach i dtaobh comhthéacs, an saghas ranga agus mar sin de, bheadh teagmháil go leor agam leis na múinteoirí eile. I dtaobh an t-aon am a d'fheicinn múinteoirí, múineadh na Gaeilge agus mar sin de, ná ag cruinnithe COGG i ndáiríre is dócha.

(Agallamh le Príomhoide 1)

Shonraigh Príomhoide 2 go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcaidreamh sin a bhíonn idir scoileanna. Luann sí go mbíonn scoileanna ag streachailt leis na fadhbanna céanna ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de go minic agus go dtugtar misneach dá chéile trí labhairt lena chéile (AP₂). Tugann sí léargas freisin ar an tairbhe a bhaineann le háiseanna agus smaointe a roinnt lena chéile:

...b'fhéidir go mbeadh rud éicint cloiste ag duine amháin nó feicthe ag duine amháin is go mbeadh siad in ann é a mholadh don chéad duine eile, rud éicint mar sin.

(Agallamh le Príomhoide 2)

Deir Príomhoide 3 go bhfuil ceangal idir iad féin agus na scoileanna sa cheantar ach gur bhreá an rud é dá mbeadh níos mó deiseanna acu teacht le chéile le scoileanna taobh amuigh den cheantar ach nuair a fhágtar é sin ag na scoileanna iad féin tá sé níos deacra é a dhéanamh (AP₃).

*Moltaí do na soláthraithe a chuireann cúrsaí san Fhorbairt Ghairmiúil
Leanúnach ar fáil do scoileanna Gaeltachta*

- **Líonraí gairmiúla a chruthú de réir róil:** Moltar go gcruthófaí líonraí gairmiúla idir múinteoirí na scoileanna Gaeltachta, atá ag obair sna róil chéanna, chun na dea-chleachtais atá in úsáid acu chun freastal ar na cainteoirí dúchais Gaeilge a roinnt. Chuirfeadh líonraí gairmiúla tacaíocht ar fáil do Chúntóirí Teanga freisin mar gur fíorbheagán oiliúna a chuirtear orthu agus tá ról suntasach acu i gcur chun cinn theanga na gcainteoirí dúchais sna scoileanna Gaeltachta freisin. Tuigtear go bhfuil sé dúshlánach cruinnithe rialta aghaidh ar aghaidh a eagrú de bharr an achair fhada atá idir scoileanna Gaeltachta. D'fheilfeadh cur chuige ar líne mar sin chun seans a thabhairt d'fhoireann na scoileanna ceangal a dhéanamh le chéile go rialta ar bhealach níos éifeachtúla ó thaobh solúbthachta agus costais de.
- **Oiliúint maidir le straitéisí difreálaithe:** Tá gá le sraith seimineár a dhíríonn go sonrach ar straitéisí difreálaithe a dhearadh do mhúinteoirí chun gur féidir freastal oiriúnach a dhéanamh ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais i gcomhthéacs measctha na scoileanna Gaeltachta. Ba cheart go ndéanfaí an oiliúint seo ar bhonn leanúnach chun gur féidir oiliúint a chur ar mhúinteoirí nua a thagann isteach i gcóras oideachais na Gaeltachta.
- **An clár 'Mar a Déarfá!':** Tá leathnú déanta ar chlár *Mar a Déarfá!* (Breacadh, 2012) atá dírithe ar chainteoirí dúchais Gaeilge le gairid. Cé go bhfuil Céim 1 agus Céim 2 curtha i bhfeidhm in go leor scoileanna Gaeltachta sna bunranganna cheana

féin, moltar cúrsaí san fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil d'fhoireann na scoileanna Gaeltachta uile chun an clár a leathnú suas chuig leibhéal na n-ardranganna le Céim 3 chun leanúnachas a chinntiú.

- **Deiseanna breathnóireachta:** Ba cheart clár a dheardh chun naisc a chruthú idir na scoileanna Gaeltachta agus scoileanna idirnáisiúnta. Thabharfadh clár mar seo deis do mhúinteoirí breathnóireacht a dhéanamh i scoileanna a bhfuil an comhthéacs céanna teanga iontu ar mhaithe le heolas a fháil ar chleachtas nuálach chun freastal ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Focal Scoir

Tugann an staidéar seo aitheantas do na dea-chleachtais atá in úsáid ag múinteoirí i dtrí scoil Ghaeltachta maidir le freastal éifeachtach a dhéanamh ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais Gaeilge. Is léir ón staidéar go bhfuil tábhacht ag baint le deiseanna cainte foirmiúla agus neamhfoirmiúla a chruthú do na gasúir seo ní hamháin ar scoil ach amuigh sa phobal freisin ar mhaithe le deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chinntiú dóibh. Cinntíonn gníomhaíochtaí cultúrtha agus oidhreacht ar nós na drámaíochta, na scéalaíochta agus na hamhránaíochta ar an sean-nós go bhfuil ionchur teanga saibhir á fháil ag na cainteoirí dúchais Gaeilge a thacóidh lena bhforbairt teanga.

Ar an taobh eile, tarraingíonn an staidéar aird ar mhórdhúshlán sainiúil amháin a bhíonn le sárú ag múinteoirí na scoileanna Gaeltachta go laethúil. Is é an mórdhúshlán sin ná straitéisí difreálaithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais i suíomhanna oideachais ina bhfuil cainteoirí dúchais agus foghlaimoírí a ag fáil a gcuid oideachais le chéile iontu.

Ar bhonn na tuairimíochta seo, bheartaigh an taighdeoir creat teoiriciúil a dheardh do mhúinteoirí atá ag múineadh i scoileanna Gaeltachta i gCatagóir A d'fhonn freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar shainriachtanais teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais Gaeilge (Féach Aguisín B). Tá súil aici go gcuirfidh an creat treoir chuimsitheach ar fáil do na múinteoirí seo. Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil ról lárnach ag múinteoirí na Gaeltachta maidir le cothú agus buanú na teanga sna cainteoirí óga chun bisiúlacht na teanga a chinntiú.

Leabharliosta

- Braun, V. & Clarke, V. (2017) Thematic analysis, *The Journal of Positive Psychology*. 12(3). 297–8. Ar fáil ag: doi:[10.1080/17439760.2016.1262613](https://doi.org/10.1080/17439760.2016.1262613).
- Braun, V. & Clarke, V. (2006) 'Using thematic analysis in psychology.' *Qualitative Research in Psychology*. 3(2). 77–101. Ar fáil ag: doi: [10.1191/1478088706qpo630a](https://doi.org/10.1191/1478088706qpo630a).
- Bryman, A. (2016) *Social Research Methods*. 5ú heagrán. Oxford: Oxford University Press.
- Coady, M. & Ó Laoire, M. (2002) 'Mismatches in Language Policy and Practice in Education: The Case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland.' *Language Policy: An International Journal*. 1(2). 143–58. Ar fáil ag: doi: [10.1023/A:1016102201242](https://doi.org/10.1023/A:1016102201242).
- Cohen, L., Manion, L. & Morrison, K. (2018) *Research Methods in Education*. 8ú heag. London: Routledge.
- Crotty, M. (1998) *The Foundations of Social Research: Meaning and Perspective in the Research Process*. Thousand Oaks, California: SAGE.
- Hickey, T. (2001) 'Mixing Beginners and Native Speakers in Minority Language Immersion: Who is immersing whom?' *The Canadian Modern Language Review*, 57(3), 443–74. Ar fáil ag: doi: [10.3138/cmlr.57.3.443](https://doi.org/10.3138/cmlr.57.3.443).
- Kumar, R. (2019) *Research Methodology: A Step-by-Step Guide for Beginners*. 5ú heag. London: SAGE.
- Ní Chuaig, N. (2021) 'Polasaí don oideachas Gaeltachta 2017–2020 sa chóras bunscolaíochta: Deiseanna agus dúshlám.' Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.) *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais, An Dara Comhdháil Taighde Uile-oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. 305–13.
- Ó Brolcháin, C. (2016) 'Saintréithe an Luath-oideachais Ghaeltachta: Léargais Úra ó Chás-staidéar i nGaeltacht Chonamara.' *An Reiviú*. Iml.4, Ollscoil na Gaillimhe. Ar fáil ag: <http://leannteanganreiviu.com/node/351>.

Ó Duibhir, P. & Ní Thuairisg, L. (2019) ‘Cur siar mhúineadh an Bhéarla i mbunscoileanna Gaeltachta: Más mall is mithid.’ *TEANGA: Eagrán Speisialta 10. Iris Chumann na Teangeolaíochta Feidhmí in Éirinn*. 228–42. Ar fáil ag: <https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/80/63>.

Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. (2014) *Iníúchadh ar an gCumas Dátteangach: An Sealbhú Teanga i measc Ghluin Óg na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Tuarascáil agus Doiciméid Polasaí

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile / Primary Language Curriculum, Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge / Irish-medium schools*. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/fc8c86b9-9c77-46a7-a7d8-a7b9abfb2013/PLC-Document_Irish.pdf.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (RO agus COGG) (2020) *Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta Táscairí Dea-Chleachtais don Tumoideachas*, An Aonad um Oideachas Gaeltachta, An Roinn Oideachais: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/o936d5-none/>.

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & Ní Mhainín, T. (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004: Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Chuaig, N., Ó Brolcháin, C., Ní Chlochasaigh, K. & Ó Ceallaigh, T.J. (2021) *Staidéar ar theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge laistigh de na Limistéir Oifigiúla Gaeltachta. Tuarascáil Taighde do Tuismitheoirí na Gaeltachta*. Maoinithe ag: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.

Ní Shéaghdha, A. (2010) *Taighde ar Dhea-Chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú / Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltáí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L. & Ó Brolcháin, C. (2015) *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Ó Flatharta, P. (2007) *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthorthaí agus Moltaí*. Baile Átha Cliath: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (tuarascáil dhátheangach).

Rialtas na hÉireann (1999) *Curaclam na Bunscoile. Réamhrá*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030: 20-year strategy for the Irish language 2010–2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Tráchtas Neamhfoilsithe

Nic Cionnaith, P. (2008) Léargas ar Dhearcadh agus Tuairimí i dtaobh an Chórais Oideachais Gaeltachta ag Tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gCuid Páistí le Gaeilge. Tráchtas neamhfoilsithe (MA), Ollscoil na Gaillimhe.

Foinsí ar líne

An Roinn Oideachais (RO) (2020) Póstaeir, Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/eolas-polasaithe/polasai-don-oideachas-gaeltachta-20172022/>.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (2016) *Statistics, Census of Population 2016 – Profile 10 Education, Skills and the Irish Language, The Gaeltacht*. Ar fáil ag: <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cp10esil/p10esil/ilg/>.

Breacadh (2012) *Mar a Déarfá! An Focal Scríofa don Chainteoir Dúchais Gaeilge*. Casla, Gaillimh: Breacadh. Ar fáil ag: <https://www.maradearfa.ie/>.


Ealaín na Gaeltachta (2019) *Cuisle, Eolas faoi Cuisle*, Ar fáil: <https://ealain.ie/en/eolas-faoi-cuisle/>.

Tuismitheoirí na Gaeltachta (2023) *Teaghlaigh, Imeachtaí agus spraoi*. Ar fáil ag: <https://www.tuismitheoiri.ie/>.

Aguisín A: Liosta giorrúchán maidir leis na modhanna a úsáideadh chun sonraí a bhailiú.

Scoil 1	Scoil 2	Scoil 3
AP₁ - Agallamh le Príomhoide 1.	AP₂ - Agallamh le Príomhoide 2.	AP₃ - Agallamh le Príomhoide 3.
BR₁ - Breathnóireacht ar Phríomhoide 1 i mbun teagaisc.	BR₂ - Breathnóireacht ar Phríomhoide 2 i mbun teagaisc.	BR₃ - Breathnóireacht ar Phríomhoide 3 i mbun teagaisc.
AD₁ - Anailís ar dhoiciméid i Scoil 1 (Plean Scoile don Ghaeilge).	AD₂ - Anailís ar dhoiciméid i Scoil 2 (Plean Scoile don Ghaeilge).	AD₃ - Anailís ar dhoiciméid i Scoil 3 (Plean Scoile don Ghaeilge).
MSU₁ - Meastóireacht Scoile Uile ar Scoil 1.	MSU₂ - Meastóireacht Scoile Uile ar Scoil 2.	

Aguisín B: Creat Teoiriciúil Bunúsach



Aguisín C: Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta

SCÉIM AITHEANTAIS MAR SCOIL GHAELTACHTA

Critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar bhunscoil Ghaeltachta



1	Clár lántumtha ¹ dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm i ranganna na naíonán, tráth nach múinfead Béarla ar bith lena linn
2	Cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm ina múinfead gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge
3	Eispéiris oideachais ardchaighdeán trí Ghaeilge a sholáthar do na daltaí uile agus aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge ² chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
4	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none"> • a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus • a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, daltaí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
5	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
6	Eispéiris foghlama Ghaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 ³ i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge
7	Acmhainní Gaeilge ⁴ a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas curaclam an Bhéarla
8	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
9	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
10	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
11	Naisc theanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na suíomhanna luathoidreachais áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge (<i>naíonraí</i>)
12	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le hiar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus bunscoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge
13	Gach iarracht foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus cultúrtha na Gaeltachta.

¹ Ciallóinn dáiríreáil na go bhfeidhmíonn an tseirbhíocht oideachais trí Ghaeilge i ranganna na naíonán agus go dtiocfaid ar mhóireadh an Bhéarla ó Rang 1-1. Ciallóinn sé seo le forbairt nua tairbhe ar an tsóisialaithe teanga na naíonán sa Ghaeilge i ranganna na naíonán.

² Seirbhíochas cuntasair dúchais Gaeilge mar leasbh a thagann trí Ghaeilge i bpostál Gaeilge ina bhfeidhmíonn a shóisialaithe Gaeilge mar phríomhtheanga chumarsáide sa bhailé, agus go ndéantar amháin nuair a chláirtear ar scoil A1. (Fócair don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, bh. 11)

³ Tagairtí T1 don Ghaeilge mar phríomhtheanga na scoile i dtaca le teagasc agus foghlaim, agus cumarsáid i ngrúthaí oifigiúla, niascháin, siamhalachta agus ceilleanáin amháin.

⁴ Cúlraim tuiscint gheallán: COGG, www.cogg.ie, acmhainní éagsúla ar fáil chun tacú leis an teagasc trí Ghaeilge i mbunscoileanna agus sa bhunscoileanna i bmaisín pleanála teanga Ghaeltachta.



AN RINN OIDEACHAIS | 1910 | 1911 | 19

(An Roinn Oideachais, 2020)



Ag Foghlaim na Gaeilge agus ag Foghlaim trí mheán na Gaeilge sa Suíomh lán- Ghaeilge: Peirspictíochtaí na nDaltaí

Thomas Rogan

<https://doi.org/10.13025/nk8t-8x97>

Réamhrá

Is toradh é an t-alt seo ar staidéar a dhírigh ar shealbhú na Gaeilge sa tsuíomh lán-Ghaeilge agus na foinsí tacaíochta a bhí ann do pháistí mar chuid den phróiseas sealbhaithe. Dhírigh an taighde seo go príomha ar ról na gcúntóirí ranga sa suíomh lán-Ghaeilge, agus an ról a bhí acu i bhforbairt teanga na ndaltaí.

Le sealbhú an dara teanga a éascú, cuirtear an-bhéim ar theagmháil na ndaltaí leis an Ghaeilge, le freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais teanga na ndaltaí siúd atá tumtha go minic i dteanga nach í an teanga baile í. Ar an ábhar nach í an Ghaeilge máthairtheanga mhórchuid na ndaltaí, is iad foireann na scoile, múinteoirí agus cúntóirí ranga go háirithe, a n-imríonn an-tionchar ar shealbhú agus ar fhorbairt an dara teanga.

Déantar tuairisciú sa pháipéar seo ar an ról suntasach atá ag daoine fásta agus iad ag tacú le forbairt an dara teanga sa tsuíomh lán-Ghaeilge. Mar chuid de chás-staidéar, rinneadh iniúchadh ar bharúlacha na ndaltaí ar shealbhú mionteanga, Gaeilge sa chás seo, sa tsuíomh lán-Ghaeilge. Tugtar léargas ar thuairimí na ndaltaí ar fhoghlaim na Gaeilge, ar fhoghlaim trí mheán na Gaeilge agus ar an tábhacht a bhaineann leis seo, dar leo. Bunaíodh na tuairimí seo ar na heispéiris foghlama a bhí ag na páistí chuige seo agus an tacaíocht a tugadh dóibh mar chuid den phróiseas sealbhaithe.

Súil ar an Litríocht

Tháinig ann don Ghaeloideachas i bPoblacht na hÉireann nuair a bunaíodh An Saorstát in 1922 (Mc Adory & Janmaat, 2015) sular tháinig ann dó i dTuaisceart na hÉireann. Tháinig rath agus bláth ar an tumoideachas ó Thuaidh mar gheall ar an phaisean, ar an fhís agus ar an tiomantas a léirigh gníomhairí teanga sna seascaidí agus sna seachtóidí. D'aithin an dream seo buntáistí an tumoideachais, agus mar a mhaíonn Mc Adory & Janmaat (2015), ba mhian leo go mbeadh a bpáistí in ann a saol iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge.

Tá fás agus forbairt nach beag tagtha, agus go fóill ag teacht, ar an Ghaeloideachas ó Thuaidh ó bunaíodh an chéad scoil lán-Ghaeilge in 1971. Is mar gheall ar an rath acadúil agus ar inniúlacht teanga na bpáistí a bhí á gceiliúradh ag Scoil Ghaeilge Bhéal Feirste (mar a bhí uirthi ag am) a spreagadh pobail eile le Gaelscoileanna a bhunadh (Nig Uidhir, 2005). De réir staitisticí Chomhairle na Gaelscolaíochta (2021), bhí timpeall ar 7 000 páiste ag foghlaim trí mheán na Gaeilge sa scoilbhliain 2020/21, rud a léiríonn go bhfuil an Ghaelscolaíocht faoi bhláth ó Thuaidh.

Agus an tumoideachas ag fás sna 1970í tháinig athrú mór ar na roghanna oideachais ó Thuaidh. Tháinig athrú suntasach ar dhéimeagrafach na hearnála agus ar phróifíl theanga na ndaltaí mar gheall ar an éileamh seo. Bhí impleachtaí ag líon na ndaltaí a bhí ag teacht ó chúlra Béarla don chur chuige teagaisc. Mar sin, cuireadh oideolaíocht an tumoideachais i bhfeidhm le freastal ar riachtanais teanga na bpáistí seo, páistí a bheadh an Ghaeilge acu mar dhara teanga. Lántumadh atá le sonrú i nGaelscoileanna ó Thuaidh agus na páistí tumtha go hiomlán sa Ghaeilge sa tsuíomh lán-Ghaeilge. Cuirtear béim mhór ar chur chun cinn na teanga ar dhóigh bhríoch, chomhthéacsúil le dátheangachas suimitheach a bhaint amach, agus ar mhaithe leis na páistí a threorú i dtreo líofachta agus inniúlacht sa sprioctheanga (Ní Bhaoill & Ó Duibhir, 2004).

Modheolaíocht an Tumoideachais: Sealbhú an Dara Teanga

Pléitear oideachas trí mheán na Gaeilge mar mhúnla tumoideachais sa pháipéar seo. Is é is aidhm an tumoideachais na foghlaimoirí a thumadh sa mhionteanga, teanga nach í an teanga baile í (Lyster, 1987; Johnson & Swain, 1997). Ar an ábhar go dtreoraítear na páistí i dtreo líofachta sa sprioctheanga agus i dtreo gnóthachtáil acadúil, forbraítear coincheapa acadúla agus inniúlacht teanga na bpáistí sa dara teanga araon.

Sa tsuíomh tumoideachais, creidtear go gcuirtear béim láidir ar fhorbairt tuisceana, sula ndírítear ar struchtúr na teanga (Porkop, 1990), go háirithe sna luathbhlianta. Sa chéad dul síos, forbraítear scileanna glactha na bpáistí. Is é sin an cumas atá acu an teanga a thuiscint. Treoraítear iad de réir a chéile leis an teanga a ghiniúint. Leagtar bunscileanna sa teanga, agus tugtar réimse deiseanna do pháistí a bheith ag idirghníomhú sa mhionteanga le dúshraith láidir a chur síos ionas gur féidir leo teanga ard-oird acadúil a thuiscint agus a úsáid. Cuirtear an-bhéim ar an teanga shóisialta mar chuid lárnach den phróiseas sealbhaithe ó thús deiridh.

Mar sin, cuirtear scileanna tuisceana agus scileanna cumarsáide na bpáistí i croílár na foghlama. Tá gá le deiseanna cuí a chruthú do pháistí leis an teanga a úsáid go sóisialta mar mhodh cumarsáide nádúrtha, agus go hacadúil le dul i ngleic le riachtanais an churaclaim.

Go minic, foghlaimíonn cainteoirí Gaeilge an Ghaeilge taobh amuigh den tsuíomh baile. Luann Walsh, O'Rourke & Rowland (2015) gurb iomaí cúlra atá ag cainteoirí na Gaeilge: iad siúd a d'fhoghlaim Gaeilge ar scoil, iad siúd a fuair blaiseadh den Ghaeilge sa teach taobh amuigh den Ghaeltacht, agus iad siúd a tógadh le Béarla sa Ghaeltacht ach a fuair blaiseadh den Ghaeilge ar scoil nó sa phobal, ina measc. Tugtar nuachainteoirí ar na daoine seo, daoine nach raibh mórán teagmhála acu leis an Ghaeilge sa bhaile nó sa phobal, nó daoine a d'fhoghlaim nó a shealbhaigh an Ghaeilge sa tsuíomh acadúil (O'Rourke et al. 2015).

Sa scoil ina ndearnadh an staidéar seo, bhí Béarla amháin mar theanga baile ag 62% de na páistí, bhí Gaeilge amháin mar theanga baile ag 10%, bhí Fraincis mar theanga baile ag 1% agus bhí Gaeilge agus Béarla in úsáid sa bhaile ag 27% de na páistí sa scoil. Ar an ábhar go raibh an Béarla amháin ina theanga baile ag tromlach na ndaltaí, is féidir, mar sin, nuachainteoirí Gaeilge a thabhairt ar na páistí a ghlac páirt sa staidéar seo.

Go minic sa tsuíomh lán-Ghaeilge bíonn an Béarla ag mórchuid na bpáistí mar mháthairtheanga. Roghnaíonn tuismitheoirí an Gaeloideachas dá bpáistí ar fháthanna éagsúla, féiniúlacht, rath acadúil, agus inniúlacht teanga na ndaltaí (Nig Uidhir, 2005) ina measc. Maíonn Kavanagh (2014) go n-imríonn éileamh na dtuismitheoirí go fóill an-tionchar ar fhás agus ar fhorbairt na hearnála. Is minic nach labhraíonn na tuismitheoirí Gaeilge iad féin, ach léiríonn siad tiomantas don teanga lena bhfreastal ar ranganna agus trí fhrásaí bunúsacha a úsáid leis na páistí sa tsuíomh baile a oiread agus is féidir.

Modheolaíocht

Taighde cáilíochtúil a bhí sa taighde seo. Dhírigh an taighde go príomha ar ról an chúntóra ranga sa tsuíomh lán-Ghaeilge. Trí agallaimh leath-structhúrtha agus fócasghrúpaí a eagrú, tugadh deis do chleachtóirí (foireann cheannasaíochta na scoile, múinteoirí agus cúntóirí ranga), agus do pháistí machnamh a dhéanamh ar an chleachtas reatha i leith ról na gcúntóirí in aon Ghaelscoil amháin i gceantar uirbeach i mBéal Feirste. Scoil saorsheasaimh, fadbhunaithe a bhí i gceist, scoil ina raibh an t-údar seo ag obair ag an am. Fiosraíodh ról an chúntóra ranga i bhforbairt teanga na bpáistí i gcomhthéacs oideolaíocht an tumoideachais. Threoraigh na ceisteanna taighde thíos an fiosrúchán:

- Dar le múinteoirí, cad é príomhról na gcúntóirí ranga sna luathbhlianta?
- Dar le cúntóirí ranga, cad é an príomhról atá acu sa seomra ranga?
- Cad é an ról atá ag cúntóirí ranga maidir le forbairt dhara teanga na bpáistí sa seomra ranga lán-Ghaeilge?

Déantar tuairisciú anseo ar dhearcthaí na ndaltaí amháin.

Baineadh úsáid as sampláil bhreithiúnais (Merriam & Tisdell, 2016), bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an taighdeora leis na rannpháirtithe cuí a roghnú. Tugadh cuireadh do gach páiste in Eochairchéim a 2, is iad sin na páistí is sine sa scoil, páistí idir 8 agus 11 bliana d'aois, páirt a ghlacadh sa staidéar. Tugadh cead do 13 páiste a bheith páirteach. Bhí mórchuid na rannpháirtithe seo ag sealbhú agus ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga. Tháinig triúr acu ó theaghlaigh inar labhair ar a laghad tuismitheoir amháin Gaeilge líofa.

Maíonn Kolb (2007) go bhfuil sé de chumas ag páistí machnamh a dhéanamh ar an phróiseas foghlama agus tuairimí a nochtadh dá réir. Ar an ábhar go bhfuil an-eolas agus tuiscint acu ar a gcuid taithí féin (Dockett & Perry, 2005), spreagadh na páistí le labhairt ar a n-ispéiris chuige seo maidir le foghlaim agus sealbhú na Gaeilge, agus ar na daoine a thacaigh leo mar chuid den phróiseas foghlama, dar leo. Rinneadh fócasghrúpaí leis na páistí (2 ghrúpa) agus iarradh barúlacha na bpáistí ar na gnéithe seo a leanas:

- a gcuid mothúchán faoin Ghaeilge;
- cad é mar a d'fhoghlaim siad an Ghaeilge;
- dúshlán a bhaineann le foghlaim agus le sealbhú na Gaeilge;
- na daoine a thacaigh leo an Ghaeilge a fhoghlaim.

Baineadh úsáid as anailís théamach (Braun & Clarke, 2006) atá fréamhaithe i dteoiric chun téamaí na sonraí a aithint, a chur i gcóimheas agus a anailísiú. I dtús báire, rinneadh códú ar na tsonraíocht, roimh théamaí a aimsiú ionas go dtiocfaí anailís a dhéanamh ar na téamaí sin.

Cloíodh le cód eiticiúil taighde (BERA, 2018) le linn ullmhúchán agus stiúradh na n-agallamh. I gcás na bpáistí, iarradh cead eolasach scríofa ar thuismitheoirí na rannpháirtithe. Míníodh nach mbeadh duine ar bith le haithint agus go dtiocfadh le rannpháirtithe tarraingt siar ag pointe ar bith. Agus an t-údar ag dul don taighde, bhí sé ag obair sa scoil mar mhúinteoir ranga.

Plé agus Anailís

Go príomha, dhírigh tuairimí na bpáistí ar gnéithe phraiticiúla den fhoghlaim, le béim ar na mothúcháin agus na dearcthaí a bhí acu i leith na Gaeilge. Go ginearálta, léirigh na páistí gur bhain siad sult as an fhoghlaim, agus d'aithin siad na buntáistí a bhain leis na heispéiris foghlama a bhí acu, agus buntáistí an dátheangachais. Anuas air seo, d'aithin roinnt acu go raibh easpa deiseanna acu an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den chomhthéacs scoile, agus go mbraitheann na deiseanna seo ar phroifíl teanga an teaghlaigh.

Tháinig trí mhórhéama, a phléifear thíos, chun cinn. Is iad sin:

- Tábhacht na Gaeilge
- Taithí / eispéiris foghlama
- Daoine a thacaigh leo mar chuid den phróiseas foghlama

Tábhacht na Gaeilge

Thagair na páistí uilig don bhród a bhí orthu gur féidir leo an dara teanga, Gaeilge sa chás seo, a thuiscint agus a labhairt. Chuir cumas agus líofacht sa Ghaeilge go mór leis an fhéiniúlacht s'acu. D'aithin na páistí gur tugadh réimse deiseanna dóibh sa suíomh scoile an teanga a úsáid ar bhonn acadúil agus ar bhonn shóisialta, agus gur chuir an cumas teanga a bhí á fhorbairt acu le húsáid na teanga taobh amuigh den chomhthéacs scoile fosta. Spreagadh roinnt acu, mar shampla, le clárú le cumainn ina raibh an Ghaeilge in úsáid go coitianta, nó spreagadh iad leis an Ghaeilge a úsáid le baill teaghlaigh sa bhaile.

Labhair na páistí ar fad a bhí páirteach go dearfach faoin Ghaeilge agus léiríonn an t-athfhriotal thíos gur aithin na páistí buntáistí an dátheangachais:

Páiste B: *It's good to have a second language.*

Páiste C: *It can help you get jobs.*

Páiste D: *It's a pleasure to speak Irish.*

Is léir anseo go raibh ról láidir ag an Ghaeilge i saol na bpáistí seo. Pléadh gurbh ionann cumas sa Ghaeilge agus bua nó láidreacht a bheith acu, agus gur chruthaigh cumas sa Ghaeilge deiseanna fadsaoil. Tagann seo le taighde a rinne Ó Duibhir *et al.* (2017) inar aithin roinnt rannpháirtithe gur bua pearsanta é a bheith in ann Gaeilge a thuiscint agus a úsáid. Cé gur aithin na páistí gurbh fhéidir leis an Ghaeilge tacú le daoine teangacha eile a fhoghlaim, agus le poist a fháil, ní raibh siad in ann an smaoineamh seo a fhorbairt.

Tá sé deacair an nasc idir an Ghaeilge agus an pholaitíocht a sheachaint ó Thuaidh. Bhí nasc idir teanga, polaitíocht agus féiniúlacht le sonrú go minic i roinnt tuairimí a nocht na páistí. Mar chuid den phlé ar an fhéiniúlacht agus ar thábhacht na Gaeilge, tharraing na páistí aird ar an ghá an teanga a chosaint, a scaipeadh agus a fhorbairt, *'because there are people who want Irish to not be a language anymore so it's great to be able to speak Irish* (Páiste D). Thiocfaí a rá gur léir ón mhéid a dúirt na páistí gur imir inniúlacht sa teanga an-tionchar ar an fhéiniúlacht s'acu mar Éireannaigh. Luann Ó Duibhir *et al.* (2017) go dteánn an nasc a aithníonn foghlaimoírí idir an teanga agus stair na tíre i bhfeidhm go mór ar a dtoilteanas Gaeilge a labhairt. Rinneadh trácht don Ghaeilge mar *'our own language'* (Páiste A), teanga a bhí agus atá le cosaint agus le caomhnú. Chomh maith leis seo, tharraing na páistí aird ar thábhacht na Gaeilge mar theanga dhúchais na tíre.

Taithí Foghlama

Cé gur aithin na páistí roinnt dúshlán a bhain le foghlaim na Gaeilge, fuaimniú, litriú agus aistriú ó Bhéarla go Gaeilge san áireamh, go ginearálta, labhair siad go dearfach faoina n-eispéiris foghlama chuige seo.

Thagair na páistí uilig don ghrá a bhí acu don Ghaeilge agus don tsonas a chruthaigh sí dóibh. Labhair na páistí go dearfach faoi na heispéiris, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhí acu an Ghaeilge a chluinstin agus a úsáid, sa chomhthéacs scoile go háirithe. Thagair na páistí do na deiseanna a tugadh dóibh an Ghaeilge a úsáid sa tseomra ranga, sa chlós, le baill foirne, lena chéile, agus sna cumainn iarscoile. Is léir gur tugadh réimse leathan d'eispéiris shaibhre do na páistí i dtimpeallacht teangashaibhir, le hinniúlacht sa sprioctheanga a threisiú.

Rinneadh tagairt d'fhoghlaim na Gaeilge mar phróiseas carnach.

Páiste F: *I started with the easy words and then it got a bit harder and then I started doing work.*

Páiste D: *The way I learnt Irish is: I would listen to people say like one word and put them in with an English sentence. If I was trying to say I want a drink, when I was only like 5 and all, I would say I want uisce.*

D'aithin roinnt páistí mar sin gur fhoghlaim agus gur shealbhaigh siad foclóir bunúsach, roimh théarmaíocht níos casta a fhoghlaim le tacú leo obair acadúil a dhéanamh sa sprioctheanga. Tá tagairt le sonrú anseo don scafláil (Bruner, 1978) nuair a chuirtear foghlaim chun cinn ar dhóigh chéimnithe, chórascach le tacaíocht agus le treoir.

Cé gur aithin na páistí uilig gur imir an scoil ról lárnach sa phróiseas sealbhaithe, d'aithin siad fosta gur ghné thábhachtach í den fhoghlaim na luatheispéiris a bhí acu sa bhaile. Fosta, aithníodh gur spreagadh a bhí in ionchur agus i ndearcthaí na dtuismitheoirí. Luaigh mórchuid na bpáistí gur spreag bród na dtuismitheoirí iad i dtreo labhairt agus úsáid na Gaeilge, rud a chothaigh cumas sa teanga.

Mar a léirítear sa ráiteas thíos, rinneadh tagairt do na tuismitheoirí mar fhoghlaimeoirí na Gaeilge agus ról tacaíochta ag páistí san fhoghlaim seo:

Páiste D: *If my mummy wanted to learn a new phrase, I'd tell her it and keep saying it in Irish to help her learn.*

Léiríonn seo tuiscint na bpáistí ar an tábhacht a bhaineann le hathrú le húsáid teanga a threisiú. Nuair atá daoine sa bhaile ag foghlaim na Gaeilge mar seo, ní hamháin go mbíonn ról tacaíochta ag na páistí, ach cruthaítear deiseanna cainte dóibh a chuireann leis an chumas teanga s'acu. Ar an dóigh seo, cuirtear le muinín na bpáistí.

Dúshlán

Tháinig an chodarsnacht agus an choimhlint idir Béarla agus Gaeilge chun cinn mar dhúshlán suntasach. Go ginearálta, d'aithin na páistí gurb teanga í an Ghaeilge a bhí in úsáid go príomha sa scoil nó le baill teaghlaigh ar leith.

D'aithin roinnt páistí mar sin gur imir úsáid an Bhéarla sa mhórtimpeallacht tionchar ar úsáid agus ar choinneáil na Gaeilge. Mar atá le sonrú thíos, thuiriscigh roinnt páistí gurbh fhéidir leo dearmad a dhéanamh ar roinnt den téarmaíocht acadúil sa Ghaeilge nuair a bhí an Béarla in úsáid go coitianta thart orthu.

Páiste D: *Because like everybody always speaks to me in English in my house and sometimes you forget some of the Irish words, but when you go back to school you're in an Irish environment so you can get them back if you know what I mean.*

Ina theannta sin, nuair a cuireadh ceist ar na páistí faoin leibhéal Gaeilge s'acu, luaigh páiste amháin nach raibh caighdeán na Gaeilge chomh maith agus ba mhaith leis cionn is 'your family talk in English and you talk more English than Irish because you only talk Irish during school or to certain family members or teachers' (Páiste I). Léirítear anseo gur féidir le húsáid an Bhéarla na deiseanna a bhíonn ag páistí an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den chomhthéacs scoile a laghdú, agus do mhórchuid na bpáistí nach mbíonn an sprioctheanga ach in úsáid sa tsuíomh scoile (Swain & Johnson, 1997). Bíonn dúshlán roimh fhoghlaimoirí na Gaeilge mar sin an cumas Gaeilge atá acu ar scoil a aistriú go gnéithe eile dá saol (Nig Uidhir *et al.*, 2016) mar gheall ar easpa deiseanna atá ag roinnt acu an Ghaeilge a chluinstin agus a úsáid taobh amuigh den chomhthéacs scoile.

Chomh maith leis sin, tharraing páiste amháin aird ar dhúshlán eile sa phróiseas foghlama, is é sin easpa Gaeilge na foirne. Cé gur aithin an páiste seo gur labhair múinteoirí agus cúntóirí ranga Gaeilge i rith an ama, aithníodh 'in the dinner hall, you know the way they aren't fluent, they only have wee bits' (Páiste G). Léirítear anseo go mbíonn sé doiligh ar pháistí aistriú ó theanga amháin go teanga eile i rith am ama, agus seans maith ann go laghdaítear láidreacht na foghlama agus na páistí ag dul ó Bhéarla go Gaeilge agus a mhalairt go minic. Mar a mhaíonn Ó Duibhir *et al.* (2017) bíonn scileanna teanga na ndaltaí níos treise nuair a bhíonn Gaeilge amháin in úsáid ag an fhoireann.

I gcomparáid leis na dúshláin a bhain le haistriú idir Béarla agus Gaeilge, bhí páistí ann a d'aithin go raibh focail nó téarmaíocht ar eolas acu i nGaeilge, nach bhfuil ar eolas acu i mBéarla, mar atá léirithe thíos:

Páiste C: *Sometimes I get confused as well because there are words I know in Irish but I don't know in English.*

Thiocfaí a rá go raibh na páistí seo muiníneach sa Ghaeilge agus gur aithin siad caighdeán na teanga gurbh fhéidir leo a thuiscint agus a ghiniúint. D'aithin siad gur fhorbair foclóireacht leathan mar gheall ar an tumadh sa dara teanga.

Daoine a Chuidigh Leo

Thagair na páistí don réimse leathan daoine a chuidigh leo sa phróiseas foghlama, foireann scoile agus baill teaghlaigh go príomha. Is léir ó thuairimí na bpáistí gur tugadh tacaíocht dhearfach dóibh agus iad ag sealbhú na Gaeilge.

Cé nár tógadh mórchuid na bpáistí le Gaeilge, luaigh roinnt mhaith acu an tionchar a d'imir daoine sa bhaile ar an fhoghlaim. Mar atá léirithe sa ráiteas thíos, is féidir le meon, le tiomantas agus le hionchur na dtuismitheoirí páistí a spreagadh leis an Ghaeilge a úsáid:

Páiste B: *Yep. My mummy always tells me she is proud that I can speak Irish.*

Aithníonn Dornyei (2009) an ról lárnach atá ag spreagadh, moladh agus atreisiú dearfach le tacú le páistí an dara teanga a úsáid agus a shealbhú.

Mar chuid de ról an teaghlaigh phléigh na páistí na cúiseanna ar roghnaigh na tuismitheoirí oideachas lán-Ghaeilge dóibh, ar na tuismitheoirí mar fhoghlaimeoirí na Gaeilge, ar fhéiniúlacht agus ar chaighdeán oideachais ina measc.

Ina theannta sin, d'aithin roinnt páistí go raibh a dteaghlaigh féin gníomhach i saol mór na Gaeilge. Rinne páiste amháin tagairt dá sheantuismitheoirí mar ghníomhairí teanga, daoine '*who like worked to save the Irish language*' (Páiste E). Labhair sé go bródúil air seo, agus ba léir gur imir gníomhaíochas Gaeilge a mhuintire tionchar ar an luach a chuir sé féin ar an Ghaeilge.

Chomh maith leis seo, d'aithin na páistí uilig an ról lárnach a bhí ag foireann na scoile, múinteoirí agus cúntóirí ranga go háirithe, sa phróiseas sealbhaithe.

D'aithin mórchuid na rannpháirtithe gur tugadh deiseanna neamhfhoirmiúla dóibh an Ghaeilge a shealbhú sa tsuíomh réamhscolaíochta sular chuir siad tús lena n-aistear foghlama go foirmiúil sa tsuíomh scoile. Chruthaigh na hoibríthe sna suíomhanna réamhscolaíochta lán-Ghaeilge deiseanna do na páistí Gaeilge a shealbhú ó aois óg. Leag na heispéiris seo dúshraith don tsealbhú teanga a tháinig níos faide anonn go foirmiúil sa tsuíomh scoile.

Focal Scoir

Trí iniúchadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí na ndaltaí ar mhionteanga a shealbhú, rinneadh tuairisciú sa pháipéar seo ar an ról suntasach atá ag daoine fásta agus iad ag tacú le forbairt an dara teanga sa tsuíomh tumoideachais. Bunaíodh tuairimí na bpáistí ar a n-eispéiris foghlama agus ar an tacaíocht a fuair siad chuige seo.

Tháinig trí mhórtéama chun cinn, is iad sin tábhacht na Gaeilge, taithí nó eispéiris foghlama na bpáistí agus na daoine a thacaigh leo mar chuid den phróiseas foghlama. Bhí tionchar na polaitíochta le sonrú i roinnt tuairimí a nocht na páistí.

Cuireadh in iúl go raibh na páistí iontach bródúil gurbh fhéidir leo an dara teanga a thuiscint agus a labhairt. Chuir cumas agus líofacht sa Ghaeilge go mór leis an fhéiniúlacht s'acu mar Éireannaigh. Mar nuachaintoirí na Gaeilge, d'aithin na páistí gur tugadh réimse deiseanna dóibh an teanga a úsáid ar bhonn acadúil agus ar bhonn shóisialta agus, i roinnt cásanna, spreag an cumas teanga a bhí acu úsáid na teanga taobh amuigh den chomhthéacs scoile.

Ba léir gurb í gné lárnach, thábhachtach í an Ghaeilge d'fhéiniúlacht na bpáistí. Is dócha gur imir na dearchtaí, na tuairimí agus an t-eolas a tháinig ó dhaoine eile tionchar ar fhorbairt na ndearchtaí seo. Mar a mhaíonn Langlois (2006), is iomaí difríocht a mhaireann ó Thuaidh, difríochtaí i leith teanga, oideachais agus creidimh, agus mar sin, aithnítear go minic nasc láidir idir polaitíocht, creideamh agus an Ghaeilge. D'imir an nasc seo tionchar ar thuairimíocht na bpáistí. Lorg na staire agus ceachtanna idirghlúine a tháinig chun cinn nuair a labhair na páistí ar stair na tíre agus orthu féin mar chaomhnóirí teanga.

Dhaingnigh tuairimíocht na bpáistí, mar sin, gurb iomaí gné a spreagann tuismitheoirí an oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí, féiniúlacht, caighdeán ard oideachais, buntáistí cognaíocha agus suim sa teanga ina measc.

Sa tsuíomh lán-Ghaeilge, suíomh ina bhfuil miontheanga in úsáid mar mhodh teagaisc agus mar mhodh chumarsáide, bíonn ról lárnach ag foireann na scoile sa phróiseas sealbhaithe. Trí ionchur fiúntach, sothuigthe agus ardchaighdeánach a sholáthar, chothaigh foireann na scoile suim agus muinín i measc na bpáistí leis an Ghaeilge a labhairt go cruinn, go líofa agus go bródúil. Tugadh tacaíocht dhearfach, leanúnach dóibh mar chuid lárnach den phróiseas sealbhaithe. Tháinig seo chun cinn ó pheirspictíocht na ndaltaí. Mar sin, tá ról ríthábhachtach ag foirne scoile scileanna tuisceana, labhartha, éisteachta, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt, scileanna atá riachtanach le bheith dátheangach agus déliteartha.

Leabharliosta

Leabhair

- Andrews, A. (2018) *Support material for CCEA preschool curricular guidance: Irish-medium early years immersion education*. Belfast: Krujen.
- Baker, C. (2007) *A parent's and teacher's guide to bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Bruner, J. (1978) 'The role of dialogue in language acquisition.' Sinclair, R., Jarvella, R.J. & Levelt, W.J.M. (eag.) *The child's conception of language*. NY: Springer.
- Johnson, K. & Swain, M. (1997) *Immersion Education: International Perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Dörnyei, Z. (2009) 'The L2 motivational self system.' Dörnyei, Z. Ushioda, E. (eag.) *Motivation, Language Identity and the L2 Self*. Bristol: Multilingual Matters. 9–42.
- Krashen, S. (1987) *Principles and practice in second language acquisition*. Hertfordshire: Prentice Hall.
- Merriam, S.B. & Tisdell, E.J. (2016) *Qualitative research: a guide to design and implementation*. San Francisco: Jossey-Bass
- Nig Uidhir, G. (2005) 'The Shaw's Road urban Gaeltacht: role and impact.' de Brún, F. (eag.) *Belfast and the Irish language*. Dublin: Four Courts. 136–47.
- Ní Bhaoill, M. agus Ó Duibhir, P. (2004) *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A. & O' Brien, M. (2007) *Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: Principal findings and recommendations*. Dublin: Brunswick Press.

Prokop, M. (1990) *The German language in Alberta: maintenance and teaching*. Edmonton, AB: University of Alberta Press.

Swain, M. & Johnson, R.K. (1997) 'Immersion education: a category within bilingual education.' Swain, M. & Johnson R.K. (ed.) *Immersion education: international perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press. 1–16.

Ailt

Braun, V. & Clarke, V. (2006) 'Using thematic analysis in psychology.' *Qualitative Research in Psychology*. 3(2). 77–101.

Dockett, S. & Perry, B., (2005) 'Researching with children: Insights from the Starting School Research Project.' *Early Childhood Development and Care*. 175(6). 507–21.

Kavanagh, L. (2014) 'Exploring parental involvement and home-school relations in Irish immersion education: integrating multiple perspectives.' in *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*. 2(1). 121–38.

Kolb, A. (2007) 'How languages are learnt: primary children's language beliefs.' *Innovation in Language Learning and Teaching*. 1(2). 227–41.

Langlois, T. (2006) 'Canada: a multicultural model for Northern Ireland?' in *British Journal of Canadian Studies*. 9(2). 201–20.

Mc Adory, S.E. & Janmaat, J.G. (2015) 'Trends in Irish-medium education in the Republic of Ireland and Northern Ireland since 1920: shifting agents and explanations.' *Journal of Multilingual and Multicultural Development*. 36(5). 528–43.

NigUidhir, G., Ó Cathalláin, S., & Ó Duibhir, P. (2016). 'Tuismitheoirí ina ngnómhairí in earnáil an Ghaeloideachais', *COMHARTaighde*, 2(1). 2–28

O'Rourke, B., Pujolar, J. & Ramallo, F. (2015) 'New speakers of minority languages: the challenging opportunity – foreword.' *International Journal of the Sociology of Language*. 231(1). 1–20.

Tuairiscí

Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S. & Ní Thuairisg, L. (2017) *Anailís ar Mhúnlaí Soláthair Gaelscolaíochta (Tuairisc Thaighde)*. Béal Feirste: An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaeloideachas.

Walsh, J., O'Rourke, B. & Rowland, H. (2015) *Tuarascáil taighde ar nuachaintoírí na Gaeilge*, Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge.

Foinsí Leictreonacha

BERA (2018) Ethical Guidelines for Educational Research. Ar fáil ag: <https://www.bera.ac.uk/publication/ethical-guidelines-for-educational-research-2018>.

Comhairle na Gaelscolaíochta. (2021) Ceiliúradh na Gaelscolaíochta 2021. Ar fáil ag: <https://www.colaiستهirste.org/single-post/ceili%3%BARadh-na-gaelscola%3%ADochta---celebrating-irish-medium-education-2021/>.



An Óige agus an Athbheochan

Cló Léann na Gaeilge, 47 Sráid Harrington, Baile Átha Cliath 8

Údar: Ríona Nic Congáil

ISBN: 978-1-9196013-5-9

Léirmheas le Róisín Ní Cheallaigh

<https://doi.org/10.13025/49gn-gq85>

Is leabhar faisnéiseach oideachasúil é *An Óige agus an Athbheochan* a scríobh an Dr Ríona Nic Congáil. Is monagraf atá sa leabhar seo ‘a dhíríonn ar an gcaidreamh idir stair na hóige agus an Ghaeilge’ (xxii) agus le linn ‘thréimhse na hAthbheochana in Éirinn, ó na 188oidí go 1922’ (xxii). Mínítear an comhthéacs stairiúil agus an tábhacht shiombalach a bhaineann le clúdach an leabhair dúinn, ag cur in iúl go bhfuil ‘slánú na hÉireann ag brath ar an aos óg’ (xviii) agus mar sin is meafar maith é do phríomhthéama an leabhair. Bhain an t-údar PhD sa Nua-Ghaeilge amach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath in 2009, áit a bhfuil sí ina hOllamh Comhlach faoi láthair i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis. Anuas air sin, is príomhthaidheoir í ar an togra de chuid na Comhairle Eorpaí um Thaidhe dar teideal *Youth Engagement in European Language Preservation, 1900–2020* a bhfuil mar aidhm aige, an nasc idir an óige agus caomhnú na teanga a thabhairt chun solais. Is údar an-chumasach í – tháinig idir leabhair agus aistí éagsúla óna peann i gcaitheamh na mblianta agus is sárshaothar é an leabhar seo gan amhras.

Cuirtear béim ar ‘sciar mór tábhachtach de dhaonra na hÉireann i rith thréimhse na hAthbheochana, sciar den daonra nár tugadh aitheantas ceart dó riamh roimhe seo’ (xxxv). Fíonn an t-údar stair na tíre agus stair na teanga le chéile, rud a thabharfadh ábhar machnaimh don léitheoir agus is gá an t-ábhar a chíoradh go mion dá bharr sin.

Tugtar léargas dúinn sa chéad chaibidil ar an mbearna idirghlúine a bhí i réim ag deireadh an 19ú haois agus pléitear an chaoi a raibh an náisiúnachas fréamhaithe i gcultúr na n-óg. Tuigtear don léitheoir gur cor cinniúnach a bhí ann don tír nuair a rinneadh ‘an t-aos óg a spreagadh agus a mhealladh i dtreo an náisiúnachais tríd an bhfocal clóite’ (3). Rianaíonn an t-údar buaicphointí na hAthbheochana nuair a thugann sí achoimre dúinn go croineolaíoch ar chumainn agus ar cholúin i bhfad agus i gcéin a tháinig as an gceangal sin. Leagann an t-údar béim ar cholún ceannródaíoch dar teideal ‘Cumann na hÓige’ a tháinig ar an bhfód agus a thug ‘ardán do chainteoirí óga le scéalta agus litreacha a fhoilsiú’ (17). Tugann an t-údar le fios gur ‘chothaigh an Irish Fireside Club an chothromaíocht inscne’ (16) agus gur réitigh Hester Sigerson an bealach do mhná nuair a thuig sí ‘go bhféadfadh ról nua, poiblí a bheith ag mná i ngluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha, dá mbeadh an ról sin ag díriú ar dhaoine óga’ (23).

Tugtar cuntas dúinn sa dara caibidil ar ról athraitheach na mban agus iad ag iarraidh ról gníomhach a bhaint amach i ndáil le náisiúnachas cultúrtha a chothú agus a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge. Cuireann an t-údar beocht sa scéal trí chur síos ar thábhacht obair na mban in Inghinidhe na hÉireann i ndáil leis ‘na páistí a thumadh sa náisiúnachas cultúrtha’ (28). Is fiú a lua go leagann an t-údar béim ar an bhfóras gurb é Conradh na Gaeilge ‘an t-aon eagraíocht i ngluaiseacht an náisiúnachais chultúrtha a thug le fios go ligfeadh sí na mná isteach ar comhcheim leis na fir’ (31). Déanann an t-údar an téama seo a iniúchadh sa chéad chaibidil eile.

Léiríonn an t-údar sa tríú caibidil tionchar Chonradh na Gaeilge ar chur chun cinn na litríochta agus na drámaíochta agus ar thús a chur leis ‘an gcéad scéim chun daoine óga a chur chuig coláistí samhraidh in Éirinn’ (44). Tuigtear don léitheoir gur ‘trí Rannóg na nÓg, a chothaigh Craobh Londan glúin óg agus nuair a d’fhás an ghlúin sin aníos, gur ‘lean cuid acu ar aghaidh ag cur an náisiúnachas cultúrtha chun cinn i measc na n-óg’ (62).

Déantar ‘anailís agus comhthéacsú ar shaothar Mhic Cumhaill agus Uí Shiochfhradha’ (xxx) go háirithe sa cheathrú caibidil. Déanann an t-údar anailís chuimsitheach ar ghnéithe suntasacha de litríocht Ghaeilge na nÓg. Pléann an t-údar na bunchúiseanna a raibh na daoine fásta meáite ar dhaoine óga a mhealladh chun na drámaíochta sa chúigiú caibidil, an chaibidil is faide sa leabhar: ‘Modh úsáideach a bhí sa drámaíocht chun an Ghaeilge a mhúineadh don aos óg, agus chun tuiscint a thabhairt dóibh ar ghnéithe den náisiúnachas cultúrtha’ (96). Thairis sin, ba é ‘Pádraic Mac Piarais an chéad duine a bhain úsáid as múnlaí agus plotaí na seanscéalta Gaelacha chun drámaí don óige a chruthú’ (112).

Tuigtear don léitheoir sa séú caibidil a thábhachtaí agus a bhí feiseanna chun úsáid na teanga a leathnú i measc an phobail. Míníonn an t-údar gur ‘modh a bhí sna feiseanna chun daoine óga a ghríosú lena gcuid ama shaoir a chaitheamh ag foghlaim na Gaeilge, agus ar thuiscint a fháil ar stair agus ar chultúr Gaelach na hÉireann’ (141–2). Sa seachtú caibidil tugann an t-údar le fios go raibh ‘áit lárnach ag na cluichí Gaelacha i gcultúr náisiúnaíoch na n-óg faoi dheireadh na 1910idí’ (149) agus d’fhéadfaí a rá gurb amhlaidh an scéal sa lá atá inniu ann.

Tugtar le fios dúinn san ochtú caibidil gur ‘theastaigh ó Chonradh na Gaeilge bogadh ar aghaidh ó íomhá sin an anró: ina áit sin, dhírigh lucht na nuachtán ar chainteoirí dúchais a rinne éacht éigin, ainneoin na n-ainneoin’ (159). Thug Pádraig Mac Piarais cor nua isteach sa scéal trína chuid colún in *An Claidheamh Soluis* nuair a chuir sé ‘íomhá den “Irish-speaking child” i mbéal an phobail, agus íomhá theibí, rómánsúil agus fhirinsneach a bhí ann’ (169) i gcodarsnacht le híomhá na bochtaineachta a bhí i réim ag an am.

Tugann an t-údar léiriú sa naoú caibidil ar an mborradh faoin teanga a tharla i measc an aosa óig. ‘Faoi thús na 1910idí, bhí cainteoirí óga dúchais ag léamh, ag scríobh agus ag foilsiú ábhar Gaeilge i nuachtáin náisiúnta agus áitiúla: dream nach raibh aon ghlór acu riamh roimhe sin i bhforam clóite’ (184). Is léir don léitheoir gur mór an tionchar a bhain leis an ngluaiseacht sin agus cainteoirí óga dúchais ag scríobh litreacha agus aistí in *An Claidheamh Soluis*, *Catholic Bulletin* agus *An Lóchrann*. Filleann an t-údar ar théarma na cothromaíochta inscne ag cur in iúl gur ‘trí ghníomh na scríbhneoireachta agus na foilsitheoireachta’, go raibh ‘na cailíní scoile ag brú na dteorainneacha a bhain le róil inscne an ama sin’ (184). Déanann an t-údar tráchtairacht shóisialta chun léiriú níos doimhne a thabhairt don léitheoir ar an seansaol.

Filleann an t-údar ar phríomhphointí an leabhair sa chonclúid agus cuireann sí i gcuimhne gur ‘dhírigh an leabhar seo ar thuairimí agus ar ghníomhaíochtaí na ndaoine fásta go príomha i leith an aosa óig i dtréimhse na hAthbheochana’ (209–0). Is léir don léitheoir go raibh sé ‘mar aidhm ag na daoine fásta sin, lucht na hAthbheochana, An Ghaeilge a choinneáil beo i measc na gcainteoirí óga dúchais agus í a leathnú i measc aos óg na tíre go ginearálta’ (210). Tuigtear don léitheoir gur éirigh leo na cuspóirí uileghabhálacha seo a bhaint amach ar son na teanga.

Is léir go bhfuil tuiscint mhaith ag an údar ar an ábhar ach ní saothar gan locht é. Feictear dúinn go bhfuil ailt i mBéarla scaipthe ar fud an leabhair gan mórán dealraimh, rud a chuireann isteach ar an léamh toisc nach mínítear dúinn ar bhealach sách soiléir an fáth a bhfuil siad ann ar an gcéad dul síos.

Cló Léann na Gaeilge a chuir an leabhar seo i gcló faoi chlúdach cruca, agus praghas €25.00 air. Is fiú go mór é. Tá stíl na scríbhneoireachta sothuigte agus tá struchtúr deas cuimsitheach ag baint leis an leabhar, rud a bheadh ina chuidiú don léitheoir. Bheadh an leabhar seo úsáideach do theangeolaithe, do staraithe agus do dhaoine a bhfuil spéis acu sa teanga agus i stair na tíre seo. Féadfaidh an léitheoir tuiscint níos fearr a fháil ar staid na teanga mar atá, trí mhachnamh a dhéanamh ar ar thit amach le linn ré na hAthbheochana. Mar fhocal scoir, is léir go luaitear téamaí suimiúla sa leabhar seo a bhfuil gné choiteann stairiúil ag baint leo. B’fhiú go mór tuilleadh taighde a dhéanamh orthu astu féin chun monagraif nua a chur ar fáil amach anseo.



Léirmheas ar *POBAL NA GAEILGE: Daonra, Institiúidí, agus Cumhacht* le Pádraig Breandán Ó Laighin

Cló na nGael, Baile Átha Cliath 2022, 312 lch. €22

Léirmheas le Oisín Mac Giolla Bhríde

<https://doi.org/10.13025/sa4s-j229>

Is socheolaí é Pádraig Breandán Ó Laighin agus ba léachtóir le socheolaíocht in Ollscoil McGill, agus Ollamh le socheolaíocht i gColáiste Vanier é. Bhí ról lárnach aige sna feachtais chun stádas a bhaint amach don Ghaeilge mar theanga oifigiúil agus oibre de chuid an Aontais Eorpaigh, agus chun deireadh a chur leis an maolú ar an stádas sin. Toradh ar shraith léachtaí a thug Ó Laighin i suíomhanna éagsúla timpeall na tíre é *POBAL NA GAEILGE: Daonra, Institiúidí, agus Cumhacht*. Iniúchadh agus anailís ar cheisteanna daonra, institiúidí agus stádais Phobal na Gaeilge, chomh maith le moltaí sonracha reachtaíochta i leith na gceisteanna sin atá sa leabhar seo. Leabhar acadúil is ea é, a mbeidh suim mhór ann ag duine ar bith atá ag dul do chur chun cinn, d'athbheochan, nó do chaomhnú na Gaeilge, ach ní orthu siúd amháin atá sé dírithe. Is díol spéise go míníonn Ó Laighin i nóta i mbrollach an leabhair, cé gur i nGaeilge a scríobhadh na léachtaí is bunús don leabhar agus bundréachtaí na gcaibidlí ar fad, go raibh leagan Béarla den téacs á réiteach go comhuaineach aige, agus go bhfuil sé i gceist aige an leagan Béarla a fhoilsiú amach anseo, mar gur mheas sé go mbeadh sé tábhachtach anailís agus moltaí an leabhair a chur faoi bhráid Phobal an Bhéarla in Éirinn freisin. Dá gciallódh sé seo go mbeadh, fiú amháin, mionlach beag bídeach de Phobal an Bhéarla in Éirinn ní b'eolaí agus ní ba thuisceanaí ar chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta, ba mhaith an rud é.

Leabhar breá mór is ea é, a bhfuil clúdach snasta air, ar a bhfuil pictiúir de línte tosaigh ‘Can a mbunadas na nGaedel’ in *Leabhar Laighean*, chomh maith le sliocht as *Rialachán Uimh. 1*, de chuid an Aontais Eorpaigh, lena gcinntear teangacha oifigiúla agus oibre institiúidí an Aontais. Dhá théacs thábhachtacha is ea iad, ceann amháin stairiúil agus ceann eile comhaimseartha, ina mbaintear úsáid as an nGaeilge chun náisiúin, nó cine mar ab fhearr le Seathrún Céitinn in *Foras Feasa ar Éirinn*, a chruthú agus a aontú, mar a mhínítear i gcaibidil deiridh an leabhair.

Is é ‘Cé hiad pobal na Gaeilge?’ (19) an chéad cheist a chíortar sa leabhar. Tosaíonn an dara caibidil le buneolas faoi líon na ndaoine in Éirinn agus i dtíortha éagsúla eile a bhfuil Gaeilge labhartha acu dar le daonáirimh na dtíortha úd. Ansin déantar iarracht an cheist a fhreagairt, cé hiad pobal na Gaeilge? Dar le Ó Laighin, gurb iad an 1,826,267 saoránach sa dá dhlínse a mhaígh go raibh cumas éigin acu sa nGaeilge i ndaonáirimh 2016 (Poblacht na hÉireann) agus 2011 (Tuaisceart Éireann) faoi seach, pobal na Gaeilge. Cruthaítear dénárthán i bhfoirm píchairte ansin, idir pobal na Gaeilge agus pobal an Bhéarla, ina bhfuil 30.21% (1,826,267) de dhaonra iomlán na hÉireann, thuaidh agus theas, ina mbaill de phobal na Gaeilge, agus 69.79% (4,218,758) ina mbaill de phobal an Bhéarla. Ní léir go bhfuil aon chiall leis an dénárthán seo, ná go bhfuil buntáiste ar bith ag baint lena leithéid de dheighilt a dhéanamh. Ar dtús, admhaíonn Ó Laighin go maíonn ‘tuairim is 418 míle duine’ (25) as an 1,826,267 duine sin go bhfuil Gaeilge labhartha éigin acu, nach labhraíonn siad riamh í; mar sin féin, fós cuirtear san áireamh mar bhaill de Phobal na Gaeilge iad, agus, b’fhéidir níos achrannaí fós, ní chuirtear san áireamh mar bhaill de phobal an Bhéarla iad. Ní fios cé mhéad ná cén caighdeán Gaeilge atá ag duine ar bith den 1.8 milliún seo ach oiread, ach go bhfuil ‘Gaeilge labhartha’ éigin acu, dar leo féin. Mar sin, cuirtear duine ar bith a mhaíonn go bhfuil Gaeilge ar bith acu san áireamh mar chuid de phobal na Gaeilge (agus mar chuid de phobal na Gaeilge amháin), fiú más cainteoir dúchais Béarla iad nach bhfuil ach cúpla focal Gaeilge acu a d’fhoghlaim siad ar scoil fadó, agus fiú mura n-úsáideann siad an méid sin féin riamh. Dá leanfaí an loighic sin, d’fhéadfaí a mhaíomh gur ball de phobal na Spáinnise, agus ní ball de phobal na Gaeilge í bean as Carna, Dún Chaoin, nó Toraigh a chaitheann formhór mór dá saol ag labhairt Gaeilge, má tá na focail ‘*gracias*’, ‘*adiós*’ agus ‘*hola*’ ar eolas aici. Anuas air sin, ní léir céard is bunús don uimhir 4,218,758 do phobal an Bhéarla, óir ní chuirtear aon cheist faoi chumas sa mBéarla i ndaonáireamh Phoblacht na hÉireann, mura dtugtar le fios go labhraítear teanga eile seachas Gaeilge, ná Béarla sa mbaile ar cheist eile, agus dá réir, níl ann d’fhaisnéis iontaofa inchomparáide i leith líon na gcainteoirí Béarla in Éirinn. Is cosúil gur thángthas ar an uimhir seo trí líon na ndaoine sa dá dhaonáireamh a mhaígh go raibh Gaeilge labhartha acu a bhaint den daonra iomlán trí bliana d’aois agus os a chionn, ag glacadh leis go raibh Béarla ag gach uile dhuine nach raibh Gaeilge acu, cur chuige nach bhfuil eolaíoch, más ea.

Leantar den phlé ar na ceisteanna tánaisteacha a bhaineann le labhairt na Gaeilge sna daonáirimh éagsúla ó 1993 ar aghaidh sa gcéad chaibidil eile; ceisteanna faoi mhinicíocht labhairt na Gaeilge agus faoi shuíomh labhartha na Gaeilge (m.sh. laistigh, nó lasmuigh den chóras oideachais). Nochtann Ó Laighin go n-easaontaíonn sé go láidir leis na ceisteanna seo agus leis an gcatagóiríú a dhéantar orthu siúd a bhfuil Gaeilge acu dá réir, nach bhfeiceann sé aon tábhacht ná luach le hidirdhealú a dhéanamh idir duine a labhraíonn cúpla focal Gaeilge ó am go chéile sa gcóras oideachais agus duine a chaitheann an chuid is mó dá s(h)aol ag labhairt Gaeilge ar bhonn laethúil. Anuas air sin ‘...go bhfuil lochtanna bunúsacha ar an gceist fhorlíontach i nDaonáireamh na hÉireann maidir le húsáid na Gaeilge ó thaobh teoirice agus modheolaíochta’ (39) agus déanann sé líomhain in aghaidh an Stáit gur comhcheilg dá chuid iad na ceisteanna seo chun ‘pobal na Gaeilge a léiriú mar ghrúpa sainleasa imeallach – ar chóir dóibh a bheith buíoch as aon charthanacht a dheonódh an stát dóibh’ (33) agus ‘gur dearadh iad, agus gur léirmhíníodh agus go ndearna léamh ar a dtorthaí, d’fhonn a thabhairt le tuiscint gur pobal imeallaithe é pobal na Gaeilge, agus chun beartais a d’imeallódh é dáiríre a dhlisteanú’ (27).

Is í An Ghaeltacht, a stair, a daonra agus a staid reatha teangeolaíochta atá faoi chaibidil ina dhiaidh sin. Tá eolas fíorshuimiúil anseo faoi shainiú na gceantar Gaeltachta agus faoi tharraingt a gcuid teorainneacha ag Coimisiún na Gaeltachta in 1926 agus ag Acht na dTithe (Gaeltacht) in 1929, chomh maith le heolas faoi na ceantair ina raibh cainteoirí dúchais fós le fáil an tráth sin, ach nár bhain stádas oifigiúil amach riamh, leithéidí Reachlainn, Shliabh Speirín agus thuaisceart Chontae na Mí. Tugtar eolas dúinn, ina dhiaidh sin, faoi dháileadh na gcainteoirí Gaeilge ar na ceantair Ghaeltachta agus minicíocht labhairt na Gaeilge ina measc. Pléitear sa gcéad chaibidil eile an próiseas pleanála teanga sna ceantair Ghaeltachta sin, sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge, chomh maith le Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta agus a ról sa bpróiseas, agus Acht na Gaeltachta 2012 a shainigh na Limistéir Pleanála Teanga ar fad.

Ceann de na caibidlí is oideachasúla is ea caibidil 6, ina leagann Ó Laighin amlíne agus fianaise dhoshéanta amach d’eisiamh na Gaeilge de réir a chéile ó fhearas riaracháin an stáit ó dheas, nó an *coup* bunúsach mar a thugann sé air. Ón athrú bunidé-eolaíochta i leith chaidreamh an Stáit leis an nGaeilge a thosaigh Thomas Kenneth Whitaker in 1964, go cealú riachtanas Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí agus an titim thubaisteach ar líon na rannóg sa Státseirbhís a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge ina dhiaidh sin, is caibidil fhíorthábhachtach lán le fíricí ábhartha é seo d’aon duine atá ag iarraidh staid na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann a thuiscint.

Tá tábhacht agus luach mór ag baint leis an gcuntas cuimsitheach a thugtar sa leabhar seo ar eisiamh antoisceach na Gaeilge ó fhearas riaracháin an Stáit ó dheas agus ar chuntasacht faoi neamhchomhlíonadh dualgais reachtaíochta agus gealltanais an Stáit i leith na Gaeilge agus déantar roinnt moltaí fiúntacha sa gcaibidil deiridh faoi reachtaíocht a d’fhéadfadh

feabhas a chur ar na cúrsaí sin amach anseo. Mar sin féin, tá laigí ann in áiteanna nuair a thagann tuairimí idé-eolaíochta agus teoiricí comhcheilge an údair agus oibiachtúlacht i leith dea-chleachtais salach ar a chéile, agus cé go dtugtar aghaidh orthu, d'fhéadfaí a mhaíomh nach ndéantar ceisteanna a bhaineann le cúrsaí an Tuaiscirt a chíoradh a ndóthain, cé go bhféadfaí a áiteamh gur i mBéal Feirste agus i nDoire atá an athbheochan agus tógáil phobail Ghaeilge is mó agus is rathúla dá bhfuil ann ar bun, in ainneoin staire agus stáit a bhí, agus atá fós, go follasach, níos naimhdí don teanga. In ainneoin na laigí sin, clúdaítear an-chuid gnéithe de scéal na Gaeilge, agus tá an-chuid eolais atá deacair le haimsiú bailithe le chéile in aon áit amháin sa leabhar seo agus ba mhaith an túsphointe é don té a bheadh ag déanamh taighde ar ghnéithe éagsúla de chás na Gaeilge agus a staid reatha ar oileán na hÉireann. Is maith an luach atá ar an leabhar seo agus praghas €22 air agus dá réir, is mór is fiú é a cheannach agus a léamh más spéis leat cás na Gaeilge.



Léirmheas ar *Mé Suibhne*

Leabhar Breac: Indreabhán, Co. na Gaillimhe, 2021, lch: 195, €16

Údar: Feargal Ó Béarra

ISBN: 978-1-913814-08-3

Léirmheas le Cassie Ní Chatháin

<https://doi.org/10.13025/35ev-kg65>

Scríbhneoir, scoláire agus aistritheoir ab ea Feargal Ó Béarra, a tógadh sa Spidéal agus a chaith tréimhsí i mbun taighde agus teagaisc san Iorua, sa Ghearmáin, i gCeanada agus i Meiriceá. Duine cruthaitheach, cumasach, ildánach ab ea é, agus is seoid í an leabhar seo i measc na saothar éagsúil a scríobh sé le linn a shaoil. Is leabhar ficsein corraitheach, dúshlánach, suaithinseach é *Mé Suibhne*, athinsint dhaonna a chuireann scéal Shuibhne ar na súile do ghlúin eile. Scríobhadh an buntéacs *Buile Shuibhne* sa dara haois déag faoi Rí Suibhne Mac Colmáin, rí in oirthuaisceart na tíre i ré na luath-Chríostaíochta in Éirinn. Téann sé ar strae sa chloigeann de bharr na mallachta a chuireann Naomh Rónán air, agus tugann an buntéacs eolas dúinn i bhfoirm filíochta ar dheoraíocht Shuibhne ina chuid focal féin.

Tá cáil ar an bhunleagan mar cheann de na chéad téacsanna i litríocht na hEorpa a dhírigh ar an duine aonair agus a dhomhan inmheánach, agus ba é an chéad uair riamh a tugadh guth don ghealt i litríocht na dteangacha neamhchlasaiceacha. Rinneadh athmhúnlú agus aistriúchán ar an téacs chéanna roimhe: Séamus Heaney, leis an tsaothar *Mad Sweeney*; agus déantar tagairt don phearsa '*Mad Sweeney*' i dtéacsanna eile le Paula Meehan agus le Flann O'Brien (*Mrs Sweeney*, 1997 & *At Swim-Two-Birds*, 1939). Baineann *Mé Suibhne* a cheart, áfach, agus rinne Ó Béarra an-éacht lena dhílseacht don téacs agus ina chuid cruthaitheachta. Tá struchtúr maith i bhfeidhm; roinntear an scéal ina seacht 'ling', le ceangal ag an deireadh, ranna néata a luíonn le plota an scéil. Meashtar prós agus filíocht go nádúrtha sa leabhar – athrú crutha a chuir go mór le héascacht an téacs. Feictear go bhfuil croíghnéithe an bhunleagain

go fóill sa téacs agus go bhfuil cló na cainte comhaimseartha air nuair is féidir, ach cuirtear in oiriúint don léitheoir nua-aimseartha é. Tá tréithe den tseanleagan ar dhírigh an t-údar orthu thar chinn eile, sin iad na smidíní daonna: chuir sé fad leis ‘na habairtí fánacha thall is abhus a ghoin m’aire mar go raibh splainc bheag bhídeach ann de Shuibhne’ (152). Cé gur bhain sé searradh in áiteanna, míníonn Ó Béarra san iarfhocal go bhfuair sé réidh leis an athrá agus leis na gnéithe nach dtiocfadh a aistriú go héasca go teanga an lae inniu.

Tumtar an léitheoir i ndomhan inmheánach an reacaire; is léir go gcreideann Suibhne sa mhéid is atá á rá aige, agus in ainneoin na ngnéithe osnádúrtha agus a easpa guaime, creideann an léitheoir a scéal fosta. Tá macántacht ag baint le carachtar Shuibhne, ach tá ceist ann faoina réalachas agus arb ann dó mar fhigiúir stariúil. Rinne Ó Béarra plé air seo cheana san alt ‘*Buile Shuibhne: vox insaniae in Medieval Ireland*’ agus cíortar saol agus stairiúlacht Shuibhne Mhic Colmáin (Ó Béarra, 2014: 244–5). In ainneoin na héiginnteachta seo faoin phríomhcharachtar, cuireann na fíorphearsana stairiúla atá luaite le hinchreidteacht an téacs. Tá ionracas ina chuid cainte, agus cuireann an fhísiciúlacht agus na fíorlogainmneacha leis an scéal mar a fheictear do Shuibhne é; samhlaítear é i nGlinnte glasa Aontroma, ag aillte géara an Chósta Thuaidh, ar fud fad an oileáin agus a fhad le críocha na hAlban. Cuirtear béim ar cheangal Shuibhne leis an domhan thart air le sainainmneacha na gcrann agus an dúlra, saineolas nach bhfuil róchoiteann sa lá atá inniu ann agus muid níos scoite amach ón nádúr. Fréamhaítear an scéal sa domhan aithnid agus is féidir leis an léitheoir suíomhanna *Mé Suibhne* a aimsiú ar an léarscáil áisiúil a chuireann Ó Béarra ar fáil ar an aonú leathanach déag, faoi ‘Seachnóineachas Shuibhne’. Déantar amhlaidh in *An Tromdhámh*, óir ní hé seo an chéad athscrúdú ar théacs ón mhéanaois atá scríofa ag an údar. In *An Tromdhámh*, déantar athchóiriú ar aoir den ainm *Tromdhámh Guaire*, rud a léiríonn claonadh an údair i dtreo an ghrinn agus an athchóirithe ar sheanscéal. Bhuaigh Ó Béarra agus Leabhar Breac Gradam Uí Shúilleabháin as an éacht seo in 2019, ceann de Ghradaim Foilsitheoireachta Oireachtas na Gaeilge.

Déantar plé ar théamaí uilíocha sa leabhar; an grá, an tráma, an indibhid, an creideamh agus an tairngreacht. Cuirtear nóisin éagsúla den fhearúlacht in iomaíocht le chéile i gcarachtair Rónáin agus Shuibhne, ach beirt atá daingean ina bhforlámhas féin iad. Leis seo, cuireann Ó Béarra smaointe éagsúla le hais a chéile: an foréigean agus an síochánachas, ciontacht agus maithiúnas, an t-uaigneas agus an grá. Téann Suibhne in aghaidh chóid mhórálta Chríostaíocht an domhain Ghaelaigh, a leagadh síos in *Cáin Adomnáin* (697) agus castar é ón áit urramach a bhain sé amach mar rí. Cloiseann sé ina ‘chloigeann cráite, ag uallfáirt is ag éamh, crua-ghleo an chatha... agus tuargain na troda’ (21). Téann an leonadh intinne i bhfeidhm air, agus tagann pian, uaigneas, agus tráma ar mhullach a chéile in intinn Shuibhne. Is tubaiste dó ‘a scaradh le Dál Araidhe’ agus feictear dúinn an tionchar a bhíonn ag an uaigneas agus an easpa bá ar an duine leochaileach. Ceist ábhartha i ndomhan iar-COVID, agus muid ag streachailt leis an tsiléig a rinneadh ar ár dtacaíochtaí meabharshláinte, scéal déanta níos measa ag uaigneas

agus brú na paindéime. Corraíonn a streachailt aon duine a mhothaigh cumha nó briseadh croí riamh, agus is mór an difear idir an ghealt bhocht le heaspa cumhachta agus cúlra uasal Shuibhne féin. Úsáidtear an focal ‘geilt’ chun dídhaonnú agus coimhthiú a dhéanamh air seachas úsáid a bhaint as a ainm féin, Suibhne. Caitheann Ó Béarra lena phríomhcharachtar le meas i gcónaí, áfach, agus deimhníonn sé féiniúlacht agus daonnacht Shuibhne leis an dearbhú ‘Mé Suibhne!’ – teideal coscrach, ceanntreán.

Ní ghéilleann Ó Béarra don dáiríreacht go huile is go hiomlán riamh, áfach; is tréith aitheanta é an greann dá chuid scríbhneoireachta agus ní haon eisceacht é an leabhar seo. Tuigeann an léitheoir do Shuibhne agus téann an greann trí na téamaí troma gan a bheag a dhéanamh de chruachás Shuibhne. Cé go bhfuil fulaingt ag baint lena dheoraíocht agus lena sheachnóineachas, is ann atá sé saor ó choinbhinsiún agus ó na freagrachtaí a bhí air mar rí. Tá an dearadh le moladh fosta, chomh maith leis an scríbhneoireacht; cuireann an íomhá chlédaigh le bá an léitheora agus lenár muinín i ndaonnacht Shuibhne, leis an léiriú mheánaoiseach ón *Weltchronik* le Rudolf von Ems. Leid amhairc de dhuine daonna, seachas an créatúr clúmhach claochlaithe arbh é Suibhne Geilt. Gné eile shuimiúil den dearadh ná an ‘é’ iompaithe le héigiall sa teideal *Mé Suibhne*, mionsonra a chuireann scéal an leabhair in iúl.

Is léargas é an leabhar seo atá lán le comhbhá, ar an mheabhairghalar agus ar an tráma, curtha i láthair le struchtúr tarraingteach agus le bua na bhfocal. Cruthaíonn Ó Béarra droichead lena shaothar sonraíoch a nascann muid le domhan Shuibhne, ag lingeadáil idir ciall agus éigiall, ach ionraic ó thús deireadh. Ní chuireann an eagarthóireacht agus na hathruithe ach le héifeacht agus le nádúrthacht an téacs, agus ní sciorrann Ó Béarra ar shiúl ó ghuth uathúil Shuibhne riamh. Chuir Ó Béarra litríocht na Nua-Ghaeilge in athríocht lena dhá leabhar, *An Tromdhámh* agus *Mé Suibhne*, agus beidh pobal na Gaeilge faoi chomaoin aige go síoraí. Ní bheidh a leithéid ann arís.

Leabharliosta

- Ó Béarra, F. (2014) ‘Buile Shuibhne: vox insaniae from Medieval Ireland,’ in *Mental Health, Spirituality, and Religion in the Middle Ages and Early Modern Age*. Berlin, Boston: DE GRUYTER. 242–89.



Álainn, Éagsúil, Baineann agus Díbeartha: Léirmheas ar *Cuma* agus *Claochmú / Mutagenesis*

le Deirdre Brennan

Arlen House, Baile Átha Cliath, 2021.

ISBN: 978-1-85132-239-8.

Léirmheas le Marie Whelton

<https://doi.org/10.13025/z6a3-2620>

Réamhfhocal

Dhá dhráma – dráma Gaeilge agus dráma Béarla – i dtrí ghníomh is ea *Cuma agus Claochmú / Mutagenesis* le Deirdre Brennan. Is leaganacha athchóirithe cruthaitheacha iad na drámaí de sheanscéal miotaseolaíochta faoi bhandia an talaimh – *Eachtra Airt Meic Cuind Agus Tochmarc Delbchaimhe Inghine Morgain* (Best, 1907). Is í Bécuma príomhcharachtar an tseanscéil agus na ndrámáí agus díbríodh í óna tír féin de bharr ‘peaca.’ Cé go gcuirtear Bécuma i láthair mar leagan de phearsantú an talaimh, is féidir, freisin, go seasann sí sna drámaí do mhná eile a díbríodh óna dtíortha dúchais toisc nár lean siad na rialacha moráltachta a bhíodh á gcleachtadh ag a bpobail dhúchasacha – tagann mná ar nós Nóra Mharcais Bhig agus Mahsa Amini chun cuimhne, mar shampla. Mar is dual do na scéalta miotaseolaíochta, bogann na drámaí go héasca idir an saol réalaíoch agus an saol eile, ach bogann siad, freisin, idir tréimhsí ama éagsúla (15–6 agus 22) – idir an aimsir chaite agus an aimsir láithreach – agus is í an ghné sheach-stairiúil sin de na drámaí a léiríonn go bhfuil a seantéama fós ábhartha sa lá atá inniu

ann. Ar an ábhar sin, féachfar sa léirmheas seo, ar an léargas a thugann an dráma Gaeilge ar an díbirt (nó an milleánú) mar fheiniméan il-aoiseach uilíoch a leanann go seasmhach in eispéireas an chine dhaonna in ainneoin na gclaochluithe go léir a dtagraíonn teideal an dráma dóibh.

An Milleánú agus an Miotas

Agus é ag cur teoricí Ren  Girard os comhair lucht léitheoireachta na Gaeilge, mh nigh P draig de Paor (2013: 84; f each freisin: 3) go mb ionn ‘eachtra ceapmhille naithe’ taobh thiar den mhiotas de ghn th:

Dar le Girard, is  ard at  sa mhiotas n  br ag   hinsint i dtaobh eachtra ceapmhille naithe a tharla go firinneach. Tionta ionn na miotais an fh irinne droim ar ais: leagann an miotas an mille n ar an  obartach, agus ma ionn an miotas gur neamhurch ideach at  an pobal a d’imir g arlean uint ar an  obartach. Ma ionn an miotas gur neamhurch ideach d ibh si d a d’imir an gh arlean uint agus gur neamhurch ideach d ibh si d fosta a chumann an miotas, ar ‘cover up’   ar an fhor igean i ndeireadh na d la. Ina thost a fh gann an miotas an t- obartach. De r ir an phobail sin a ch as, a chiap agus a mharaigh an t- obartach, is ar an  obartach at  an mille n as an olc, as an mh - dh, as an anord at  ag gabh il den phobal. Is   d nmhar  sin an  obartaigh, n  d birt an  obartaigh, bunt s  an chult ir, dar le Girard.

Tr  phlota an dr ma Gaeilge a rian , l ireofar go dtaisc alann Deirdre Brennan na gn ithe  ags la sin de th ama an cheapmhille naithe mar at  siad m nithe ag de Paor thuas.

Gníomh a hAon: Cúrsaí Inscne agus an Milleánú

I nGníomh a hAon, buaileann an lucht féachana leis an bpríomhcharachtar, Bécuma, ar an lá sula bpósann sí Conn. Is bean (nó bandia) álainn allúrach cheolmhar í agus tá Conn i bhfad níos sine ná í. Tugtar le fios don léitheoir go bhfuil cumha uirthi i ndiaidh a tíre féin (18). Is léir óna féinuiríoll ag tús an dráma nach ionann an chinniúint a bhí i ndán di agus an chinniúint a bhí i ndán d'fhir ina tír dhúchais:

Seo í an bhreith a daoradh orm –
 Díbríodh óm thír dhúchais mé,
 Bhris mé na rialacha agus pheacaigh mé
 Ach do rinne seisean mar an gcéanna...
 Dhíbrigh siad mé chun iad féin a chosaint... (7).

Ar an ábhar sin, tá cúrsaí inscne curtha chun tosaigh ag Brennan agus is fusa don lucht féachana glacadh leis go bhfuil díoltas ar an bhfireannacht á bhaint amach ag Bécuma, nó ar a laghad go bhfuil tástáil éigin á déanamh aici ar an bhfireannacht nuair a iarrann sí ar Chonn a mhac féin, Art, a dhíbirt ar feadh bliana mar choinníoll ar a pósadh le Conn. Toisc Conn a bheith faoi dhraíocht ag a cuid áilleachta, géilleann sé d'iarratas Bhécuma agus díbríonn sé a mhac. I ndreas cainte le hArt, sula n-imíonn sé, míníonn Bécuma go dtuigeann sí a chás ach go bhfuil taithí á tabhairt aici dó agus gur chóir dó féachaint ar an díbirt ghearrthréimhseach mar dheis chun cuardach a dhéanamh (21–2). Is é an léamh a dhéanann an pobal ar dhíbirt Airt, áfach, ná gur comhartha í an díbirt gurb í Bécuma atá i gceannas agus nach bhfuil gnáth-noirm na sochaí agus na clainne á leanúint aici. Tugann díbirt Airt le fios dóibh gur bagairt í Bécuma don fhireannacht, agus, dá réir sin, don ord sóisialta reatha.

Gníomh a Dó: An Comhpháirteachas agus an Milleánú

Athraíonn fócas an dráma i nGníomh a Dó agus is sa ghníomh sin, go háirithe, a léiríonn Brennan an tslí a ndéantar sceilpín gabhair d'íospartach feimineach amháin ag am na bagartha agus na neamhthorthúlachta chun an choimhlint agus bagairt an fhoréigin a mhaolú i measc na ndaoine. Sa chéad radharc, tá muintir an tsráidbhaile ag labhairt lena chéile maidir le teip na curaíochta. Cuireann siad an milleán ar Bhécuma (28) agus cé go gceistíonn an múinteoir (Segda) a gcuid tuairimí, agus cé go gcuireann an cailín óg nua-aimseartha an milleán as teip an fhómhair ar leisce mhuintir an tsráidbhaile féin, déanann na baill eile den ghrúpa damnú iomlán ar Bhécuma. Ina theannta sin, déanann muintir an tsráidbhaile Segda agus an cailín óg comhpháirteach ina gcuid pleananna. Sa deireadh déanann siad cinneadh, trí vóta a chaitheamh, gur chóir Bécuma a fhuadach agus a chur i bhfolach i dtobar. Ní éiríonn le Bécuma teitheadh

uathu agus fuadaítear í sula bhfaigheann cairde Choinn amach. Is spéisiúil go gcabhraíonn muintir an tsráidbhaile lena chéile mar ghrúpa chun a náire agus a gciontacht féin a mhaolú agus chun béim a chur ar fhilleadh na síochána nádúrtha nuair atá ‘an t-eileachas’ díbeartha (43). Ar an iomlán, tugann an Dara Gníomh, léargas géarchúiseach ar mheicnic na smaointeoireachta grúpa sa mhilleánú – léiríonn Brennan go cumasach go mbíonn an milleánú ag brath ar an mbéadán, ar an damnú agus ar an smaointeoireacht ghrúpa (féach Bekkhus, 2019: 98–9).

Gníomh a Trí: *Plus ça change, plus c'est la même chose*

Cuirtear tús le Gníomh a Trí ag láthair chruinnithe mhuintir an tsráidbhaile arís. Tá faighte amach ag na fuadaitheoirí go bhfuil Conn tar éis bás a fháil i dtimpiste bhóthair (45) agus tá siad buartha: creideann siad go bhfuil radharc soiléir ag Conn anois ón saol eile ar a ngníomhartha. Molann fear amháin Bécuma a ligean saor – gur eagal leis ‘go mbeadh mallacht Choinn níos measa ná aon mhallacht’ (46) ó Bhécuma. Diaidh ar ndiaidh, tugtar le fios nach bhfuil Bécuma sa tobar a thuilleadh. Tá neamhchinnteacht áirithe ann maidir leis sin, áfach, óir is cosúil go bhfeiceann daoine áirithe í agus nach bhfeiceann daoine eile í agus go gcreideann cuid de na daoine go bhféadfadh sí a bheith ann faoi riocht eile (48–53). Fágтар muintir an tsráidbhaile agus iad fós buartha faoin todhchaí agus faoin gcinniúint atá i ndán dóibh.

Athraíonn an radharc ansin agus tugtar an lucht féachana go hoileán draíochta i gcéin, áit a bhfuil Art sínte ar leaba ghréine (55). Déanann beirt chailíní mistéireacha atá mar chomhluadar ag Art iarracht a chur ina luí air fanacht ar an oileán leo (58). Sa deireadh, iarrann sé orthu na maisc atá á gcaitheamh acu a ardú. Nuair a ardaíonn siad a maisc, feiceann Art aghaidh Bhécuma ar aghaidh na beirte in ainneoin go ndeir an chéad bhean gurb í Créide í agus an dara bean gurb í Delbchaem í. Tosaíonn na cailíní ag spochadh as ag rá go bhfeiceann sé Bécuma i ngach áit agus go bhfuil mearbhall air. Tá Art cinnte de, áfach, ‘nach ciméara intinne í Bécuma’ (61). Déanann sé cinneadh filleadh ar a thír féin ag admháil go bhfuil tuiscint nua faighte aige, de bharr Bhécuma, air féin, ar a mhianta agus ar nádúr na saoirse (63).

Nuair a chloiseann muintir an tsráidbhaile an scéal go bhfuil Art ar ais, glacann siad leis an nuacht sin mar chomhartha go bhfuil Bécuma imithe agus gur éirigh le hArt a cuid draíochta agus a cuid mallachtaí go léir a shárú (67). Is i dteach Choinn atá Art nuair a fhaigheann sé amach faoi bhás a athar agus faoi fhuadach Bhécuma. Go luath ina dhiaidh sin, tagann Bécuma ar an stáitse agus ceapann cairde Choinn, ar dtús, go bhfuil na lorgairí tar éis í a aimsiú agus a thabhairt abhaile. Is léir dóibh tar éis tamaillín, áfach, go gcreideann Art nach í Bécuma atá os a gcomhair ach gurb í Delbchaem ón oileán atá ann. Cuireann Art Delbchaem i láthair an phobail agus deir sé gurb íse an bhean a phósfaidh sé. Tagann

amhras ar chuid de mhuintir an tsráidbhaile fúithi láithreach agus tugann Delbchaem é sin faoi deara. Sula gcuirtear críoch leis an dráma seasann sí ag an bhfuinneog agus tugann sí guth, go príobháideach, dá smaointe inmheánacha:

Goilleann mo láithreach ar lucht an tsráidbhaile...

Tá a fhios agam na pleananna nimhneacha

A ghorann siad i nead-dorchadas a gcroíthe...

Tá Delbchaem faighte anois acu

Mar nua-ainm dá n-eagla...

Caithfidh mé bheith airdeallach choíche

D'eagla go mbéarfaí gairid orm. (72)

Agus iad ag féachaint uirthi ag an bhfuinneog, léiríonn cuid de mhuintir an tsráidbhaile go gcreideann siad gurb í Delbchaem í, ach léiríonn cuid eile go gcreideann siad gurb í Bécuma í agus go bhfuil dallamullóg á chur aici ar gach duine. Fágтар an lucht féachana le héirim de *plus ça change, plus c'est la même chose* óir is cosúil go gcuirfean an milleán ar an mbean álainn éagsúil – pé ar bith cuma a chuireann sí uirthi féin agus fiú mura bhfuil sí ciontach i mbriseadh rialacha sóisialta an phobail.

Conclúid

Má chiallaíonn láithreach Delbchaem ag deireadh an dráma go bhfuil an *fíorfhlaith* (Art) i réim agus go bhfuil Delbchaem / Bécuma (Éire) tar éis a céile cóir a roghnú agus tar éis cumhacht pholaitiúil a bhronnadh air, agus más ábhar dóchais é go bhfuil taithí ag Art ar an díbirt agus go gciallaíonn sé sin nach lánúin neamhionann iad Art agus Delbchaem, ní hí sin an phríomhtheachtaireacht lena bhfágтар an lucht féachana ag deireadh an dráma. Is í an phríomhtheachtaireacht mhíchompordach chumhachtach a fhágтар an lucht féachana léi ná go leanann úsáid an mhilleánaithe mar uirlis smachta sa tsochaí agus nach bhfuil an mhíchothromaíocht inscne a eascraíonn as sin sáraithe sa saol réalaióch ná sa mhíotias siombalach coitianta go fóill. Is dráma é a tharraingíonn ó thobar na miotaseolaíochta agus ó théamaí reatha nua-aimseartha chun ráiteas a dhéanamh faoi chumhacht an mhilleánaithe sa tsochaí. In ainneoin theideal an dráma, in ainneoin na ndifríochtaí móra atá le sonrú idir dearcadh an chailín óig nua-aimseartha agus dearcadh mhuintir an tsráidbhaile agus in ainneoin na n-athraithe bunúsacha a tharlaíonn d'Art agus do Bhécuma i rith an dráma, leanann an milleánú ar aghaidh. Tá moladh tuillte ag an drámadóir as dul i ngleic leis an téama tábhachtach teibí sin ar bhealach spreagúil úr agus as seanscéal a athbheochan go fileata do ghlúin nua léitheoirí. Tá creidiúint tuillte ag an bhfoilsitheoir, freisin, as ardchaighdeán slachtmhar an fhoilseacháin dhátheangaigh seo lena dhea-dhearadh agus a phictiúr clúdaigh tarraingteach ar cheann de phictiúir Harry Clarke é. Is dráma Gaeilge é seo a thuilleann léiriú stáitse.

Leabharliosta

Best, R.I. (eag. & aistritheoir) (1907) 'The Adventures of Art Son of Conn, and the Courtship of Delbchaem.' *Ériu* 3 (1907), 149–73.

Bekkhuis, E. (2019) 'Men on pilgrimage – women adrift: thoughts on gender in sea narratives from early medieval Ireland.' *Gender in medieval places, spaces and thresholds*, Victoria Blud, Diane Heath, Einat Klafter (eag.), University of London Press: London, 93–105.

de Paor, P. (2013) *Áille na hÁille: Gnéithe de Choincheap na hÍobhartha, An Sagart: An Daingean*.



Feargal Ó Béarra: scoláire agus scríbhneoir Gaeilge i mbláth a mhaitheasa ar lár

Máirín Ní Dhonnchadha

<https://doi.org/10.13025/2nyg-3f76>

D'imigh Feargal Ó Béarra ar shlí na ffrinne ar an 21ú Nollaig 2022, agus is cailliúint ollmhór a bhás dá mhuintir, dá chairde agus do shaol na Gaeilge. Rugadh Feargal i mí na Bealtaine 1970. De bhunadh Mhuigh Eo a athair, Ted Berry (nach maireann), agus a mháthair, Sorcha (Sally) Ní Oistín, agus tháinig an lánúin chun cónaithe i mBoth Chuanna sa Spidéal. Saolaíodh cúigear mac dóibh, Micheál, Dónal, Éamonn, Ruaidhrí agus Feargal. D'adhain agus spreag siad suim na mbuachaillí sa Ghaeilge, san amhránaíocht agus i gcúrsaí spóirt, réimsí a mbeadh luí ag Feargal leo ar feadh a shaoil. Chuir an teaghlach préamhacha doimhne futhu sa phobal: eachtra amháin a thugann léargas greannmhar air sin ná an bhratach mhór a d'ardaigh na deartháireacha, Feargal ina measc, i bPáirc an Chrócaigh ag an gcluiche ceannais idir Gaillimh agus Cill Chainnigh sa bhliain 1987, agus 'Scaoil amach an Bobailín' scríofa uirthi. Ghabh an Brainse Speisialta chucu gan mhoill, agus iad ag ceapadh gur tacaíocht do phoblachtánaigh a bhí á fhógairt, ach míníodh dóibh go tapaidh nach raibh i gceist leis an nath cainte ach tacaíocht d'fhoireann na Gaillimhe! Is mó gáire a deineadh faoin eachtra i gCois Fharraige ina dhiaidh sin.

Sa bhliain 1987, agus a chuid meanscolaíochta ar an Spidéal i grích, thug Feargal aghaidh ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, áit ar bhain sé céim B.A. le Céad Onóracha amach sa Léann Ceilteach. Bhí dúil as cuimse aige ón tús in ardléann na Gaeilge, agus chuir sé roimhe saineolas a fháil ar gach tréimhse den teanga agus den traidisiún liteartha ó ré na Sean-Ghaeilge i leith, agus ar na teangacha eile a theastaigh chun go mbeadh sé inniúil ar ghort idirnáisiúnta an Léinn Cheiltigh. Ba chuid bhunriachtanach de sin an grinnstaidéar a bhí á dhéanamh aige riamh is choíche ar chanúintí na Gaeilge, agus ar thriall na Gaeilge comhaimseartha. Ó bhí

sé ina fho-chéimí óg, bhí sé ag bailiú béaloidis agus ag taifead cainteoirí Gaeilge. Ar ndóigh, tá Both Chuanna agus an Cnocán Glas buailte lena chéile, is bhí Máirtín Ó Cadhain ina mhórlaoch ag Feargal, mar scríbhneoir agus mar smaointeoir, agus chuir sé mórdhúair air féin chun saibhreas teanga agus seanchais na comharsanachta a thabhairt leis. D'áirigh sé *Cré na Cille* ar an leabhar Gaeilge is fearr a scríobhadh riamh, agus bhí saintuiscint aige ar shaothar uile an Chadhnaigh.

Chaith Feargal cuid mhaith bliain sa Ghearmáin ina dhiaidh sin. I dtosach báire, bhí sé ina iarchéimí in Freiburg im Breisgau sna blianta 1992–4, é faoi stiúir an Ollaimh Hildegard Tristram ansiúd, é san am céanna ag obair faoi stiúir an Ollaimh Gearóid Mac Eoin in OÉ, Gaillimh ar eagrán den treas leagan de *Táin Bó Cúailnge*. Ghnóthaigh sé céim M.A. le Céad Onóracha ar an obair sin in 1994, agus foilsíodh alt leis faoin treas leagan seo in 1996. B'shin an chéad fhoilseachán acadúil óna pheann, agus tháinig a lán eile uaidh ina dhiaidh sin.¹ Fuair sé post taighde in Ollscoil Wuppertal sa bhliain 1994, áit ar dhein sé comhar le hArndt Wigger, teangeolaí agus scoláire Gaeilge a raibh trascríobh á dhéanamh aige ar ábhar taifeadta a bhailigh Tomás de Bhaldraithe agus Hans Hartmann in 1964. B'é an tOllamh Wigger a thionscain an Studienhaus für Keltische Sprachen und Kulturen, foras i ngar do chathair Bonn atá tiomanta do mhúineadh na dteangacha Ceilteacha agus don gcultúr Ceilteach i gcoitinne, agus is mó tréimhse a chaith Feargal ag teagasc na Gaeilge ansúd. Rud eile a tháinig as an gcaidreamh ná gur fhoilsigh Feargal agus Arndt Wigger dhá shaothar i bpáirt le chéile: *Bádóireacht / Bootsbau und Seefahrt in der westirischen Tradition* (2012), imleabhar dátheangach de théacsanna ón gcorpas a bhailigh de Bhaldraithe agus Hartmann a thugann léargas an-luachmhar ar shlí bheatha na hiascaireachta traidisiúnta; agus *Máirtín Ó Cadhain. Rogha Téacsanna Teagaisc don Ghaeilge / Eine Auswahl von irischen Lehrtexten* (2020). Tá taisce an-luachmhar le fáil anseo: rogha na beirte den ábhar is fearr as cúrsa Gaeilge neamhfhoilsithe a chum an Cadhnach dá chuid ranganna i gColáiste na Tríonóide, cuntas úr ar an gCadhnach mar oide agus mar chomhghleacaí ó Mhícheál Ó Siadhail, sleachta as dhá agallamh a cuireadh ar an gCadhnach, agus – iontas na n-iontas – tacar taifeadtaí fuaimne a thóg foghlaimeoir Gaeilge as München uaidh i samhradh na bliana 1964, ina measc taifead den trí leathanach tosaigh de *Cré na Cille*. An ceangal leis an nGearmáin a spreag an bheirt chun an taisce iomlán a fhoilsiú, agus mar áis d'foghlaimeoirí an lae inniu, chuir siad aistriúcháin go Gearmáinis agus Béarla ar na téacsanna. Bhí an-tuiscint ag Feargal féin ar cheird an oide, agus is mó mac léinn a tháinig faoina thionchar mar bhí sé ag teagasc ó thús a thréimhse mar iarchéimí. Bhí sé an-mhuinteartha le mic léinn, agus an-dílis ar fad dá chomhscoláirí agus dá oidí, i gcéin agus i gcóngar.

¹ Tá liosta iomlán dá fhoilseacháin acadúla sa *Bibliography of Irish Linguistics and Literature*, atá le fáil ar líne ar shuíomh Scoil an Léinn Cheiltigh, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, ag: <https://bill.celt.dias.ie/vol4/index2.html>

Idir 2000 agus 2003 bhí sé ina léachtóir le Sean- agus Nua-Ghaeilge in Ollscoil Bonn. Faoi am sin, bhí sé tosnaíthe ar eagrán criticiúil a réiteach de ‘Siaburcharpát Con Culainn’, scéal ón tSraith Ultach a cumadh sa deichiú haois. Chríochnaigh sé an obair sin faoi stiúir an Ollaimh Anders Ahlqvist i Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, agus bronnadh an chéim dochtúireachta air in 2004. Bhí súil aige le leagan de a fheiscint i gcló go han-luath. D’fhán sé leis an léachtóireacht ollscoile amach go dtí 2015. Formhór an ama, is i Roinn na Gaeilge in Ollscoil na Gaillimhe a bhí sé, ach mealladh go hOllscoil Concordia in Montréal in 2009–10, agus go hOllscoil Oslo in 2015 é. Bhí an Ghearmáinis agus an Fhraincis ar a thoil aige, agus níorbh aon dua aige é teangacha eile a fhoghlaim, rud a dhein. Chinn sé féin agus a chéile, Maedhbh Nic Dhonnchadha ón gCeathrú Rua, ar scoláire í féin a bhfuil dochtúireacht sa tSean-Ghaeilge aici agus bua na dteangacha, ar dhul chun na Bruiséile mar a raibh postanna le fáil acu beirt mar aistriúcháin i gComhairle an Aontais Eorpaigh - ‘ceird nár chol le clanna Gael’, mar a thug Feargal ar an aistriúchán, in alt inar phléigh sé an toise stairiúil agus a thábhachtaí is atá sé an Ghaeilge a thabhairt chun oiriúna le haimsir a saothraithe.

Is éachtach go deo an chomaoín a chuir sé féin ar Ghaeilgeoirí an lae inniu agus na laethanta atá le teacht leis an dá leabhar ba dhéanaí óna pheann. Sin iad *An Tromdhámh* (2018) agus *Mé Suibhne* (2021), leaganacha nuachóirithe ag Feargal de phéire seanscéal ó thús ré na Nua-Ghaeilge Moiche, iad foilsithe ina leabhartha gleoite cuidsúlacha ag an gcomhlacht Leabhar Breac. Athinsintí iad ar *Tromdhámh Ghuaire*, a cumadh thart ar 1300, agus ar *Buile Shuibhne*, a cumadh thart ar chéad bliain níos túisce. Is casta na scéalta iad, a bhfuil snátha seanchais as foinsí iomadúla snaidhmthe ina chéile iontu. Theastaigh tuiscint dhoimhin ar an seanchultúr Gaelach agus a thraidisiún liteartha, sármháistreacht ar an teanga, agus foighne agus seiftiúlacht an scríbhneora; ní raibh Feargal gann ar aon cheann díobh. Dá dheacra a bhí sé *Tromdhámh Ghuaire* a dhéanamh soléite sothuigthe tarraingteach don lá inniu, ba dhúshlánaí fós é *Buile Shuibhne* mar gur dánta agus ranna ó luath-thréimhsí éagsúla atá i gcuid mhaith den saothar sin. Is iontach mar ar éirigh le Feargal an fhilíocht shiollach a thabhairt i dteanga an lae inniu, seifteanna aimsithe aige chun cúiteamh a dhéanamh as siollaí atá anois báite sa chaint, an uaim agus an dúnadh i ndeireadh na ndánta coinnithe aige, blas ársa agus comhaimseartha araon ar an bhfriotal. Samhlaím gur tharraing Feargal ar cheann eile dá bhua agus é i mbun na hoibre seo, agus sin é bua an cheoil. Teist amháin ar a chumas sa réimse sin is ea na hamhráin a chum sé, a bhfuil deich gcinn díobh foilsithe in *Leabhar Nua na nAmhrán* (2016).

Bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin ‘Leabhar na Bliana’ 2019 ar *An Tromdhámh*, agus ghnóthaigh *Mé Suibhne* Duais Chuimhneacháin Aodáin Mhic Phóilín ag an Oireachtas an bhliain dar gcionn. Bhí súil le mórán eile ón bhfear ildánach seo, agus is cailliúint ollmhór é é a bheith imithe den saol seo i mbláth a mhaitheasa.



Nótaí Beathaisnéise na nEagarthóirí

Oisín Mac Giolla Bhríde

Is as Cill Mhantáin ó dhúchas é Oisín Mac Giolla Bhríde, ach tá sé ag cur faoi i lár Bhaile Átha Cliath le tamall de bhlianta anuas. Tá sé ag plé le hearnáil na Gaeilge ar feadh a shaoil oibre, agus faoi láthair tá sé fostaithe ag Foras na Gaeilge. Is minic a bhíonn Oisín i mbun ceardlanna ar an Hip Hap a stiúradh i scoileanna agus grúpaí óga na tíre agus turais stairiúla a threorú trí mheán na Gaeilge chomh maith. Is ceoltóir agus ealaíontóir é Oisín freisin, agus tá blianta caite aige ag gníomhú ar son na Gaeilge taobh amuigh de chúrsaí oibre. Tá an-suim aige i gcúrsaí na meán, ceol & filíocht, polaitíocht, stair, athneartú teanga agus canúintí stairiúla na Gaeilge. Tá Oisín ag tabhairt faoi MA sa Léann Teanga in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair.

Cassie Ní Chatháin

Is as Carn Tóchair i nDeisceart Chontae Dhoire do Cassie Ní Chatháin. Bhain sí céim chéadonóracha amach sa Ghaeilge agus sa stair in Ollscoil na Gaillimhe. Bronnadh Scoláireacht Mhic Dhonncha uirthi don bhliain acadúil 2022/23 mar thoradh ar a cuid torthaí fochéime. Tá suim mhór aici i gcúrsaí pleanála teanga agus tá sí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga faoi láthair.

Róisín Ní Cheallaigh

Is as Luimneach ó dhúchas í Róisín Ní Cheallaigh. Bhain sí bunchéim amach sa Trachtáil agus sa Fhraincis in Ollscoil na Gaillimhe agus ina dhiaidh sin bhain sí Ard-Diplóma amach sa Ghaeilge Fheidhmeach agus san Aistriúchán in Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh. Tá suim aici san aistriúchán agus sa teangeolaíocht. Chaith sí roinnt blianta ag obair mar phrofléitheoir ar dtús agus ansin mar aistritheoir. Tá sí i mbun staidéir ar an MA sa Léann Teanga in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair.



Nótaí Beathaisnéise na nÚdar

Ellen Corbett

Is as an Chorr Chríochach i gContae Thír Eoghain do Ellen Corbett. Sa bhliain 2019, bhain sí céim chéadonóracha sa Ghearmáinis agus i Léann an Aistriúcháin amach in Ollscoil na Gaillimhe. Sa bhliain céanna, bronnadh Scoláireacht Fulbright uirthi agus chaith sí bliain ina FLTA Fulbright in Ollscoil Montana sna Stáit Aontaithe, mar a raibh sí ag teagasc Gaeilge do mhic léinn ollscoile agus mheánscoile. Bhain sí céim máistreacht san aistriúchán amach in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste sa bhliain 2021. Is taighdeoir PhD in Ollscoil Uladh anois í Ellen agus í ag díriú ar an aistriúchán Gaeilge-Béarla agus an fhilíocht i ndeireadh an 20ú hAois.

Padaí de Bléine

Tá Padaí de Bléine ina Léachtóir Sinsearach i Roinn na Gaeilge ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá taithí aige ar theagasc na Gaeilge agus na litríochta ag ag dara agus ag an tríú leibhéal. Tá spéis mhór aige i litríocht an bheirt Ghriannach, Seosamh agus Séamas, agus tá ailt foilsithe aige ar *An tUltach* agus ar *An Reiviú* orthu. Tá suim mhór aige fosta i gcúrsaí aistriúcháin agus chuige sin tá úrscealta do pháiste aistrithe go Gaeilge aige. Ina measc siúd tá *Capall Cogaidh*, *An Cheist Faoi Mozart*, *Kaspar Prionsa na gCat*, *Tá na hEitleoga in Airde sa Spéir*, *Toro! Toro!*, *An Fáth ar tháinig na Míolta Móra agus Cúláilte* – le Michael Morpuogo aistrithe aige. Chomh maith leis sin tá *An Gasúr a Chaith Pitseámaí Stríocacha* le John Boyne, *Anne Frank*; *Dialann Cailín Óig* agus *Is Mise David* le Anne Holm aistrithe go Gaeilge aige.

Brian Hanratty

Is léachtóir sinsearach é an Dr Brian Hanratty i Roinn an Bhéarla ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá suim mhór aige i litríocht Angla-Éireannach an naoú haois déag agus an fhichiú haois. Tá D.Phil aige i Litríocht Angla-Éireannach ó Ollscoil Uladh. Tá neart

alt foilsithe aige ar fhilíocht Seamus Heaney agus ar oideolaíocht na filíochta. Bhunaigh sé ‘The Esmee-Fairbairn Funded Project’ dar teideal, ‘The Literature of the Troubles Project’. Rinne sé taighde ar a luachmhaire a bhí sé ‘Litríocht na dTrioblóidí’ a theagasc do dhaltaí iar-bhunscoile i dTuaisceart Éireann ar bhonn trasphobal.

Seán Mac Corraidh

Is léachtóir sinsearach é an Dr Seán Mac Corraidh i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Tá leabhair, caibidlí i leabhair agus ailt ar irisí léinn foilsithe aige ar réimse leathan ábhar i léann na Gaeilge agus an oideachais. Tá spéis ar leith aige sna cúrsaí seo a leanas: teanga agus litríocht, aistriúchán, béaloideas, scéalaíocht agus amhránaíocht, tumoideachas agus foghlaim na Gaeilge. Faoi láthair tá dhá thionscadal mhóra taighde idir lámha aige. Is miontráchtas ar chúrsa máistreacht atá sa chéad cheann ag baint le stíl scríbhneoireachta agus úsáid teanga i saothar Shéamuis Uí Ghrianna. Is i gcomhar le comhghleacaithe agus le cleachtóirí bunscóile atá sé ag saothrú sa dara tionscadal ag fiosrú labhairt agus scríobh na Gaeilge i measc páistí i scoileanna Gaeilge sa chaoi is gur féidir creat teanga a fhorbairt.

Mia Mac Donnchadha

Is as an gCeathrú Rua i gConamara do Mia Mac Donnchadha atá i mbun BA le Fraincis agus Léann an Aistriúcháin in Ollscoil na Gaillimhe faoi láthair. Tá Mia tar éis bliain a chaitheamh ar Erasmus in Université de Bretagne Occidentale in Brest na Fraince. Le linn na bliana Erasmus d’aistrigh sí roinnt gearrscéalta le Guy de Maupassant go Gaeilge ón bhFraincis bhunaidh. Tá ‘Aoihbneas’ (‘Le Bonheur’) ar cheann de na haistriúcháin sin.

Ciarán Mac Uidhir

Oibríonn Ciarán in earnáil na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), ach cuireann sé suim sa Ghaeilge agus i gcúrsaí Chumann Lúthchleas Gael (CLG). Tá se ina bhall gníomhach i gcumann logánta de chuid CLG i mBaile Átha Claithe. Bhain sé BA amach sa Ghaeilge Fheidhmeach ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh in 2017 agus MA (Léann Teanga) ón eagraíocht chéanna in 2022.

Ruth Nic an Bhreithiúnaigh

Is léachtóir páirtaimseartha in Institiúid Oideachais Marino í Ruth Nic An Bhreithiúnaigh sna hAmharcealaíona ar an M.Oid trí Mhéan na Gaeilge. Chaith sí seal ag múineadh i scoil Bhéarla agus múineann sí i nGaelscoil faoi láthair. Bhain sí máistreacht amach ar an M.Oid San Oideachais Lan-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire Gan Smál. Tá suim faoi leith aici san Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar & Teanga agus san Oideachas Ealaíne Comhtháite.

Máire Clár Nic Mhathúna

Is iarmhúinteoir scoile as Doire í Máire Clár, a chaith corradh is cúig bliain is fiche ag teagasc ar Oileán Thoráí. Bhain sí céim onóracha i Léann an Cheiltis agus Teastas Iarchéime san Oideachas amach i mBéal Feirste fada an lá ó shin, agus an dioplóma sa Chultúr Dúchais de chuid Ollscoil na Gaillimhe in 2022.

Áine Ní Chonghaile

Is i dTír an Fhia i gConamara a rugadh agus a tógadh Áine Ní Chonghaile. Is í bunaitheoir an chomhlachta aistriúcháin Europus í agus is ag plé leis an aistriúchán a chaith sí cuid mhór dá saol oibre. Foilsíodh a leabhar *An Cheathrú Rua agus na hOileáin sa Naoú hAois Déag* in 2021.

Máirín Ní Dhonnchadha

Is Ollamh *Emerita* le Sean- agus Meán-Ghaeilge agus Teangeolaíocht Cheilteach í Máirín Ní Dhonnchadha, i Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe. Corcaíoch is ea í. Ollamh cunta ab ea í i Scoil an Léinn Cheiltigh san Institiúid Ard-Léinn i mBaile Átha Cliath sular ceapadh san ollúntacht in Ollscoil na Gaillimhe í, sa bhliain 1996. Is ag an am sin a chuir sí aithne den chéad uair ar an bhfear óg tréitheach a bhí ina iarchéimí le Sean-Ghaeilge sa Roinn, Feargal Ó Béarra, go ndéana Dia grásta air.

Aisling Ní Fhlaithearta

Is múinteoir bunscoile agus cainteoir dúchais Gaeilge í Aisling Ní Fhlaithearta as Inis Mór, Oileáin Árann. Bhain sí céim mháistreacht amach san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach le déanaí. Tá suim ar leith aici i gcúrsaí tumoideachais agus san oideachas don chainteoir dúchais Gaeilge sa Ghaeltacht.

Dorothy Ní Uigín

Is í Riarthóir Theagasc na Gaeilge in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe, í an Dr Dorothy Ní Uigín. Tá suim aici i dteagasc agus i sealbhú teangacha agus sa litearthacht acadúil. Tá suim ar leith aici i stair na hiriseoireachta agus na meán Gaeilge. Is as cathair na Gaillimhe di.

Conchúr Ó Brolcháin

Is ollamh cunta san oideachas é an Dr Conchúr Ó Brolcháin leis an Roinn um Theanga & Litearthacht i gColáiste Mhuire gan Smál (Ollscoil Luimnigh). Tá spéis aige san oideachas dátheangach agus ilteangach lena n-áirítear an tumoideachas, an t-oideachas dátheangach don chainteoir dúchais, an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga, oideolaíocht an trasteangaithe agus foghlaim / sealbhú na mionteanga. Is léachtóir é le Múineadh na Gaeilge sa choláiste sin agus an-spéis aige sa dearadh uilíoch don fhoghlaim, san fhoghlaim chumaisc

agus i gcleachtas acadúil an léachtóra go ginearálta. I measc an taighde atá ar siúl aige faoi láthair tá: cur chun cinn na Gaeilge i scoileanna uirbeacha faoi mhíbhuntáiste (DEIS) agus eispéireas Chainteoirí T3 sa chóras oideachais lán-Ghaeilge. Is féidir próifíl níos iomláine a léamh anseo: <https://www.mic.ul.ie/staff/381-dr-conchur-o-brolchain>.

Thomas Rogan

Is Léachtóir Sinsearach san Oideachas trí mheán na Gaeilge é Thomas Rogan i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste. Tá tréimhse caite aige mar mhúinteoir bunscoile sa tsuíomh lán-Ghaeilge. I measc na spéiseanna taighde atá aige, tá cúrsaí tumoideachais, oiliúint múinteoirí agus sainriachtanais oideachais. Rinneadh an taighde san alt seo mar chuid de chúrsa dochtúireachta in Ollscoil Ghlaschú.

Marie Whelton

As Iarthar Chorcaí ó dhúchas do Marie Whelton. Is léachtóir le Gaeilge í in Institiúid Oideachais Marino agus is údar í ar: *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge* (An Sagart, 2008); *Nuair a Stadann an Ceol: Úrscéal don Fhoghlaimoír Fásta* (LeabhairCOMHAR 2013, 2015); *Leathbhádóirí: Úrscéal don Fhoghlaimoír Fásta* (LeabhairCOMHAR, 2017); *Giolcaireacht sa Ghairdín: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2018) agus *Dún do Shúile: Pictiúrleabhar do Pháistí* (LeabhairCOMHAR, 2021). I gcomhar le hAodán Mac Suibhne, scríobh sí trí leabhar do mhúinteoirí bunscoile: *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú Le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2006); *Í a Labhairt: Cúrsa Gaeilge Idirmheánach do Mhúinteoirí Bunscoile* (IOM, 2008) agus *Sruth na Maoile: Ábhar Tacaíochta d'Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge* (IOM, 2009). Ba bhall í d'fhoireann a scríobh tairiscint ar éirigh léi maoiniú a ghnóthú ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun Baitsiléireacht san Oideachas trí Mheán na Gaeilge a sholáthar in Institiúid Oideachais Marino agus bhí sí ar dhuine de chomheagarthóirí COMHARTaighde 6: *In Agallamh Íogair le Litríochtaí an Dá Ghaeilge* (2020).

